



An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Ollscoil Domhanda na hÉireann

TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN

MEÁN FÓMHAIR 2019
– LÚNASA 2020



TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

Meán Fómhair 2019 – Lúnasa 2020

Le cur faoi bhráid Údarás Rialaithe an Choláiste
Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann,
Baile Átha Cliath ag a chruinniú ar an
10 Nollaig 2020.

ISBN: 978-1-910963-47-0

CLÁR ÁBHAR

002

Forléargas ón
Uachtarán

064

Comhionannas,
Éagsúlacht agus Cuimsiú

094

Coláiste na nEolaíochtaí
Talmhaíochta agus
Sláinte

010

Freagairt na hOllscoile
ar COVID-19

069

Airgeadas agus
Forbairt Caipitil

098

Coláiste na hEolaíochta

019

UCD in Uimhreacha

078

Acmhainní Daonna, SIRC
agus Gnóthaí Dlíthiúla

102

Coláiste na nEolaíochtaí
Sóisialta agus an Dlí

024

Oideachas

082

Coláiste na nEalaíon
agus na nDaonnachtaí

106

Gradaim Ollscoile

036

Taighde, Nuálaíocht
agus Tionchar

086

An Coláiste Gnó

113

Coinní

060

Rannpháirtíocht
Dhomhanda

090

Coláiste na
hInnealtóireachta agus
na hAiltireachta

114

Baill Foirne Ar Scor

FORLÉARGAS ÓN UACHTARÁN



Is mór agam an seachtú tuarascáil seo a chur i láthair mar Uachtarán an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Sa tuarascáil seo, dírtear aird ar an rath mór agus na héachtaí móra a baineadh amach ar fud na hOllscoile i mbliana.

Bliain a bhí againn i mbliana nár chloígh le plan ar bith agus nár thit amach mar a bhí ag súil leis. Tá mé thar a bheith bródúil ar fad as pobal UCD agus as an dóigh a bhfuilimid i ndiaidh tionchar phaindéim COVID-19 a bhainistiú. Tugtar mionsonraí áirithe maidir le cad é mar a chuamar i ngleic leis na dúshláin sa chéad chaibidil eile den tuarascáil seo, agus feicfidh tú eolas faoinar chuireamar leis an iarracht ar an iomlán i ngach caibidil. Taobh le gníomhaíochtaí laethúla na hollscoile, tá an fhreagairt seo ina cuidiú againn tógáil i gcónaí ar an gcáil atá orainn mar an ollscoil is mó agus is domhanda in Éirinn.

Réidh don Todhchaí

I ndiaidh dúinn tabhairt faoi phróiseas fairsing comhoibre chun Straitéis UCD le haghaidh 2020-2024 a cheapadh, rinne mé *Réidh don Todhchaí* a sheoladh i mí na Nollag i Halla Uí Raghallaigh a bhí lán go doras. Bhí mé i dteannta Marie O'Connor, Cathaoirleach ar an Údarás Ceannais, agus Mary Mitchell O'Connor, an tAire Ardoideachais. Tá sé de chumas ag an straitéis fhadréimseach seo, a thabharfadh ábhar machnaimh don léitheoir, eispéireas na mball ar fad dár bpobal a athrú ó bhonn.

Déanann an fhís straitéiseach atá againn le haghaidh UCD sinn a chur chun cinn i dtreo ré i ndiaidh na paindéime, agus an fhís sin faoi threoir na gceithre théama atá san fhoilseachán *Réidh don Todhchaí*: Sochaí Dhomhanda Inmharthana a Chruthú; Claochlú a dhéanamh tríd an Teicneolaíocht Dhigiteach; Domhan Sláintiúil a Fhorbairt; agus an Cine Daonna a Chumasú. Beidh grúpa stiúrtha ann le haghaidh gach téama, ina mbeidh ionadaithe ó gach earnáil i bpobal na hOllscoile: foireann teagaisc, baill foirne, mic léinn, agus alumni, b'fhéidir.

Beidh Grúpa Stiúrtha Straitéise uileghabhálach ann chun comhordú agus comhoibriú iomlán idir na téamaí a chinntiú, agus chun cinnte a dhéanamh de go dtiocfaidh na téamaí le chéile. Sa ghrúpa sin, beidh comhaltaí Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile, mar aon leis na ceathrar Cathaoirleach do gach téama agus an Stiúrthóir ar Phleanáil Straitéiseach, a dhéanfaidh maoirseacht ar na gníomhaíochtaí agus tionscnaimh éagsúla a thiocfaidh as na

téamaí, chomh maith le deiseanna gnímh a aimsiú go réamh-ghníomhach ar fud na dtéamaí.

Tháinig an tÚdarás Ceannais ar chomhaontú 12 Phríomhtháscaire Feidhmíochta ardleibhéil a úsáidfear chun dul chun cinn a rianú i gcomparáid leis na ceithre Phríomhchuspóir sa Straitéis. Tá spriocanna comhaontaithe ag an Údarás Ceannais do gach ceann de na PTFanna sin do na cúig bliana atá le teacht. Déanfaidh an tÚdarás Ceannais athbhreithniú ar an dul chun cinn i gcomparáid leis na spriocanna agus ar na spriocanna iad féin uair amháin gach bliain ar a laghad.

Is mian liom buíochas a ghabháil le pobal níos leithne UCD as comhoibriú linn sa phróiseas agus táim ag súil le bheith ag obair le chéile go bhfeicimid rath agus bláth teacht ar an iliomad snáithe atá ann.

Rangú

Tá UCD chun tosaigh ar ollscoileanna na hÉireann ós rud é gurb í atá sa chéad áit in Éirinn sa rangú *US News & World Report's Best Global University Rankings*. Is léiriú é sin ar thionchar na bhfoilseachán taighde agus comhoibriú idirnáisiúnta na foirne teagaisc. I mí na Samhna, ainmníodh UCD mar Ollscoil na Bliana Sunday Times le haghaidh 2020, an tríú huair dúinn an onóir sin a bhuachan.

Don dara bliain as a chéile, tá feabhas tagtha ar chéim UCD in *QS World University Rankings* (Rangú QS Ollscoileanna an Domhain), nuair a d'éirigh an ollscoil ocht gcéim níos airde go 177. Tá UCD sa chéad áit i 15 ábhar – 2 ábhar níos mó ná 13 in 2019, in *QS World University Rankings by Subject* (Rangú QS Ollscoileanna an Domhain re réir Ábhair). Tá ceithre ábhar againn sna 50 is airde, 13 ábhar sna 100 is airde, agus 33 ábhar sna 200 is airde.

Sa bhliain 2020, don tríú bliain as a chéile, bhí UCD sa chéad áit in Éirinn, agus san 1% is airde d'ollscoileanna ar fud an domhain in *QS Graduate Employability Rankings* (Rangú QS Infhostaitheachta Céimithe). Nuair a bhí an rangú sin á bhronnadh, thug QS le fios

gur bronnadh é de thairbhe na hoibre atá déanta againn chun comhpháirtíochtaí socrúchán oibre agus taighde a chothú le fostóirí.

Maidir leis an gclár feidhmeannach Máistreacht sa Riarachán Gnó atá á sholáthar ag Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit, rinneadh é a rangú i measc na gclár is fearr ar domhan, sa 32ú háit go domhanda agus sa 15ú háit san Eoraip, de réir *QS Executive MBA listings* (Liosta QS MBA Feidhmeannach). Níl sa mhéid sin ach ceann amháin den iliomad onóracha dár gclár iarchéime san oideachas gnó.

Léiriú atá sna duaiseanna sin ar an dul chun cinn atá bainte amach le blianta anuas, agus is creidiúint do phobal iomlán UCD an méid sin.

Airgeadas

Thabhaigh an Ollscoil easnamh beag ar na príomhghníomhaíochtaí a fhaigheann cistiú ón Údarás um Ard-Oideachas le haghaidh na bliana 2019/20. Bhí an caillteanas ann go príomha mar bhí ioncam ní b'ísle ó tháillí na mac léinn ann ná a rabhthas ag súil leis. Bhí laghdú suntasach ar na sruthanna ioncaim a bhíonn againn ó ghníomhaíochtaí tráchtála de ghnáth, áiteanna cónaithe na mac léinn, lacáistí lónadóireachta ar champas agus gníomhaíochtaí gnó an tsamhraidh cuir i gcás, de dheasca na paidéime COVID-19.

Ó bhí mí an Mhárta 2020 ann, táthar i ndiaidh drochthionchar díobhálach a imirt ar chumas na hOllscoile foinsí ioncaim nach ón

€122m+

faighte ag taighdeoirí UCD i ndeontais sheachtracha taighde in 2019/20

// Bliain eile a bhí ann i mbliana nuair a d'fhanamar ar an gcéad rogha ollscoile le haghaidh mhic léinn na hÉireann ar fochéimithe iad. Tháinig méadú 7% ar líon na mac léinn a raibh UCD mar chéadrogha acu, agus méadú 11% ar líon na mac léinn Éireannach a roghnaigh cúrsaí iarchéime múinte //

Státchiste iad a ghiniúint. Ach táimid in ann oibríochtaí a choinneáil ar bun sa timpeallacht luaineach atá ann faoi láthair, mar gheall ar iarmhéideanna airgid nach beag a bheith againn chomh maith le rialú righin costais a bheith i bhfeidhm i rith an ama. Táimid in áit mhaith le go mbeimid ábalta téarnamh go gasta arís nuair a mhaolófar tionchar na paidéime.

Oideachas

Bliain eile a bhí ann i mbliana nuair a d'fhanamar ar an gcéad rogha ollscoile le haghaidh mhic léinn na hÉireann ar fochéimithe iad. Tháinig méadú 7% ar líon na mac léinn a raibh UCD mar chéadrogha acu, agus méadú 11% ar líon na mac léinn Éireannach a roghnaigh cúrsaí iarchéime múinte. Tháinig rialúcháin nua acadúla i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair, ar feabhsú suntasach ar ár gcláir iad. Déanfaidh na rialúcháin níos mó solúbthachta sna cláir, agus le haghaidh intéirneachtaí agus malartú idirnáisiúnta taobh istigh de chlár, a spreagadh, chomh maith le solúbthacht maidir le measúnú agus soláthar aiseolais do mhic léinn.

Taighde

D'éirigh le taighdeoirí UCD corradh le €122 milliún a fháil



Sa phictiúr tá dámhachtaithe Scoláireacht UCD-Intel 2019-2020: (ó chlé go deas) John Barry, Stiúrthóir Chomhpháirtíochtaí Móra Straitéiseacha, UCD; Bernie Capraro, Bainisteoir Taighde, Intel Research and Development Ireland Ltd; Ciarán O'Sullivan, Kallum Doyle; Stephen Sherin; Kyle Flynn; Seán Ó Braonáin; Ciarán McNamara; Brandon Blacoe; Emily White; An tOll. Andrew Deeks, Uachtarán UCD; Eamonn Sinnott, Bainisteoir Ginearálta Intel Ireland; Andrew Donohue; Ruth Quinn; Adam Atouani; Hazal Beceriklian; Janet Tsang; Brijji Mary Joseph; agus Chyna de los Angeles.



Sa phictiúr tá Dámhachtaithe Chéimithe UCD 2019 le hUachtarán UCD (ó chlé go deas): Noelle Walsh, an Dr John Bell, Katie Mullan, an tOll. Andrew J Deeks, Shaun T. Kelly, an Dr Barbara Dawson, an tOll. Mary Horgan, Caroline Keeling agus an Dr Sinéad Walsh agus Alison Priestman, Captaen Chlub Haca na mBan UCD, agus a bpiaraí thart orthu.

// Ar bhuaicphointe amháin i mbliana ó thaobh na rannpháirtíochta domhanda de, bhunaigh UCD dhá choláiste comhpháirteacha nua sa tSín. Is é an chéad cheann ná Coláiste Idirnáisiúnta Iompair Chang'an-Bhaile Átha Cliath (CDIC), a bhfuil an tOllamh Paul Fanning i gceannas air. An dara ceann ná Coláiste Idirnáisiúnta Eolaíochtaí Beatha agus Teicneolaíochta Guangzhou-Bhaile Átha Cliath (GDIC) Theas, a bhfuil an tOllamh Alex Evans i gceannas air //

i ndeontais sheachtracha taighde in 2019/20. Ba í an bhliain seo an tríú bliain i ndiaidh a chéile ina raibh deontais sheachtracha taighde ní b'airde ná €122 milliún, agus buaic a bhí san fhigiúir sin don Ollscoil nuair a baineadh amach é den chéadair in 2017/18. Buaicphointe faoi leith i maoiniú taighde 2019/20 a bhí sa mhaoiniú ón AE, a bhí breis agus dhá oiread ní ba mhó ná an figiúir don bhliain roimhe sin. Fuarthas roinnt dámhachtainí ón gComhairle Eorpach um Thaighde agus tugadh faoi thionscadail mhóra chomhoibriúchá ar ábhair thábhachtacha, murtall, diaibéiteas agus iontaoibh sa saineolas, cuir i gcás. Tráth tábhachtach atá ann faoi láthair le haghaidh maoiniú taighde ón AE. Tá Fís Eorpach, an chéad chlár maoinithe eile le teacht agus cuirfear athruithe i bhfeidhm i ndiaidh an Bhreiteimeachta, agus tá sé tábhachtach go ndéanfaidh UCD seasamh láidir a dhaingniú.

Forbairt Campais

Rinneadh dul chun cinn suntasach i mbliana chun an fhís a leagtar amach i bPlean Straitéiseach Forbartha Campais 2016-2021-2026 UCD a chur i gcrích. Sa phlean, tugtar le fios cad é mar a dhéanfar forbairt ar Champas Belfield ina mbeidh trí Cheantar Saintréithe ar leith: Oideachas, Taighde agus Nuálaíocht; Conláistí Spóirt agus Mac Léinn; agus Cónaithe. Tá forbairt déanta san Ollscoil ar thrí mháistirphlean iontacha ina leagtar amach fíis níos mionsonraithe do na spásanna taobh istigh de gach Ceantar Saintréithe. Sna máistirphleananna sin, leagtar amach an tslí a dtiocfaidh fás agus forbairt ar gach Ceantar Saintréithe de réir a chéile, agus an dóigh a mbeidh gach ceann acu ag teacht le chéile chun campas comhtháite a dhéanamh atá deartha chun eispéireas a thabhairt do na mic léinn

a bheidh ina eiseamláir ó thaobh dea-chleachtas idirnáisiúnta de. Tá na pleananna á dtreorú ag téamaí straitéiseacha na hOllscoile agus beidh siad ina gcuidiú chun campas a thabhairt i gcrích a bheidh inrochtana, inbhuanaithe, folláin agus cumasaithe ar bhonn digiteach.

Rannpháirtíocht Dhomhanda

Ar bhuaicphointe amháin i mbliana ó thaobh na rannpháirtíochta domhanda de, bhunaigh UCD dhá choláiste comhpháirteacha nua sa tSín. Is é an chéad cheann ná Coláiste Idirnáisiúnta Iompair Chang'an-Bhaile Átha Cliath (CDIC), a bhfuil an tOllamh Paul Fanning i gceannas air. An dara ceann ná Coláiste Idirnáisiúnta Eolaíochtaí Beatha agus Teicneolaíochta Guangzhou-Bhaile Átha Cliath (GDIC) Theas, a bhfuil an tOllamh Alex Evans i gceannas air. Tá breis agus 1,500 mac léinn cláraithe sna trí choláiste idirnáisiúnta atá ag UCD sa tSín, Coláiste Idirnáisiúnta Bhéising-Bhaile Átha Cliath (BDIC), CDIC agus GDIC san áireamh, chomh maith le 2,200 mac léinn breise ar chlár thrasnáisiúnta eile.

Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (CÉC)

I mbliana, táimid i ndiaidh a bheith ag obair i gcomhar leis na hinstiitúidí ardoideachais eile agus leis an Údarás um Ard-Oideachas chun na bealaí a aithint a n-imríonn an phaindéim tionchar díréireach ar fhostaithe agus ar mhic léinn atá ag plé leis an neamhionannas cheana féin. San obair sin, cuireadh san áireamh an tionchar a imrítear orthusan a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu nuair a dhruitear scoileanna agus áiseanna cúraim leanaí, agus an tacaíocht chuí a chur i bhfeidhm. Tugadh tús áite faoi leith don mheabhairshláinte agus folláine agus cuireadh suíomh gréasáin nua

2,500

ball i gClub na hOllscoile, UCD

250

pacáiste cúraim le haghaidh daoine a chodlaíonn amuigh i lár chathair Bhaile Átha Cliath

ar fáil ar a bhfuil áiseanna agus eolas chun tacú le fostaithe. Chomh maith leis sin, seoladh an Scéim Piarthacaíochta Garchabhrach don Mheabhairshláinte in Aibreán. Grúpa rúnda piarthacaíochta le haghaidh fostaithe atá ann.

Fáilteachas

I mbliana, sa chéad leath den bhliain, cuireadh lárionad ar fáil i gClub na hOllscoile, UCD, mar aon le Halla Uí Raghallaigh, ina bhféadfadh foireann teagaisc, baill foirne, alumni agus comhpháirtithe na hOllscoile bualadh le chéile agus fáilte a chur roimh aonona i saoráid fáilteachais den chéad scoth. An chéad chlub den chineál sin in Éirinn atá ann. Le linn na tréimhe sin, tháinig fás ar líon na mball de réir a chéile go raibh 2,500 ann.

Druideadh Club na hOllscoile agus Halla Uí Raghallaigh i mí an Mhárta de dheasca na chéad dianghlása, agus d'fhan siad druidte ar feadh 20 seachtain. Osclaíodh arís iad ar an 4 Lúnasa, na bearta riachtanacha sábháilteachta COVID-19 ar fad curtha i bhfeidhm. D'fhan an Club oscailte agus cuireadh áis riachtanach shábháilte lónadóireachta ar fáil ina rabhtas ag feidhmiú faoi threoirilnte nua an rialtais.

I mí Lúnasa, cuireadh na tionscadail oibreacha caipitiúla i gcrích i Halla Uí Raghallaigh, UCD, mar a bhfuil ballaí nua deighilte, brat urláir ar fud na háite agus suiteán closamhairc úrscothach anois. Tá an fhoireann ag obair i gcónaí lenár bpobal inmheánach agus comhpháirtithe seachtracha, agus tá siad dírithe ar shaol na n-imeachtaí fóirúla agus measctha anois.

Rannpháirtíocht an Phobail

Lean UCD sa Phobal ar aghaidh ag nascadh le heagraíochtaí atá bunaithe sa phobal. Leagadh béim ar an rannpháirtíocht i gcomhar a chéile atá ar siúl ar fud na hOllscoile agus níos faide ar shiúl. Baineadh leas as obair dheonach agus comhpháirtíocht chun comhghleacaithe agus mic léinn a chur i dteagmháil leis an bpobal níos leithne, chomh maith lena n-imeachtaí suaitheanta bliantúla a éascú.

I measc na mbuaicphointí a bhí ann in 2019/20, bhí Lá na Saorálaithe i mí Dheireadh Fómhair 2019, Aonach Saorálaithe ar fhreastail cuid mhór eagraíochtaí atá bunaithe sa phobal air, agus ceardlanna éagsúla ar fud an champais curtha ar fáil ag UCDVO, Lónra Gairmeacha UCD agus Oilimpicí Speisialta Éireann, an carthanas seachtrach atá mar rogha ag UCD.

Seoladh Tuarascáil Rannpháirtíochta Pobail UCD 2018/19 ar Lá Idirnáisiúnta na Saorálaithe, ar an 5 Nollaig. Sa tuarascáil, déantar taifead den mhéid atá déanta ag ár gcomhghleacaithe, mic léinn agus alumni, san ollscoil agus taobh amuigh di, chomh maith le

béim a leagan air agus é a cheiliúradh. Is féidir féachaint ar an tuarascáil ar shuíomh gréasáin UCD sa Phobal.

Bhí an achainí bhliantúil ann chun airgead a bhailiú le haghaidh pacáistí cúraim Chlann Shíomóin Bhaile Átha Cliath go mall i mí na Nollag, i gcomhar le Coláiste Pobail na Toirbhearta, Tír an Iúir, mar chuid de chlár 'Localise' an choláiste. A bhí le chomh flaitiúil agus a bhí foireann teagaisc, baill foirne agus mic léinn UCD, cuireadh 250 pacáiste cúraim le chéile mar ar cuireadh ar fáil nithe riachtanacha le haghaidh daoine a chodlaíonn amuigh i lár chathair Bhaile Átha Cliath.

Mar gheall ar phaindéim COVID-19, rinneadh cuid mhór de ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta pobail na hOllscoile a mhionathrú go cruthaíoch agus cuireadh i láthair ar líne iad. Ar cheann acu sin bhí Hope Fest, féile bliantúil na folláine le haghaidh daoine gan dídean, a bhí le bheith ar siúl i nGairdíní Uíbh Eachach i mí Bealtaine 2020.

Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha Móra

Príomhchuspóir dár straitéis Réidh don Todhchaí is ea comhpháirtíochtaí straitéiseacha móra a chruthú, atá mar chuid lárnach den fhís atá againn i dtaca le fás agus forbairt. Le bliain anuas tá tuilleadh dul chun cinn déanta againn ó thaobh comhpháirtíochtaí a chruthú le heagraíochtaí atá bunaithe anseo in Éirinn agus eagraíochtaí idirnáisiúnta i réimsí amhail forbairt tallainne, taighde agus nuálaíocht, chomh maith le freagracht shóisialta chorparáideach. Tá sé rithabhachtach comhpháirtíochtaí a chruthú le tionscal agus le heagraíochtaí eile ar bhealach struchtúrtha ionas go mbeidh tionchar ábhartha ag UCD ar an tsochaí, agus go bhfeabhsófar eispéireas na mac léinn agus rannpháirtíocht taighdeoirí dá bharr.

Tá comhpháirtíochtaí straitéiseacha móra á gcruthú againn le líon áirithe eagraíochtaí d'fhonn ár gcaidreamh leis an earnáil tionsclaíochta a neartú i rith an ama. I measc mhór-chomhpháirtíochtaí straitéiseacha UCD tá: AIB, Bristol-Myers Squibb, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Genomics Medicine Ireland, ICON plc, Intel, Mainstream Renewable Power, Microsoft, Origin Enterprises plc, PwC, A&L Goodbody agus Teagasc.

Roimh thús COVID-19, bhí lúcháir orm fáilte a chur roimh Éamonn Sinnott, Leasuachtarán ar an nGrúpa Teicneolaíochta agus Monaraithe agus Bainisteoir Ginearálta, Intel Ireland, agus a chomhghleacaithe, chuig UCD. Rinneamar meabhrán tuisceana nua a shíniú, a dhéanann



An tOll. Andrew Deeks, Stiúrthóir UCD agus Éamonn Sinnott, Leasuachtarán agus Bainisteoir Ginearálta, Intel Ireland, nuair a síníodh meabhrán tuisceana idir an Ollscoil agus Intel.

ár gcomhpháirtíocht straitéiseach a leathnú agus a dhóimhniú. Bhronnamar Scoláireachtaí Mhic Léinn Máistreacht UCD-Intel ar 15 mhac léinn thar barr san eolaíocht agus san innealtóireacht. Sna blianta atá le teacht, tabharfar tacaíocht do 48 mac léinn eolaíochta agus innealtóireachta eile mar chuid den Chlár Scoláireachtaí. Mar chuid dár gcomhpháirtíocht, ceapfar Ollamh Taca Intel agus cuirfear infheistíocht shuntasach ar fáil i Lárionad nua UCD le haghaidh na Cruthaitheachta.

Le linn na bliana, bhuail mé leis an Dr Colin Hunt, POF Ghrúpa AIB, agus a chomhghleacaithe sinsearach. Rinneamar athbhreithniú ar ár gcomhpháirtíocht straitéiseach le chéile. Mar chuid den chomhpháirtíocht sin, rinneadh infheistíocht shuntasach chun tacú le réimse tionscnamh agus gníomhaíochtaí oideachais, taighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear Ollúnacht AIB san Eacnamaíocht Iompraíochta, tacaíocht a thabhairt d'Institiúid Fuinnimh UCD, chomh maith le comhoibriú taighde san Anailísíocht Sonraí agus sa Chibearshlándáil, agus comhpháirtíocht ar bhonn leanúnach le NovaUCD. Táimid ag dúil le go ndéanfar an chomhpháirtíocht thar barr seo a fhorbairt tuilleadh.

Chuir mé fáilte roimh Julian Yarr, Comhpháirtí Bainistíochta, A&L Goodbody, le linn na bliana, chun Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí a shíniú. Déanann sé sin an caidreamh atá ann idir A&L Goodbody agus UCD le cuid mhór blianta a fhorbairt tuilleadh. Mar chuid den chaidreamh sin, bunaíodh dlúthchaidreamh le Scoil Dlí Sutherland agus leis an gColáiste Gnó, UCD, lena n-áirítear Clár Máistreacht Ghnó an Dlí a fhorbairt le chéile. Leis an gcomhaontú, tugtar an deis chun cur leis an iomaí gné rathúil den chaidreamh go dtí seo, agus clúdaítear ann forbairt tallainne; taighde, nuálaíochta agus ceannasaíocht smaointeoireachta; agus freagracht shóisialta chorparáideach.

Bhí cruinniú agam chomh maith leis an Ollamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc, An tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia, agus a chomhghleacaithe sinsearach. Rinneamar socrú cur leis an gComhpháirtíocht Straitéiseach atá ann idir an dá eagraíocht. Mar chuid den chomhpháirtíocht sin anois tá comhoibriú san oideachas agus san fhorbairt tallainne, taighde agus nuálaíocht, agus i dtaca le freagracht shóisialta chorparáideach. Le cuid mhór blianta tá comhoibriú déanta ag UCD agus Teagasc ar an-chuid clár taighde

agus oideachais. Tugaim faoi deara go bhfuil Teagasc i measc na dtacadóirí is mó atá ag an oideachas le haghaidh céimithe in UCD, mar gheall ar a Chlár Scoláireachtaí Walsh. Táim ag dúil le go ndéanfar an chomhpháirtíocht straitéiseach seo a fhorbairt tuilleadh.

Tá forbairt á déanamh ar an gcomhpháirtíocht straitéiseach idir Microsoft agus UCD i rith an ama. Tá Clár Beartais Dhigitigh Microsoft-UCD curtha ar bun ag UCD i gcomhar le Microsoft in Éirinn agus sa Bhruiséil chun cur leis an gcumas i dtaca le beartas digiteach i measc na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí in Éirinn agus ar fud AE go ginearálta. An tOllamh Kalpana Shankar atá mar Stiúrthóir Cláir, agus mar chuid den Chlár Beartais Dhigitigh bunaíodh cláir nua oideachais nua, lena n-áirítear cúrsa Teastais agus Máistreacht sa Bheartas Digiteach. Chomh maith leis sin, osclaíodh Lárionad UCD don Bheartas Digiteach, faoi cheannasaíocht an Ollaimh Eugenia Siapera. Tá Elizabeth Farries ceaptha mar Ollamh Cúnta don chlár.

Tá an chomhpháirtíocht straitéiseach idir UCD agus Origin Enterprises, CONSUS, i bhfeidhm i gcónaí i réimse na gcóras feirmeoireachta don am atá le teacht, agus tá tacaíocht á tabhairt ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Comhghairdeas leis an Ollamh Gregory O'Hare, a fhoireann agus an fhoireann in Origin Enterprises as athbhreithniú lárthearma ar an gclár eolaíoch a chur i gcrích go sásúil. Is mian liom buíochas a ghabháil le Tom O'Mahoney, POF Origin Enterprises atá ag éirí as an ról, as a thacaíocht iomlán le cuid mhór blianta anuas, agus ba mhaith liom gach rath a ghuí ar a chomharba Seán Coyle sa ról nua atá aige.

Ceangal lenár nAlumni ar fud an domhain

Tá líonra domhanda alumni UCD go fóill ar cheann de na láidreachtaí is mó atá ag an Ollscoil, agus tá 292,000 alumnus againn anois i 184 tír, agus 45 craobh dhomhanda againn. Tá 27% dár gcéimithe thar lear, a bhformhór sin i SAM, i Singeapór agus sa Ríocht Aontaithe. Tá líon suntasach dár gcéimithe lonnaithe san Áise, san Astráil, i gCeanada agus san Eoraip. Tógáil croí a bhí ann go raibh rath agus bláth ar rannpháirtíocht na gcéimithe go fóill i mbliana, in ainneoin na srianta ar imeachtaí sóisialta a bhí ann le linn phaindéim COVID-19. D'éirigh linn dul i ngleic leis an dúshlán agus ghlacamar le cumhacht chlaohlaitheach na dteicneolaíochtaí digiteacha. Thugamar 95% dár ngníomhaíocht rannpháirtíochta do chéimithe ar líne ionas

Welcome to this evening's conversation: "It's Normal To Be Different"



Caroline Casey
Award-winning social
entrepreneur & founder of
the Valuable 500



Martina Fitzgerald
Political journalist & author

UCD
in conversation:
a virtual series



// Tá ár gclár deonach do chéimithe ag dul ó neart go neart agus á fhorbairt i rith an ama. Go dtí seo, tá corradh le 4,030 céimí i ndiaidh tacaíocht a thabhairt ar bhonn deonach do mhic léinn, céimithe eile agus do phobal níos leithne UCD, lena n-áirítear 350 céimí atá i ndiaidh a bheith páirteach in earcaíocht mac léinn mar chuid dár gclár nua a seoladh le gairid, Clár na nAmbasadóirí Domhanda //

go mbeimis in ann caidreamh fuinniúil fiúntach a chaomhnú le céimithe ar fud an domhain. D'aistríomar go solúbtha agus go cruthaitheach i dtreo imeachtaí ar líne a úsáid, agus chuireamar lenár gcumarsáid agus lenár rannpháirtíocht leis na meáin shóisialta, tríd an bhfeachtas #UCDLeChéile ar éirigh go maith leis.

Tá méadú suntasach tagtha ar ghníomhaíocht lenár bpobail ar líne. Chuathas i dteagmháil thar 50,000 uair le Gréasán Alumni UCD ar líne, tháinig méadú 220% ar thrácht ar ár suíomh gréasáin agus méadú níos airde ná 356% ar thrácht ar ár gcainéal YouTube.

Bhí an-tóir ar ár n-imeachtaí ar líne do chéimithe, agus ina measc bhí an tsraith UCD: In Conversation, chomh maith le What It Takes, sraith forbartha gairmeacha le haghaidh mac léinn agus céimithe óga. Rinneamar taifead de bhreis agus 20,000 idirghníomhú leis na gníomhaíochtaí sin, agus i measc na rannpháirtithe sin bhí céimithe ó gach tréimhse deich mbliana agus ó gach disciplín. Bhí 17% díobhsan a ghlac páirt lonnaithe thar lear.

Tá bród orm i mbliana a thuairisciú gur tháinig méadú ar líon na gcásanna idirghníomhaíochta lenár n-imeachtaí rannpháirtíochta céimithe ar an iomlán ó 35,000 go 41,050, in ainneoin na ndúshlán mar gheall ar COVID-19.

Tá Searmanas Bronnta na nDuaiseanna do Chéimithe UCD go fóill ar cheann de na buaicphointí ar fhéilire na gcéimithe. Bhí ceiliúradh againn i Halla Uí Raghallaigh UCD i Samhain 2019 nuair a bhronnamar onóir ar naonúr céimithe thar barr as éachtaí a bhaint amach sna healaíona, i gcúrsaí sláinte, san eolaíocht, i gcúrsaí gnó, san innealtóireacht, i dtaighde bithghéilleagair, sna heolaíochtaí sóisialta, i spórt agus sa dlí.

Buaicphointe eile a bhí againn i mbliana ná Féile UCD i mí Bealtaine 2020. Cé go raibh an campas druidte i mbliana de dheasca COVID-19, d'éirigh go geal lenár bhféile fhíorúil Festival@Home UCD. Reáchtáladh an fhéile thar an deireadh seachtaine ón 21 go dtí an 23 Bealtaine. D'fhreastail 23,500 duine ó 58 tír ar 67 imeacht ar líne.

Tá bród orm as an iliomad céimithe de chuid UCD atá ar thús cadhnaíochta sna hiarrachtaí atá ar bun chun dul i ngleic le géarchéim COVID-19 ar fud an domhain. Leagtar béim ar na hiarrachtaí suntasacha atá déanta acu san eagrán is deireanaí dár n-iris le haghaidh céimithe, UCD Connections, chomh maith le cláir thaighde UCD sna réimsí COVID-19 agus inbhuanaitheacht.

Tá ár gclár deonach do chéimithe ag dul ó neart go neart agus á fhorbairt i rith an ama. Go dtí seo, tá corradh le 4,030 céimí i ndiaidh tacaíocht a thabhairt ar bhonn deonach do mhic léinn, céimithe eile agus do phobal níos leithne UCD, lena n-áirítear 350 céimí atá i ndiaidh a bheith páirteach in earcaíocht mac léinn



Seisiún ceisteanna agus freagraí leis an Dr Tony Holohan ar Zoom mar chuid d'Fhéile UCD sa bhaile.

50,000+

uair a rinneadh teagmháil ar líne le Gréasán Alumni UCD


mar chuid dár gclár nua a seoladh le gairid, Clár na nAmbasadóirí Domhanda. In ainneoin na srianta atá ann faoi láthair, chuireamar ár ngníomhaíochtaí deonacha i láthair go sábháilte ar ardán ar líne Chréasán Alumni UCD, a bhfuil breis agus 8,000 ball ann anois. Tá cuid mhór déanta ag ár saorálaithe ar céimithe iad. Tá ionadaithe craoibhe againn ar fud an domhain, painéalaithe go fíorúil agus ar an láthair, chomh maith le meantóirí gairme. Táim buíoch díobh ar fad atá chomh fial sin lena gcuid ama agus leis an saineolas atá chucu, chun sochair do mhic léinn UCD.

Bronnadh Daonchairdiúil

In am an ghátair, bímid ag brath níos mó ná riamh ar fhlaithiúlacht agus tiomantas ár gcéimithe, cairde agus comhpháirtithe. Tá tacaíocht dhaonchairdiúil riachtanach le go n-éireoidh le UCD mar ollscoil cheannródaíoch dhomhanda. Cuireann an tacaíocht sin leis an uailmhian atá ionainn, fad a chuirimid ár gcuspóirí straitéiseacha chun cinn i gcónaí agus imrímid tionchar ar thodhchaí ár sochaí trí mheán oideachais agus taighde den chéad scoth.

Leanadh dár bhfeachtas daonchairdiúil i rith 2019/20, fad a bhí paindéim COVID-19 sa chúla mar aon leis an éiginnteacht gheilleagrach a bhí ann dá bharr. Fuarthas tabhartas eisceachtúil mór eile i mbliana faoi chomhair bonneagair agus áiseanna den chéad scoth a fhorbairt do Choláiste na hEolaíochta, UCD. Beifear in ann an tionscadal claochlaitheach seo a chur chun cinn go suntasach mar gheall ar an tacaíocht airgeadais, tionscadal atá sa chéim dheireanach anois. Bhí an fhlaithiúlacht dhochreidte a léirigh ár ndeontóirí daonchairdiúla rithabhachtach ó thaobh dul chun cinn a dhéanamh ar an obair seo. A bhuíochas lena bhfís agus lena gcuid tacaíochta, tá UCD bunaithe go daingean mar cheannaire ó thaobh taighde ceannródaíoch ildisciplíneach de, mar ionad barr feabhais d'oideachas na heolaíochta, agus mar mhol nuálaíochta sna teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

I mbliana, tá sé feicthe againn ar fad an ról rithabhachtach atá ag ollscoileanna ó thaobh réitigh nuálaíochta a fhorbairt mar fhreagairt



ar na fadhbanna is práinní atá ag an tsochaí. Ar an ábhar go bhfuil sí ar cheann de na hollscoileanna taighde is tábhachtaí san Eoraip, tá príomhról ag UCD sa fhreagairt dhomhanda ar COVID-19 ar fud réimsí éagsúla: leigheas, eolaíocht, innealtóireacht, síceolaíocht, eacnamaíocht, agus beartas sóisialta agus poiblí. Tá Ciste um Thaighde Ceannródaíoch (Breakthrough Research Fund) curtha ar bun ag Fondúireacht UCD d'fhonn an cistiú atá riachtanach a fháil chun an borradh atá faoinár dtaighde a chothú agus a mhéadú. Na tabhartais a thugtar don chistiú seo, bíonn siad ag tacú le Clár Taighde COVID-19 UCD a chur chun cinn go sciobtha. Tá obair ríthábhachtach ar bun mar chuid den chlár taighde cóireálacha a fhorbairt chun beatha daoine a shábháil. Déanfaidh an ciste seo cinnte de go bhfuil inniúlacht ar leith ag UCD freagairt ar dhúshláin agus deiseanna de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn amach anseo.

Tá tacaíocht á tabhairt riamh anall ag ár gcéimithe agus ár dtabharthóirí do mhic léinn UCD. Ba léir dúinn cuid mhór flaithiúlachta agus cásmhaireachta a bheith ann i ndáil lenár mic léinn, go háirithe i mbliana. Tá mic léinn i ndiaidh a bheith buailte go trom ag an bpaindéim, a sciob uathu cuid mhór den áthas agus den tsaoirse a bhaineann le saol na hollscoile de ghnáth. Tá cuid mhór acu ag streachailt le cruatan airgeadais agus dúshláin ó thaobh na meabhairshláinte de. Is í a bhfolláine an ní is tábhachtaí. Táimid ag déanamh ár seacht ndícheall, agus tacaíocht fhiail daonchairdis againn, chun cinnte a dhéanamh de go bhfuil teacht ag gach mac léinn ar dheiseanna fiúntacha oideachais, beag beann ar chúla sóisialta ná geilleagrach an mhic léinn. Cuidíonn an daonchairdeas linn na háiseanna a chur ar fáil do mhic léinn atá de dhíth orthu le go n-éireoidh a gcuid oideachais go geal leo in UCD.

A bhuíochas le tiomantas agus altrúchas ár dtacadóirí daonchairdis, tá ár bhfís á fíorú againn de réir a chéile go mbeidh campas againn a mbeidh timpeallacht fhisiciúil agus intleachtúil ar leith ann a dhéanfaidh comhoibriú, uailmhian agus fadhbréiteach cruthaitheach a chothú. Thar aon ní eile, déanfaidh campas mar sin cinnte de go mbeidh UCD solúbtha go leor le dul in oiriúint do na

// Tá ár dtaighdeoirí go fóill ag freagairt do na dúshláin dhomhanda. Cé go mbeimid ag díriú sa chéad dul síos ar thionchar na paindéime a bhainistiú, tá iarrachtaí na dtaighdeoirí dul i ngleic le saincheisteanna sláinte, geilleagracha agus sóisialta ag dul ó neart go neart i gcónaí //

castachtaí a bhaineann le heispéireas oideachais thar cionn a chur ar fáil do na glúnta mac léinn atá le teacht.

Mar Fhocal Scoir...

Beidh tú ag léamh cuid mhór i rith na tuarascálacha seo faoi thionchar phaindéim COVID-19, agus an fhreagairt uirthi. Imreofar tionchar suntasach go dtí go ndéanfar vacsaín a fhorbairt, a thástáil agus a chur i bhfeidhm ar fud an domhain. Leanfaimid ar aghaidh lenár n-iarrachtaí chun cuidiú leis an obair sin ar gach aon bhealach.

I mbliana, d'éirigh linn cuid mhór eile a bhaint amach i dtaca le cistiú, dámhachtainí agus aitheantas, ar leibhéal pearsanta agus leibhéal na hollscoile araon. Léifidh tú faoi na héachtaí sin i ngach caibidil den Tuarascáil seo – ábhar mór millteach buíochais agus bróid atá iontu. Tá ár dtaighdeoirí go fóill ag freagairt do na dúshláin dhomhanda. Cé go mbeimid ag díriú sa chéad dul síos ar thionchar na paindéime a bhainistiú, tá iarrachtaí na dtaighdeoirí dul i ngleic le saincheisteanna sláinte, geilleagracha agus sóisialta ag dul ó neart go neart i gcónaí.

I mí Dheireadh Fómhair, thug painéal idirnáisiúnta saineolaithe cuairt ar UCD mar chuid d'athbhreithniú institiúideach Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann. Thug an fhoireann athbhreithnithe ard-mholadh do na próisis éifeachtacha chórasacha dearbhaithe cáilíochta atá againn, a dhéanann measúnú mionchúiseach ar fhoghlaim agus teagasc a áirithiú. Bhí an tuarascáil dhearfach a thug siad mar fhianaise ar a thiomanta agus atá an fhoireann teagaisc agus baill foirne i dtaca leis an oideachas agus an t-eispéireas is fearr a chur ar fáil dár mic léinn. Mhol siad a fhairsinge is atá straitéis na hollscoile neadaithe inár gcuid pleanála agus oibríochtaí. Thagair siad don chorrail agus díograis atá cothaithe ag forbairt na straitéise "Réidh don Todhchaí".

Ba é an Cairdinéal John Henry Newman reachtaire bunaidh Ollscoil Chaitliceach na hÉireann, réamhtheachtaí UCD, agus údar 'The Idea of a University', an saothar ceannródaíoch ar an luach atá leis an oideachas liobrálach. I mí Dheireadh Fómhair, rinne Pápa Proinsias naomh de.

Tugann ár gcéimithe tacaíocht dúinn i gcónaí, agus tá caidreamh láidir againn leo. Is léir an méid sin ó chomh tiomanta agus atá siad tacú lenár gcuspóirí, chun deimhin a dhéanamh de go dtiocfaidh fás ar an Ollscoil agus go n-éireoidh léi, agus chun cúnamh a thabhairt dár mic léinn, a d'fhéadfadh a bheith ag streachailt.

Tá bunaidhmeanna na hOllscoile díonghbáilte go fóill, agus cuireann siad ar ár gcumas na dúshláin a sháru agus a bheith ag tnúth leis an saol i ndiaidh na paindéime. Bímis Réidh don Todhchaí, le chéile.

An tOllamh Andrew J Deeks,
Uachtarán UCD



FREAGAIRT NA HOLLSCOILE AR COVID-19



Fós ag obair... Foireann Glantacháin UCD.

Sa Tuarascáil seo ar fad, cuirfidh gach ball d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile ar an eolas thú maidir leis an bhfreagairt éachtach ar COVID-19 ina réimsí féin. Ó mhí Eanáir i mbliana, chuamar i ngleic le cúrsaí agus i dtosach báire d'aistríomar an teagasc agus foghlaim ar líne chun tacú lenár mic léinn atá bunaithe sa tSín.

Ó mhí Mhárta ar aghaidh, bhí cúrsaí éirithe ní ba mheasa ar fud an domhain, agus b'éigean dúinn na struchtúir a raibh gá leo a chur ar bun ionas go mbeimis in ann leanúint ar aghaidh le príomhghnó na hOllscoile – taighde, teagasc agus foghlaim. D'éirigh go geal leis an taighde i rith an ama, in ainneoin na srianta a cuireadh ar a bheith ag obair ar an gcampas. Chuaigh ár dtaighdeoirí i ngleic leis an dúshlán, agus chuir siad réimse réiteach ar fáil do na dúshláin áirithe a bhí ann. Tugtar cuid de na héachtaí sin sa chaibidil seo, ach is féidir leat tuilleadh a léamh faoi na héachtaí taighde seo ar an suíomh www.ucd.ie/research/covid19response

Ceapadh an Dr Cillian de Gascun, Stiúrthóir na Seirbhíse Tagartha Náisiúnta maidir le Víris, mar chathaoirleach den Sainghrúpa Comhairleach a bhfuil sé de chúram orthu comhairle a chur ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus Foireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí (NPHET). Bhí éileamh ar ár bhfoireann teagaisc i rith an ama chun trácht a dhéanamh ar ghnéithe áirithe leighis agus sóisialta den phaindéim agus mar bhaill de ghrúpaí agus painéil chomhairleacha.

Is mic léinn nó céimithe de chuid na hollscoile iad a lán den fhoireann túslíne go náisiúnta. Aithníonn gach duine ainmneacha chéimithe UCD, an Dr Tony Holohan agus an Dr Ronan Glynn, mar gheall ar na ról a bhfuil siad iontu mar Phríomhoifigeach Leighis agus Leas-Phríomhoifigeach Leighis, a tharla le linn bliain a mbeidh cuimhne uirthi go ceann i bhfad. Tá an tOllamh Tess Lambe, céimí,

ar dhuine de na taighdeoirí in Institiúid Janner in Ollscoil Oxford atá ag obair ar an vaicsín a fhorbairt le AstraZeneca.

I mí Bealtaine, rinne an tAire Sláinte an tOllamh Cecily Kelleher, Príomhoide Choláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte, UCD, a cheapadh mar chathaoirleach ar Phainéal Saineolaithe Tithe Altranais COVID-19, chun Bearta a Scrúdú go 2021.

D'aistrigh an fhoireann teagaisc agus baill foirne chun dul i mbun oibre ón mbaile. Thapaíomar an deis nuair a bhí an briseadh lár ráithe ann chun pleanáil a dhéanamh mar ullmhúchán don aistriú chuig teagasc agus cianfhoghlaim. Na príomhthosaíochtaí a bhí againn ná cinnte a dhéanamh de go leanfadh na mic léinn ar a n-aistear foghlama lena laghad cur isteach agus ab fhéidir, agus san am céanna tús áite a thabhairt do shláinte agus folláine

// Na príomhthosaíochtaí a bhí againn ná cinnte a dhéanamh de go leanfadh na mic léinn ar a n-aistear foghlama lena laghad cur isteach agus ab fhéidir, agus san am céanna tús áite a thabhairt do shláinte agus folláine gach duine an t-am ar fad //

gach duine an t-am ar fad. Ar fud na hollscoile, rinneadh iarrachtaí suntasacha chun tacú le mic léinn ar a n-aistear foghlama, agus chun tionchar na géarchéime ar thaithí na mac léinn a íoslaghdú. D'fhan na hártais chónaithe ar an gcampas ar oscailt agus rinneadh socruithe dóibhsean a raibh orthu féinleithlisiú a dhéanamh.

Tréimhse coicíse den obair chianda a mhairfeadh go dtí an 29 Márta a bhí le bheith ann, ach a mhair i rith na bliana ar fad. De réir mar a tháinig athrú ar na treoirlínte agus ar an gcomhairle, d'athraíomar ár bpróisis dá réir.

Bhí ar chuid mhór den fhoireann teagaisc agus de na baill foirne plé le freagrachtaí cúraim agus cúraim leanai, chomh maith le dul i ngleic leis an aistriú chuig an obair ón mbaile. Tháinig fás mór ar leathanach na gceisteanna coitianta chun tagairt a dhéanamh do na tacaíochtaí éagsúla a bhí ar bun do chách, agus chun daoine a spreagadh teagmháil a dhéanamh lena chéile agus chun tairbhe a bhaint as na tacaíochtaí sláinte agus folláine a bhí i bhfeidhm.

Le linn an tsamhraidh, bhíomar ag pleanáil le go bhfillfí chun na hoibre ar an gcampas do thromlach na foirne teagaisc agus na mball foirne, chomh maith le filladh na mac léinn chuig an gcampas i dTearma an Fhómhair. Rinneadh pleanáil chuimsitheach chun an campas a dhéanamh réidh agus cuireadh prótacail ar bun chun freastal ar gach rud a d'fhéadfadh tarlú.

Bhí an leabharlann ag feidhmiú i rith an ama agus cuireadh seirbhísí fóirúla ar fáil i rith na dianghlása. Cuireadh síneadh le seirbhísí na leabharlainne ar an láthair don fhoireann teagaisc ó mhí Meithimh ar aghaidh.

Cionn is gur cailleadh ioncam ó thaobh airgead na hollscoile de, b'éigean dúinn an tionchar fadtéarmach a d'fhéadfadh a bheith ann dá bharr a mheas. B'éigean dúinn a lán tionscnamh a faomhadh roimhe a chur siar, lena n-áirítear Tobar Lárnach na gCeapachán Acadúil, an scéim trealaimh Taighde agus Scéim PhD Advance. Cuireadh stad ar bhonn sealadach le poist nua nuair ab fhéidir.

Breathnaíodh ar nósanna ite bia le linn na dianghlása i Stáidéar Náisiúnta Bia COVID-19

Ceannasaithe Taighde: an Dr Eileen Gibney, Institiúid Bia agus Sláinte UCD; an Dr Sharleen O'Reilly, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD; an Dr Aifric O'Sullivan, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD; an Dr Claire Timon (Ollscoil Chathair BÁC); an Dr Celine Murrin, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD; agus an Dr Emma Feeney, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD.

Sheol Institiúid Bia agus Sláinte UCD an Stáidéar Náisiúnta COVID-19 um Bia, i gcomhar le hOllscoil Chathair BÁC. Baineadh leas as suirbhé a reáchtáladh go hiomlán ar líne i gcomhréir leis an scaradh sóisialta, agus bailíodh eolas maidir leis na hathruithe atá tagtha ar iompar daoine fásta ó thaobh bia agus dí de ó cuireadh tús le srianta COVID-19.

Is iad seo a leanas príomhthorthaí an staidéir:

- Thuairiscigh beagnach duine i ngach triúr gur tháinig méadú ar a mheáchan
- Ba chosúla go n-éireodh baill d'aoisghrúpa 25-44 ní ba throime le linn thréimhse COVID-19
- Bhí duine as gach cúigear buartha faoi go leor bia a bheith aige
- Chuir carthanais in iúl gur tháinig ardú ar líon na dteaghlach a raibh bia uathu
- Cionn is nach raibh béilte scoile ar fáil, ba mhó seans ar fad go bhfágfaí páistí ocrach.

Téigh chuig www.ucd.ie/foodandhealth/covid chun achoimre ar na torthaí agus tuarascáil iomlán a fháil.



Rinneadh aghaidhsciatha a ullmhú lena seoladh.

// Bhí cuid dár mic léinn chun tosaigh chomh maith – bhain Rang Leighis UCD 2020 a gcéim amach go luath, i mBealtaine, a chuir ar a gcumas dul isteach i lucht saothair na sláinte poiblí //

Ionad Tacáíochta Mata UCD

Chuir an fhoireann in Ionad Tacáíochta Mata UCD sraith físeán ar fáil chun tacú le mic léinn Ardteistiméireachta. Rinne teagascóirí Rowland Bennett, Anthony Cronin, Kaitlin Farrell, Emma Howard, Christopher Kennedy agus Aidan Long na físeáin a dhearadh agus a léiriú. Sna 235 físeán, déantar cúrsaí matamaitice na hArdteistiméireachta gnáthleibhéil agus ardleibhéil a chlúdach.

Clúdaítear na snáitheanna de churaclam matamaitice na hArdteistiméireachta:

- Staitistic agus Dóchúlacht (37 físeán);
- Geoiméadracht agus Triantánacht (93 físeán);
- Uimhreacha (43 físeán);
- Ailgéabar (35 físeán);
- Feidhmeanna agus Calcalas (27 físeán).

Rinneamar cinneadh stop a chur le gluaiseacht isteach agus amach na mac léinn i rith ráithe an fhómhair, a bhí ag teacht leis an gcur chuige a chuir comhpháirtithe idirnáisiúnta i bhfeidhm.

Chuir an tÚdarás um Ard-Oideachas maoiniú breise €21 milliún ar fáil don Ollscoil (as leithdháileadh iomlán náisiúnta €168 milliún faoi choinne institiúidí ardoideachais) chun íoc as na costais a tabhaíodh ag dul i ngleic leis an bpaindéim. Cuireadh san áireamh sa mhéid sin €1 mhilliún dár bhfreagairt túslíne; €5 mhilliún dár n-aistriú chuig an teagasc agus cianfhoghlaím; €3 mhilliún don fhilleadh ar an oideachas; €9 milliún le haghaidh síntí le costais taighde; €772K le haghaidh gléasanna mac léinn; €356,000 chun tacú le clár i dtaca le meabhairshláinte agus folláine na mac léinn; agus €1.5 milliún chun Ciste Cúnaimh na Mac Léinn a mhéadú faoi dhó, a bheag nó a mhór. Tá sciar suntasach den mhaoiniú breise sin curtha ar fáil don Ollscoil cheana féin, agus leithdháilfear an chuid eile de le linn na bliana atá le teacht.

Cionn is go raibh moill ar chinneadh maidir le próiseas scrúduithe agus torthaí na hArdteistiméireachta, bhí tionchar ag an moill sin ar dhátaí tosaigh agus thángthas ar chomhaontú le haghaidh féilire acadúil nua i gcomhair Théarma an Fhómhair. Chuaigh grúpa oibre i gcomhairle go forleathan ar fud na hOllscoile a raibh an tOllamh Marie Clarke, Déan Staidéir Fochéime mar chathaoirleach air. Chuir an grúpa Creatlach maidir le Teagasc, Foghlaim agus Measúnú ar bun.

I mí Márta, chuireamar stop go sealadach le próiseas athbhreithnithe agus forbartha feidhmíochta P4G. Cuirfear tús leis arís go foirmiúil in 2021. Cuirfear cruinnithe eatramhacha ar bun chun seiceáil go bhfuil gach rud i gceart ina mbeidh cruinniú ar bhonn neamhfhoirmiúil ag an athbhreithnitheoir leis an athbhreithniú.



Ar dualgas i dtólamh – Foireann Slándála Eastáit UCD.

Tús áite tugtha ag an nGrúpa Monatóireachta do Shláinte agus Folláine na Mac Léinn

I rith ráithe a dó agus a trí, bhí sé fíorthábhachtach go dtabharfaimis freagairt go mear ar thionchar na paindéime ar ár mic léinn. Bhí cruinniú gach seachtain ag Foireann Bainistíochta na hOllscoile i rith an tsamhraidh d'fhonn an fhreagairt sin a mheas agus a dhírú. Bhí an tOllamh Jason Last, Déan na Mac Léinn, mar chathaoirleach ar Ghrúpa Monatóireachta lena chinntiú go dtabharfaí tús áite do shláinte agus folláine na mac léinn agus go gcuirfí na hoibríochtaí sin in iúl do na mic léinn. Ar an bhfoireann ilréimsiúil sin bhí baill foirne ó réimsí éagsúla: Oifig an Chláraitheora, an Chlárlann, Sláinte na Mac Léinn, Eastáit, Caidreamh Ollscoile, SIRC, Acmhainní Daonna, UCD ar fud na Cruinne, Seirbhísí TF, baill den fhoireann teagaisc, Taighde agus Aontas na Mac Léinn.

Rinneadh suíomh gréasáin lárnach COVID-19 a bhainistiú ionas go ndéanfaí ceisteanna coitianta do mhic léinn, don fhoireann teagaisc agus do bhaill foirne a chomhordú agus a uasdátú chun cinnte a dhéanamh de go dtiocfadh le gach duine teacht ar eolas in am tráthúil, agus muinín a bheith acu as cruinneas agus barántúlacht an eolais sin. Lena chois sin, rinne Caidreamh na hOllscoile agus UCD ar fud na Cruinne sraith físeán a fhorbairt, 'Rising to the Challenge' (ag dul i ngleic leis an dúshlán), chun béim a leagan ar a lán de na heispéirís dhearfacha a bhí ag mic léinn le linn na tréimhse sin.

Bhí ról lárnach ag an Dr Sandra Tighe cúram sláinte a sholáthar do mhic léinn. Rinne Eastáit UCD cinnte de go mbeadh na hárais chónaithe in ann fanacht ar oscailt go sábháilte do na 700 mac léinn a d'fhan agus a bhí ina gcónaí ar an gcampas ó Mhárta go Bealtaine, mar aon le tacaíocht bhreise a thabhairt do mhic léinn a raibh feidhm orthu féinleithlisiú a dhéanamh.

Coiste Comhairleach COVID-19 UCD

Nuair a bhíomar ag bogadh chuig céim na pleanála don bhliain acadúil úr, chuireamar Coiste Comhairleach COVID-19 ar bun. Bhí an tOllamh Aoife Ahern mar chathaoirleach ar an gcoiste, agus tacaíocht aici ón Dr Peter Coulahan, Stiúrthóir SIRC agus PJ Barron, Stiúrthóir Eastáit UCD. D'ullmhaigh an coiste an campas le go dtiocfadh leis na baill foirne, leis an bhfoireann teagaisc agus leis na mic léinn teacht ar ais go sábháilte. Tá an coiste á threorú, thar rud ar bith eile, ag na treoirilínte náisiúnta maidir le COVID-19, agus cloíonn an coiste le leibhéal na srianta poiblí de réir mar a dhéantar

Cúrsaí saor in aisce ar líne maidir le cúram criticiúil le haghaidh altráí in aonaid dianchúraim

Rinne Scoil an Altranais, an Cnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD cúrsaí ar líne a fhorbairt a bhí saor in aisce le haghaidh altráí atá ag obair le hothair chriticiúla COVID-19. Rinne baill den fhoireann teagaisc – Katie Wedgeworth, an Dr Rita Smith agus Orla Daly – na cúrsaí a fhorbairt. Rinneadh iad a fhorbairt go sonrach le haghaidh altráí cúraim chriticiúil a bhí ag obair in aonaid dianchúraim agus altráí cláraithe a d'aistrigh chun cúnamh agus tacaíocht a thabhairt d'altraí aonad dianchúraim in aonaid ardspleáchais agus aonaid dianchúraim – chomh maith le hoideachasóirí altráí.

Cuireadh an t-ábhar i dtoll a chéile ó na háiseanna ar fad bunaithe ar fhianaise a bhí ar fáil agus a fuarthas trí sheirbhís Leabharlainne UCD. Thug Teicneolaithe Oideachais na Scoile tacaíocht dóibh, a raibh an saineolas acu go mbeadh siad in ann cabhrú go gcuirfí an t-ábhar ar fáil go gasta.



Baineann FSS leas as NVRL UCD chun inniúlacht tástála COVID-19 a mhéadú faoi dhó go 10,000 mar chuid de chomhaontú GMI.

athbhreithniú orthu i gcomhréir le ráta an ionfhabhtaithe atá ann ag an am sin.

Tá ionadaíocht ar an gcoiste ón bhfoireann teagaisc, ó bhaill foirne agus mic léinn ar fud phobal na hOllscoile. Bíonn cruinniú gach seachtain ag an gcoiste, a dhéanann beartais COVID-19 agus a dtionchar ar phobal UCD a mheas, comhairle a chur ar fáil maidir leis na beartais sin, agus aiseolas a sholáthar do SIRC UCD agus Eastáit UCD i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le COVID-19 ar fud na hOllscoile. Tá fóram tugtha ag an gcoiste don fhoireann teagaisc, do bhaill foirne agus do mhic léinn freagairt UCD a phlé agus a mhúnlú.

Tá ceannasaíocht tugtha ag Eastáit UCD do chuid mhór de fhreagairt UCD ar an gcampas: idir a chinntiú go bhfuil trealamh cosanta pearsanta curtha ar fáil agus trealamh sábháilteachta agus díghalráin lámh a shuiteáil ar fud na hOllscoile. Gné thábhachtach den obair atá á déanamh ag Eastáit UCD ná aire a thabhairt don iliomad mac léinn atá ina gcónaí ar campas UCD. Cé go bhfuil an-chuid dinn ar shiúl ón gcampas, níor chóir dearmad a dhéanamh de gur baile atá in UCD dár mic léinn atá ina gcónaí as baile le linn tréimhse iontach deacair. Tá obair an-chrua déanta ag foireann Eastáit UCD chun cinnte a dhéanamh de go bhfuil cóiríocht UCD sábháilte agus go dtugtar aire do na mic léinn. Rinne an fhoireann sin léachtlanna agus láithreacha staidéir a dhéanamh réidh do na mic léinn sin atá go fóill ag teacht chuig an gcampas le haghaidh teagasc aghaidh ar aghaidh.

Tá an fhoireann in SIRC UCD thar a bheith gníomhach ar fad le roinnt míonna anuas, agus iad ag cur ar bun na bprótacal cuí chun freagairt ar chásanna éagsúla ar an gcampas, freagairt ar chásanna deimhneacha den víreas ar an gcampas nó sa chóiríocht san áireamh. Tá obair gan stad déanta ag an bhfoireann chun comhairle agus treoir a chur ar UCD agus chun cumarsáid a dhéanamh leosan ar campas UCD maidir le hiompraíocht chuí agus freagrachtaí.

As seo amach, agus níos mó mic léinn á dtabhairt againn ar ais chun an campas, éireoidh obair an Choiste chomh maith le comhghleacaithe in Eastáit UCD agus SIRC UCD níos déine, agus níos tábhachtaí fós fiú, b'fhéidir. Beidh cruinnithe go fóill ag an gcoiste comhairleach mar a gcuirfear ar fáil áit thábhachtach chun an caidreamh idir na baill ar fad i bpobal UCD a phlé go dtí go dtiocfaimid as na tosca a bhfuilimid iontu. Bhí buntábhacht



ag baint le ról an choiste seo, agus go háirithe ról Eastáit UCD agus SIRC UCD, ó thaobh UCD a bheith in ann feidhmiú agus leanúint ar aghaidh agus obair thábhachtach na hOllscoile a chur i gcrích.

Ionchur UCD sa Fhreagairt Náisiúnta ar COVID-19

Bhí an tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris (NVRL) lárnach i gcás an-chuid den freagairt náisiúnta ar COVID-19, a thug ceannasaíocht i bhforbairt agus soláthar na tástála sna céimeanna ba luaithe den phaindéim. Cuireann Grúpa Enfer seirbhís tástála saotharlainne ar fáil don earnáil talmhaíochta agus don earnáil bia. Rinneamar conradh leis an ngrúpa go gcuirfí a shaotharlanna ar fáil mar áis tástála SARS-CoV-2 faoi stiúir NVRL. Thug baill foirne ó Scoil an Leighis Tréidliachta, UCD, oiliúint speisialaithe i nósanna imeachta tástála. Chuaigh NVRL i gcomhpháirtíocht le Saotharlann Stáit na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara ar Champas Bhacastúin, Co. Chill Dara, chun tuilleadh inniúlachta tástála a thabhairt isteach sa chóras. Anuas ar an obair a dhéanann NVRL ó thaobh na diagnósice de, bhí NVRL ar an gcéad saotharlann Éireannach – agus cuidiú á fháil ó chomhghleacaithe in Institiúid Mhic Con Mí UCD – a rinne tréithchineálacha Éireannacha SARS-CoV-2 a sheicheamhú.

Chuir taighdeoirí agus an fhoireann teagaisc i Scoil an Leighis, UCD, go láidir leis an bhfreagairt náisiúnta, idir chleachtas cliniciúil agus taighde aistritheach. Rinne an tOllamh Alistair Nichol tacaíocht a ghríosú go gasta le haghaidh triail cliniciúil COVID-19 i measc othair Éireannacha in Aonaid Dianchúraim mar chuid d'iarracht chomhoibríoch dhomhanda. Rinneadh a lán de chlár na Scoile a bhí cheana ann a atreorú chun freagairt ar an bpaindéim: Ionad Taighde Chliniciúil UCD, á threorú ag an Ollamh Peter Doran; Ionad UCD le haghaidh Taighde ar Óstaigh Phataigine, á threorú ag an Ollamh Patrick Mallon; agus Líonra Thrialacha Cliniciúla an Chúraim Chriticiúil, á threorú ag an Ollamh Alistair Nichol.

Tá UCD páirteach i dtríail cliniciúil atá á treorú ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, SOLIDARITY, in Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann agus Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae. Is é is cuspóir don triail seo an éifeachtúlacht ionchasach atá ag oibreáin fhrithvíreasacha agus oibreáin fhrith-athlastacha a mheas go mear. Tá tionscadail eile ann, Cohórt Uile-Éireann maidir le Galair Thógalacha, SPRINT – SARL, agus REMAP CAP ina measc; tugtar taighdeoirí agus cliniceoirí ar fud na hÉireann le chéile mar gheall ar na gníomhaíochtaí seo chun tuiscint níos fearr a fháil ar COVID-19, agus chun freagairt níos fearr a thabhairt dó.

Sheol Institiúid Bia agus Sláinte UCD an Stáidéar Náisiúnta COVID-19 um Bia, i gcomhar le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Baineadh leas as suirbhé a reáchtáladh go hiomlán ar líne i gcomhréir leis an scaradh sóisialta, agus bailíodh eolas maidir leis na hathruithe atá tagtha in iompar daoine fásta ó thaobh bia agus dí de ó cuireadh tús leis na srianta. Thug taighdeoirí le fios gur chóir go n-imreodh na sonraí a bailíodh mar chuid den suirbhé tionchar ar thaighde agus beartas amach anseo maidir le bia agus sláinte. Chuir an tOllamh Fiona McNicholas agus an Dr Blánaid Gavin, Scoil an Leighis UCD, in éineacht leis an Dr John Lynne, eagrán speisialta den Irish Journal of Psychological Medicine le chéile inar pléadh tionchar COVID-19 ar sheirbhísí meabhairsláinte.

Bhí cuid dár mic léinn chun tosaigh chomh maith – bhain Rang Leighis UCD 2020 a gcéim amach go luath, i mBealtaine, a chuir ar a gcumas dul isteach i lucht saothair na sláinte poiblí. Go mall san earrach agus go luath sa samhradh, thug mic léinn altranaís agus chnámhseachais fochéime tacaíocht don iarracht náisiúnta nuair a cuireadh na socrúcháin cleachtais sceidealta a bhí acu siar

Trealamh Cosanta Pearsanta á Phriontáil 3T le haghaidh Láithreacha Cúraim Sláinte

Príomhthaighdeoirí: An tOllamh Denis Dowling, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Ábhar UCD agus Stiúrthóir I-Form agus an tOllamh Dermot Brabazon, Ollscoil Chathair BÁC agus Leas-Stiúrthóir, I-Form.

Bhí Trealamh Cosanta Pearsanta gann i láithreacha cúraim sláinte in Éirinn nuair a bhí an phaindéim ag an leibhéal ba mheasa. In I-Form, Ionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann atá bunaithe in UCD, rinne Mol Monaraithe Digití agus Nuálaíochta Mearfheagartha COVID-19 trealamh cosanta pearsanta a dhearadh, a mhonarú agus a sheachadadh go gasta a bhí de dhíth go práinneach ar bhaill foirne leighis ar an líne thosaigh in ospidéal agus i láithreacha cúraim sláinte eile.

Chuaigh an tionscnamh sin chun sochair d'institiúidí cúraim sláinte ar fud na tíre. Mar gheall ar na réitigh nuálacha priontáilte 3T, bhíothas in ann an bhearna sa slabhra soláthair don trealamh cosanta pearsanta a líonadh do na mílte oibrí cúraim sláinte in Éirinn in am an ghátair.



go sealadach, agus rinneadh iad a athlonnú san fhoireann tosaigh cúraim. Nuair a cuireadh na socrúcháin ar bun arís i Meitheamh, bhí an Scoil ag obair go dlúth le Bord Altranaís agus Cnáimhseachais na hÉireann agus leis an seirbhís sláinte chun cinnte a dhéanamh de go ndéanadh na mic léinn ar fad dul chun cinn sa chlár a raibh siad ann.

Bhí cuid den fhoireann teagaisc ag obair sa chleachtas clínicíúil cheana, iad ag tacú le foirne i ranna dianchúraim agus eile le linn na tréimhe i Márta agus Aibreán a bhí thar a bheith gnóthach. Rinne an tOllamh Séamus Fanning agus an Dr Guerrino Macori, Ionad Sábháilteachta Bia UCD, iniúchadh ar an víreas agus é leithlisithe ó othair a thóg COVID-19 san ospidéal le linn na chéad ráige den phaindéim i Márta agus Aibreán 2020. De réir a chéile, léirigh an fhoireann taighde go soiléir tras-seoladh an víris i measc othar agus oibríthe cúraim sláinte san ospidéal. Bhain na taighdeoirí feidhm as na teicneolaíochtaí seicheamhaithe is airde atá ann chun 52 géanóm iomlán SARS-CoV-2 a thréithriú, na géanóim leithlisithe ó othair agus oibríthe cúraim sláinte. Bhain siad tairbhe as ráta sócháin an víris, agus mar sin léirigh siad chomh maith caidreamh spleách ar am na víreas a bhí leithlisithe i mbardaí difriúla.

Bhunaigh Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD Ionad Rianaithe Teagmhálaithe UCD i ndiaidh iarratas a fháil ó FSS cuidiú a thabhairt sa chlár náisiúnta rianaithe teagmhálaithe. Ba iad an tOllamh Comhlach Mary Codd agus an tOllamh Patrick

// Bhunaigh Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD Ionad Rianaithe Teagmhálaithe UCD i ndiaidh iarratas a fháil ó FSS cuidiú a thabhairt sa chlár náisiúnta rianaithe teagmhálaithe. Ba iad an tOllamh Comhlach Mary Codd agus an tOllamh Patrick Wall a thug ceannasaíocht don Ionad, agus bhí os cionn 300 oibrí deonach ann a rinne sealaíocht ar a chéile //

Scagthástáil le haghaidh comhdhúil fhrith-víreasach atá gníomhach in éadan SARS-CoV-2

Príomhthaidheoir: an Dr Virginie Gautier, i gcomhar leis an Ollamh Paddy Mallon

Scoil an Leighis UCD, Ionad UCD um Thaighde Trialach ar Óstaigh Phataigine (CEPHR)

Tá UCD i ndiaidh na hacmhainní agus an saineolas atá san ollscoil i dtaca leis an víreolaíocht mhóilíneach, diagnóisic mhóilíneach, taighde aistritheach ar ghalair ionfhabhtaíocha, straitéis scagthástála i gcás drugaí beaga, cleachtas clínicíúil agus bainistíocht trialacha clínicíúla a úsáid chun dlús a chur le córacha frithvíreasacha i gcoinne SARS-CoV-2 a fhorbairt. Tá dhá ghné ag baint leis an gclár taighde nua seo, atá maoinithe ag an mBord Taighde Sláinte, faoin nGairm Mhearfheargartha Náisiúnta COVID-19:

- Cuirfidh an fhoireann scagthástáil drugaí ar thréthur ard i gcrích, le hinniúlacht na ndrugaí macasamhlú víreasach in vitro a chosc a fháil amach, nuair a úsáidtear múnlaí ionfhabhtaithe SARS-CoV-2 bunaithe ar chealla. Chomh maith leis sin, déanfar comhdhúile a aithint atá le cur san áireamh in idirghabhálacha teiripeacha nuálacha atá le tástáil i dtrialacha clínicíúla randamaithe faoi riail. Tabharfar faoi deara go bhfuil an straitéis aimsithe drugaí atá i bhfeidhm ag an bhfoireann bunaithe ar athrú cuspóra drugaí, agus úsáidtear drugaí atá faofa cheana féin le haghaidh úsáid chliniciúil agus atá ar fáil láithreach le haghaidh trialacha clínicíúla agus córacha amach anseo.
- Tabharfaidh an obair tacaíocht do thrialacha clínicíúla in Éirinn i láthair na huaire agus amach anseo, ar an ábhar go gcuirfear ar fáil ardán móilíneach ar thréthur ard atá go hiomlán uathoibríthe chun monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar a imríonn idirghabhálacha ar leith ar leibhéal macasamhlaithe SARS-CoV-2. Leis an ardán seo, tabharfar faoi na riachtanais is práinní atá ag cliniceoirí nuair atá éifeachtúlacht agus sábháilteacht na roghanna cóireála le haghaidh othar i dtréimhe theoranta á tástáil, mar beidh sé ag teacht leis an measúnú clínicíúil rialta agus cuirfear ar fáil monatóireacht chruinn fíorama ar mhacasamhlú SARS-CoV-2 in eiseamail riospráide uachtaraí agus/nó samplaí eile. Tabharfaidh an anailís mhóilíneach sin faisnéis riachtanach le go mbeifí in ann iarratasóirí drugaí a mheas, agus chun idirghabhálacha amach anseo a optamú agus a dhearadh.



An tOllamh Comhlach Mary Codd agus an tOllamh Pat Wall leis an bhFoireann Rianaithe Teagmhálaithe in UCD.



UCD COVID-19
Contact Tracing
Coordination
Centre



Monatóireacht Chianda ar othair COVID-19 chun Cumas Cúraim a Mhéadú

Príomhthathnóir: An tOllamh Eilish McAuliffe, Lárionad UCD um Oideachas Taighde Idirhisciplíneach agus Nuálaíocht i gCórais Sláinte (Lárionad IRIS) agus Scoil an Altranais, an Cnámhseachais agus na gCórais Sláinte UCD.

Arna mhaoiniú ag: Comhchiste Mearfhreagartha COVID-19 Fhondúireacht Eolaíochta Éireann/Fhiontraíocht Éireann/Údarás Forbartha Tionscail na hÉireann

Tá an tOllamh McAuliffe i gceannas ar chuibhreannas idirhisciplíneach atá ag díriú ar dhá mhúnla cúraim COVID-19: (1) Clinic fíorúil Ospidéal an Mater inar úsáid othair Aip COVID-19 FSS chun sonraí 'féinmonatóireachta' a thabhairt (arna forbairt ag an ngnólacht dhigiteach sláinte Éireannach patientMpower); (2) Moil le haghaidh Measúnú sa Phobal FSS an Iarthair Láir, chun cur ar chumas othar ar a bhfuil siomptóim teacht go gasta ar shaineolas sláinte agus san am céanna an brú ar chlinicí dochtúirí teaghlaigh a laghdú. Is é is aidhm don tionscadal fianaise a bhailiú maidir le taithí othar agus foirne cúraim sláinte agus iad ag plé le monatóireacht chianda, le fáil amach cad é mar a thiocfadh le grúpaí othar, anuas ar othair COVID-19, a siomptóim a bhainistiú go héifeachtach sa bhaile.

Nuair a dhéanfar an idirghabháil monatóireachta cianda seo a leathadh amach agus a mhéadú go sásúil, imreofar dea-thionchar láithreach ar shábháilteacht othar agus cáilíocht seirbhísí i láithreacha cúraim phríomhúil agus in ospidéal araon. Tá de chumas ag an nuálaíocht seo méadú suntasach a bhaint amach ar líon na n-othar a dhéanann na seirbhísí cliniciúla iad a bhainistiú go héifeachtúil agus go sábháilte leinn na paindéime.

Cuirfidh an tionscadal ar ár gcumas inbhuanaitheacht fheabhsaithe a bhaint amach agus cuidiú le scaipeadh na teicneolaíochta seo, ar an ábhar go dtiocfaidh feabhas ar an tuiscint atá againn ar inghlacthacht na feiste monatóireachta cianda, chomh maith leis na constaicí/cumasóirí maidir le comhlíonadh i measc othar agus na mball foirne cúraim sláinte.

Wall a thug ceannasaíocht don Ionad, agus bhí os cionn 300 oibrí deonach ann a rinne sealaíocht ar a chéile. Tháinig a lán de na hoibrithe deonacha ó Scoileanna eile i gColáiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD. Nuair a bhí an t-ionad ag feidhmiú ar a acmhainn iomlán sa tréimhse idir Márta agus Meitheamh, próiseáladh suas le 600 scairt in aghaidh an lae. Athosclaíodh an tIonad Rianaithe Teagmhálaithe ar an 9 Lúnasa agus rinneadh é a athlonnú ar champas na Carraige Duibhe UCD i Meán Fómhair. Is iad fostaithe FSS atá ag obair san ionad anois, agus saineolas agus maoirseacht á dtabhairt i rith an ama ag an Ollamh Comhlach Codd agus ag an Ollamh Wall. Tá ról mór ag an Ionad Rianaithe Teagmhálaithe in UCD sa Fhreagairt Náisiúnta COVID-19 i gcónaí.

Teagasc agus Foghlaim

I mí an Mhárta, b'éigean do phobal na hOllscoile aistriú chuig an teagasc cianda, áiseanna teagasc agus foghlama a fhorbairt, seirbhísí TF a sholáthar agus tacú le measúnú teagasc agus foghlama, agus iad sin ar fad a dhéanamh go gasta. Tá chóir a bheith 17,000 fochéimí san ollscoil, agus mar sin ní éacht éasca le baint amach a bhí ann. Bhí baint ag baill den fhoireann teagasc agus baill

foirne i ngach disciplín leis an iarracht, agus thug Aontas na Mac Léinn ionchur luachmhar chomh maith.

Rinne Foireann Teagasc agus Foghlama UCD forbairt ar áiseanna do mhic léinn agus don fhoireann teagasc chun cabhrú leis an teagasc, foghlaim agus measúnú ar líne. Rinne an fhoireann ábhair a chruthú agus thug siad treoracha maidir le bealaí eile chun measúnú a dhéanamh. Reáchtáil an fhoireann scrúduithe ar líne agus scrúduithe ina raibh cead leabhair a úsáid, chomh maith le polasaí ionracais agus macántachta a fhorbairt mar pháirt díobh. Thug Seirbhísí TF UCD tacaíocht do mhic léinn agus don fhoireann teagasc, na timpeallachtaí fíorúla foghlama a bhainistiú agus clinicí tacaíochta don fhoireann teagasc a reáchtáil, cuir i gcás.

Bhí sé tábhachtach tosca a bhí ag baill den fhoireann teagasc, ag baill foirne agus ag mic léinn a chur san áireamh. Bhí daoine ag obair ó oifigí baile nó sa seomra suí, bhog a lán de na mic léinn chun an bhaile, agus dá bhar sin bhí fadhbanna nua ann, cur isteach ar leathanbhanda, easpa príobháide, gan an trealamh cuí a bheith ann, méadú ar fhreagrachtaí cúraim, agus athruithe ar thosca

// Rinne Foireann Teagasc agus Foghlama UCD forbairt ar áiseanna do mhic léinn agus don fhoireann teagasc chun cabhrú leis an teagasc, foghlaim agus measúnú ar líne. Rinne an fhoireann ábhair a chruthú agus thug siad treoracha maidir le bealaí eile chun measúnú a dhéanamh. Reáchtáil an fhoireann scrúduithe ar líne agus scrúduithe ina raibh cead leabhair a úsáid, chomh maith le polasaí ionracais agus macántachta a fhorbairt mar pháirt díobh //



Trealamh Cosanta Pearsanta tugtha ag foirne ar fud phobail leighis, tréidliachta agus eolaíochta UCD d'Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae.



An Staidéar COCOON, An tOllamh Fionnuala Ní Ainle, An tOllamh Patricia Maguire agus an Dr Barry Kevane.

eacnamaíochta ina measc. Chuir Seirbhísí TF rochtain ar Líonra Príobháideach Fíorúil ar fáil chun rochtain a éascú.

Rinneadh gach modúl a chur in oiriúint chun cianfhoghlaim a chur ar fáil. Cuireadh córais i bhfeidhm fosta ar an measúnú ionas go mbeadh solúbthacht ag baint leis. Baineadh feidhm as an ardán Brightspace, timpeallacht fhíorúil foghlama, leis sin a dhéanamh.

Bhí an tOllamh Marie Clarke, Déan Staidéir Fochéime, ina cathaoirleach ar ghrúpa oibre chun tacú le measúnú mac léinn le linn COVID-19. Bhí comhaltaí ó Aontas na Mac Léinn páirteach leis sin, an tUachtarán, an tOifigeach Oideachais agus an tOifigeach larchéime ina measc.

Bhí an grúpa ag obair i gcomhar le mic léinn d'fhonn iad a chur ar a suaimhneas maidir le measúnú agus grádú le linn ráithe an earraigh. Maidir leis na treoirilínte atá scrúdaitheoirí agus comhordaitheoirí modúl á n-úsáid i dtólamh, rinne an grúpa iad a chur ar bhonn foirmiúil, ach rinneadh cinnte de go raibh gach rud soiléir agus follasach do mhic léinn agus don fhoireann teagaisc.

Cuireadh an polasaí um imthosca maolaitheacha i bhfeidhm i gcás na mac léinn ar fad i gcomhthéacs COVID-19. Rinneadh leasuithe sealadacha ar ár rialacháin acadúla, agus rinneadh tagairt do chúrsaí grádaithe agus deiseanna maidir le leasúchán modúl.

Tá an clár Píarmheantóireachta ina chuid riachtanach de mhic léinn cleachtadh a fháil ar an timpeallacht foghlama tríú leibhéal. Rinneadh an clár a chomhoiriúnú agus próiseas agus nósanna imeachta earcaíochta agus oiliúna ar líne a fhorbairt de réir mar a chuaigh bliain acadúil 2020 ar aghaidh.

Bhog UCD oibríochtaí na Clárlainne go dtí soláthar ar líne ón 12 Márta chun cloí le treoirilínte an rialtais maidir le COVID-19. Ghlac baill foirne an teicneolaíocht nua chucu féin chun feidhmeanna agus próisis oibríochta a chomhoiriúnú agus a chuíoiriú, ionas go mbeadh seirbhísí tacaíochta á gcur ar fáil i rith an ama.

Mar gheall ar shrianta COVID-19, b'éigean do na comhlachtaí aitheanta is mó tástálacha teanga Béarla a chur ar ceal. Rinne Iontrálacha UCD, mar aon le UCD ar fud na Cruinne, malairt rogha a aithint agus a chur i bhfeidhm, a cuireadh ar fáil ar líne, agus an tslándáil is láidre curtha ar bun i dtaca leis.

An staidéar COCOON: COVID-19 coagulopathy and thrombosis: Novel prognostic and therapeutic opportunities

Príomhthaidéir: An Dr Barry Kevane, Haemaiteolaí Comhairleach in Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae, Institiúid Mhic Con Mí an Taighde Bhithmhóilínigh agus Bitheleigheis UCD agus Scoil an Leighis UCD.

Arna mhaoiniú ag: Comhchiste Mearfhreagartha COVID-19 Fhondúireacht Eolaíochta Éireann/Fhiontraíocht Éireann/Údarás Forbartha Tionscail na hÉireann

Sa staidéar ildisciplíneach seo, bhí an Dr Kevane ag obair i gcomhar go príomha leis an Ollamh Patricia Maguire agus an tOllamh Fionnuala Ní Ainle, comhstíúrthóirí ar ghrúpa taighde SPHERE Mhic Con Mí UCD, chomh maith le cliniceoirí sna réimsí galair ionfhabhtaithe, leigheas cúraim chriticiúil agus leigheas géarchúraim.

Is tionscadal idirnáisiúnta é seo ina ndéantar iniúchadh ar théachtadh fola in othair COVID-19 agus ar idirghníomhú an téachta le hathlasadh. Is é is aidhm don staidéar dul i ngleic le haincheisteanna práinneacha cliniciúla agus chun réitigh nuálacha a fhorbairt le haghaidh dúshláin diagnóisice agus dúshláin teiripe atá cheana ann. Úsáidfear teicneolaíochtaí ardleibhéil intleachta saorga agus géanomaíochta sa tionscadal seo. Déanfaidh an tionscadal straitéisí forbartha cosanta ar thrombóis a sholáthar chomh maith le hardán mear diagnóisice le haghaidh measúnú pearsanta ar riosca.

Dá ndéanfaí bithchomharthaí sóirt nuálacha a aithint le haghaidh galair, agus go háirithe dá ndéanfaí bithchomharthaí sóirt a aithint, a dhéanadh éascaíocht ar thinneas tromchúiseach a thuar, bheifí in ann srathú riosca othar ní ba bheichte a dhéanamh, a bhféadfadh othair a aithint a mbeadh tacaíocht cúraim chriticiúil de dhíth orthu ní ba luaithe. De bhun sonraí le gairid a thuairiscigh buntáiste marthanais a bhaineann le heipirín in COVID-19, agus nuair a chuirtear san áireamh na hairíonna frith-athlastacha atá ag heipirín a bhfuiltear ar an eolas fúthu, dá ndéanfaí codáin a aithint taobh istigh de chógaí trachtála heipirine atá cheana ann ina bhfuil gníomhaíocht chíteachosanta/antaithéachtach optamaithe, d'fhéadfadh go dtiocfaí ar rogha theiripeach fhorlíontach nuálach dá bharr i gcásanna de Ghéarshiondróm Anacair Riospráide (ARDS) atá bainteach le COVID.

Cuirfidh an cur chuige nuálach agus bunathraitheach seo i leith an tsrathaithe riosca uirlis inacmhainne ar fáil do chliniceoirí chun acmhainní a threorú mar is cuí agus chun torthaí díobhálacha nach bhfuil gá leo a chosc, cionn is go ndéanfar aimhréidh trombóise a chosc. Tá na taighdeoirí den tuairim go ndéanfaidh an cur chuige atá úsáidte acu an cleachtas cliniciúil idirnáisiúnta a mhúnlú, i gcomhar lena gcomhpháirtithe idirnáisiúnta.


Aistríodh an-chuid gníomhaíochtaí a thacaíonn agus a chuireann leis an eispéireas taighde iarchéime go dtí soláthar ar líne, soláthar scileanna inaistrithe, ceardlanna, seimineáir ghréasáin agus comórtas UCD 'Thesis in 3' san áireamh.

Rinneadh forbairt ar nósanna imeachta chun viva voce a chur i gcrích agus a fhaomhadh go fíorúil ionas go dtiocfadh le mic léinn PhD á dtráchtas a chur isteach.


UCD IN UIMHREACHA




Staitisticí faoi mhic léinn ar Champais in Éirinn




Staitisticí faoi mhic léinn sna hOibríochtaí Thar Lear




Mic léinn in Éirinn




Miondealú ar líon na Mac Léinn Fochéime/larchéime




Miondealú idir Fireann agus Baineann



Staitisticí maidir le Baill Foirne in Éirinn



Mic Léinn Idirnáisiúnta UCD de réir Réigiúin 2019/20



Líon Mhic Léinn Fochéime agus larchéime UCD de réir Disciplín 2019/20

	Fochéimí	Céimí	Iomlán
Cláir agus cáilíochtaí cineálacha	313	–	313
Oideachas	22	845	867
Ealaíona agus Daonnachtaí	3,293	393	3,686
Eolaíochtaí sóisialta, iriseoireacht agus faisnéis	2,067	843	2,910
Gnó, riarachán agus dlí	3,777	2,262	6,039
Eolaíochtaí nádúrtha, matamaitic agus staitisticí	2,367	1,051	3,418
Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TCFanna)	569	743	1,312
Innealtóireacht, déantúsaíocht agus tógáil	1,730	1,182	2,912
Talmhaíocht, foraoiseacht, iascaireacht agus tréidliacht	1,754	547	2,301
Sláinte agus leas	3,623	2,020	5,643
Seirbhísí*	133	26	159
Comhiomlán	19,648	9,912	29,560

Déantar na figiúirí a rangú faoin Aicmiú Caighdeánach Idirnáisiúnta ar Oideachas (ISCED) faoi mar a úsáideann an Údarás um Ard-Oideachas é agus a úsáidtear ar bhonn níos leithne chun comparáid a dhéanamh idir staitisticí oideachais i dtíortha éagsúla ar bhonn sainmhíniú aonfhoirmeach atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta.


* Cuimsítear sna seirbhísí sin cláir amhail Sábháilteacht agus Sláinte ag an Obair.

An 20 Tír a bhfuil an líon is mó Céimithe UCD iontu*

 209,948 (1) Poblacht na hÉireann	 3,093 (8) An Fhrainc	 976 (15) An Mhalaeisia
 14,929 (2) Na Stáit Aontaithe	 3,058 (9) An Ghearmáin	 927 (16) An Bheilg
 12,956 (3) Singeapór	 2,301 (10) An Astráil	 829 (17) An Ísiltír
 10,685 (4) An Ríocht Aontaithe (Sasana, Albain, an Bhreatain Bheag Tuaisceart Éireann)	 2,185 (11) An Spáinn	 670 (18) An Eilvéis
 6,331 (5) Srí Lanca	 1,989 (12) Ceanada	 469 (19) Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha
 3,886 (6) An tSín	 1,963 (13) An India	 410 (20) An Ostair
 3,183 (7) Hong Cong	 1,397 (14) An Iodáil	

* Céimithe dá bhfuil sonraí teagmhála againn

Céadroghanna CAO



OIDEACHAS

Réamhrá ón Chláraitheoir agus ón Leas-Uachtarán



Chonacthas fianaise de luachanna UCD i mbliana sa dearcadh dochreidte a léirigh an fhoireann teagasc agus na baill foirne, chomh toilteanach agus solúbtha agus a bhí siad chun oibriú as lámha a chéile lenár gcur chuige i leith an oideachais agus fheidhmiú na hOllscoile a athrú ó bhonn laistigh de thréimhse ghearr de sheachtainí.

Tá lúcháir orm achoimre a chur i láthair ina dtugtar go díreach cuid de na rudaí a bhaineamar amach i mbliana idir oideachas agus taithí, bliain de na blianta ba chrua, agus déanaim é sin i gcomhar leis an Ollamh Barbara Dooley, Déan Staidéir Iarchéime agus Leas-Chláraitheoir, an tOllamh Marie Clarke, Déan Staidéir Fochéime, agus an tOllamh Jason Last, Déan na Mac Léinn.

Bliain eile a bhí ann i mbliana nuair a d'fhanamar ar an gcéad rogha ollscoile le haghaidh mhic léinn fochéime na hÉireann. Tháinig méadú 7% ar líon na mac léinn a raibh UCD mar chéadrogha acu, agus méadú 11% ar líon na mac léinn Éireannach a roghnaigh UCD le haghaidh cúrsaí iarchéime múinte. Tháinig ár rialúcháin nua acadúla i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair, ar feabhsú suntasach ar ár gcláir iad. Déanfaidh na rialúcháin níos mó solúbthachta a spreagadh sna cláir, agus solúbthacht a spreagadh le haghaidh intéirneachtaí agus malartú idirnáisiúnta istigh de chlár, chomh maith le solúbthacht maidir le measúnú agus soláthar aiseolais do mhic léinn.

I mí Dheireadh Fómhair, thug painéal idirnáisiúnta saineolaithe cuairt ar UCD mar chuid d'athbhreithniú institiúideach Dhearbhu Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann. Bíonn athbhreithniú CINTE Dhearbhu Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann ar siúl gach seacht mbliana, agus bítear ag féachaint ar cad é mar atá ag éirí le nósanna imeachta inmheánacha institiúide i dtaca leis an Dearbhú Cáilíochta, chomh maith le réimsí a aithint inar féidir feabhas a dhéanamh. Thug an fhoireann athbhreithnithe ardmholadh do na próisis éifeachtacha chórasacha dearbhaithe cáilíochta atá againn, a dhéanann measúnú mionchúiseach ar fhoghlaim agus teagasc a áirithiú, agus thug siad ardmholadh d'úsáid éifeachtach na seachtrachta mar chuid de mhodhanna athbhreithnithe. Bhí an tuarascáil dhearfach a thug siad mar fhianaise ar a thiomanta agus atá an fhoireann teagasc agus baill foirne i dtaca leis an oideachas agus an t-eispéireas is fearr a chur ar fáil dár mic léinn. Sna blianta atá romhainn, cuirfimid na moltaí i bhfeidhm chun feabhas breise a bhaint amach.

Tá UCD de shíor ag tabhairt faoin bplé maidir le rochtain agus ionchuimsiú san ardoideachas a athmhúnlú, agus in Aibreán

sheolamar 'Ollscoil do Chách: Straitéis Feidhmithe'. Is é atá inár dtionscnamh ceannródaíoch 'Ollscoil do Chách' ná an cur chuige coiteann don institiúid a aithníonn go motháíonn na mic léinn ar fad go bhfuil fáilte rompu, go bhfuil áit ar leith ann dóibh féin, agus go bhfuil meas orthu. Tá Straitéis UCD – Réidh don Todhchaí – mar bhonn ag an tionscnamh, agus is é an fhís atá againn timpeallacht oideachais ionchuimsitheach a chruthú ina bhfuil gach duine san Ollscoil freagrach as rochtain agus ionchuimsiú.

B'éigean ár n-aird a dhíriú ar nithe eile go tobann i ráithe an earraigh nuair a tháinig paindéim an Choróinviris chun cinn ón tSín. Thosaíomar ag aistriú chuig an teagasc cianda i mí Feabhra nuair a bogadh na cláir atá againn sa tSín go cur i láthair ar líne. I mí an Mhárta, thugamar aghaidh ar an dúshlán mór a bhain le hoideachas ar chur ar fáil ar bhonn leanúnach dár mic léinn in Éirinn nuair a bhí géarchéim dhomhanda sláinte poiblí ar siúl. Rinneamar ár gcuid tacaíochtaí a oiriúnú chun cinnte a dhéanamh de go mbeadh ár mic léinn in ann teacht ar chomhairle acadúil, comhairleoirí mac léinn, comhairleoirí agus seirbhísí sláinte ar bhonn leanúnach. Rinneamar foirgnimh, spásanna teagasc agus oifigí dár gcuid a oiriúnú chun cur ar a gcumas don fhoireann teagasc, do bhaill foirne agus do mhic léinn fanacht ar an gcampas go sábháilte. Osclaíodh an leabharlann a luaithe agus ab fhéidir agus cuireadh tacaíocht agus seirbhís ar fáil do mhic léinn agus don fhoireann teagasc i rith an tsamhraidh.

Fógraíodh go gcuirfí an Ardteistiméireacht siar agus go ndéanfar athrú ar na gráid rófa. Chuaigh an Fhoireann Iontrálacha i dteagmháil le páirtithe leasmhara go náisiúnta mar sin chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar na n-athruithe sin agus chun réiteach a chur ar fáil i gcomhair dátaí eisithe torthaí scrúdaithe a bhí ag síorathrú, rud a chuir isteach ar áiteanna in UCD a ghlacadh.

Údar misnigh a bhí ann an caidreamh idir aonaid agus oifigí ag éirí níos láidre, agus iad ag dul i dtaithí ar thosca a bhí ag athrú, agus gur chuir siad an saineolas agus scileanna le chéile chun an t-eispéireas is fearr oideachais a chur ar fáil. Is mian liom buíochas a ghlacadh leis na haonaid agus leis na hoifigí ar fad atá ag obair

i gcomhar leis an gCláraitheoir: Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD, Acadamh Ad Astra, UCD Inniúil, an Líonra Gairmeacha, Staidéar Iarchéime, Seirbhísí TF, Leabharlann, Cáilíocht, an Chlárlann, Comhairleoirí Mac Léinn, Rannpháirtíocht na Mac Léinn, Iompar, Gearáin agus Achomhairc, Seirbhísí Mac Léinn, Teagasc agus Foghlaim, agus Rúnaíocht na hOllscoile.

Ní fhéadfadh duine iarraidh ar an bpobal atá againn a thuilleadh a dhéanamh agus, mar sin féin, lean na baill foirne agus an fhoireann teagasc ar aghaidh ag obair leo i rith an earraigh agus an tsamhraidh chun ár gcláir a sholáthar agus chun tacaíocht a thabhairt do na mic léinn ar na caighdeáin is airde. Bhí dúshlán phearsanta ag cuid mhór againn i mbliana, bhí cuid againn tinn agus

bhraith daoine eile pian an bháis. Táim muiníneach go leanfaimid ar aghaidh ag dul i ngleic le dúshlán i dteannta a chéile, agus go leanfaimid ar aghaidh an timpeallacht is fearr is féidir linn a chur ar fáil dár mic léinn, dár gcomhghleacaithe agus do phobal na hOllscoile.



An tOllamh Mark Rogers
Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán

Feabhas a chur chun cinn sa Teagasc agus Foghlaim

I mí an Mhárta, mar fhreagairt ar shrianta COVID-19 ar ghníomhaíochtaí teagaisc, foghlama agus measúnaithe aghaidh ar aghaidh, thug UCD tús áite do threoir agus áiseanna a fhorbairt chun tacú leis an bhfoireann teagaisc aistriú go gasta chuig an teagasc cianda ar bhonn éigeandála. Glacadh le cur chuige comhoibríoch, agus bhí Teagasc agus Foghlaim UCD ag obair go dlúth le ceannasaithe sinsearach teagaisc agus foghlama ar fud na hollscoile, agus le comhghleacaithe i Seirbhísí TF UCD, Measúnú, agus i Líonra Comhairleach na Teicneolaíochta Oideachais. Ar na torthaí inbhráite a tháinig as an obair spriocdhírthe seo bhí treoir shaincheaptha, chomh maith le háiseanna a bhain leis na nithe seo:

- Modhanna malartacha measúnaithe a dhearadh
- Teagasc agus foghlaim a sholáthar ar líne
- Treoir maidir leis an ionracas acadúil i measúnachtaí ar líne agus cianda
- Treoracha do mhic léinn maidir le scrúduithe ar líne idir scrúduithe beir leat agus scrúduithe amaithe
- Ionchur maidir le ceisteanna coitianta institiúide bainteach le teagasc, foghlaim agus measúnú.


Chuir áiseanna agus saineolas UCD le hiarrachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun leanúnachas teagaisc agus foghlama a chinntiú in

ainneoin na ndúshlán nach bhfacthas riamh a bheith ann. Chuir UCD le gníomhaíochtaí stiúrtha ag an bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama; Fóram Cheannasaithe Nuálaíochta Oideachais Universitas 21; An tSaotharlann Chomhoibritheach Idirnáisiúnta don Cheannaireacht in Oideachas faoin Dearadh Uilíoch; Cumann Ollscoileanna Éireann; agus Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann.

Chumar thar 'an oideolaíocht éigeandála', agus rinneamar athbhreithniú ar áiseanna, iad a chur ar fáil i gcomhair cuspóirí eile, agus chuireamar leo, mar chuid de dhearadh foghlama cumaisc agus ar líne. Cuireadh sraith seimineár gréasáin ar fáil le linn mhíonna an tsamhraidh chun tacú leis an bhfoireann teagaisc pleanáil a dhéanamh don teagasc cumaisc agus ar líne i dTearma an Fhómhair. Chuir oiliúint Brightspace faoin timpeallacht fhíorúil foghlama leis an tsraith.

Ag Tacú le Forbairt Ghairmiúil na Foirne Teagaisc

Tá méadú ag teacht ar líon bhaill foirne teagaisc UCD atá ag clárú le Cláir Teagaisc agus Foghlama Ollscoile UCD chun forbairt a dhéanamh ar a gcuid teagaisc. Cuireann na cláir ar a gcumas dóibhsean a bhfuil ról teagaisc ardoideachais acu clár a roghnú ag am atá oiriúnach dóibh ag brath ar na dualgais oibre atá acu agus cúrsaí an tsaoil. I mbliana, bhí 64 céimí ar an iomlán ó Chláir Ghairmiúla UCD sa Teagasc agus



Forhalla Fhoirgneamh Tierney, socruithe riachtanacha COVID-19 ar fad i bhfeidhm.

64

céimí ar an iomlán ó Chláir Ghairmiúla UCD sa Teagasc Ollscoile

115

mac léinn dochtúireachta páirteach ar an meán i gceardlanna ar líne ar raibh an-tóir orthu

Foghlaim Ollscoile, 20 ón Teastas Gairmiúil bliana, 21 ón Teastas san Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach agus 23 ón Diplóma Gairmiúil.

Maoiniú a Bronnadh faoi chomhair Tionscadail Feabhsaithe Foghlama

I nDeireadh Fómhair, mar gheall ar iarratas a chuir UCD isteach ar éirigh leis, bhronn an tÚdarás um Ard-Oideachas agus an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama €170,000 ar UCD, d'fhonn tionscadail feabhsaithe foghlama ar mhionscála a spreagadh agus chun tacú leis na tionscadail sin. I mí na Samhna, rinne sampla ionadaíoch de phobal UCD, mic léinn, foireann teagaisc agus baill foirne san áireamh, réimsí a aithint ar fud scoileanna agus aonad a bhainfeadh tairbhe as maoiniú feabhsaithe ar mhionscála. Bhí deontais suas le €5,000 ar fáil, agus bronnadh maoiniú i gcás 90 iarratas. Tá na tionscadail le teacht chun deiridh faoi dheireadh mhí na Nollag, agus tá síneadh go Bealtaine 2021 curtha le cuid mhór acu.

Maoiniú a Bronnadh as Feabhas Disciplín sa Teagasc agus san Fhoghlaim

Rinne an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama san Ard-Oideachas, i gcomhar leis an Údarás um Ard-Oideachas, gairm a eisiúint faoi choinne tograí le haghaidh ciste nua a bheadh ag díriú ar fheabhas disciplín a fhorbairt san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú. Bhí comórtas inmheánach ann, agus tar a éis sin, chuir UCD chun tosaigh sé thogra le haghaidh tionscadail a bheadh bunaithe ar fhoirne, agus bronnadh maoiniú orthu ar fad.

- Modhanna Digiteacha agus Inniúlacht Sonraí: faoi stiúir an Ollaimh Geraldine Meaney, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD (€96,500)
- Áiseanna ar líne bunaithe ar chás chun Cumarsáid Idirchultúrtha a Fheabhsú: faoi stiúir an Dr Sandrine Peraldi, Scoil na dTeangacha, na gCultúr agus na Teangeolaíochta UCD (€28,000)
- Bun-Mhúnlá Ionraic Acadúla a chruthú chun bradaíl a sheachaint: faoi stiúir an Uasail Peter Hickey, Leabharlann UCD agus an Ollaimh Anne Drummond, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD, i gcomhpháirt (€48,000)
- An Eolaíocht Ríomhaireachtúil: Cur Chuige Comhoibríoch chun Mic Léinn Eolaíochta Chéim 1 a mhealladh chuig an Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil: Faoi stiúir an Ollaimh Chomhlaigh Ted Cox agus an Ollaimh Chomhlaigh Maria Meehan, Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí UCD (€115,700)
- Oiliúint réaltachta fíorúla radagrafaíochta a neadú chun eispéireas foghlama na mac léinn a fheabhsú: Faoi stiúir an Ollaimh Louise Rainford, Scoil an Leighis UCD (€49,500)
- Mic léinn mar chomhpháirtithe i dtimpeallacht foghlama bunaithe

ar an gCóir Sóisialta: Faoi stiúir Judy Walsh, Uasal, Scoil an Pholasaí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta (€42,300).

Na chéad Chomhaltachtaí don Taighde Teagaisc agus Foghlama in Éirinn

Bhí comórtas náisiúnta trí chéim ann, agus ina dhiaidh sin, bronnadh Comhaltacht don Taighde Teagaisc agus Foghlama ar an Dr Brett Becker, Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta UCD agus ar an Ollamh Comhlach Geraldine O'Neill, Teagasc agus Foghlaim UCD araon. Is fiú €45,000 gach comhaltacht. Bronnadh cúig chomhaltacht ar fad go náisiúnta. Tionscnamh den Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama atá sna comhaltachtaí seo, i gcomhar leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn. Beidh na comhaltaí ag obair le chéile agus leis an bhFóram Náisiúnta ar thionscadail a bhfuil tábhacht leo san earnáil. Tabharfar gné nua isteach sa chultúr teagaisc agus foghlama treoirithe ag an taighde san ardoideachas in Éirinn. Cuirfear le bonn láidir fianaise don chinnteoireacht san am atá romhainn i dtaca le feabhsú teagaisc agus foghlama ar fud na hearnála.

Suíomh Gréasáin Teagaisc agus Foghlama nua

I mí Eanáir, seoladh suíomh gréasáin a bhí athfhorbartha go mór chun tacú le foireann teagaisc agus baill foirne UCD: www.ucd.ie/teaching. Ar an suíomh gréasáin tá go leor acmhainní teagaisc agus foghlama agus iad i ngrúpaí ag teacht le cúig réimse de réir téamaí: Tacar Teagaisc, Modúil agus Cláir a Dhearadh, Measúnú agus Aiseolas, Foghlaim Feabhsaithe ag an Teicneolaíocht, agus Athbhreithniú agus Taighde. Tá eiseamláir de chuid UCD ar an suíomh gréasáin de bhealaí teagaisc agus foghlama de réir disciplín. Tugtar eolas ar an suíomh fosta maidir le tairiscintí forbartha gairmiúla, scéalta nuachta agus imeachtaí.

Teagasc Digiteach agus Foghlaim Dhigiteach a Fheabhsú

Fostaíodh beirt teicneolaithe oideachais i mbliana faoi mhúnlá cómhaoinithe, d'fhonn buanna digiteacha céimithe i gColáiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta agus i gColáiste na hEolaíochta a fheabhsú, mar chuid de 'Teagasc Digiteach agus Foghlaim Dhigiteach a Fheabhsú'. Clár Nuálaíochta agus Bunathraithe chun Feabhais an Údarás um Ard-Oideachas, trí Chumann Ollscoileanna Éireann, a rinne an fhostaíocht sin a mhaoiniú. Go dtí seo, bhain a lán dá gcuid oibre le cúnamh a thabhairt do bhaill foirne a modúil a aistriú go soláthar ar líne.

Oideachas agus Forbairt dár Mic Léinn Taighde larchéime

Forbairt Scileanna le haghaidh Mic Léinn Taighde Dochtúireachta

Bhí an-tóir ar cheardlanna agus seimineáir ghréasáin cuid mhór den am i mbliana, a chuir ár n-aoi-éascaitheoir Hugh Kearns, bunaithe in Adelaide, i láthair in éineacht le Stáidéar larchéime UCD. Cuireadh ceardlanna ar fáil aghaidh ar aghaidh i mí Eanáir agus ar líne in Aibreán, Bealtaine agus Meitheamh. Bhí an-tóir ar an soláthar ar líne, go háirithe i measc mac léinn dochtúireachta, agus ghlac 115 duine páirt ar an meán. I measc na gceardlann bhí Folláine a Chaomhnú, Do PhD a Bhainistiú, Borradh a Chur faoi do Chuid Scríbhneoireachta, Máistir-rang PhD I agus II, agus Siondróm an Phasadóra. Sula raibh srianta COVID-19 ann, chuir Stáidéar larchéime UCD ceardlanna aghaidh ar aghaidh i láthair: Aire a thabhairt don TAP, Dui agus do do Stiúrthóir, Dul i dTaithí ar do RPDP. Cuireadh ar fáil ar líne iad sin fosta.

Rinneamar seachtain scríbhneoireachta a réachtáil idir an 26 Samhain agus an 6 Nollaig i gcomhar le Lárionad Scríbhneoireachta UCD, chun tacú le mic léinn ina gcuid scileanna scríbhneoireachta. Bhí gach ceann de na seacht gceardlann lán. Ar an ábhar go n-aithnítear gur gá tacú le scríbhneoireacht na mac léinn PhD, bhí an Dr Peeta Freestone mar aoi ag UCD i mí an Mheithimh, nuair a d'éascaigh sí Grodchúrsa

Tráchtais le haghaidh 35 mac léinn dochtúireachta. Caitheadh trí lá ar scríbhneoireacht dhian tráchtais, agus ina theannta sin tugadh noda agus uirlisí chun cleachtais scríbhneoireachta níos fearr a bhaint amach. Bhí an-tóir ar na ceardlanna, agus mar sin de réachtálfar an Grodchúrsa Tráchtais arís go luath sa bhliain 2021.

Suirbhé ar Rannpháirtíocht na Mac Léinn

I mbliana, cuireadh na torthaí náisiúnta agus institiúideacha den chéad suirbhé Éireannach ar rannpháirtíocht na mac léinn le haghaidh mic léinn taighde iarchéime i dtoll a chéile. Sa tuarascáil deiridh, tugtar sonraí do na hollscoileanna ar fad, sonraí a bhaineann le UCD, de réir mar atá UCD i gcomparáid leis na hollscoileanna eile in Éirinn, chomh maith le sonraí de réir Coláiste agus Scoile. Tá tábhacht faoi leith ag baint leis sin, mar cuirfidh sé ar an eolas muid maidir le heispéireas mhic léinn taighde iarchéime UCD, chomh maith le straitéisí feabhsaithe cáilíochta a aithint.

Pleanáil Taighde agus Forbartha Gairmiúla

Tá áit lárnach ag an bPleanáil Taighde agus Forbartha Gairmiúla (RPDP) i gclár PhD UCD. Tugann an Painéal Staidéir Taighde tacaíocht chun plean RPDP a chur le chéile. Ó Mheán Fómhair 2019 i leith, tá foirm líonta RPDP mar ghné riachtanach den Mheasúnú Aistrithe Céime atá ag iarthaí taighde agus i gcomhréir le rialacháin. Mar gheall ar an athrú sin, beifear ag tacú go suntasach leis an gcaoi a ndéanaimid cinnte de go bhfanann obair iarthaí dírithe ar a spriocanna taighde agus forbartha gairmiúla a bhaint amach.

ThesisIn3

Tugadh cuireadh roimh gach mac léinn PhD chéim 2 UCD iontráil a chur isteach sa chomórtas ThesisIn3 agus a thaighde a chur i láthair do phobal UCD. Bhí buaiteoir ThesisIn3 ina ionadaí thar ceann UCD i gComórtas Tráchtais Trí Nóiméad Universitas 21 mar ar ghlac sé páirt san iomaíocht le taighdeoirí ó áiteanna ar fud na cruinne. An tUasal Tom Hall a bhain comórtas ThesisIn3 UCD 2020. 'T.B or not T.B, can networks answer the question?' an teideal a bhí ar a chur i láthair. Is iarthaí é an tUasal Hall i Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD. Ciara Hayes, Uasal, Scoil an Leighis Tréidliachta UCD, agus an tUasal George Vathakkattil Joseph, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Ábhar UCD, a fuair an dara háit.


Tacaíocht agus Forbairt le haghaidh Stiúrthóirí Taighde

I mí na Nollag, bhí an Dr Margaret Kiley (Ollscoil Náisiúnta na hAstráile, Canberra) mar aoi ag UCD don siompóisiam 'Reflections on Change in Graduate Education'. Tugadh cuireadh do gach stiúrthóir taighde freastal ar an siompóisiam, inar pléadh athruithe móra san oideachas dochtúireachta, clár na fostaíochta, an taighde ildisciplíneach agus na dúshláin agus buntáistí a bhaineann leis an oideachas iarchéime le haghaidh mic léinn taighde agus stiúrthóirí. I mbliana, baineadh leas as an soláthar cumaisc do Chlár Tacaíochta agus Forbartha le haghaidh Stiúrthóirí Taighde. Soláthar aghaidh ar aghaidh a bhí ann ar dtús, agus ansin aistríodh chuig soláthar fíorúil le haghaidh stiúrthóirí taighde ó UCD, TCD agus RCSI a bhí cláraithe. Glacadh go han-mhaith leis agus chláraigh chóir a bheith 100 stiúrthóir.

9,912
mac léinn
iarchéime UCD



mhéadú
14.6%
le cúig
bliana anuas



I mí an Mheithimh, d'fhoill an comhoibriú a dhéanaimid le Teagasc a fheabhsú, rinne Stáidéar larchéime UCD seimineár gréasáin ar líne a sholáthar a bhí saincheaptha go sonrach le haghaidh stiúrthóirí sa chéim luath dá ngairm. An teideal a bhí ar an seimineár gréasáin ná 'Online and Co-Supervision, Top Tips', agus d'fhreastail 40 stiúrthóir Teagasc air.

I mbliana, seoladh Duais an Déin le haghaidh Feabhas sa Stiúrthóireacht Taighde Dochtúireachta den chéad uair. Bronnadh an duais ar an Ollamh Ian O'Donnell, Scoil Dlí Sutherland UCD, i mí Iúil. Is iad na mic léinn a dhéanann an duais nua a chur chun cinn. Is beirt mhac léinn atá ag an stiúrthóir nó a bhfuil an dochtúireacht bainte amach acu a dhéanann an stiúrthóir a ainmniú. Bhí próiseas moltóireachta ann, agus rinne piaraí, an Déan Staidéir larchéime agus saineolaí seachtrach na hiarratais a mheas. Cuireadh taithí agus cur chuige an stiúrthóra agus san áireamh.

Rannpháirtíocht agus Scileanna Saoil na Mac Léinn a Mheas

Forbairt Gairme agus Infhostaíocht

De bhrí gur druideadh an campas i mí an Mhárta, rinne UCD na seirbhísí, modúil agus clár maidir le fostaíocht agus forbairt gairme na mac léinn a fheabhsú a sholáthar ar líne. In ainneoin phaindéim COVID-19, rinne Lónra Gairmeacha UCD teagmháil le breis agus 12,000 mac léinn a ghlac páirt i gceardlanna forbartha gairme agus scileanna a cuireadh ar fáil ar fud na gColáistí agus Scoileanna ar fad. Sa tréimhse chéanna, ba léir tábhacht na forbartha gairme dá gcuid staidéir, mar chuir 1,800 mac léinn modúil i gcrích a raibh creidiúintí ag baint leo.

Tá tábhacht ag baint le cothromaíocht a bhaint amach idir an fhorbairt gairme a neadú sa churaclam agus tacaíocht a thabhairt don chaidreamh comhchuraclam. Déantar tagairt don dá ghné inár Straitéis um Fhorbairt Gairme agus Fostaíocht 2015-2025. I Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí, déantar tagairt don cheannródaíocht i dtaca leis an domhan ina bhfuilimid beo a mhúnlú chun dul chun sochair don chine daonna, don chomhshaol agus don inbhuanaitheacht. I mbliana, sular aistríodh ár soláthar oideachais ar líne, bhaineamar leas as Dúshlán na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe chun na gnéithe straitéiseacha sin a neadú. Sa dúshlán sin, cuirtear i láthair samplaí den chomhoibriú, d'fhorbairt mac léinn, agus den fheasacht dhomhanda. I gcomhar le Campas Glas UCD, Acadamh Nuálaíochta UCD, UCD Sláintiúil agus UCDVO, chuir Lónra Gairmeacha UCD dúshlán roimh mhic léinn a bheith ag obair i bhfoirne chun teacht ar réitigh cruthaitheacha ar fhadhbanna atá os comhair phobal UCD, agus a smainte a chur os comhair painéal moltóirí. Thug an dúshlán deis do na mic léinn forbairt a dhéanamh ar a gcuid scileanna cruthaitheachta, réitithe fadhbanna agus oibre foirne agus, san am céanna, cur leis an bhfeasacht ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Mar chuid den dúshlán bhí ceardlanna a bhain leis an smainteoireacht deartha agus le smainte a chur i láthair, a bhí mar chuidiú chun na mic léinn a dhéanamh réidh don phróiseas. Chuir deich ngrúpa a gcás i láthair ar na dúshláin thíos:

- Cad é mar a dhéanfa cinnte de go ndéanfaidh pobal UCD athchúrsáil i gceart agus éilliú dramhaíola a chosc? (Nasccha le SFI12, Tomhaltas agus Táirgeacht Fhreagrach).
- Cad é mar a spreagfa nósanna itheacháin sláintiúla in UCD? (Nasccha le SFI3, Sláinte agus Folláine).
- Cad é mar is féidir le UCD tairbhe a bhaint as buntáistí na teicneolaíochta chun deiseanna a thabhairt do phobal UCD páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí oideachais idirnáisiúnta deonacha agus forbartha? (Nasccha le SFI 10, Neamhionannas a Laghdú).

Aiseolas dearfach a fuarthas den chuid ba mhó ó na mic léinn – chuir 91% in iúl go mbeidís ní ba mhuiníne maidir le cur i láthair a dhéanamh

am eile amach anseo; Thug 100% le fios go raibh an dúshlán sultmhar agus spráilil agus go molfaidís 100% an dúshlán do chara leo.

I mí an Mhárta, aistríodh seirbhísí, modúil, ceardlanna agus imeachtaí le haghaidh oiliúint gairme in UCD go soláthar ar líne. Bhí sé beartaithe gur imeacht beo a bheadh san imeacht Seachtain Tionchair Shóisialta, a forbraíodh mar fhreagairt ar líon méadaithe na mac léinn ar mian leo a bheith ag obair in eagraíochtaí atá comhfhiosach faoi chúrsaí eitice. Baineadh feidhm as ardán fóiríil leis an imeacht a athstruchtúru go gasta. Cuireadh eolas ar fáil gach lá ar feadh seachtaine, agus ina dhiaidh bhí comhráite beo le gairmithe tionsclaíochta, ECO-UNESCO, Food Cloud, Gheel Autism Services, For Purpose agus Cumann Cathaoiríeacha Rothaí na hÉireann ina measc. Rinneadh teagmháil le 2,480 i rith na seachtaine, 480 mac léinn sna seisiúin bheo ina measc. Amharcadh ar scéalta breis agus 600 uair agus ar IGTV breis agus 1,400 uair. Aiseolas dearfach ar fad a fuarthas ó na heagraíochtaí rannpháirteacha agus ó na mic léinn, agus bheifí go mór i bhfách le himeachtaí ar an nós céanna a reáchtáil amach anseo.

Tuairisciú agus Tacaíocht, agus Clár an Bhreathnóra Gníomhaigh

I mí Feabhra, sheolamar Tuairisciú agus Tacaíocht UCD, a forbraíodh faoi mhaoirseacht Ghrúpa ESHE UCD (Deireadh a chur le Gnéaschiapadh agus Foréigean Gnéasach san Oideachas Tríú Leibhéal), a raibh Déan na Mac Léinn mar chathaoirleach air. Cuireann an uirlis seo ar a chumas do bhall ar bith de phobal na hOllscoile eachtraí a thuairisciú go hanaithnid, faoi mar a bhaineann le bulaíocht, ciapadh, gnéaschiapadh, agus foréigean gnéasach. Áirítear ar na príomhghnéithe atá ag Tuairisciú agus Tacaíocht UCD iad seo: tuairisciú breathnóra a chumasú; eolas a sholáthar maidir leis na roghanna atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar eachtraí; agus eolas maidir le tacaíochtaí.

Tabharfaidh Rannpháirtíocht na Mac Léinn UCD, Iompar, Gearáin agus Achomhairc, agus Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú UCD tacaíocht don chlár. Úsáidfear an t-eolas a chuirfear i dtoll a chéile chun UCD a threorú i gcás gníomhaíochtaí agus tionscnamh a spriocdhírú chun feasacht a ardú agus eachtraí a chosc. Tá Tuairisciú agus Tacaíocht UCD ar an gcéad uirlis den chineál ar fud Earnáil an Ard-Oideachais in Éirinn. Tá ceannasaithe foirne an tionscadail ag cúnamh go gníomhach le hinstiúidí ardoideachais eile in Éirinn agus iad ag tabhairt faoi chórais den chineál céanna a fhorbairt.

D'éirigh le clár póilítach in 2019, agus tar a éis sin rinneadh *Clár an Bhreathnóra Gníomhaigh* a chur in oiriúint don soláthar ar líne mar ullmhúchán le haghaidh ionductú 2020. Is é is aidhm don chlár seo mic léinn a chur ar an eolas maidir le cad is gnéaschiapadh agus foréigean gnéasach ann, agus cad chuige a bhfuil tábhacht ag baint le gníomh an bhreathnóra má tá timpeallacht níos sábháilte do chách le bheith san Ollscoil ina bhfuil meas ar chách. Cuirfear an clár ar fáil do gach mac léinn Chéim 1 agus iarchéime i mí Mheán an Fhómhair.

Seirbhís Chomhairleach na Mac Léinn UCD

Cheapamar Comhairleoir Mac Léinn i mí na Samhna a dhíreoidh ar mhic léinn taighde iarchéime, d'fhoill an tacaíocht a thugaimid do mhic léinn a láidriú, agus mar chúnamh le haghaidh na riachtanas ar leith a bhíonn ag cohóirt ar leith. Ar an drochuair, ar theacht shrianta phaindéim COVID-19 i mí an Mhárta, bhí dúshláin roimh ár mic léinn go léir.

Tháinig athrú ar chleachtais oibre ár gComhairleoirí Mac Léinn chun na dúshláin sin a chur san áireamh agus chun cur ar a cumas don fhoireann freagairt ar bhealach tapa fiúntach. Tháinig méadú beagnach 40% ar líon na mac léinn a rinne teagmháil lena gComhairleoir Mac Léinn i mí an Mhárta i gcomparáid leis an tréimhse chéanna anuraidh. Chuir a lán de na mic léinn in iúl go

raibh siad buartha faoin aistriú chuig an soláthar nua teagaisc. Bhí tréimhse éiginnteachta ann ar dtús, ach ina dhiaidh sin, chuaigh na mic léinn i dtaithí air go maith agus lean siad ar aghaidh ag plé lena staidéar, a gceannasaithe acadúla, agus leis na mic léinn eile. In Aibreán agus i mí na Bealtaine, gar do thréimhse na scrúduithe, tháinig méadú ar líon na mac léinn a rinne teagmháil chun tacaíocht a lorg. Le linn na ráithe, strus agus buairt na cúiseanna ba mhó inní a bhí ann. Rinneadh athbhreithniú ar phróisis chun cistiú éigeandála a thabhairt do mhic léinn, agus rinneadh na próisis a shimpliú, ionas go mbeadh na Comhairleoirí Mac Léinn ábalta freagairt do na ceisteanna ar bhealach ní b'fhusa.

Seirbhísí Riaracháin Mac Léinn agus Acadúla

I mí an Mhárta, thug Deasc na Mac Léinn i gClárann UCD seirbhís comhráite in Google Hangouts isteach, san áit a raibh tacaíocht aghaidh ar aghaidh agus teileafóin roimhe sin, agus mar sin bhí mic léinn in ann labhairt leis an bhfoireann san fhíor-am. Bhí an-tóir ar an tseirbhís sin, agus logáladh 7,803 comhrá ó mhí an Mhárta ar aghaidh. I ndiaidh don fhoireann filladh ar an gcampas i mí Lúnasa, cuireadh seirbhís coinní ar fáil a chuir ar a gcumas do bhaill foirne bualadh leis na mic léinn go sábháilte.

Earcaíocht, For-Rochtain agus Meantóireacht

Bíonn an t-ardán cumarsáide idir phiaraí Unibuddy ag feidhmiú chun tacú ó thaobh mic léinn a earcú de. Tharla corradh le 6,300 comhrá ar leith ann le mic léinn UCD le linn na tréimhse clúdaithe ag an tuarascáil seo. Tá an t-ardán curtha i bhfeidhm anois chun mic léinn nach as an AE iad agus mic léinn iarchéime a earcú. Rinneadh an t-ardán a fheabhsú a thuilleadh sa dóigh is go bhfuil baill foirne páirteach ann anois ó gach coláiste, gach ionad domhanda agus ó aonaid thábhachtacha tacaíochta chun líon na gcásanna earcaíochta agus iompaithe a threisiú.

Bhí imeachtaí seachtracha fíorúla ann chomh maith le feachtais, Scoil Samhraidh UCD i Meitheamh 2020 san áireamh ar fheastail 7,800 mac léinn ionchasach uirthi, rud a d'fhág go rabhtas in ann leanúint ar aghaidh le mic léinn a earcú. Méadú 550% atá ansin

i gcomparáid le 2019, agus bhí lucht glactha páirte nua ann ina raibh 800 mac léinn nach as an AE iad. Chomh maith leis sin, tháinig fás 2,500 duine ar líon na daoine a d'fheastail ar Laethanta Oscailte larchéime i bhFeabhra agus Meitheamh. Bhíothas ábalta clár for-rochtana na scoileanna a aistriú chuig ardán ar líne agus tá aiseolas thar a bheith dearfach ar fad faighte faoi ó threoirchomhairleoirí agus mic léinn.

Tá Líonra For-Rochtana UCD chun Rannpháirtíocht a Leathnú freagrach as cur chuige comhtháite comhordaithe a fhorbairt ionas go mbeidh UCD ábalta cur leis an tionchar atá ag an Ollscoil, agus chun daoine a chur ar an eolas maidir le cad é atá ar fáil inti. I mbliana, bhí UCD mar óstach le haghaidh Lá Oiliúna Meantóireachta thar ceann Chnuasach PATH: ghlac beagnach 200 mac léinn ó UCD, TCD, NCAD, IADT agus MIE páirt ann. Thug na meantóirí seisiúin mheantóireachta ansin i réimse scoileanna DEIS, coláiste breisoideachais, agus eagraíochtaí pobail.

Chuaigh ár gClár Meantóireachta ar aghaidh agus ghlac 500 dalta ó na 18 meánscoil naisc atá ag UCD páirt sa chlár. Bhuail na mic

// I mí an Mhárta, thug Deasc na Mac Léinn i gClárann UCD seirbhís comhráite in Google Hangouts isteach, san áit a raibh tacaíocht aghaidh ar aghaidh agus teileafóin roimhe sin, agus mar sin bhí mic léinn in ann labhairt leis an bhfoireann san fhíor-am. Bhí an-tóir ar an tseirbhís sin, agus logáladh 7,803 comhrá ó mhí an Mhárta ar aghaidh //



Sa phictiúr ag Gradaim 'See One Be One' tá (ó chlé go deas): Eddie Nugent; An tOllamh Mark Rogers, Cláraitheoir agus Leasuachtarán, UCD; An tOllamh Maurice Manning, Seansailéir Ollscoil na hÉireann; agus Fredia Jameson.

léinn le 32 Meantáí de chuid UCD ar mic léinn iad, thug siad cuairt ar an gcampas, agus fuair siad blaiseadh de léachtaí. I mí an Mhárta, mar gheall ar shrianta COVID-19, aistríodh an clár go soláthar ar líne. Chláraigh seasca de na rannpháirtithe ar an Scoil Chónaithe Samhraidh fosta. Ghlac breis agus 200 mac léinn ionchasach páirt ar Lá Eispéireas na Mac Léinn 2019, iad ag teacht ó réimsí scoileanna, eagraíochtaí le haghaidh Taistealaithe, eagraíochtaí le haghaidh daoine atá faoi mhíchumas agus coláistí breisoideachais.

Rinne UCD Cnuasach Ard-Oideachais PATH (TCD, NCAD, IADT, MIE) a threorú go fóill, chun dul i ngleic leis an rochtain agus ionchuimsiú. Bhí cúig shnáithe gníomhaíochta ann a lean ar aghaidh: Sparánachtaí 1916, Scoil Samhraidh na nEalaíon Cruthaitheach, Foghlaim Oscailte, Meantóireacht agus Cathair Foghlama Bhaile Átha Cliath. Sheol UCD an tionscadal Conairí chun na nGairmeacha, ar bronnadh maoiniú €1.2 milliún air ón eagraíocht Rethink Ireland. Tá Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD agus Scoil Dlí Sutherland UCD ag comhoibriú ar an tionscadal seo, a théann i ngleic leis na constaicí a bhíonn roimh mhic léinn rochtana go luath ina ngairmreim.

Tá comhpháirtíocht straitéiseach curtha ar bun idir UCD agus AHEAD d'fhonn an Suaitheantas Digiteach sa Dearadh Uilíoch don Teagasc agus Foghlaim a scaipeadh go náisiúnta. Cuid den chreath forbartha gairmiúla atá ag an bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama atá sa suaitheantas, a chuireann na gnéithe Ollscoil do Chách agus Tacar le haghaidh Institiúidí Ionchuimsitheacha Ard-Oideachais i láthair.

Tús Áite a thabhairt do Shláinte agus Folláine na Mac Léinn

Nuair a bhí an campas druidte, agus i gcomhréir le srianta an rialtais, rinne UCD cinnte de go mbeadh teacht ag na daoine sin i bPobal UCD a raibh cúram agus cúnamh riachtanach de dhíth orthu ar sholáthar Tacaíochta agus ar Lárionad na Mac Léinn. Tugtar samplaí de thionscnaimh thíos a léiríonn gur éirigh linn constaicí ón taobh amuigh a sháru, agus san am céanna tógáil ar an gcaidreamh atá againn le réimsí eile go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Bhí na tionscnaimh sin go léir ag teacht le príomhchuspóirí na hOllscoile a chur i bhfeidhm, a chuidigh linn meanma an phobail a fhorbairt agus a láidriú nuair is sin ba mhó a bhí ag teastáil.

Déanann UCD iarracht chun cinnte a dhéanamh de go dtugann áiseanna agus tacaíochtaí na mac léinn eispéireas do na mic léinn ar na caighdeáin is airde. Rinneadh infheistíocht i bhfolláine na mac léinn i mbliana, agus mar chuid de sin rinneadh oifig Aontas na Mac Léinn a athchóiriú, agus earcaíodh baill foirne bhreise chuig Comhairleoireacht na Mac Léinn. Cuireadh córas vótála nua ar líne ar bun i gcomhair thoghcháin Aontas na Mac Léinn, a bhí ag teacht le gné an dhigítithe i straitéis na hOllscoile. I saol laethúil na hollscoile, bhí rath agus bláth ar shaol na mac léinn, agus bhí corradh le 3,000 imeachtaí ag mic léinn i Lárionad na Mac Léinn ó mhí Mheán Fómhair go dtí gur cuireadh na srianta i bhfeidhm i mí an Mhárta.

Seirbhísí Sláinte agus Comhairleoireachta agus Séiplíneacht UCD

Rinneadh na seomraí comhairliúcháin atá againn i Seirbhís Sláinte agus Comhairleoireachta na Mac Léinn a oiriúnú ionas go mbeadh siad ag teacht le bearta cosanta COVID-19 agus go gcuirfí seirbhísí ar fáil ar bhonn leanúnach. Cuireadh cúram sláinte ar fáil i rith an ama ar an láthair, agus tháinig méadú mór ar an éileamh a bhain le cásanna COVID-19 a bhainistiú. Tugadh tús áite do chomhairliúcháin fóin/ar líne a chur ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do mhic léinn sna hárais chónaithe ar an gcampas agus go cianda. Cuireadh thart ar 13,382 comhairliúchán leighis i gcrích ó Mheán Fómhair 2019 go Lúnasa 2020. Aistríodh an tseirbhís go tairiscint dhigiteach, agus mar sin bhíodas ábalta freagairt go gasta, cionn is go raibh na baill foirne arbh éigean dóibh obair ón mbaile ábalta é sin a dhéanamh.

Sula raibh scrúduithe ráithe an fhómhair ann, chuir Séiplíneacht UCD tearmann "Sos agus Scíth" ar fáil i Lárionad na Mac Léinn. Bhí áit ar fáil do na mic léinn mar sin chun iad féin a shuaimhniú, chomh maith le tae nó caife agus comhrá leis na séiplínigh a bheith acu le solás a fháil. Chuir an tSéiplíneacht Balla Paidreacha Idirchreidimh ar líne ar bun, a thug ardán do mhic léinn agus baill foirne a smaointe agus a rúin a chur in iúl, beag beann ar an gceideamh a bhí acu. Anuas air sin, bhí seisiúin 'Siúil is Labhair' ar fáil a thug deis do mhic léinn leas a bhaint as comhrá, scaradh sóisialta i bhfeidhm, chun aire a thabhairt dá sláinte fhisiciúil agus dá meabhairshláinte.

Spórt agus Aclaíocht

Bhí áthas orainn i mbliana gur cuireadh isteach tuilsoilsiú rugbaí nua



Sa phictiúr ag oscailt oifigiúil an dromchla nua ar an bhfaiche imeartha haca ag an Staid Náisiúnta Haca tá (ó chlé go deas): Aaron Empey, Captaen ar Chlub Haca na bhFear UCD agus Alison Priestman, Captaen ar Chlub Haca na mBan UCD, a bpiaraí thart orthu.

16,000

úsáideoir giomnásiam a ghlac páirt sna Ranganna Aclaíochta ar Éileamh agus iad sábháilte sa bhaile

ar fhaiche imeartha féir Ghort na Sceiche agus go ndearnadh dromchla nua fhaiche imeartha na Staide Náisiúnta Haca a fheabhsú. Faoi mar a beartaíodh, tá dromchla den chéad scoth ar fáil ar an bhfaiche imeartha don aon fhoireann déag haca le haghaidh na mac léinn atá againn. Tá tacaíocht geallta ag UCD do na mic léinn atá againn ar mná iad, agus leis sin a chur in iúl, chláraigh UCD le Gluaiseacht na Cairte 20x20, a thugann faoin aistriú cultúrtha i meon an náisiúin i leith na mban i gcúrsaí spóirt a chur i bhfeidhm. Bhí Foireann na hÉireann Rugbaí na mBan i láthair i mBabhlá UCD i mí na Samhna dá cluiche idirnáisiúnta i gcoinne na Breataine Bige.

Thug ár gclubanna spóirt spreagadh do mhic léinn a bheith gníomhach go fisiciúil i rith an ama, scaradh sóisialta á chur i bhfeidhm, ar mhaithe lena sláinte fhisiciúil agus lena meabhairshláinte. Chruinnigh CLG UCD €2,000 faoi choinne Ospidéal na Leanaí, Sráid an Teampaill, i mí Aibreáin le linn dhianghlais COVID-19. Chruthaigh na baill feachtas ar na meáin shóisialta chun baill den club a spreagadh 5km a rith. Rinneadh forbairt ar an bhfoghlaim ar líne i gcomhair clubanna, agus thug baill de 51 club spóirt faoi mhodúil a bhain le cosaint sonraí, sábháilteacht, garchabhair agus cumhdach leanaí. Tá níos mó ná 68 club i mórcheantar Bhaile Átha Cliath a bhfuil UCD mar ionad traenála acu. Ina theannta sin, príomhionad traenála atá ann le haghaidh EURO 2021, agus baintear úsáid as go fóill mar ionad óstach traenála le haghaidh foirne idirnáisiúnta rugbaí atá as baile. D'éagraigh UCD Campaí Spóirt le haghaidh Leanaí ar bhealach athbhreithnithe cuí ó thaobh COVID-19 de, a d'fhág go raibh slí ag teaghlach i bpobal UCD i dtaca le forbairt fhisiciúil agus mheabhach a leanaí. Nuair a bhíodas ag tabhairt faoi gníomhaíochtaí aclaíochta arís, bhí na daoine atá i gcroílár an phobail in UCD ar a suaimhneas agus ba shoiléir dóibh go raibh na gníomhaíochtaí á soláthar ar bhealach sábháilte agus straitéiseach, mar ba léir ón dua a caitheadh sa réimse.

Chuir Spórt agus Aclaíocht UCD ardán ar líne ar fáil a chuir ar a gcumas do mhic léinn agus baill foirne tabhairt faoi Ranganna Aclaíochta ar Éileamh agus iad sábháilte sa bhaile. Bhain breis agus 16,000 duine ó lucht úsáidte an ionaid aclaíochta tairbhe as na ranganna sin in Éirinn agus thar lear. Chomh maith leis sin, chuir UCD Campa Aclaíochta amuigh faoin spéir ar fáil do gach fostaí, agus bhí níos mó ná 100 ball foirne páirteach ann. Dearnadh an t-ardán sin d'aon turas chun ardú meanman a thabhairt do dhaoine.

Dearbhú Cáilíochta agus Feabhas Rialachais a Chur Chun Cinn

B'éigean dúinn ár n-aird a atreorú mar institiúid d'fhonn ár misean lárnach a bhaint amach le linn 2019/20, agus san am céanna cáilíocht agus dea-rialachas a choinneáil agus a fheabhsú inár gcuid gníomhaíochta. Mar sin de, dhíríomar ar an dóigh a bpléimid le cúrsaí mar Ollscoil a chruthú as an nua, seachas ar an ngníomhaíocht a bhí pleanáilte le linn na bliana acadúla. Bhí an fhoireann teagasc, na baill foirne agus na mac léinn chomh tiomanta sin ó thaobh glacadh le slí nua soláthair foghlama, nuálaíochta, agus rannpháirtíochta mar phobal de, go raibh an Ollscoil ábalta na ceithre théama straitéiseacha atá i Stráitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí a chur chun tosaigh agus a fhorbairt.

Athbhreithniú Institiúideach

Chuaigh an Ollscoil faoi athbhreithniú institiúideach cáilíochta

Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann i mí Dheireadh Fómhair. Foilsíodh tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe i mí Aibreáin. D'aithin an Grúpa Athbhreithnithe go bhfuil creat láidir agus comhtháite dearbhaithe cáilíochta ag UCD a thacaíonn le próisis éifeachtacha agus chórasacha dearbhaithe cáilíochta agus a dheimhníonn go ndéantar teagasc, foghlaim agus taighde na hollscoile a mheas go mion. San am céanna, tá an ollscoil in ann cloí leis an ngealltanas eispéireas ardcháilíochta dírithe ar na mic léinn a sholáthar, taobh le tacaíocht a chur ar fáil do na mic léinn i rith an ama. Dheimhnigh an Grúpa Athbhreithnithe gur ceann de na hollscoileanna is fearr atá san Ollscoil ó thaobh taighde de. Deimhníodh chomh maith go bhfuil cur chuige cuimsitheach san ollscoil i dtaca leis an monatóireacht taighde agus tagarmharcáil, chomh maith lenár gcreat cáilíochta i gcomhair soláthar comhoibríoch.

Tá bunluachanna na hollscoile le feiceáil i gcur chuige UCD i leith an athbhreithnithe institiúidigh, is iad sin feabhas, cruthaitheacht, ionracas, comhghleacaíocht, rannpháirtíocht agus éagsúlacht. Bhí fianaise den mhéid sin le tabhairt faoi deara san ullmhúchán dár dtuarascáil féinmheasúnaithe, ár rannpháirtíocht sa chuairt ar an láthair, agus sa fhreagra a thugamar ar mholtaí an Ghrúpa Athbhreithnithe. I mí an Mheithimh, rinne an tÚdarás Rialaithe an Plean Feabhsaithe Cáilíochta a fhaomhadh, ina dtugtar freagra na hollscoile ar gach ceann de mholtaí an Ghrúpa Athbhreithnithe. Déanfaidh Grúpa Stiúrtha a mbeidh an Cláráitheoir mar chathaoirleach air maoirseacht ar chur i bhfeidhm na moltaí seo, a léiríonn chomh tiomanta agus atáimid i leith an mhachnaimh i rith an ama agus ár ngníomhaíochtaí a fheabhsú.

Táimid fós iontach tiomanta do rochtain agus rannpháirtíocht a leathnú, chomh maith leis an gcomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a neadú i measc na mball foirne agus na mac léinn ar fud na hollscoile, mar pháirt de na gníomhaíochtaí a bhaineann lenár gcreat cáilíochta agus dearbhú cáilíochta. Tugaimid fós faoi dheiseanna a aimsiú d'fhonn ár gcreat cáilíochta a athbhreithniú, ár bpróisis ghnó agus úsáid sonraí a chomhdhlúthú, agus leanúnachas a dheimhníú nuair atá ár gCreat Gairme Taighdeoirí á chur i bhfeidhm againn.

Athbhreithnithe Cáilíochta

Le linn 2019/20, tharla cuairteanna ar an láthair chun cáilíocht a athbhreithniú i Scoil an Cheoil UCD, Lár-Ionad na dTeagacha Feidhmeacha UCD agus Clárann UCD. Cuireadh cuairteanna ar an láthair siar do Scoil na Socheolaíochta UCD agus Teagasc agus Foghlaim UCD, de dheasca thionchar COVID-19. Cuirfear i gcrích go cianda iad an bhliain seo chugainn. Ós rud é gurb é UCD an foras ainmnithe cáiliúcháin don Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, tabharfaidh UCD faoi athbhreithniú institiúideach curtha siar ar a nósanna imeachta maidir le cáilíocht i mí Bealtaine 2021. Seoladh clár tréimhsiúil bliantúil na n-athbhreithnithe cáilíochta in Eanáir, ach cuireadh bac roimh dhul chun cinn de dheasca shrianta COVID-19. Cuirfear cur chuige hibrideach i bhfeidhm chun athbhreithnithe, cuairteanna ar an láthair agus gníomhaíochtaí ina dhiaidh sin a chur i gcrích don bhliain atá romhainn. Beidh deis ann dá bharr ár bpróisis agus nósanna imeachta cáilíochta a oiriúnú, a fhorbairt, a thástáil agus a fheabhsú. San am céanna, beimid ag feidhmiú i rith an ama i gcomhréir le Caighdeáin agus Treoirínte na hEorpa, Treoirínte Lárnacha Reachtúla Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, reachtaíocht chuí, agus Polasaí UCD maidir le Dearbhú Cáilíochta agus Feabhsú Cáilíochta. Rinneadh monatóireacht i rith an ama ar phleananna feabhsaithe cáilíochta agus bhíodhas ar an eolas lena linn sin ar acmhainneacht agus gníomhaíocht gach aonaid.

Athbhreithnithe ar Pholasaí

Cuireadh méid áirithe athbhreithnithe ar pholasaí i gcrích in UCD le linn 2019/20. Is é Creat Bainistithe Polasaí na hollscoile an struchtúr uileghabhálach a dhéanann punann polasaí na hollscoile a fhaomhadh

agus a bhainistiú. Rinneadh athbhreithniú air le go bhféadfaí cinntí a dhéanamh go gasta agus chun freastal ar na hathruithe ar chleachta a bhí riachtanach de dheasca phaindéim COVID-19. Chomh maith leis sin, bhíothas ag iarraidh a chinntiú go socrófaí nósanna imeachta na hOllscoile i ndáil le polasaí a fhorbairt agus a leasú go cuí, chun dul i ngleic le héigeandálaí agus tosca eisceachtúla amach anseo. Rinneadh athbhreithniú ar Pholasaí Aitheantais Réamhfhoghlama na hOllscoile chun deimhin a dhéanamh de go raibh an polasaí ag teacht le cuspóirí straitéiseacha UCD, agus gur léirigh sé athruithe ar phrionsabail agus treoirilínte, cóid chleachtais agus reachtaíocht náisiúnta, agus chun cinnte a dhéanamh de go ndéanfaí iniúchadh agus monatóireacht ní b'éifeachtaí ar chinntí a bhaineann le haitheantas foghlama a rinneadh roimhe nó atá comhthráthach. Tá athbhreithniú ar siúl chomh maith ar Chreat Rialachais na hOllscoile maidir leis an bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach.

Féinmheasúnú an Údarais Rialaithe

Thug Rúnaíocht na hOllscoile tacaíocht don Údarás Rialaithe tabhairt faoi fhéinmheasúnú ar ghnó agus éifeachtacht an údarais. Léiríodh ardleibhéal sásaimh le héifeachtacht an údarais i dtuascáil bunaithe ar an athbhreithniú sin. Bhí ábhair suntais ar leith ann, lena n-áirítear ardleibhéal sásaimh le próiseas foirmiúil an Údarais Rialaithe i dtaca le straitéis a leagan; taifeadadh ról an údarais; ábhar ó chruinnithe a scaipeadh go tráthúil; go ndearnadh cóid iompair a fhaomhadh, chomh maith le nósanna imeachta maidir le coinbhleachtaí ionchasacha leasa a nochtadh agus a bhainistiú; bainistíocht riosca, rialaithe inmheánaigh agus iniúcháireachta; go bhfuil córais i bhfeidhm d'fhonn muinín an Údarais Rialaithe a chinntiú i gcás gnóthaí acadúla agus seirbhísí mac léinn; agus an chaoi a ndearnadh na ról atá ag Cathaoirleach an Údarais Rialaithe agus Uachtarán na hOllscoile a chur ar bun agus a thaifeadadh. Mar thoradh ar an tuascáil seo, rinne an tÚdarás Rialaithe ocht moladh a fhaomhadh chun cinnte a dhéanamh de go nglacfar gníomhartha soiléire ar leith chun feidhmíocht a fheabhsú a thuilleadh.

Tuascáil Acadúil don Údarás Rialaithe

Thug Rúnaíocht na hOllscoile tacaíocht don Chláraitheoir Tuascáil Acadúil a chur ar fáil don Údarás Rialaithe, bunaithe ar fhaisnéis curtha i dtoll a chéile ag an Stiúthóir ar Thaighde Institiúideach. Sa tuascáil seo, tugadh forléargas ar fheidhmíocht acadúil UCD le linn sheisiún acadúil 2018/19. Cuireann an tuascáil leis na Tuascálacha Athbhreithnithe Cáilíochta Tréimhsíúla a fhaigheann an tÚdarás go rialta, agus le Tuascáil na hOllscoile, ina dtarraingítear aird ar éachtaí iomadúla na hOllscoile, na cinn sin a bhaineann le heispéireas acadúil agus eispéireas níos leithne na mac léinn a fheabhsú. Léiríodh sa tuascáil seo go ndeachaigh UCD i ngleic leis an dúshlán agus gur cuireadh feabhas arís ar an eispéireas acadúil a chuirtear ar fáil san ollscoil, agus sin in ainneoin go raibh laghdú ag teacht ar an maoiniú poiblí in aghaidh an mhic léinn agus méadú tagtha ar líon na mac léinn. Leagadh béim chomh maith ar na dúshláin ba mhó a bhí ann, na riosca ba mhó a aithníodh, agus na gníomhartha a tionscnaíodh dá bharr.

Seirbhísí Bainistíochta Leabharlainne, Faisnéise agus Eolais a chur i gcrích

Leabharlann UCD

An ghné ba shuntasá de chuid gníomhaíochtaí ár Leabharlainne i mbliana ná an dlús a cuireadh faoina rannpháirteachas san athrú ó bhonn go soláthar digiteach mar fhreagairt ar thosca phaindéim COVID-19. Bhí feidhmíú agus clár na leabharlainne ann go seasta, iad ag tacú le heispéireas foghlama ar dóigh a thabhairt do na mic léinn, iad ag tacú le cur chun cinn an taighde, agus ag tacú le go mbeadh teacht ar oidhreacht chultúrtha na hÉireann.

Cuireann UCD réimse leathan acmhainní ar fáil chun tacaíocht a thabhairt le haghaidh foghlaim na mac léinn, idir spás léitheoireachta agus bhailiúcháin chlóite agus dhigiteacha, idir

// Rinneadh acmhainní a dhigitiú, taispeántais a fhorbairt, cartlanna a thógáil agus comhoibriú le comhpháirtithe náisiúnta d'fhonn feasacht a ardú maidir le Bailiúchán Oidhreacht Cultúrtha UCD //

shaineolas na mball foirne ar fáil ach coinne a shocrú, sheisiúin oiliúna, agus réimse acmhainní foghlama ar líne. Ábhair spéise i mbliana:

- Tacaíocht bhreise do mhic léinn le linn an ionductaithe, agus cuireadh 278 uair a chloig d'oiliúint faisnéise agus scileanna digiteacha i láthair;
- Ó lár mhí an Mhárta ar aghaidh, ní raibh teacht ar ábhar clóite ar liostaí léitheoireachta mar gheall ar an dianghlasáil náisiúnta. Mar thoradh air sin, tugadh faoi iarracht láithreach rochtain a aistriú go téacsleabhair dhigiteacha agus ríomhleabhair – dúshlán thar a bheith mór nuair a chuirtear san áireamh nach bhfuil ach 42% de na hábhair léitheoireachta a thugtar do na mic léinn ar fáil go digiteach;
- Chuir Leabharlann UCD, i gcomhar le Seirbhísí Eastáit UCD, bearta i bhfeidhm go gasta chun cinnte a dhéanamh de go raibh an tseirbhís ar fáil chun tacú go héifeachtach le mic léinn agus leis an bhfoireann teagasc faoi na leibhéil éagsúla de na srianta a bhí ar bun;
- Chuir Leabharlann UCD seirbhís nua comhrá ar líne ar bun, chomh maith le córas áirithinte le haghaidh léitheoirí a chinnteodh go mbeadh spás ar fáil chun stáidéar a dhéanamh chomh maith le fáil ar na bailiúcháin.

Tháinig athrú ollmhór ar cheannachán agus bainistiú na mbailiúcháin buan chomh maith. I gcomhar le cuibhreas náisiúnta ceadúnaithe, tugadh ceadúnas do roinnt acmhainní móra ar líne go mbeadh rochtain oscailte orthu. Táthar in ann rochtain a dhéanamh láithreach ar fhoilseacháin taighde agus, dá bhrí sin, déantar riachtanais maoinitheoirí i leith na rochtana oscailte a shásamh. Thug an Leabharlann faoina tionscadal féin, 'tionscadal coimeádaíochta na mbailiúcháin'. Iarracht atá sa tionscadal cáilíocht na mbailiúcháin traidisiúnta a fheabhsú. Faightear réidh le téacsleabhair sheanchaite agus líontar bearnaí i mbailiúcháin taighde leis sin a dhéanamh. Chomh maith leis sin, leanadh ar aghaidh le tionscadal na leabharlainne bailiúcháin na leabharlainne a chlibeáil le clibeanna RFID, a dhéanfaidh iasachtaí agus rialú fardail a éascú.

Tháinig forbairt agus éagsúlacht ar an tacaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí taighde i rith an ama. Bhí Leabharlann UCD ag comhoibriú le Taighde agus Nuálaíocht UCD agus Seirbhísí TF UCD chun tacaíocht a mhúnlú i gcomhair clár tacaíochta faoi chomhair Bainistíocht Sonraí Taighde. Tháinig éagsúlacht ar an oiliúint le haghaidh taighdeoirí i rith an ama, idir dhea-chleachtas na bainistíochta sonraí taighde, úsáid sonraí cainníochtúla/cáilíochtúla, úsáid seirbhísí faisnéise geografaí, agus tuilleadh nach iad. Tá Leabharlann Dhigiteach UCD ar cheann de na taisclanna oidhreacht cultúrtha digiteacha is tábhachtaí san Eoraip. Baineadh leas as an gcreat measúnaithe CoreTrustSeal chun deimhniú na leabharlainne mar "taisclann dhigiteach iontaofa" a athnuachan. Cuireadh réimse de bhailiúcháin nua leis an leabharlann, lena n-áirítear 'Bailiúchán Mhionchuantana na hÉireann' agus 'Dealbha in UCD', a chuireann bailiúchán fairsing na healaíne poiblí atá in UCD os comhair an phobail.

Rinneadh acmhainní a dhigitiú, taispeántais a fhorbairt, cartlanna a thógáil agus comhoibriú le comhpháirtithe náisiúnta d'fhonn feasacht a ardú maidir le Bailiúchán Oidhreacht Cultúrtha UCD. I measc na mbuaicphointí tá na cinn seo:

- Taispeántais, na taispeántais *Cogadh na Saoirse agus Ephemera* *Cogadh na gCarad* san áireamh; *Colm Ó Lochlainn: Printéir*,

Foilsitheoir, Ileolaí: Miontaispeántas Nua; agus Dialanna John agus Arthur Oram;

- *De Valera i Meiriceá*, clár faisnéise de chuid TG4 ina dhá pháirt a bhaineann leas as páipéir de Valera i gCartlanna UCD, chomh maith le hagallaimh le Príomh-Chartlannaí Kate Manning;
- Seoladh *Tionscadal Tras-scríofa Leabhair Nótaí Ernie O'Malley*, Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, Leabharlann Dhigiteach UCD agus Cartlanna UCD i gcomhar a chéile;
- Seoladh *Cumann Cultúrtha na Saoirsí*, tionscadal comhoibríoch staire béile, ina bhfuil Cnuasach Bhéaloideas Éireann páirteach;
- Lean an tionscadal atá ag Cnuasach Bhéaloideas Éireann, *Dúchas*, ar aghaidh i gcomhar le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Rinneadh thart faoi 73,000 leathanach lámhscríbhne ón gcnuasach a thras-scríobh. Gníomhaíocht sluafoinsithe a bhí ann ar tháinig borradh fúithi de dheasca choinníollacha na paindéime;
- Bunaíodh bailiúcháin nua sa chartlanna, ina measc siúd *Filíocht na Dianghlásaí: Bailiúchán Paindéime* agus *Cartlann Fhéilte Ealaíon na hÉireann*.

Tá Leabharlann UCD mar óstach freisin le haghaidh *Chartlann Sonraí Eolaíochta Sóisialta na hÉireanna* bhfuil aitheantas tugtha ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn di, ar an ábhar gurb í an chartlann an soláthraí náisiúnta seirbhíse don Consortium of European Social Science Data Archives.

Sheol Leabharlann UCD a próiseas don Phleanáil Straitéiseach le haghaidh 2021-2024, agus cuireadh tús leis an bpróiseas arís san fhómhar, in ainneoin gur chuir an éigeandáil sláinte poiblí isteach air. I measc na ndéontas a bronnadh ar Leabharlann UCD bhí na cinn seo a leanas:

- Cnuasach Bhéaloideas Éireann UCD: €68,000 ó Údarás Craolacháin na hÉireann don tionscadal *Dioscaí Aicéatáite a Dhigitiú*, a bhfuil Críostóir Mac Cárthaigh, Stiúrthóir Chnuasach Bhéaloideas Éireann, i gceannas air;
- Leabharlann UCD: deontas ón bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama (€48,000), chun Bun-Mhúnlá Ionraic Acadúla a chruthú chun bradaíl a sheachaint, agus Peter Hickey i gceannas air;
- Leabharlann UCD (Ursula Byrne, James Molloy agus Alison Jameson), i gcomhar le Teagasc agus Foghlaim UCD: dámhachtain (€3,970) ó Scéim Maoinithe na dTionscadal Feabhsaithe Foghlama chun tacú

le mic léinn agus iad ag baint leas as teicneolaíochtaí digiteacha;

- Cartlann Léamha Filíochta na hÉireann: deontas ó Chlár Tacaíochta Eisimirceach na Roinne Gnóthaí Eachtracha chun tacú le saothar fhilí an diaspóra a chuimsiú sa Chartlann, a bhfuil Ursula Byrne i gceannas air;
- Deontas le haghaidh Gníomhaíochtaí ar Ardán Oideachais Oscailte Creative Commons (US\$3,000), faoi stiúir Leabharlannaí Comhlach Susan Reilly, chun *Liostaí Oscailte Léitheoireachta a fhorbairt @UCD: Céim a hAon*.
- Ciste na dTionscnamh Mór agus Straitéiseach, Taighde UCD: deontas bronnata ar Chartlanna UCD (€49,000), chun Cáipéisí Mulcahy a chatalógú mar ullmhúchán chun iad a dhigitiú agus a chuimsiú i Leabharlann Dhigiteach UCD, Kate Manning i gceannas air.

An Teicneolaíocht Faisnéise, Réitigh agus Seirbhísí

Ós rud é gur aistríodh go mear chun na foghlama cianda i mí an Mhárta, thug Seirbhísí TF UCD, i gcomhar le Teagasc agus Foghlaim UCD agus Lónra Comhairleach na Teicneolaíochta Oideachais, faoi acmhainní agus eolaithe a chruthú, chomh maith le seimineáir ghréasáin, ceardlanna agus clinicí a réachtáil chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil don fhoireann teagasc agus do mhic léinn. De thairbhe gur aistríodh chuig timpeallacht fhíorúil foghlama Brightspace le bliain anuas san Ollscoil, bhíodas in ann a chinntiú go raibh an fhoireann teagasc agus na baill foirne cleachta leis an ardán agus na rudá is féidir a dhéanamh leis. Rud nua a bhí sa mheasúnú ar líne ar mhórsála agus, dá bhrí sin, thug Seirbhísí TF UCD agus an Fhoireann Measúnaithe i gClárann UCD tacaíocht bheo ar líne le haghaidh Comhordaitheoirí Modúl fad a mhair tréimhse na scrúduithe sceidealta.

Thugamar isteach sraith nua seiceálacha agus tuarascálacha i mbliana chun tacú le Próiseas Faofa Grád cuíchóirithe. Cuirfidh na seiceálacha agus tuarascálacha sin feabhas ar chruinneas iontrála na ngrád agus ar éifeachtúlacht iniúchtaí, déanfaidh siad am próiseála a laghdú, agus gheobhaidh na mic léinn a dtorthaí níos gasta dá bharr. Rinneadh stádas an tionscadail a ardú, ón gcéim phíolótach go feidhmiú iomlán, mar bhí géarchéim sláinte poiblí ann. Thug na seiceálacha agus tuarascálacha nua eispéireas feabhsaithe do na húsáideoirí, mar bhí anailísíocht agus léirshamhlú sonraí ar fáil chun tacú leis an bhfoireann teagasc sa phróiseas faofa grád ar líne. I mí Mheán Fómhair d'fhoilsíomar Plean le haghaidh Clár



Sa phictiúr tá Peadar Ó Fionnáin agus a theaghlach a thug cartlann Fhéile na Bealtaine faoi chúram Chartlann Fhéilte Ealaíon na hÉireann in UCD.

Cibearshlándála ilbhliantúil, agus cuireadh leis an bplean sin bunaithe ar an aistriú chun na hoibre cianda. Áirítear sa phlean sin polasaí agus nósanna imeachta TF a fhorbairt, balla dóiteáin den chéad ghlúin eile a úsáid lenár líonra a chosaint ar chibearbhagairtí seachtacha, fíordheimhniú ilfhachtóir chun cuntais TF UCD agus rochtain ar chórais ríthábhachtach na hollscoile a chosaint agus straitéis chun gléasanna a chosaint a bheadh oiliúnach don timpeallacht chianda oibre.

I mí Feabhra, chomhordaigh Taighde TF iarratas ar Scéim EQUIP UCD, treoraithe ag an Ollamh Adrian Ottewill, Coláiste na hEolaíochta UCD. Bhí rath ar an iarracht agus bronnadh €120k, agus ba é an aidhm a bhí ann ná Láirionaid Phróiseála (CPU) agus Aonaid Phróiseála Grafaicí (GPU) sa bhreis a chur ar fáil chun inniúlachtaí san Intleacht Shaorga (AI) atá ag 'Sonic', Cnuasach Ríomhaireachta Ardfeidhmíochta (HPC) Sheirbhísí TF, a fheabhsú. Beidh na hacmhainní breise GPU ina gcuidiú chun dul chun cinn a dhéanamh sa taighde in AI, Meaisínfhoghlaím agus Domhainfhoghlaím le haghaidh príomhghrúpaí agus d'aonaid amhail CeADAR, CONSUS agus Insight. Ba mhór an gar é an t-uasghrádú seo a fháil cionn is go raibh éileamh bhreise ar HPC Taighde ó aistríodh chun na hoibre cianda mar gheall ar COVID-19.

Tá tacaíocht tugtha do phobal na hollscoile agus é ag dul i dtaithe ar an obair chianda. Chuireamar ardáin ar fáil le haghaidh cruinnithe fíorúla, seimineáir ghréasáin le haghaidh comhdhálacha agus seimineáir a chuaigh chun leasa 4,500 duine, idir fhoireann teagaisc, baill foirne, agus mhic léinn iarchéime taighde. Tá córas nua gutha agus teileafóin á chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach ar fud an champais chun cur lenár gcumas teileachumarsáide. I mbliana, cuireadh isteach an córas tiomnaithe líonra teileafónaíochta, agus cuireadh an plean feidhmithe in oiriúint do shrianta COVID-19 nuair a dírfódh ar fhóin bhoga a sheachadadh chun tacú leis an obair chianda.

Aclaíocht agus Éifeachtacht a Mhéadú

Lean UCD ar aghaidh i mbliana ag cur réimse seirbhísí soffreagrúla ar fáil do scoileanna, aonaid agus foirne níos lú in UCD, seisiúin chomhairliúcháin, oiliúint, tacaíocht tionscadal agus éascaíocht ar cheardlanna, cuir i gcás. Cuireann an tacaíocht a chuirtear ar fáil le haidhmeanna gairmiúla agus pearsanta fhoireann teagaisc agus baill foirne UCD chun éifeachtacht eagraíochtúil a threisiú.

Oiliúint agus Forbairt

Córas tábhachtach atá in oiliúint a chur ar fáil chun scileanna

a fhorbairt don fheabhsú leanúnach, agus chun tacú leis an gcultúr sin. Le linn na bliana, ghlac breis agus 220 ball foirne páirt i clár oiliúna UCD Inniúil, cinn nua san áireamh, ceann faoin mbainistiú athruithe, agus ceann eile faoina bheith ag obair san 'oifig scaipthe'. Bhí oiliúnaithe páirteach i dtionscadail ní ba lú a bhí dírithe go háitiúil, agus bhain siad leas as tacaíocht tionscadal agus meantóireacht UCD Inniúil. Cuireadh tús le hocht dtionscadal thábhachtacha i mí an Mhárta, agus beidh siad ar siúl go mí na Samhna 2020. Bainneann siad le hobair faoi thionchar aeráide an taistil, measúnachtaí cosanta sonraí, cartlanna agus catalógú leabharlainne, agus torthaí taighde.

Tionscadail na hollscoile

Mar chuid dár bhforbairt leanúnach ar thacaíochtaí agus seirbhísí do mhic léinn agus don fhoireann teagaisc, cuireadh an dara céim den tionscadal Múnla Comhaontaithe Tacaíochta (USM) i gcrích i Lúnasa 2020 sna 42 Oifig Scoile agus Coláiste ar fad, agus i gClárann UCD chomh maith, agus bhí 280 ball foirne páirteach ann. Is é is aidhm don USM seirbhísí tacaíochta ardleibhéil a chinntiú i rith an ama. Leis sin a bhaint amach, caithfear na córais chuif a chur ar fáil, baill foirne a fhorbairt, próisis agus seirbhísí a chomhtháthú, agus úsáid a bhaint as na sonraí a thagann as feabhas ar thacaíochtaí agus seirbhísí i rith an ama. Mar fhreagairt ar na dúshláin a thugann COVID-19, thug tionscadal USM fóram oscailte do bhaill foirne ó na 42 oifig, Oifig na gColáistí, na Scoileanna agus na hoifigí lárnaigh, teacht le chéile chun riachtanais nua agus riachtanais a bhí ag teacht chun cinn a phlé, a chuir réitigh comhsheasmhacha i bhfeidhm agus a thacaigh le baill foirne ar an líne thosaigh. Láidreacht thábhachtach atá sa chineál seo solúbthachta, cruthaitheachta agus fócais ar fhadhbanna a réiteach le chéile agus muid faoi bhrú. Bhaineamar tairbhe as an láidreacht sin agus déanfar forbairt uirthi amach anseo.

Cleachtais Aclaí a chur chun cinn

Mar chuid den phobal cleachtais Obair as Lámha a Chéile, cuireadh Pobal Cleachtais nua na Bainistíochta Tionscadal ar bun i mí Dheireadh Fómhair. D'fhreastail 295 duine ar sheisiúin Obair as Lámha a Chéile i nDeireadh Fómhair agus Feabhra, agus 111 ar Scoil Samhraidh ar líne mhí Iúil. Thug na himeachtaí sin deis forbairt úra a chur i láthair go poiblí agus éachtaí le déanaí a cheiliúradh.

Leanamar ar aghaidh chun feabhsuithe a chur chun cinn in eispéireas na mac léinn sna tionscnaimh a tháinig as Tionscadal Mapála Eispéireas na Mac Léinn (SEMP) 2019. Rinneadh athbhreithniú ar na



Pictured at the Work Smarter event are (l-r): Dr Olga Murdoch, UCD Agile Lead; Giuliana Rocca; Dimitrios Stavros-Kapetanakis; Ioanna Galeadi; Prof Mark Rogers, UCD Registrar and Deputy President; Nicola Fortune and John Wyatt.

gníomhartha sin a bhí ar bun cheana féin agus cuireadh iad in oiriúint do ré COVID-19, agus tá 20 tionscnamh mar sin le cur i gcrích sa bhliain atá romhainn. Díríodh cuid mhór ar fhreagairt ar dhúshlán COVID-19: úsáideadh agus oiriúnaíodh tionscadail feidhmithe SEMP chun 20 tionscnamh tacaíochta do mhic léinn a mhúnlú; tugadh isteach cúrsaí gearra nua oiliúna dírithe ar dhúshlán phraiticiúla a thagann as an obair chianda; Cuireadh oiliúint Aclaí ar líne agus bhain 120 de na 220 oiliúnaí atá ann feidhm as an tseirbhís sin ó Mhárta i leith; Cruthaíodh fóram comhoibrithe, nuálaíochta agus réitithe fadhbanna do na 42 oifig sna Coláistí agus Scoileanna mar gheall ar thionscadal curtha i bhfeidhm USM; ar an Scoil Samhraidh a bhí ag Obair as Lámh a Chéile i mí Iúil, díríodh ar na bealaí chun comhoibriú a dhéanamh agus rudaí a chruthú sa chomhthéacs ar líne. Bhí oiliúint ar fáil i dteicnící áirithe ina leith sin.

Rannpháirtíocht a Leathnú

Ar cheann de na foinsí le haghaidh sonraí a úsáideadh roimhe seo chun figiúirí rannpháirtíochta a fháil, bhí sonraí ó Shuirbhé Cothroime Rochtana an Údaráis um Ard-Oideachas maidir le míbhuntáiste socheacnamaíoch. Tá leasú déanta ag an Údarás um Ard-Oideachas ar an modheolaíocht. Ní bhaintear feidhm as códú socheacnamaíoch

EAS. Ina áit sin, úsáidtear Scór Innéacs Dírothachta HP. Tá obair ar bun chun freastal ar an bhforbairt sin agus na modheolaíochtaí a ailíniú. Sa tuairisc seo cuirtear i láthair conairí rochtana agus sonraí iontrálacha.

In 2019/20, bhí 25.9% de na háiteanna ar chlárí fochéime in UCD spriocdhíríte ar mhic léinn a bhí ag úsáid conairí rochtana. As 4,013 áit (gan clárí iontrála iarchéime agus áiteanna do mhic léinn nach as an AE iad a chur san áireamh), rinneadh 1,041 áit ar an iomlán a spriocdhíríú le haghaidh cohóirt rochtana. Léirítear sa tábla thíos líon na mac léinn a tháinig isteach sna conairí HEAR, DARE, Mature Years (Mic Léinn Lánfhásta) agus QQI-FET chuig céimeanna lánaimseartha fochéime.

Clárí Pháirtaimseartha

In 2019/20, bhí 213 mac léinn san Fhoghlaim Oscailte againn chomh maith a thug faoi mhodúil fochéime in UCD chomh maith le 98 mac léinn ar ár gClárí Rochtana Ollscoile. Chomh maith leis sin, tá clár san Fhoghlaim ar feadh an tSaoil ar fáil againn a thugann deis ar leith do mhic léinn leanúint ar aghaidh den fhoghlaim ar a luas féin, atá mar léiriú ar ainmniú UCD mar Ollscoil Aoisbháúil. Sa bhliain 2019/20 bhí 1217 mac léinn ó Fhoghlaim ar feadh an tSaoil páirteach sa chlár seo.

Mic Léinn Fochéime Nua

	Iontrálaithe 2015/16	Iontrálaithe 2016/17	Iontrálaithe 2017/18	Iontrálaithe 2018/19	Iontrálaithe 2019/20
Iontrálaithe faoi ghannionadaíocht	769	742	744	887	985
Gach Grúpa Tearcionadaithe: Tacaíocht ón Údarás um Ard-Oideachas amháin agus Bealaí Chun Cinn eile	375	378	410	450	479
Gach Grúpa Tearcionadaithe: Tacaíocht agus Lamháltas ón Údarás um Ard-Oideachas	394	364	334	437	506
Iontrálaithe lánfhásta	291	258	248	242	254
Tacaíocht do Mhic Léinn lánfhásta ón Údarás um Ard-Oideachas amháin	120	87	92	87	85
Tacaíocht agus Lamháltas do Mhic Léinn lánfhásta ón Údarás um Ard-Oideachas amháin	171	171	156	155	169
Iontrálaithe DARE	235	251	262	335	380
Tacaíocht DARE ón Údarás um Ard-Oideachas amháin	137	146	165	178	184
Tacaíocht agus Lamháltas DARE ón Údarás um Ard-Oideachas	98	105	97	157	196
Iontrálaithe HEAR	267	217	252	219	231
Tacaíocht HEAR ón Údarás um Ard-Oideachas amháin	140	117	148	90	90
Tacaíocht agus Lamháltas HEAR ón Údarás um Ard-Oideachas	127	100	104	129	141
Bealaí chun cinn eile	98	98	104	185	229
QQI-FET	97	98	104	181	217
Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna	0	0	0	0	0
Bealach chun cinn eile	1	0	0	4	12
Iomlán UCD	4,499	4,569	4,564	4,408	4,600

TAIGHDE, NUÁLAÍOCHT AGUS TIONCHAR

Réamhrá ón Leas-Uachtarán um
Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar



Bliain éachtach ba ea an bhliain seo a chuaigh thart don taighde agus don nuálaíocht in UCD.

De réir mar a chuaigh paindéim COVID-19 i bhfeidhm ar an tír i Márta 2020, chuaigh taighdeoirí i réimsí ábhartha i mbun gníomh freagartha go gasta: lucht oibre agus ábhair a chur chun na líne tosaigh, tacaíocht a thabhairt d'iarachtaí náisiúnta tástála agus rianaithe, páirt a ghlacadh i dtrialacha cliniciúla lena líonraí idirnáisiúnta, comhairle a chur ar an Rialtas, agus freagairtí taighde a fhorbairt le haghaidh gach gné den phaindéim. Tá mionsonraí de na hiarrachtaí sin le feiceáil ar ár suíomh gréasáin www.ucd.ie/research/covid19response/.

Féadann baill de phobal UCD a bheith iontach bródúil ar fad as freagairt taighde na hOllscoile, a tháinig chun cinn san am céanna agus a bhí ár bhfoireann teagaisc ag tabhairt faoin teagasc agus foghlaim a aistriú go soláthar ar líne go han-ghasta, chomh maith le dul i ngleic le héilimh phearsanta na paindéime. Cuireadh isteach ar fhorhmhór ár gcuid taighde go suntasach le linn na dianghlása, ach de réir mar a laghdaíodh na srianta ar bhonn céimneach cuireadh tús leis an taighde arís ar an gcampas ar bhealach sábháilte éifeachtach.

Taobh amuigh de COVID-19, leanadh ar aghaidh den taighde agus den nuálaíocht san Ollscoil i réimse leathan tionscadail. Tá na tionscadail sin ionadaíoch ar gach ceann de na ceithre théama faoi Straitéis UCD 2020-2024: Sochaí Dhomhanda Inmharthana a Chruthú, Claochlú a dhéanamh tríd an Teicneolaíocht Dhigiteach, Domhan Sláintiúil a Fhorbairt agus an Cine Daonna a Chumasú.

D'éirigh le taighdeoirí UCD corradh le €122 milliún a fháil i ndeontais sheachtracha taighde in 2019/20. Ba í an bhliain seo an tríú bliain i ndiaidh a chéile atá ann i mbliana inar éirigh deontais sheachtracha taighde ní b'airde ná €122 milliún, agus buaic a bhí san fhigiúir sin don Ollscoil nuair a baineadh amach é den chéaduair in 2017/18. Buaicphointe faoi leith i maoiniú taighde 2019/20 a bhí sa mhaoiniú ón AE, a bhí breis agus dhá oiread ní ba mhó ná an figiúir don bhliain roimhe sin. Fuarthas roinnt dámhachtainí ón gComhairle Eorpach um Thaighde agus tugadh faoi thionscadail mhóra chomhoibríocha ar ábhair tábhachtacha, murtall, diaibéiteas agus iontaoibh sa saineolas, cuir i gcás. Tráth tábhachtach atá ann faoi láthair le haghaidh maoiniú taighde ón AE. Tá Fís Eorpach,

an chéad chlár maoinithe eile le teacht agus cuirfear athruithe i bhfeidhm i ndiaidh an Bhreathimeachta, agus tá sé tábhachtach go ndéanfaidh UCD seasamh láidir a dhainiú.

Bronnadh roinnt dámhachtainí tábhachtacha ar thaighdeoirí UCD le linn na bliana seo a chuaigh thart. Bronnadh Dámhachtain Tionchair na Comhairle um Thaighde in Éirinn ar an Ollamh David Farrell. Bronnadh Dámhachtain Speisialta don Chomhionannas agus Rannpháirtíocht ón gComhairle um Thaighde in Éirinn ar Ollamh Emeritus Kathleen Lynch. Bronnadh Dámhachtain Thaighdeoir na Bliana Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar an Ollamh Kevin O'Connor. Bronnadh Dámhachtain Fiontraíochta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar an Ollamh Liam Gallagher.

Rinne NovaUCD dul chun cinn suntasach in 2019/20. Cuireadh an síneadh den chlós thoir i gcrích a mhéadaigh a achar timpeall 50%. Bronnadh maoiniú chun Mol Nuálaíochta Nascóra AgTech a bhunú ag Feirm Liamhna UCD i gContae Chill Dara.

Léiríis is ea na héachtaí ar fad sa chuid seo, mar is iondúil, ar an scil agus tiomantas atá ag ár bhfoireann teagaisc, taighdeoirí agus foireann tacaíochta taighde. Ó tharla gur baineadh na héachtaí amach le linn bliana inar cuireadh isteach ar chúrsaí an oiread sin mar gheall ar an bpaindéim dhomhanda, is mó fós na héachtaí ar fad a baineadh amach. Táim thar a bheith buíoch ar fad do gach duine a chuireann lenár misean taighde agus nuálaíochta, le linn na bliana seo a léirigh chomh tábhachtach agus atá torthaí taighde agus go bhfuiltear ag brath orthu sin ar fud an domhain.

Professor Orla Feely

Leas-Uachtarán UCD um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar

Cistiú Taighde 2019/20

Cláraíodh conarthaí taighde seachtracha ar luach €122.3 milliún le linn na bliana (féach Tábla 1). Cé go bhfuil an figiúr sin níos luaithe ná a bhí ann anuraidh, bliain eisceachtúil a bhí ann i mbliana nuair a rinneadh cuid dár n-ionaid is mó taighde a athnuachan. Bhí an t-iomlán le haghaidh 2019/20 comhionann le 2017/18, rud atá thar cionn. Tugtar miondealú ar na dámhachtainí de réir maoinitheora i dTábla 1 agus na sonraí ar fad do na dámhachtainí is mó i dTábla 2.

Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann go fóill ar an maoinitheoir is mó le haghaidh deontais sheachtracha taighde in UCD, agus an Coimisiún Eorpach gar ina diaidh. Bhí na dámhachtainí a bhronn an Coimisiún Eorpach a cláraíodh in 2019/20 díreach os cionn dhá oiread níos mó ná an luach ón bhfoinse chéanna anuraidh. Tá sé

sin an-suntasach má chuirtear san áireamh tábhacht straitéiseach an mhaoinithe sin. Nuair a bhí 2019/20 ag tarraingt chun deiridh, bhronn Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Bord Taighde Sláinte 22 dámhachtain ar UCD arbh fhiú €2.4 milliún ar an iomlán iad, faoi Ghlaonna Comhpháirteacha Mearfhreagartha COVID-19.

Foilseacháin Taighde

Tá sonraí na bhfoilseachán taighde uile do thréimhse na Tuarascála ar fáil ar líne ag www.ucd.ie/research/publications

Tábla 1: de Dhámhachtainí Taighde

Bliain	Luach iomlán na gconarthaí sínithe lena n-áirítear ranníocaíochtaí le forchostais (€ milliún)	Ranníocaíochtaí iomlána d'fhorchostais (%)	Líon iomlán na gconarthaí a bronnadh	Líon na dtograí a cuireadh isteach
2007/2008	115.9	17.3	445	1,090
2008/2009	116.8	21.0	537	1,150
2009/2010	49.5	6.7	449	1,069
2010/2011	103.3	17.0	510	1,123
2011/2012	75.7	9.5	532	1,263
2012/2013	113.3	17.4	614	1,167
2013/2014	114.1	16.5	672	1,245
2014/2015	106.3	17.2	627	1,603
2015/2016	93.7	13.2	652	1,372
2016/2017	97.50	12.3	661	1,336
2017/2018	122.38	17.3	706	1,411
2018/2019	151.04	20.5	607	1,354
2019/2020	122.34	16.1	737	1,468

Foinse maoinithe 2019/20	Líon na gconarthaí	Luach (€ milliún)
Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI)	91	29.97
An Coimisiún Eorpach (CE)	56	28.28
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn (IRC)	128	8.52
Fiontraíocht Éireann (EI)	115	13.14
An Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara	25	9.98
Eile	322	32.45
Iomlán	737	122.34

Tábla 2: Na Deontais is Mó a Bronnadh ar UCD 2019/20

Ceannaire	Foinse maoinithe	Clár	Teideal	Iomlán na gCostas Díreach €
An tOllamh Ronan Cahill, Scoil an Leighis UCD	Fiontraíocht Éireann (EI)	An Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (DTIF)	The Future of Colorectal Cancer Diagnosis and Treatment: Combining Tissue Responsive Probes AI and Machine Learning to Transform Medical Care	2,320,721
An tOllamh William Gallagher, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD	Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI)	Bonneagar Taighde	National Preclinical Imaging Centre	2,012,170
An tOllamh Gerardine Meaney i dteannta an Ollaimh Derek Greene, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD agus Scoil na Ríomheolaíochta UCD	FÍS 2020	Ard-Deontas ES - ERC	European Migrants in the British Imagination: Victorian and Neo-Victorian Culture (VICTEUR)	1,998,501
An tOllamh Fengzhou Fang, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Ábhar UCD	Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI)	Bonneagar Taighde	Ultra-precision Multi-functional Freeform Manufacturing Infrastructure for Innovative Medical Devices and Implants	1,938,950
An tOllamh Wenxin Wang, Scoil an Leighis UCD	Fiontraíocht Éireann (EI)	An Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (DTIF)	A Disruptive Gene Therapy Platform Replacing Viruses in the Treatment of Genetic Conditions	1,703,892
An tOllamh Eoin Carolan, Scoil an Dlí UCD	FÍS 2020	Deontas Comhdhlúiteora ES - ERC	The Foundations of Institutional Authority: A multi-dimensional model of the separation of powers (FIAT)	1,598,102
An tOllamh Carel Le Roux leis an Dr Deirdre McGillicuddy agus an Dr Fiona McGillicuddy, Scoil an Leighis UCD agus Scoil an Oideachais UCD	An Comhghnóthas um an Tionscnamh um Chógais Nuálacha (IMI JU)	Comhthionscnaimh Teicneolaíochta (JTI)	Stratification of Obese Phenotypes to Optimize Future Obesity Therapy (SOPHIA)	1,306,886
An tOllamh Rory Johnson, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD	Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI)	Ceannairí Taighde na Todhchaí (FRL)	Discovering non-protein-coding vulnerabilities in lung cancer with CRISPR-Cas9	1,246,311
An Dr Amy Strecker, Scoil an Dlí UCD	FÍS 2020	Deontas Tionscnaimh ES - ERC	Land Property and Spatial Justice in International Law – PROPERTY [IN]JUSTICE	1,200,000
An Dr Fionnuala Murphy, Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia UCD	FÍS 2020	ES – Líonra Oiliúna Nuálaíoch Marie Skłodowska-Curie (ITN)	A Disruptive Innovative Cooperative Entrepreneurial (DICE) education training and skills development programme rolling out the next generation of Agri Biorefinery and Valorisation Bioeconomy leaders (AgRefine)	1,177,817

Ceannaire	Foinse maoinithe	Clár	Teideal	Iomlán na gCostas Díreach €
An Dr Sharleen O'Reilly, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD	FÍS 2020	SC1 – Athrú déimeagrafach agus folláine na sláinte	Implementation Action to prevent Diabetes from Bump 2 Baby (IMPACT DIABETES B2B): a low-resource system of care intervention for appropriate gestational weight gain and improved postnatal outcomes (IMPACT DIABETES B2B)	1,167,324
An tOllamh Wim Meijer, an tOllamh John O'Sullivan agus an tOllamh Gregory O'Hare, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh, Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta UCD agus Scoil na Ríomheolaíochta UCD	CE – Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)	INTERREG VA – Éire An Bhreatain Bheag	ACCLIMATIZE	1,053,957
An Dr Ríona Nic Congáil, Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD	FÍS 2020	Deontas Tionscnaimh ES – ERC	Youth Engagement in European Language Preservation 1900-2020 (YEELP)	1,023,408

An tOllamh David Farrell Gradam um Thionchar Chomhairle Taighde na hÉireann ag fáil an Ghradaim 'Taighdeoir na Bliana' 2019 de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn ón Uachtarán Michael D. Higgins, mar gheall ar an méid suntasach a chuir sé le taighde ar chórais toghcháin agus ar pholaitíocht na hionadaíochta i stáit dhaonlathacha.



€20m

bronnta ar thaighdeoirí UCD ó fhoinsí inmheánacha

Scéim Síolchistithe

Déanann UCD infheistíocht shuntasach sa tacaíocht dhíreach le haghaidh taighde san Ollscoil. In 2019/20, bronnadh €20 milliún ar thaighdeoirí UCD ó fhoinsí inmheánacha.

Ceann de na príomhscéimeanna chun tacaíocht inmheánach a thabhairt don taighde ná an Scéim Síolchistithe. Clúdaíonn snáitheanna na scéime Scaipeadh agus Torthaí, Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, Ollúna Cuartaíochta, agus Dámhachtainí Forbartha Gairme. Mar a léirítear i dTábla 3, bronnadh 115 dámhachtain faoin Scéim Síolchistithe in 2019/20, €300,000 ar an iomlán.

Scéim UCD EQUIP

Scéim mhór inmheánach cistithe eile is ea Scéim EQUIP UCD, a reáchtáladh den dara huair in 2019/20. Cuireann an scéim cistiú ar fáil le haghaidh trealamh taighde chun tacú le taighde agus nuálaíocht iontach atá ar bun ag bunús leathan thaighdeoirí UCD. Bronnadh sé dhamhachtain déag, arbh fhiú díreach os cionn €1.9 milliún iad, mar atá le feiceáil i dTábla 4.

16

dhuais arbh fhiú beagán os cionn €1.9 milliún bronnta faoi Scéim EQUIP UCD

Tábla 3: Scéim Shíolchistithe UCD

Síolchistiú 2020 de réir cláir	Líon na n-iarratas	Luach na n-iarratas €	Líon na ndámhachtainí	Luach na ndámhachtainí €
Scaipeadh & Torthaí	262	469,378	82	100,001
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú Snáithe A	31	259,263	3	15,000
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú Snáithe B	11	31,097	3	5,000
Ollúna ar Cuairt – Ag Teacht Isteach agus ag Dul Amach	15	184,669	8	50,000
Gradam Forbartha Gairme	95	1,147,526	19	129,999
Comhiomlán	414	2,091,933	115	300,000

Síolchistiú 2020 de réir Coláiste	Líon na n-iarratas	Luach na n-iarratas €	Líon na ndámhachtainí	Luach na ndámhachtainí €
Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí	17	79,435	9	26,629
An Coláiste Gnó	12	51,977	3	2,871
Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta	98	441,263	25	74,361
Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte	95	620,670	25	65,809
Coláiste na hEolaíochta	122	484,146	30	71,795
Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí	69	412,736	23	58,536
Leas-Uachtarán Taighde, Nuálaíochta & Tionchair	1	1,706	0	0
Comhiomlán	414	2,091,933	115	300,000

Tábla 4: Clár EQUIP UCD

Príomh-larratasóir	Foireann an iarratais	Coláiste	Scoil	Méid faomhaithe €	Ball trealaimh
Amanda McCann	An tOll. Lorraine Brennan, an tOll. Comhlach Ibert Smolenski, an tOll. Comhlach Oliver Blacque, an tOll. Cúnta Niamh O'Sullivan, an tOll. Cúnta Eoin Brennan, an tOll. Cúnta Carol Aherne, an tOll. Cúnta Stephen Thorpe, an tOll. Cúnta Lynne O'Shea, an tOll. Cúnta Pamela Kelly, an tOll. Desmond J. Tobin	Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte	Scoil an Leighis	65,000	Córas Stórála Criógíní (Nítrigin Leachta). (Dewars, Bulc-umair, Fardal)
Anding Zhu	An tOll. Robert Bogdan Staszewski, an tOll. Comhlach Elena Blokhina, Prof Madeleine Lowery, an tOll. Comhlach Stephen Redmond, an tOll. Comhlach Aisling Ní Annaidh, an tOll. Lorraine Hanlon	Coláiste na hInneal-tóireachta agus na hAiltireachta	Scoil na hInneal-tóireachta Leictreí agus Leictreonaí	163,097	Meaisín Muilleála LPKF ProtoLaser S4
Catherine Godson	An tOll. Gerry Wilson, an tOll. Comhlach Albert Smolenski, an tOll. Comhlach Tara McMorrow, an tOll. William Watson, an tOll. Cormac Taylor, an tOll. Cúnta Niamh O'Sullivan, an tOll. Cúnta Yan Yan, an tOll. Cúnta Stephen Thorpe	Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte	Scoil an Leighis	90,000	Caibinéid bhith-shábháilteachta BSL 2 x 4, Goradáin CO ₂ x 10, Micreascóp Inbhéartaithe fluaraiseach Bright-field, agus ceamara le haghaidh breath-nóireacht saothrán ceall x 4
Ciaran McNally	An tOll. Comhlach Elizabeth Shotton, An tOll. Comhlach Vikram Pakrashi, An tOll. Cúnta Jennifer Keenahan, An tOll. Cúnta Oliver Kinnane	Coláiste na hInneal-tóireachta agus na hAiltireachta	Scoil na hInneal-tóireachta Sibhialta	144,331	Fráma ursanach – ardán tástála struchtúrtha
Cormac Taylor	An tOll. Paul McLoughlin, an tOll. Ulla Knaus, an tOll. Comhlach Siobhán McClean, an tOll. Geraldine Butler, an tOll. Cúnta Eoin Cummins, an tOll. Cúnta Sergio Rey, an tOll. Cúnta Luana Schito, an tOll. Taca Comhlach Silke Ryan, an tOll. Comhlach Margaret McGee	Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte	Scoil an Leighis	113,000	Seomraí Hiopocsachta x 2
David Brayden	An tOll. Cormac Taylor, an tOll. Cúnta Alison Reynolds, an tOll. Cúnta Sínead Ryan, an tOll. Comhlach Eoin O'Cearbhaill, an tOll. Des Winter, an tOll. Comhlach Deirdre Campion, an tOll. Torres Sweeney, an tOll. Comhlach Siobhán McClean, an tOll. Cúnta Colm Collins, an tOll. Desmond Tobin	Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte	Scoil an Leighis Tréidliachta	90,000	Cóais Soithigh Idirleata chun floscanna druga thar fhíocháin ó speicis daonna agus ainmhithe a thomhas: Soithí Ussing agus Cealla Franz (Feidhmiú "Aon tSláinte Amháin")
Declan Gilheany	An tOll. David Brayden, an tOll. Eileen Gibney, an tOll. Elaine O'Reilly, an Dr Eoghan McGarrigle	Coláiste na hEolaíochta	Scoil na Ceimice	225,000	Crómatagrafaíocht Leachtach Fíor-Ardfheidhmíochta (UHPLC)
Adrian Ottewill	An tOll. Cúnta Andrew Hines, an tOll. Cúnta Catherine Mooney, an tOll. Cúnta Daniel Hurley, an tOll. Emma Teeling, an tOll. Cúnta Georgiana Ifrim, an tOll. Cúnta Kathleen Curran, an tOll. Madeleine Lowery, an tOll. Niall English, an tOll. Comhlach Philip Cardiff, an tOll. Séamus Fanning, an tOll. Cúnta Vladimir Lobaskin	Coláiste na hEolaíochta	Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí	119,996	Braisle "Sonic" HPC de chuid UCD

Príomh-larratasóir	Foireann an iarratais	Coláiste	Scoil	Méid faomhaithe €	Ball trealaimh
Frank McDermott	An tOll. J. Stephen Daly, an tOll. Comhlach Barry Molloy, an tOll. Cúnta Jessica Smyth, an Dr Weimy Xu	Coláiste na hEolaíochta	Scoil na nDomhan-eolaíochtaí	50,000	Braiteoirí iain iomarcacha a uasghrádú agus a athsholáthar sa mhais-speictriméadar plasma cúpláilte go hionduchtach ThermoFisherScientific Neptune
Kenneth Dawson	An tOll. Comhlach Oliver Blacque, an tOll. Enda Cummins, an tOll. Wim Meijer, an tOll. Cúnta Susan Kelleher, an tOll. Cúnta Yan Yan, an tOll. Comhlach Susan Quinn, an tOll. Cúnta Demetra Achilleos, an tOll. Gareth Redmond	Coláiste na hEolaíochta	Scoil na Ceimice	74,141	Zetasizer Ultra DLS
John O'Doherty	An tOll. Kevin McDonnell, an tOll. Tommy Boland, an Dr Finbar Mulligan, an Dr Karina Pierce, an Dr Bridget Lynch, an Dr Helen Sheridan	Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte	Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia	64,801	Anailíseoir Próitéine LECO
Alex Evans	An tOll. Tommy Boland, an tOll. Mark Crowe, an tOll. Comhlach Trudee Fair, an tOll. Cúnta Bridget Lynch, an tOll. Kevin McDonnell, an tOll. Comhlach Karina Pierce, an tOll. Cúnta Helen Sheridan	Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte	Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia, Feirm Lyons	70,000	Cúig phíosa de threalamh feirme riachtanach – Tarracóir, Beathaitheoir Cothaithe, Leathadóir Sciodair, Trealamh Innilt Nialasaí, Sluasaid Lódála
Michael Keane	An tOll. Cúnta Carol Aherne, an tOll. Lorraine Brennan, an tOll. Comhlach Neil Gerard Docherty, an tOll. Comhlach Trudee Fair, an tOll. Breandán Kennedy, an tOll. Paul McLoughlin, an tOll. Comhlach Eoin O'Cearbhaill, an tOll. Comhlach Niamh O'Sullivan, an tOll. Desmond Tobin	Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte	Scoil an Leighis	161,412	Croí Histeolaíochta le haghaidh Próiseáil Fíochán
Pat Guiry	An tOll. Lorraine Brennan, an tOll. Declan Gilheany, an tOll. Comhlach Grace Morgan, an tOll. Stefan Oscarson, an tOll. Cúnta Marina Rubini, an tOll. Comhlach Paul Evans, an tOll. Cúnta Eoghan McGarrigle, an tOll. Cúnta Elaine O'Reilly, an tOll. Cúnta Sharon O'Rourke, an tOll. Cúnta Chandralal Hewage	Coláiste na hEolaíochta	Scoil na Ceimice	399,750	Speictriméadair NMR
Terence O'Donnell	An tOll. Andrew Keane, an tOll. Federico Milano, an tOll. Comhlach Damian Flynn, an tOll. Cúnta Eoin Syron, an tOll. Cúnta Nan Zhao	Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta	Scoil na hInnealtóireachta Leictirí agus Leictreonaí	68,000	Aimplitheoir cumhachta/Aithriseoir Eangaí le haghaidh Crua-earraí Cumhachta i dTástáil Lúibe
Sharon O'Rourke	An tOll. Colm O'Donnell, an tOll. Aoife Gowen, an tOll. Nicholas Holden, An tOll. Kevin McDonnell, an Dr Julio Isidro Sánchez, an Dr Magdalena Necpalova, an Dr Colman Gallagher, an Dr Ainhua Gonzalez Del Campo, an Dr Sónia Negrão, an Dr Soumyabrata Dev	Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta	Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia	98,583	Speictrearáidméadar Infheicthe – Neas-infridhearg

Scéim Tacaíochta UCD do Thaighde bunaithe ar Thorthaí (OBRSS)

Cuireadh scéim inmheánach cistithe taighde eile ar bun, an Scéim Tacaíochta don Thaighde atá bunaithe ar Thorthaí, chun aitheantas a thabhairt nach mbítear in ann cuid mhór de na costais laethúla a bhaineann leis an ngníomhaíocht taighde a chlúdach le deontais taighde. Déanann an scéim seo cistiú tacaíochta taighde a sholáthar don fhoireann teagaisc, an cistiú sin bunaithe ar thorthaí a gcuid taighde, a mheastar de réir foilseacháin agus maoirseacht PhD. I rith na bliana seo, bronnadh cistiú tacaíochta ar 892 foireann teagaisc tríd an scéim OBRSS. Tugtar mionsonraí i dTábla 5.

Tábla 5: Scéim Tacaíochta Taighde Bunaithe ar Thorthaí

Coláiste	Líon na nDámhach-tainí	Luach na nDámhach-tainí €
Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí	94	63,737
An Coláiste Gnó	51	35,383
Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta	106	156,275
Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte	237	300,368
Coláiste na hEolaíochta	211	218,413
Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí	184	164,292
Eile	9	6,856
Comhiomlán	892	945,324

Anailísíocht agus Tionchar Taighde


Méadracht Foilseachán

In 2019, rinneadh 3,846 páipéar de chuid UCD a liostáil in Elsevier SciVal (féach Tábla 1). Cé nach léiríonn na sonraí a thugtar torthaí taighde UCD ina n-iomláine (5,622 foilseachán don bhliain), méadrach tábhachtach atá ann. Ar an iomlán, is mó líon na bhfoilseachán acadúil sa tír atá curtha i gcrích ag UCD le cúig bliana déag anuas.



Fochéimithe UCD ag glacadh páirte i nDúshlán PwC 2020 mar chuid dá gcuid modúl roghnach fochéime.

Léaráid 1: Líon na bhfoilseachán UCD a taifeadadh in SciVal in aghaidh na bliana



Foinse: Elsevier Scopus/SciVal (feicthe an 9 Deireadh Fómhair 2020)

Tionchar Acadúil

Is é is Tionchar Luanna Ualaithe de réir Réimse (FWCI) ann ná comparáid idir líon na luanna a fhaigheann alt agus líon na luanna a mbítear ag súil le go bhfaigheadh ailt den chineál céanna doiciméid (alt, léirmheas nó páipéar faoi imeachtaí comhdhála), a foilsíodh sa bhliain chéanna agus sa réimse céanna ábhair. Dá bhfaighfí scór 1.00 FWCI, chuirfeadh sé sin in iúl go ndearnadh foilseacháin institiúide a lua go díreach mar a bheifeá ag súil leis, bunaithe ar an meán domhanda d'fhoilseacháin mar sin. Má úsáidtear an méadrach seo, luadh foilseacháin UCD le cúig bliana anuas 75% ní ba mhinice ná an meán domhanda. Le cúig bliana anuas, bhí 17% fhoilseacháin UCD i measc na 10% de na foilseacháin ba mhinice a luadh ar fud an domhain. Ina theannta sin, scríobhadh 61% de na foilseacháin i gcomhar le hinstitiúidí i dtíortha eile, rud a léiríonn go soiléir gur ollscoil dhomhanda é UCD.

Tionchar Sochaíoch

Cuireann Comórtas Tionchair Taighde na gCás-Staidéar leis an acmhainneacht ar fud UCD chun tionchar an taighde a thaifeadh. Spreagann an comórtas gach taighdeoir, beag beann ar an disciplín, tionchar sochaíoch a chuid oibre a mheas agus a cheiliúradh.

Tugann an comórtas deis do thaighdeoirí in UCD cás-staidéar gearr scríofa a fhorbairt, ina bhfuil fomhánna léiritheacha, chun béim a leagan ar thionchar a dtaighde do lucht léitheoireachta seachtrach nach speisialtóirí iad. Féadtar na cás-staidéir a bhuaigh comórtas 2019 a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Thionchar Taighde UCD. Ba í an tOllamh Emilie Pine, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD, an buaiteoir ar an iomlán, as a cás staidéar 'Communicating the legacy of child abuse and helping victims heal.'

Réimsí Tosaíochtaí Straitéiseacha Taighde UCD – Príomh-Bhuaicphointí

In UCD, déanaimid iarracht taighde den scoth a dhéanamh sna réimsí inar féidir leis an Ollscoil a bheith ina ceannródaí domhanda, agus oibrímid i gcomhar lenár gcomhpháirtithe straitéiseacha chun é seo a bhaint amach. Leis sin a dhéanamh, tá ár gcuid taighde eagraithe againn le blianta beaga anuas taobh istigh de na sé théama tosaíochta seo:

1. Agraibhia
2. Cultúr, Geilleagar agus an tSochaí
3. Fuinneamh agus Déantúsaíocht
4. Comhshaol
5. Sláinte
6. TFC


Ó 2020/21 i leith, cuirfear na ceithre théama straitéiseacha nua ina n-áit atá le fáil i Straitéis 2020-2024 UCD, Réidh don Todhchaí.

Agraibhia

Tá earnáil an agraibhia ar an tionscal dúchasach is mó in Éirinn, agus ar thús cadhnaíochta ó thaobh cuid de na dúshlán dhomhanda is mó dá bhfuil ann a réiteach. An dúshlán is mó atá os comhair na hearnála ná inbhuanaitheacht an bhiashlabhraí, ón táirgeoir go dtí an tomhaltóir. Má tá córais bhia agus talmhaíochta le bheith ann a bheidh inbhuanaithe, beidh gá leis an éagsúlú, an athléimneacht, agus le cur chuige don chóras ar fad. Tá UCD ag cuidiú le héiceachóras náisiúnta láidir taighde agus nuálaíochta a thógáil chun tacú leis na buntáirgeoirí, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus ilnáisiúntaigh na cuspóirí sin a bhaint amach.

Tá saineolas againn san eolaíocht ainmhithe agus sa tréidliacht, agus dá bhrí sin tá UCD ag obair leis an tionscal chun 'feirmeacha don am atá romhainn' a chruthú, áiteanna a mbeidh cleachtais chliste agus bheachtais i bhfeidhm a dhéanfaidh táirgiúlacht a mhéadú go mór agus dramhaíl a laghdú go mór. Le chéile, déanfar inbhuanaitheacht agus iomaíochas domhanda a chinntiú san earnáil ionas go ndéanfar bia sábháilte, nuálach a fhorbairt agus sláinte daoine a chur chun cinn.

Léaráid 2: Tionchar Luanna Ualaithe de réir Réimse in aghaidh Tréimhse 5 Bliana



Buaicphointí san Agraibhia

Lean ceannairí agraibhia UCD ar aghaidh ag cur iad féin chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta i réimsí áirithe, idir an saol acadúil, eanáil na tionsclaíochta agus polasaí. Ceapadh an tOllamh Dolores O’Riordan, Stiúrthóir ar Institiúid Bia agus Sláinte UCD, chuig Coiste na bPáirtithe Leasmhara na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara le haghaidh Straitéis Agraibhia na hÉireann go 2030 (féach tuilleadh ó Institiúid Bia agus Sláinte UCD ar leathanach 50). Bhí ionchur chomh maith ag an Ollamh Kevin O’Connor, Stiúrthóir ar Ionad Taighde Bithghéilleagair SFI BiOrbic in UCD agus comhalta de Bhord Bunchuspóra an Choimisiúin Eorpaigh um Oiriúnú don Athrú Aeráide, lena n-áirítear Athrú Sochaíoch ó bhonn, mar gur chuir sé le díospóireacht na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, ‘Díospóireacht Oscailte maidir le Beartas’ i nDeireadh Fómhair 2019.

Chuaigh an tOllamh O’Connor agus an tOllamh Cúnta Fionnuala Murphy (BiOrbic fosta) ar aghaidh go dtí céim an tsíl sa chomórtas Dúshlán Duaise Nuálaí chun Neodracht ó thaobh Carbóin de SFI 2019. Is é is aidhm don thionscadal ‘Farm Zero C’, i gcomhar le Carbery agus daoine eile, an chéad fheirm dhéiríochta láidir atá neodrach ó thaobh carbóin de a chruthú.

D’éirigh thar barr le UCD sa nGairm Iomaíoch don Taighde a reáchtáil an Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara in 2019, a thug maoiniú do 38 tionscadal taighde, €20 milliún san iomlán. Bronnadh an dámhachtain ar an Ollamh John O’Doherty (€1.25 milliún) le haghaidh ‘PigNutriStrat’ – straitéis nua cothaithe agus bainistíochta chun spleáchas ar ábhar frithmhiocróbach agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach a laghdú ar fheirmeacha muc in Éirinn.

Tá an tOllamh Paula Bourke, Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia UCD, mar chomh-cheannasaí ar thionscadal €4.5 milliún dar teideal ‘Plasma-based therapies for bone infection’ le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste agus Ollscoil Jefferson, SAM. Tá an tionscadal á mhaoiniú ag Comhpháirtíocht Taighde agus Forbartha SAM-Éireann, agus d’fhéadfadh sé tionchar suntasach a imirt ar cad é mar a dhéantar cóireáil ar ionfhabhtuithe cnáimhe i ndiadh gnáthamh máinliachta ortaipéideach.

Bronnadh thart faoi €1.5 milliún ar gach duine as triúr taighdeoirí UCD i ndámhachtainí Uachtarán Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, Ceannasaithe Taighde Thodhchaí Éireann. Ar dhuine acusan bhí an tOllamh Cúnta Sónia Negrão. Bronnadh deontas uirthi chun straitéis inbhuanaithe táirgeachta eorna a fhorbairt, géanómaíocht aibí agus intleacht shaorga in úsáid.

D’éirigh le taighdeoirí agraibhia UCD maoiniú suntasach AE a fháil, lena n-áirítear: An tOllamh Sharleen O’Reilly, atá i gceannas ar thionscadal feidhmíthe €4.4 milliún Horizon 2020 (H2020) dar teideal ‘IMPACT DIABETES B2B’ chun sláinte na máthar agus an linbh a fheabhsú sa chéad míle lá; An tOllamh Kevin McDonnell atá i gceannas ar ‘LIFE farm4more’, clár píolótach talmhaíochta €5.5 milliún arb é an chéad tionscadal Gníomhú ar son na hAeráide LIFE a bhfuil ceannasaíocht Éireann air a bhain amach maolú aeráide i dtáirgiúlacht na próitéine ainmhithe; agus an tOllamh Comhlach Eileen Gibney, atá ina

// Ceann Scoil Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD, toghadh an tOllamh David Farrell ina Chathaoirleach ar an European Consortium for Political Research – an chéad duine Éireannach a toghadh don phost sin riamh //

38

tionscadal taighde ar fiú thart ar €20 milliún iad san iomlán trí Ghlaio Iomaíoch ar Thaighde DAFM 2019

comhpháirtí ar thionscadal H2020 €11 milliún ‘FNS-Cloud’, chun réiteach bunaithe sa réal a chruthú a chuideoidh leis an eanáil bia costais a laghdú agus táirgiúlacht inbhuanaithe a mhéadú, agus a chuidíonn le tomhaltóirí roghanna sláintiúla ar an eolas a dhéanamh.

Cultúr, Geilleagar agus an tSochaí

Tá clú ar UCD as a thaighde agus tionchar a thaighde i réimsí na nEalaíon, na nDaonnachtaí, an Ghnó, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí. Tá taighdeoirí UCD fós chun tosaigh i scoláireacht na hÉireann agus a timpeallacht dhomhanda: ag baint ciall as an am atá thart, ag ceistiú ár linne féin go criticiúil, agus ag samhlú na toidhcháí. Bíonn tionchar acu ar bheartais agus ar dhíospóireacht phoiblí, agus cuireann siad go mór leis an gcultúr.

Buaicphointí a bhaineann leis an nGeilleagar Cultúrtha agus an tSochaí

Ceapadh an tOllamh Gerardine Doyle, Coláiste Gnó UCD, mar Uachtarán ar an European Institute of Advanced Studies in Management (EIASM). Ó bunaíodh in 1971 é, tá EIASM ina líonra ildisciplíneach do thaighdeoirí agus do mhic léinn dochtúireachta i réimse na bainistíochta. Tá níos mó ná 50,000 eolaí bainistíochta as gach cearn den Eoraip mar chuid de faoi láthair. Ceapadh Comhstíúrthóir Ionad Gnó agus Sochaí UCD, an tOllamh Donna Marshall, ina céad Uachtarán Éireannach ar an International Purchasing and Supply Education and Research Association. Idir an dá linn, bhain an Mháistreacht Iarchéime i Scoil Ghnó Michael Smurfit sa Bhainistíocht Idirnáisiúnta in UCD an 8ú háit (ar cheann de na chéad deich gcinn is fearr) ar domhan amach i rangú mór le rá na Máistreachtaí sa Bhainistíocht de chuid an Financial Times don tríú bliain as a chéile.

Toghadh an tOllamh David Farrell, Ceann Scoil Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD, mar Chathaoirleach ar an European Consortium for Political Research – an chéad duine Éireannach a toghadh don phost sin riamh. Bhain an tOllamh Farrell an Gradam um Thionchar amach freisin ag Gradaim Thaighdeoir na Bliana de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn 2019 as ucht a bhfuil curtha aige leis an taighde ar chórais toghcháin agus ar pholaitíocht na hionadaíochta i dtíortha ina bhfuil an daonlathas a bhfeidhm. Bhronn an Chomhairle um Thaighde in Éirinn gradam speisialta ar an Ollamh Emeritus Kathleen Lynch as ucht an méid a chuir sise le taighde ar an gcomhionannas agus ar an rannpháirtíocht le blianta fada. Ceapadh an tOllamh Emeritus Maeve Conrick mar Chomhalta Tuata don Choiste Iompair Bhreithiúnaigh. Is comhlacht neamhspleách í an Chomhairle Bhreithiúnach, a bunaíodh i mí na Nollag 2019, ar breithiúna na hÉireann iad a chomhaltaí, agus atá ina bhrainse neamhspleách ar leith den Rialtas.

Bronnadh Deontas Comhdhlúiteora ERC de luach €2 mhilliún ar an saineolaí ar an dlí bunreachtúil, an tOllamh Eoin Carolan, chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann treochtaí reatha sóisialta agus polaitiúla i bhfeidhm ar chórais scartha cumhachtaí. Is léir ó thorthaí polaitiúla, amhail an vóta ar son an Bhreathimeachta, go bhfuil méadú ag teacht ar chailliúint chreideamh na ndaoine in institiúidí traidisiúnta agus i gceannairí polaitiúla. Scrúdóidh an taighde seo an chaoi ar cheart go n-athrófaí ár múnlaí bunreachtúla chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo.

Bhronn an Fhondúireacht Alexander von Humboldt Duais Reimar Lüst na bliana 2020 ar Stiúrthóir Ionad UCD um Staidéar Cogaidh, an tOllamh Robert Gerwarth. Leis an duais seo, ar fiú €60,000 í, aithnítear a bhfuiltear bainte amach ag scoláirí daonnachtaí idirnáisiúnta agus eolaithe sóisialta le linn an tsaoil, a bhfuil cion eisceachtúil déanta acu i gcur chun cinn an chaidrimh dhéthaobhaigh idir an Ghearmáin agus a dtír chónaithe féin. Bhuaigh an tOllamh Emilie Pine, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD, an chéad duais i gComórtas Tionchair Taighde na gCás-Staidéar UCD 2020. Sa chás-staidéar a rinne sí, 'Communicating the legacy of child abuse and helping victims heal', chuir sí a cuid taighde i láthair, taighde a bhí dírithe ní hamháin ar na daonnachtaí ach ar theicneolaíochtaí digiteacha eile chomh maith, chun eolas nua ar scála agus castacht na mí-úsáide institiúidí a thabhairt chun solais. Chabhraigh a cuid oibre go mór mór leis na híospartaigh freisin, go háirithe trí *Survivor's Stories*, snáithe tionscadail a chaomhnaíonn cuimhní na n-íospartach ar an drochíde a d'fhulaing siad, atá anois mar chuid den Bhailiúchán Bhéaloideas Éireann ag UCD.

Bronnadh Ard-dheontas ERC ar fiú thart ar €2.5 milliún é ar an Stiúrthóir Ionad UCD um Anailís Chultúrtha, an tOllamh Gerardine Meaney, le haghaidh staidéir atá dírithe ar an imirce agus an cultúr. Mar shaineolaí ar mhodheolaíochtaí digiteacha nua a chur i bhfeidhm ar thaighde daonnachtaí, oibreoidh an tOllamh Meaney leis an Dr Derek Greene, Scoil na Ríomheolaíochta UCD, chun aghaidh a thabhairt ar cheist shochoaíoch maidir leis an tionchar a bhíonn ag an imirce ar fhéiniúlacht chultúrtha phobal imirceach agus óstach araon san fhadtarma stairiúil - ceist atá fós gan freagra.

Seoladh Músaem Litríochta na hÉireann (MoLI) i mí Mheán Fómhair na bliana seo caite. Comhoibriú stairiúil idir UCD agus Leabharlann

// Bhuaigh an tOllamh Emilie Pine, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannán i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath an chéad duais i gComórtas Tionchair Taighde na gCás-Staidéar 2020 UCD //



An tOllamh Orla Feely (ar chlé) agus an tOllamh Emilie Pine le hUachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks, buaiteoirí Chomórtas Tionchair Taighde na gCás-Staidéar UCD 2020.



An tOll. Orla Feely (ar chlé) agus an fhoireann 'My World Survey', an tOll. Comhlach Amanda Fitzgerald, an tOll. Barbara Dooley agus an Dr Clíodhna O'Connor, an chéad ghrúpa sa dara háit i gComórtas Tionchair Taighde na gCás-Staidéar UCD 2020 i gcomhar leis an Ollamh Andrew Deeks, Uachtarán UCD.

Náisiúnta na hÉireann atá ann agus cuireann sé seoda ó bhailiúcháin liteartha an Stáit ar taispeáint, chomh maith le haighneachtaí ónár mBailiúchán Speisialta féin de chuid UCD agus ó Bhailiúchán Bhéaloideas Éireann. Tá tacaíocht faighte ag an músaem ón bhFondúireacht Naughton agus ó Fháilte Éireann araon.

Fuinneamh agus Déantúsaíocht

Ag UCD, táimid ag lorg réiteach ar fhadhbanna fuinnimh an 21ú haois. Cuimsíonn ár saineolas taighde na foinsí traidisiúnta fuinnimh, chomh maith leis an gcomhtháthú fuinnimh inbhuanaithe agus an comhéadan idir fuinneamh agus TFC i réimsí amhail Eangacha Cliste agus Cathracha Cliste. Déanann taighdeoirí UCD anailís ar ghnéithe eacnamaíochta agus gnéithe den eolaíocht iompraíochta a bhaineann le roghanna maidir le fuinneamh, agus déanaimid iarracht úsáid éifeachtúil fuinnimh inbhuanaithe a chomhtháthú sa chreat beartais, agus spreagtar mar sin teacht chun cinn fiontar fuinnimh nua. Oibríonn an Ollscoil le raon leath comhpháirtithe ar cuideachtaí fuinnimh iad, agus is céimithe de chuid UCD go leor de na ceannairí san earnáil náisiúnta agus idirnáisiúnta fuinnimh.

Is réimse ar leith é an déantúsaíocht ardleibhéil inar éirigh le UCD toilleadh suntasach taighde a bhunú. Tá iomaíochas déantúsaíochta sainaitheanta ag an nGrúpa Stiúrtha Náisiúnta um Beartú Sosaíochtaí Taighde mar phríomhréimse taighde, agus tá Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD ag cur a straitéis in oiriúint ionas go mbeidh siad in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá sa réimse seo.

Buaicphointí Fuinnimh

Tá an fuinneamh ríthábhachtach do gach gné dár ngeilleagar agus dár sochaí ach cuireann sé go mór freisin lenár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus leis an athrú aeráide. Tá dúshláin shuntasacha ann maidir leis an tionchar a bhíonn ag an úsáid fuinnimh ar an gcomhshaol a laghdú, agus san am céanna, na caighdeáin mhaireachtála a mbítear ag súil lena gcoinneáil. Tá UCD fós tiomanta do dhíchárbónú an chórais fuinnimh agus, san am céanna, soláthar fuinnimh atá iontaofa agus slán a chothabháil do gach saoránach agus tionscal, go príomha trí obair Institiúid Fuinnimh UCD (féach tuilleadh maidir leis sin ar leathanach 50).

Buaicphointí Déantúsaíochta

Seoladh I-Form, an tIonad Taighde SFI um Ardmonaraíocht, in

2018 agus leanann sé de bheith ag fás, le breis agus 30 acadóir agus 55 taighdeoir mar chuid de faoi láthair. Anuas ar a chuid taighde lárnach, tá an tIonad ag obair ar 25 spriocthionscadal comhchistithe arb aidhm dóibh próiseáil ábhar a bharrfheabhsú trí uirlisí digiteacha amhail samhaltú próisis agus anailísíocht sonraí a úsáid. I measc na réimsí ina ndírítear ar an teicneolaíocht tá déantúsaíocht bheisithe, innealtóireacht dromchla, beachtmhonaraíocht agus digitíú próisis trí theicneolaíocht bhraiteora agus an mheaisínfhoghlaim a úsáid.

Ba bhall comhbhunaitheach den phobal déantúsaíochta eolais agus nuálaíochta de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT), tionscnamh ar bhain luach €400 milliún leis, é I-Form in 2019 agus tá os cionn €320,000 de mhaoiniú faighte aige don chéad bhliain den chlár le haghaidh ceithre thionscadal. Áirítear leo siúd: PERFORM (córas oiliúna le haghaidh déantúsaíocht bheisithe cibirfhisiciúil); LEAFOX (Learning Factory in a Box, tionscnamh a bhfuil sé mar aidhm aige an dearcadh ar an déantúsaíocht i scoileanna a athrú); DEEPINC (líonra Eorpach de ghorlanna a chuireann an t-éiceachóras iomchuí ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta agus do FBManna chun a saineolas teicneolaíochta san ardmhonaraíocht a mhéadú); agus M-MASTER (Ballstát uile-Eorpach san ardmhonaraíocht).

Bronnadh os cionn €500,000 ar I-Form i maoiniú COVID-19 Mearfhreagartha do shé thionscadal – féach an tuarascáil speisialta maidir le COVID-19 le haghaidh tuilleadh eolais ina thaobh sin.

Comhshaol

Baineann cuid mhór de na dúshláin dhomhanda atá romhainn inniu lenár gcumas comhshaol inbhuanaithe a chruthú agus acmhainní nádúrtha a úsáid go ciallmhar. Cuireann taighdeoirí UCD réitigh praiticiúla ar fáil i réimsí amhail an mhaireachtáil inbhuanaithe, acmhainní nádúrtha, an t-athrú aeráide, guaiseacha nádúrtha agus an timpeallacht thógtha. Tá saineolas acu i réimse leathan disciplíní, lena n-áirítear na heolaíochtaí bitheolaíochta agus fisiciúla, chomh maith leis an eacnamaíocht, an t-iompar agus an rialachas, agus tá siad ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin atá roimh chomhshaol na hÉireann, mar aon leis na bagairtí atá ann don domhan i gcoitinne.

Buaicphointí maidir leis an gComhshaol

Chuir iCRAG, Ionad Taighde SFI le haghaidh Geoeolaíochtaí Feidhmeacha, dlús leis an taighde ar an gcomhshaol atá ar bun acu chun dul chun cinn a chur san áireamh maidir le monatóireacht a dhéanamh ar thruailliú screamhuisce agus láithreánú feirmeacha gaoithe amach ón gcósta. Ina theannta sin, tá clár PhD nua sna Geoeolaíochtaí Comhshaoil, atá á thairiscint i gcomhar le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, chun cur le tionchar níos leithne an Ionaid ar ghuaiseacha nádúrtha agus ar sciorradh talún fomhuirí.

Mar chuid de mheicníocht mhaoinithe Ionad-go-hIonad Éire-SAM, tá taighdeoirí iCRAG in UCD ag tabhairt faoi thionscadal uailmhianach ilpháirtí lena gcomhghleacaithe in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus Ollscoil Arizona State chun modhanna bithbhunaithe imchochlaithé dramhaíola a fhorbairt. Agus é ag obair le comhpháirtithe an tionscail dhomhanda, leanann an tIonad d'fheabhas a chur ar thaiscéaladh na n-ábhar agus na mialtáirí criticiúla is gá don aistriú glas chuig todhchaí dhíchárbónaithe faoi 2050.

Bronnadh os cionn €1 milliún ar an Ollamh Wim Meijer, Ceann Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bhithleigheis, mar chuid de Chéim II le haghaidh trí phacáiste oibre sa tionscadal comhoibrithe Acclimatize idir Éire agus an Bhreatain Bheag. Leis an tionscadal seo, faoi stiúir an Ollaimh Meijer agus an Ollaimh David Kay (Ollscoil Aberystwyth), cuirtear deireadh leis an mbearna eolais maidir le truailliú uiscí snámha uirbeacha agus tuaithe atá i mbaol.

€2.5m

Ard-dheontas ERC bronnta ar an Ollamh Gerardine Meaney, Stiúrthóir Ionad UCD le haghaidh Anailísíochta Cultúrtha le haghaidh staidéar dírithe ar imirce agus cultúr

€500,000

bronnta ar I-Form haghaidh sé thionscadal maidir le Mearfhreagairt ar

€10m

bronnta ar Precision Oncology Ireland ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Is é UCD an príomh-chomhpháirtí acadúil sa chuibhreannas uathúil seo

Féach ar níos mó buaicphointí ó Institiúid Domhaneolaíochta UCD ar leathanach 50.

Sláinte

In UCD, táimid ag breathnú amach romhainn i dtreo thodhchaí an chúraim sláinte, todhchaí ina mbeidh teiripí, teicneolaíochtaí agus feistí nua a eascraíonn ón gcomhoibriú idir úsáid na teicneolaíochta agus na bitheolaíochta. Tá ár gcur chuige bunaithe ar an mbeachtleigheas, agus soláthraíonn sé deiseanna iontacha i dtaobh na dteiripí is fearr a roghnú agus fo-iarmhairtí a laghdú thar réimse speisialtachtaí, lena n-áirítear an ailse, galair mheitibileacha agus chardashoithíocha, agus an deirmeolaíocht. Díríonn OneHealth ar cheann de réimsí tosaíochta eile de chuid UCD, galair thógálacha agus neamhchoiteanna, agus bíonn sé ag plé le sláinte ainmhithe chomh maith le sláinte daoine.

Is ceannródaí UCD freisin i gcur chun cinn na sláinte agus bíonn tionchar againn ar bheartais agus ar chleachtas, agus oibríonn ár gClár Sláinte Comhnasctha i gcomhar le cliniceoirí, leis an tionscal agus le hothair chun an dóigh a gcuirtear cúram sláinte ar fáil a athrú. Agus é ag obair leis an líonra ospidéal acadúil is mó in Éirinn, Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann (IEHG), cuireann UCD deiseanna uathúla aistrithe agus forfheidhmíthe ar fáil.

Buaicphointí Sláinte

Tá UCD chun cinn i réimse an Bheachtleigheis agus bhain sé borradh mór infheistíochta amach le bliain anuas i bhfoirm maoiniú €10 milliún ó Fondúireacht Eolaíochta Éireann le haghaidh Precision Oncology Ireland (POI), faoi cheannas an Ollaimh Walter Kolch, Scoil an Leighis UCD, agus Córais Bitheolaíochta Éireann. Cruthóidh an cuibhreannas uathúil de chúig ollscoil Éireannacha, lena n-áirítear UCD mar phríomh-chomhpháirtí acadúil, sé charthanacht taighde ailse in

Éirinn, agus deich gcomhlacht, diagnóisic agus teiripe nua d'othair ailse agus úsáid á baint as modheolaíochtaí leighis pearsantaithe.

Is paindéim dhomhanda é an murtall atá ag dul i bhfeidhm ar thart ar 150 milliún duine san Eoraip faoi láthair agus 650 milliún duine ar fud an domhain. Tá taighde ar an murtall á stiúradh i gcónaí ag UCD. Tá an Ollscoil i gceannas freisin ar SOPHIA (Stratification of Obese Phenotypes to Optimize Future Obesity Therapy), cuibhreannas AE nua taighde tionscaltreoraithe dar luach €16 mhilliún a seoladh i Meitheamh 2020. Tá an tOllamh Carel le Roux, dochtúir murtail in Ionad Taighde Diaibéiteas UCD agus Institiúid Conway UCD, ina chomhordaitheoir ar an gcuibhreannas. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal, ina bhfuil 29 comhpháirtí ón tsochaí shibhialta, ón lucht acadúil agus ón earnáil tionsclaíochta in 12 thír éagsúla, feabhas a chur ar mheasúnú riosca ar na haimhréidheanna arb é murtall is cúis leo agus ar chóireáil a thuar do dhaoine murtallacha.

D'aithin taighdeoirí san Ionad Taighde um Aimhréidheanna Diaibéiteas UCD agus a gcomhoibrithe idirnáisiúnta sé réigiún déag de ghéanóim an duine a bhfuil nasc iontu leis an ngalar diaibéiteach duáin (DKD), an chúis is mó le galar duáin a d'fhéadfadh a bheith ina chúis leis an ngéarchliseadh orgán. D'oibrigh foireann UCD in Institiúid Mhic Con Mí, faoi stiúir an Ollaimh Catherine Godson agus an Dr Eoin Brennan, i gcomhar lena gcomhghleacaithe ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, an Institiúid Broad, Scoil Leighis Harvard agus Ollscoil Heilsincí chun staidéar comhcheangail ar fud na géanóm a chur i gcrích. Is é seo an staidéar is fairsinge a rinneadh riamh chun breathnú ar ghéineolaíocht an ghalair DKD.

Bronnadh deontas €889,104 ón mBord um Thaighde Sláinte ar an Ollamh Lorraine Brennan don Ollamh Lorraine Brennan le haghaidh an tionscadail 'Food-Based Biomarkers, Diet Quality and Cardiometabolic Health.' Aithneoidh an tionscadal bithmharcóirí nua le haghaidh iontógaíl bianna sonracha, agus scrúdóidh sé iad i ndáil le galar corónach croí i ngrúpaí othar sna Stáit Aontaithe. Déanfaidh sé meastóireacht ar a éifeachtaí atá sé faisnéis bithmharcóirí bia a úsáid chun feabhas a chur ar cháilíocht aiste bia i dtrial chothaithe phearsantaithe. Tá an foireann taighde comhdhéanta de ghrúpaí éagsúla imscrúdaitheoirí sna Stáit Aontaithe, in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

Bhuaigh UCD gradam SFI-Uachtarán na hÉireann eile do Cheannairí Taighde sa Tódhchaí i réimse na sláinte. Fuair an tOllamh Comhlach Rory Johnson níos mó ná €1.5 milliún chun leochaileachtaí neamhphróitéine in ailse scamhóg le CRISPR-Cas9 a fhiosrú. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo cineálacha nua géinte arb iad is cúis leis an ailse scamhóg a aimsiú agus drugaí a fhorbairt chun bac a chur ar a ngníomhaíochtaí agus bac a chur ar shiadaí dá bhrí sin.

Déanann UCD roinnt de na taighdeoirí is mó in Éirinn i réimse na ngalar tógalach a óstáil, go háirithe in Ionad um Taighde Turgnamhach ar Óstaigh Phataigine UCD, in Ionad um Thaighde Cliniciúil UCD agus i Saotharlann Náisiúnta Tagartha Víreas UCD. Bhí obair na saineolaithe sin rithabhachtach i bhfhreagairt na tíre seo ar an bpaindéim ar bhonn náisiúnta agus domhanda – féach an tuarascáil speisialta ar COVID-19.

TFC

Cuireann taighde TFC in UCD eolas nua ar fáil agus soláthraíonn sé taighdeoirí a bhfuil ardoiliúint orthu i réimsí amhail an anailísíocht sonraí, an intleacht shaorga (AI), innealtóireacht Idiríon na nEarraí, córais chliste, an príobháideachas agus an tslándáil. Cruthaíonn an taighde sin naisc idir na réimsí seo agus réimsí eile freisin, agus aghaidh á tabhairt ar fheidhmeanna amhail an talmhaíocht chliste, an tsláinte chomhnasctha, agus na daonnachtaí digiteacha.

Buaicphointí TFC

Fuair CeADAR, Ionad na hÉireann don IS Fheidhmeach, atá lonnaithe in UCD agus i gcomhpháirtíocht le OT Baile Átha Cliath, €12 mhilliún de mhaoiniú athnuachana ó Fhiontraíocht Éireann, agus €16 mhilliún a fháil ón tionscal agus ó fhoincís iomaíocha araon. Cuirfidh an maoiniú ar chumas an lonaí méadú chun freastal ar an éileamh méadaitheach ó thionscal na hÉireann ar thacaíocht chun teicneolaíochtaí AI a ghlacadh, agus chun dlús a chur le forbairt agus imscaradh AI, na hanailísíochta sonraí agus na meaisínfhoghlama.

Fuair UCD maoiniú ó Chiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (DTIF) an Rialtais, agus ceithre thionscadal ar fiú thart ar €16.9 milliún iad san iomlán. I réimse na TFC, áiríodh Ríomhaireacht Chandamach in Éirinn (QColr), ardán bogearraí le



Sa phictiúr (ó chlé go deas) ag imeacht in NovaUCD chun na tionscadail a fhógairt a maoiníodh faoin dara babhta den Chiste Nuálaíochta um Teicneolaíochtaí Bunathraitheacha; An Seanadóir Regina Doherty, (iar-Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí); Heather Humphreys, TD, (iar-Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta); Julie Sinnamon, Príomhfheidhmeannach, Fiontraíocht Éireann agus an Dr Nicky Bertollo, Príomhfheidhmeannach, Latch Medical.

€16.9m

i maoiniú a gnóthaíodh ó Chiste Nuálaíochta um Teicneolaíochtaí Bunathraitheacha (DTIF)

haghaidh teicneolaíochtaí fairsinge chun a n-acmhainneacht a fhiosrú maidir le dul i ngleic le fadhbanna dúshlánacha a thagann chun cinn i réimsí amhail seirbhísí airgeadais, lóistíocht agus aimsiú drugaí. Ceapadh Transpire freisin, ardán AI le haghaidh rialála lena gcomhcheanglaítear saineolas daonna agus intleacht shaorga, chun dlíthe agus rialacháin a shoiléiriú. Cuimsíonn an cuibhreannas tionscadail don dara ceann an Dr David Lillis, Scoil na Ríomheolaíochta UCD agus CeADAR, príomhpháirtí Corlytics, cuideachta iarchéime NovaUCD a bhfuil a cheanncheathrú ag NexusUCD, agus Singlepoint Solutions.

Maoiníodh an tIonad um Oiliúint Taighde (CRT) i bhFondúireachtaí Eolaíochta Sonraí in Iúil 2020, lenar seoladh clár nua PhD a rachaidh chun tairbhe do 139 mac léinn dochtúireachta a bhfuil tuiscint bhunúsach den chéad scoth acu ar an matamaitic fheidhmeach, ar staitisticí agus ar an meaisínfhoghlaím. Is ionann an maoiniú agus infheistíocht thart ar €21 milliún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, institiúidí acadúla agus tionscal – tionscnamh comhoibritheach ar scála mór idir Ollscoil Luimnigh, Ollscoil Mhá Nuad agus comhpháirtithe eile tionscail. Tá sé á chomhordú ag Skillnet Ireland agus Technology Ireland ICT Skillnet. Tabharfaidh an clár na scileanna a theastaíonn ó mhic léinn dóibh le haghaidh post a fháil i réimsí amhail an anailísíocht sonraí, an róbaic agus an déantúsaíocht chliste sa todhchaí.

I mí Feabhra, bhain EIRSAT-1 – an tionscadal UCD arb é is aidhm dó dearadh agus tógáil na chéad satailíte de chuid na hÉireann – cáiliúcht amach le haghaidh spásaitilte dá bpálastaí brathadóra nua gáma-gha (GMOD), dá monatóir feidhmíochta eitilte (EMOD) agus dá modúl imscartha aeróige. Le bliain anuas, tá tástáil chomhshaoil á déanamh ar na pálastaí ag an nGníomhaireacht Eorpach Spáis CubeSat Support Facilities sa Bheilg. Is éard atá sa tionscadal seo ná comhoibriú idir Scoil na Fisice UCD, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Ábhar UCD, Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí UCD, Scoil na Ríomheolaíochta UCD agus an comhlacht Éireannach EnBio.

Institiúidí Taighde UCD

Chomh maith le hobair a chur i gcrích ar mhaithe leis na réimsí taighde tosaíochta thuasluaite, cuireann institiúidí taighde n hollscoile roinnt clár agus imeachtaí idirghníomhacha, a ndéantar cur síos ar chuid acu thíos, chun cur leis an mbonn eolais, le héiceachóras an taighde agus le tionchar UCD.

Institiúid Mhic Con Mí um Thaighde Bithmhóilíneach agus Bithleighis UCD

Leanann Institiúid Mhic Con Mí UCD ag tógáil nascanna idir pobail, othair agus taighdeoirí le himeachtaí ar nós Coir um Ailse 2020 agus an tionscnamh Guth Othar i dTaighde Ailse (PVCr). Rinne PVCr comh-óstáil ar imeacht 'Dragons' Den' i nGaillimh i mí Feabhra leis an Institiúid Náisiúnta um Thaighde Ailse (an Ríocht Aontaithe), áit a bhfuair deich ngrúpa taighde ó gach ceann den tír aiseolas ó othair maidir le gnéithe dá gcuid taighde.

Leanann an Institiúid ar aghaidh ag obair le múinteoirí agus le daltaí meánscoile trí an 'Amgen Biotech Experience' agus comhpháirtithe, lena n-áirítear Seirbhís Tacáíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí, a thairgeann oiliúint ar theicnící bithleolaíochta móilíneacha agus turais institiúide.



An tOllamh Wim Meijer, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD; Heather Humphreys, TD, an tIarl-Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta; An tOll. Orla Feely; agus an tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ag fógairt na Comhdhúiseanna Mearfhreagartha COVID-19 ag I-Form, Ionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann um Ardmhonaraíocht in UCD.

Ba é Ánra Mhic Con Mí UCD, an tOllamh Oliver Fitzgerald, a bhuaigh Duais Verna Wright 2020 mar aitheantas ar an méid a chuir sé le hobair faoin réamaiteolaíocht. Ba é an réimeateolaí Sasanach Verna Wright a chéadfhorbair spéis i réimse an spondalairtritis agus go háirithe san airtríteas soiriáiseach.

Bronnadh maoiniú ar roinnt Comhalta d'Institiúid Mhic Con Mí UCD mar chuid de ghlaonna Comhpháirteacha Mearfhreagartha COVID-19 de chuid an Rialtais, lena n-áirítear: An tOllamh Wim Meijer agus an tOllamh Cúnta Nicola Fletcher le haghaidh faireachas SARS-CoV-2 ar shearachas agus ar réimsí uisce a raibh tionchar ag an séarachas orthu; An tOllamh Gil Lee le haghaidh imoibrí criticiúil a tháirgeadh; agus an Dr Madeline Murphy chun braiteoirí COVID-19 agus Flu A/B a fhorbairt. Féach an tuarascáil speisialta maidir le COVID-19 chun tuilleadh sonraí a fháil faoi thaighde UCD a bhí mar chuid rithábhachtach den fhreagairt náisiúnta ar an bpaindéim.

Institiúid um Fhionnachtain UCD

Is é croí-mhisean Institiúid um Fhionnachtain UCD cur chuige idirdhisciplíneach a chur chun cinn agus meon pobail a chothú. Trína chlár cuairteanna comhaltachta domhanda, tacaíonn sé le taighdeoirí seanbhunaithe agus luathghairme araon cuairt a thabhairt ar UCD agus dul i gcion ar phobal na hollscoile. In 2019/20, d'óstáil an Institiúid roinnt comhaltaí idirnáisiúnta mór le rá, lena n-áirítear an tOllamh Piero Baglioni, Ollamh le Ceimic Fhisiciúil in Ollscoil Florence, an Dr Dianne Van der Wal, comhalta sinsearach taighde ag Australian Red Cross Blood Service agus an tOllamh Aleksandar Hemon, Ollamh le Scríbhneoireacht Chruithaitheach in Ollscoil Princeton.

I Samhain 2019, d'óstáil Institiúid um Fhionnachtain UCD, i gcomhar le Scoil na Fisice UCD, comóradh 500 bliain ó bhás Leonardo Da Vinci. Bhí an tAmbasadóir Iodálach an tUas. Paolo Serpi ar dhuine de níos mó ná 100 aoí a d'fhreastail ar an dinnéar ceiliúrtha deiridh bunaithe ar chócaireacht Da Vinci. Cócaire darb ainm Eugenio Boer a bhfuil réiltín Michelin bainte amach aige a d'ullmhaigh an dinnéar agus rinne an tOllamh Fabio Bruni, Ollamh le Bithfhisic in Ollscoil Roma Tre, tráchttaireacht eolaíochta ag am dinnéir.

In 2020, sheol an Institiúid a clár 'Rising Star' a chuireann tacaíochtaí ar fáil do thaighdeoirí idirdhisciplíneacha luathchéime.

// D'óstáil Institiúid Domhaneolaíochta UCD sárthaispeántas i mí Eanáir chun pobal taighde comhshaoil UCD chomh maith le príomhpháirtithe leasmhara ó ranna rialtais, gníomhaireachtaí, tionscal agus grúpaí pobail a thabhairt le chéile //

Tá tacaíocht tugtha go dtí seo do roinnt taighdeoirí lena n-áirítear an Dr Dolores Resano, comhalta iardhochtúireachta in Institiúid Clinton don Léinn Mheiriceánaigh UCD a fuair maoiniú ón gComhaltacht Domhanda Marie Curie chun leanúint ar aghaidh lena cuid taighde ag Coláiste Dartmouth, SAM. Mar chuid den tacaíocht bhreise a tugadh don taighde luathchéime, óstáladh an tseachtain champais iWISH do mhic léinn na hidirbhliana i mí Feabhra 2020.

I mí Aibreáin 2020, sheol an Institiúid an t-ardán Zoom for Thought, ardán nua chun 'Comhaltaí ar cuairt fhíorúil' in UCD a chur ar a gcumas a smaointe cruthaitheacha a roinnt lenár bpobal. Cuimsíonn an tsraith comhráite fíorúla de chúig nóiméad déag idir an Stiúrthóir Institiúide, an tOllamh Patricia Maguire, agus cuid de na daoine is fearr ar domhan a bheith idirdisciplíneach ar raon ábhar machnaimh. I measc na n-aíonna bhí ceannairí smaointe amhail bunaitheoir agus stiúrthóir Institiúid Scripps um Aistriúchán Taighde in California, an tOllamh Eric Topol.

Institiúid Domhaneolaíochta UCD

D'óstáil Institiúid Domhaneolaíochta UCD sárthaispeántas i mí Eanáir chun pobal taighde comhshaoil UCD chomh maith le príomhpháirtithe leasmhara ó ranna rialtais, gníomhaireachtaí, tionscal agus grúpaí pobail a thabhairt le chéile. Ag an ócáid, rinne an Institiúid trí thionscadal tosaíochta straitéiseacha nua a sheoladh, a mhaoiniú agus tacaíocht a thabhairt dóibh: 'Dul i ngleic leis na dúshláin shóisialta, chultúrtha agus eolaíocha a bhaineann le héagsúlú barr san Eoraip'; 'Ról bhaile na hÉireann maidir le cuimsiú sóisialta, inbhuanaitheacht chomhshaoil agus forbairt eacnamaíoch a éascú; agus 'Líonra taighdeoirí cnáibe a fhorbairt'.

D'fhorbair an tOllamh Tasman Crowe, Stiúrthóir Institiúide, agus Ceann Scoil na Tíreolaíochta UCD, an tOllamh Jacky Croke, BSc san Inbhuanaitheacht in 2020. Léiríonn an clár cur chuige idirdisciplíneach na hInstitiúide maidir le dúshláin inbhuanaitheachta, rud a chuireann na mic léinn ar a gcumas speisialtóireacht a dhéanamh i ngnéithe eacnamaíochta, comhshaoil nó gnéithe sóisialta na hinbhuanaitheachta, agus iad comhlánaithe ag modúil san eolaíocht, san innealtóireacht, sa talmhaíocht, sna heolaíochtaí sóisialta, sa bheartas agus sa dlí.

Reáchtáil an Institiúid raon imeachtaí ar líne le linn 2020, lena n-áirítear: seimineár gréasáin ar ghailir zónóiseacha ón Dr Barry McMahon, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíochta an Bhia UCD; sraith cainteanna samhraidh ina raibh ceann amháin faoi Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe leis an Ollamh Patrick Paul Walsh, Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD; agus comhdháil idirnáisiúnta arna hóstáil ag tionscadal tosaíochta straitéiseach de chuid na hInstitiúide, Córais Agra-Chomhshaoil atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, agus arna seoladh ag an Aire Eamon Ryan.

Institiúid Fuinnimh UCD

Tá Institiúid Fuinnimh UCD dírithe ar dhíchárbónú an chórais fuinnimh agus, san am céanna, soláthar fuinnimh atá iontaofa agus slán a

dhaingniú do gach saoránach. Tugann an Institiúid taighdeoirí le chéile ó réimse leathan disciplíní chun dul i ngleic le dúshláin an dícharbónaithe, ag díriú ar chórais fuinnimh, ar bhainistíocht fuinnimh agus ar fhuinneamh sa tsochaí, chun seasamh na hÉireann mar cheannaire domhanda i gcomhtháthú an fhuinnimh inathnuaite a chur chun cinn.

Tá comhoibriú láidir idir an Institiúid agus lucht déanta beartas agus comhpháirtithe tionscail (amhail EirGrid, Bord Soláthair Leictreachais, Ervia, SSE, AIB) - rud a thugann léargas domhain ar riachtanais na tionsclaíochta agus na sochaí maidir leis an aistriú fuinnimh a sheachadadh. Sa taighde a dhéantar inti, tugtar le chéile innealtóireacht theicniúil agus saineolas socheacnamaíoch chun impleachtaí beartais a mheas agus cuireann sé bonn fianaise ar fáil le haghaidh cinntí beartais. Trína cuid oibre le Grúpa Samhaltaithe an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide, cuireann an Institiúid tacaíocht anailíseach ar fáil don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir le Beartas Fuinnimh na hÉireann a fhorbairt.

Institiúid Bia agus Sláinte UCD

Sheol Institiúid Bia agus Sláinte UCD a straitéis nua don tréimhse 2020-2024, ina leagtar amach an fhís atá aici maidir le bheith ina ceannaire domhanda san fhionnachtain eolaíoch a mhúnlaíonn todhchaí an bhia agus na sláinte. Tá an straitéis nua seo ailínithe go dlúth le Straitéis UCD 2020-2024, 'Réidh don Todhchaí'. Tá sé mar aidhm aici na ceithre chuspóir de straitéis UCD a bhaint amach mar chuid dá sprioc fhoriomlán córais bia domhanda a sheasfaidh an aimsir a bhaint amach, rud a chumasóidh maireachtáil fholláin agus folláine na sochaí. Díreoidh an Institiúid ar fhoireann acadúil, taighdeoirí agus mic léinn ardoilte a mhealladh, ar thacú lena baill dul san iomaíocht go rathúil le haghaidh ioncaim ó thaighde, agus éiceachóras taighde a thógáil a bhfuil gréasán mór aige ina bhfuil rochtain ar bhonneagar agus ar shaoráidí den chéad scoth.

D'fhás ballraíocht na hInstitiúide go mór le linn 2019/20 nuair a cuireadh aon cheapachán acadúil déag nua isteach, lena n-áirítear beirt ollúna straitéiseacha agus cúigear comhaltaí Ad Astra. Leanann sé ar aghaidh le ceannaireacht scolártha san eolaíocht agus i dteicneolaíocht an bhia agus is é an ceannaire domhanda é de réir Tionchar Lua atá ualaithe de réir réimse san ábhar, bunaithe ar anailís ag SciVal ar pháipéir a foilsíodh don tréimhse 2015-2020.

Ainmníodh ceathrar Plinna de chuid na n-institiúidí ina dTaighdeoirí is mó Tionchair i nGréasán na hEolaíochta 2019: An tOllamh Colm O'Donnell, an tOllamh Comhlach Nigel Brunton, an tOllamh Paula Bourke agus an tOllamh Comhlach Enda Cummins. Bhí an Dr Amy Mullee ina príomhúdar ar pháipéar a foilsíodh sa Journal of the American Medical Association ina ndearna sí staidéar ar an nasc atá ann idir deochanna milsithe saorga agus bás anabái. Rangaiodh an páipéar sin sa 21ú háit i rang-ordú na 100 páipéar a foilsíodh in 2019 mar a thomhaistear iad ag Altmetrics.

Leanann an Institiúid ag forbairt deiseanna lena comhpháirtithe idirnáisiúnta. Tá comhaltacht idirnáisiúnta i réimse an bhia agus na sláinte á forbairt aici faoi láthair i gcomhar le hOllscoil California, Davis. Is i Meán Fómhair 2021 a nglacfar isteach na comhaltaí tosaigh.

Le linn na bliana seo, ceapadh an tOllamh Francis Butler ina chomhalta do Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Cheap an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, an tUasal Michael Creed, an tOllamh Dolores O'Riordan, chun obair i gcomhar le coiste na roinne chun Straitéis Agra-Bhia na hÉireann a fhorbairt go dtí 2030, atá faoi chathaoirleacht Ollamh Comhlach na hInstitiúide, an tOllamh Tom Arnold.

Ar deireadh, lean sraith léachtaí poiblí na hInstitiúide de bheith ag bogadh ar líne i mí an Mhárta agus d'éirigh go maith leis. I measc

na n-ábhar bhí 'What is a Sustainable Health Diet?', 'Nutrition and Exercise for Weight Management' agus 'Adolescent Nutrition – What Really Matters'.

Institiúid Uí Ghadhra UCD don Bheartas Poiblí

D'éisigh an t-ardán ar líne de chuid Institiúid Uí Ghadhra UCD, a cuireadh ar bun leis an aidhm cur leis an eolas atá ann maidir leis an mbeartas poiblí in Éirinn agus díospóireacht ina thaobh sin a chothú, breis agus 50 páipéar thar sé réimse tosaíochta théamacha lena n-áirítear: An Comhshaol, COVID-19, an Rialachas, an tSláinte, an Tithíocht agus an Margadh Saothair.

Tionóladh sraith comhdhála ardhphróifíle ar líne maidir leis an bhfreagairt bheartais ar phaindéim COVID-19, a bhí ina príomhchuid de fhreagairt UCD ar an ngéarchéim féin. Le hionchur ón réimse acadúil agus ón lucht déanta beartas, d'éirigh leis na comhdhála os cionn 2,100 rannpháirtí cláraithe a fháil i seacht seisiún déag thar cheithre chomhdháil le linn na gcéad dá mhí den phaindéim.

Ceapadh foireann taighdeoirí Uí Ghadhra arís mar Chomhordaitheoirí ar Shuirbhé Sóisialta na hEorpa (CSE) in Éirinn le haghaidh 2020/21, tar éis an suirbhé a chur i gcrích in 2018/19. Is í an Chomhairle um Thaighde in Éirinn a mhaoineann rannpháirtíocht na hÉireann in CSE.

D'fhorbair agus d'fhoilsigh foireann na hEolaíochta Iompair 'FORGOOD', creat eitiiciúil le haghaidh tathanta, creat a úsáideann an lucht déanta beartas agus institiúidí éagsúla. Bhí ról lárnach ag an bhfoireann maidir le straitéis an rialtais i gcoinne COVID-19 a chruthú, sraith acmhainní a bhaineann le COVID a fhorbairt chomh maith leis an taighde a chur chun cinn, lena n-áirítear páipéar lárnach chun folláine mhothúcháinach laethúil na ndaoine le linn na paindéime a mheas agus úsáid á baint as Modheolaíocht Atógáil an Lae.

Bhí an tOllamh Liam Delaney ina bhall den Fhoghrúpa Iompair ar an bhFoireann Éigeandála Náisiúnta um Shláinte Phoiblí, agus thug sé comhairle ar straitéis chumarsáide COVID-19 na hÉireann in éineacht le saineolaithe iompraíochta, sláinte agus síceolaíochta sóisialta.

Tá ról lárnach ag an bhfoireann sa tionscadal H2020 PERITIA maidir le hiontaoibh i Saineolas (faoi stiúir an Ollaimh Maria Baghramian, Ceann Scoil na Fealsúnachta UCD) agus seolfar sraith staidéar sa réimse seo le linn 2021. Tá seimineár gníomhach agus clár ceardlainne á reáchtáil i gcónaí ag an ngrúpa atá faoi stiúir an Dr Leo Lades agus an Dr Margaret Samahita, lena n-áirítear imeachtaí iomráiteacha a reáchtáladh le déanaí maidir leis an ualach riaracháin agus éifeachtúlacht fuinnimh.

Tá an Clár Taighde ar Theacht i dtír Bréasach (SERP) bunaithe san Institiúid agus tá tacaíocht á fáil aige ó Scoil an Pholasáí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta UCD. Déanann SERP taighde feimineach neamhspleách ar gach cineál teacht i dtír gnéasach tráchtála a chruthaíonn eolas úsáideach do lucht déanta dlí agus beartais, cleachtóirí, marthanóirí, lucht tacaíochta agus gníomhaithe. Tagann maoiniú don taighde in 2020 ó Aonad FSS um Chuimsiú Sóisialta agus ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

D'óstáil an tionscadal ERC 'Labour Politics and the EU's New Economic Governance Regime,' faoi stiúir an Ollaimh Roland Erne, An Scoil Ghnó UCD, seimineár poiblí i mí Eanáir 2020 dar teideal 'Shaping labour markets in the EU – the 'new' skills of migrant workers'. Rinne an grúpa cur i láthair in UACES ina dhiaidh sin: Cumann Ollscoile an Léinn Eorpaigh Chomhaimseartha.

Institiúid don Léann Daonna UCD

Bhí an-rath ar an Institiúid don Léann Daonna UCD i mbliana,

in ainneoin na srianta, agus í ag tabhairt aghaidh ar dhúshlán COVID-19 trí phunann formáidí ar líne a chur i bhfeidhm: sraith phodchraolta shuaitheanta 'Our Authors' ina mbíonn scoláirí iomráiteacha sna daonnachtaí; agus na podchraoltaí 'Our Resident Postdocs' ina bhfuil taighdeoirí luathghairme ag plé a gcuid oibre. Bhain an tsraith 130,000 íoslódáil amach.

Le seisiúin sheachtainiúla ar Zoom le mic léinn PhD cónaitheacha agus le scoláirí iardhoctúireachta, cumasaítear plé taighde-dhírthe agus idirghníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla piarghrúpa ó mhí an Mháirta i leith.

I measc na mbuaicphointí a bhí ag imeachtaí ar líne bhí an tionscadal taighde idirdhisciplíneach atá maoinithe ag iontaobhas Wellcome, 'Framing Ageing,' lena mbaineann geirinteolaithe, antraipolaithe, socheolaithe, scoláirí daonnachtaí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha. Rinne an seimineár gréasáin 'COVID-19: Reframing Ageing' imscrúdú ar chlaontachtaí i dtreo daoine scothaosta sa dioscúrsa poiblí faoi COVID-19 agus mheall sé 300 duine a bhí ag freastal air.

Is sraith nua taighde é 'Transnationalising the Humanities' le taighdeoirí ón Léann Cuimhne, Léann an Aistriúcháin, Staidéar Litríochta, Stair na hAiltireachta agus Staidéar Imirce. Ó Mheán Fómhair 2019 i leith, tá trí imeacht reáchtáilte mar chuid den tsraith: an chomhdháil idirnáisiúnta 'Exploring the Transnational Neighbourhood: Integration, Community, and Co-Habitation', a eagraíodh i gcomhpháirt leis an Institute for Modern Languages Research i Londain; an siompóisiam 'Transnationalising the Humanities,' agus comhdháil dhochtúireachta na hInstitiúide 'Belonging and Migration in Emerging Scholarship: Concepts, Perceptions, Experiences'.

I mí an Mheithimh 2020, sheol an Institiúid comórtas cistithe síl do Choláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD chun taighde nuasaithe a ghor i gcomhréir le Straitéis Taighde UCD.

Nuálaíocht

Tá UCD tiomanta dá príomhról in éiceachóras nuálaíochta agus malartaithe eolais na hÉireann mar áisitheoir fáis gheilleagraigh agus mar eagraíocht a chuireann le forbairt gheilleagraich, chultúrtha agus shóisialta. Bliain de leathnú suntasach a bhí ann do NovaUCD, mol nuálaíochta UCD d'fhiontraíthe agus d'fhiontair nua.

Ar an gcéad dul síos, d'infheistigh UCD €6.7 milliún chun an clós thoir in NovaUCD a fhorbairt agus a leathnú, rud a cuireadh i gcrích i rith na bliana. Mar thoradh ar an bhforbairt sin, tháinig méadú 50%+

50%+

Méadú ar chumas na hOllscoile spás a dhéanamh do chuideachtaí nuathionscanta nuálacha i NovaUCD

130,000

íoslódáil de phodchraoltaí Institiúid na nDaonnachtaí UCD

80

bunaitheoir agus ceannaire gnó a bhfuil taithí acu i Lónra Meantóirí agus Comhpháirtithe Gnó NovaUCD

ar chumas na hOllscoile cóiríocht a thabhairt do chuideachtaí nuathionscanta nuálacha. Tá roinnt comhlachtaí spreagúla, lena n-áirítear Equal1 Laboratories (an chéad chuideachta ríomhaireachta candamaí in Éirinn), Manna (an chéad chuideachta seachadta drón in Éirinn) agus Supernode (an chéad chuideachta tarchurtha fhorsheoltachta in Éirinn), lonnaithe cheana féin sa chlós thoir.

Ar an dara dul síos, bhronn Fiontraíocht Éireann maoiniú €3 mhilliún ar DAC UCD, fochuideachta UCD a bhainistíonn NovaUCD agus NexusUCD, faoin tríú babhta den Chiste um Fhorbairt Fiontraíochta Réigiúnaí chun Mol Nuálaíochta Nascóra Teicneolaíochta Talmhaíochta (AgTech Connector) a fhorbairt ag Feirm Lyons UCD i gCo. Chill Dara.

Is é sprioc an Mhoil Nuálaíochta seo an t-éiceachóras Teicneolaíochta Talmhaíochta a thabhairt le chéile in Éirinn chun dlús a chur le seoladh agus le méadú cuideachtaí i réimse na teicneolaíochta talmhaíochta, ach rochtain a thabhairt dóibh ar dheiseanna comhoibrithe taighde ar an bhfeirm, chomh maith le suíomh chun a dtáirgí agus a seirbhísí a thástáil agus a thriail i dtimpeallacht réadúil, agus rochtain ar chlár luasghéaraithe thiomnaithe agus áiseanna goir.

Beidh an tionscadal seo á stiúradh ag NovaUCD, i gcomhar le AIB; Comhairle Contae Chill Dara agus Oifig Fiontair Áitiúil Chill Dara; cuideachtaí talmhaíochta lena n-áirítear Devenish, Dairymaster agus Glanbia; na hinfheisteoirí Finistere, The Yield Lab, agus Atlantic Bridge; agus taighdeoirí agus nuálaithe ceannródaíoch Teicneolaíochta Talmhaíochta ag UCD, Teagasc agus Wageningen, an Ísiltír.

Ar deireadh, tá NovaUCD ag obair i níos mó áiteanna ar fud na hEorpa anois; agus é ag obair go dlúth le I-Form, Ionad Taighde Fhondúireacht Eolaíocht Éireann um Ardmonaraíocht, bronnadh maoiniú air ón Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) as a pháirt féin i gcuibheannas de ghorlanna ollscoile Eorpacha, Politecnico di Torino agus Arts et Metiers Paris, chun nuálaíochtaí suaiteacha a spreagadh i réimse na monaraíochta 'DeepInc' ón tsaotharlann go dtí an margadh.

Freagairt ar COVID-19

Bhí tionchar drámatúil ag dianghlaisí COVID-19, a cuireadh i bhfeidhm i mí an Mhárta, ar bhreis is 60 gnólacht a fuair tacaíocht ó NovaUCD ar fud an champais. Ach léirigh siad go léir an-teacht aniar agus d'athraigh siad de réir mar ba ghá chun a ngnólachtaí a chur chun cinn. D'fhreagair NovaUCD do na dúshláin sin trínár rannpháirtíocht ar líne leis na fiontraíthe a mhéadú chun tacú leo le comhairle agus naisc ábhartha.

Ina theannta sin, thairg NovaUCD lascaire shuntasach ar a gceadúnas dóibh le linn an tsamhraidh chun a dhlúthpháirtíocht a léiriú agus chun tacú leo le linn an ama dheacair sin. Mar thoradh air sin, níor fhág ach cliant-chuideachta amháin chun athmhachnamh a dhéanamh ar a gcuid gnó, agus ar na seacht gcliant a raibh babhtai infheistíochta á ndaingniú acu, d'éirigh le ceithre cinn acu.

Chun ullmhú le haghaidh fillleadh ar an oifig, athdhearadh áiseanna i NovaUCD agus NexusUCD freisin chun an scaradh sóisialta agus laghdú ar líon na bpointí tadhaill a chinntiú.

Mar fhreagairt ar shrianta COVID-19, d'éirigh linn roinnt tionscnamh agus imeachtaí NovaUCD a athrú go tapa agus go héifeachtúil, go háirithe ó thaobh cúrsaí digiteacha de, lena n-áirítear Clár NovaUCD Fionnachtana Custaiméara; Clár Samhraidh NovaUCD d'Intéirigh Gnó; Comórtas Fiontair do Mhic Léinn NovaUCD; Grodchúrsaí Tráchtála UCD agus cur i láthair na nDámhachtainí Nuálaíochta 2019 NovaUCD, a leagtar amach ar leathanaigh 58 agus 59.

An tEolas is Déanaí maidir leis na Tionscnaimh is Déanaí/Nua

Le hurraíocht ó Ericsson agus Vodafone, thug NovaUCD an chéad chlár luathaithe 5G in Éirinn roimh Vodafone sula gcuirfidh Vodafone seirbhísí tráchtála 5G ar fud na tíre. Mheall an clár roinnt cuideachtaí seanbhunaithe chomh maith le gnólachtaí nuathionscanta i raon earnálacha a bhí ag iarraidh líonraí móibíleacha 5G a úsáid seirbhísí agus táirgí atá bunaithe ar Réaltacht Bhreisithe, ar Réaltacht Fhíorúil ar Idirlíon na nEarraí a thairiscint dá gcustaiméirí.

Lean Lónra na Meantóirí agus na gComhpháirtithe Gnó NovaUCD ag fás. Mhéadaigh siad faoi dhó le linn 2020 agus muid ag leanúint ar aghaidh ag earcú meantóirí agus comhpháirtithe gnó leasmhara chuig ár líonra trí fheachtais dhigiteacha, freastal ar phríomhimeachtaí éiceachórais agus rannpháirtíochtaí straitéiseacha.

D'fhás an líonra, agus anois tá breis agus 80 bunaitheoir agus ceannaire gnó a bhfuil taithí acu thar raon réimsí tionsclaíochta ag glacadh páirte inár gclár. Tá roinnt de na meantóirí agus na comhpháirtithe sin tar éis dul i bpáirt le foirne taighde UCD chun mac-chuideachtaí a bhunú agus le tacaíocht a thabhairt d'fhoirne taighde chun pleananna tráchtálaíochta a thógáil chun maoiniú a fháil trí Chiste Tráchtálaíochta Fhiontraíocht na hÉireann.

Chuaigh NovaUCD i gcomhpháirtíocht straitéiseach freisin le gorlann Skydeck UC Berkeley i rith na bliana chun rochtain a fháil do ghnólachtaí nuathionscanta UCD ar an gclár Skydeck agus ar líonra infheisteoirí, rud a chuir roghanna agus deiseanna nua ar fáil do na gnólachtaí nuathionscanta atá ag iarraidh nasc le Silicon Valley a fhorbairt.

I mbliana, tá clár scoláireachta intéirnéachta sa Nuálaíocht agus san Fhiontraíocht de chuid NovaUCD agus Scoil Ghnó Uí Chuinn ag cur ar chumas mac léinn fochéime gnó a bheith ag obair ó chian le dhá chomhlacht atá bunaithe in NovaUCD, Output Sports agus Vivid Edge.

Cuireadh tús le tionscadal nua dar teideal 'Nuálaíocht Chliniciúil Nasctha' i rith na bliana idir UCD, An Coláiste Náisiúta Ealaíne agus Deartha agus Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal samhail nuálaíochta cliniciúla faoi stiúir an deartha a fhorbairt laistigh de thimpeallacht an ospidéil, bunaithe ar dhea-chleachtas.

Le linn na bliana seo, d'éirigh le NovaUCD maoiniú a fháil ó Knowledge Transfer Ireland chun tacú leis an gclár Scabhtai Aistrithe Eolais (Knowledge Transfer (KT)). Tá NovaUCD ag forbairt anois ar an gclár píolótach trí dhaoine aonair atá ardspreagtha agus tiomanta a earcú agus a dhreasú chun gníomhú mar Scabhtai KT agus chun oiliúint maidir le deiseanna tráchtála a aithint a chur orthu.

Gné nua eile den chlár is ea an tsainoiliúint dhigiteach (i mbogearraí foinse oscailte, paitinní digiteacha, conarthaí aistrithe sonraí agus dlí agus teicnící na hintleachta saorga) a chur ar fáil do shaineolaithe d'fhonn tuilleadh spreagtha a thabhairt do na scabhtai gealltanais a thabhairt don chlár.

Rinneadh an Clár Fionnachtana Custaiméirí NovaUCD, a cuireadh ar bun chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta luathchéime UCD comhpháirtithe trialacha agus custaiméirí a shainaitheint chun

a gcuid táirgí nó seirbhísí a bhailíochtú, a reáchtáil go fíorúil i mbliana. Ceithre cheardlann dhá uair an chloig ar líne, a cuireadh ar fáil thar thréimhse ceithre mhí, a bhí ann. Baineann an clár seo leis an gClár Intéirneach Ghnó Samhraidh NovaUCD a shannann intéirneach le bheith ag obair i ról tacaíochta leis an ngnólacht nuathionscanta. Bailíonn an t-intéirneach sonraí margaidh agus spriocliostaí de chustaiméirí agus reáchtálann sé feachtais mhargaíochta dhigiteacha chun díriú ar na custaiméirí is oiriúnaí.

I mbliana, bhí NovaUCD ag obair i gcomhpháirt le Scoil Ghnó Michael Smurfit UCD chun Máistreacht sa Chomhairleoireacht Ghnó a chur ar fáil agus d'earcaigh sé ocht n-intéirneach gnó chun páirt a ghlacadh sa chlár seo ó chian.

Tráchtálú Torthaí Taighde

Is éard atá in NovaUCD ná gortann ghnó shaintógtha den chéad scoth a tógadh do chuideachtaí dlútheolais, chomh maith le clár cuimsitheach tacaíochta gnó.

Roimh thús phandéim COVID-19 i Márta, thug roinnt toscaireachtaí idirnáisiúnta, ó thíortha amháin an tSín, an Eastóin agus an Ríocht Aontaithe, cuairt ar NovaUCD le tuilleadh eolais a fháil maidir le rath UCD ó thaobh an tráchtálaithe agus gníomhaíochtaí fiontraíochta de.

Tacaíonn foireann UCD um an aistriú eolais, atá lonnaithe i NovaUCD, le taighdeoirí ó UCD agus ón gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha le maoin intleachtúil (IP) a thagann as cláir taighde a shainaithint agus a chosaint, chomh maith le IP a thráchtálú trí cheadúnú do chuideachtaí agus trí mhac-chuideachtaí a chur le chéile.

Thuiriscigh taighdeoirí UCD 65 aireagán le linn na bliana. Ina theannta sin, chuir UCD 25 iarratas tosaíochta ar phaitinn i réimsí na hinnealtóireachta, na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, agus na n-eolaíochtaí beatha. Thug UCD 23 comhaontú ceadúnais le réimse cuideachtaí dúchasacha agus idirnáisiúnta chun críche freisin.

Seo ceithre mhac-chuideachta UCD nua: Rinneadh Aquab Nanobubble Innovations Ltd, BioSimulytics Ltd, Branca Bunus Ltd agus Minan Microfluidic Innovation Ltd, a ionchorporú i rith na bliana freisin.

Bunaíodh Aquab Nanobubble Innovations Ltd chun teicneolaíocht cheannródaíoch a thráchtáil chun nanabholgáin de gháis éagsúla a ghiniúint i dtuaslagán uisceúil. Is iad an tOllamh Niall English agus an Dr Mohammad Reza Ghaani, Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD, bunaitheoirí na cuideachtaí.

Tá ardán bogearraí á fhorbairt ag BioSimulytics chun luas, cinnteacht agus cáilíocht sonraí táirge níos fearr a thabhairt do chuid ríthábhachtach den phróiseas forbartha drugaí. Bhunaigh an tOllamh Niall English agus an Dr Christian Burnham, Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD, an comhlacht in éineacht le Peter Doyle atá ina cheannaire tráchtála air.

Tá teicneolaíocht á forbairt ag Branca Bunus chun cabhrú le leigheas a fháil ar Epidermolysis bullosa (EB), neamhord géiniteach millteach a dhéanann an craiceann chomh leochaileach mar sciatháin féileacán agus nach bhfuil leigheas ar bith air le fáil faoi láthair. Bhunaigh an tOllamh Wenxin Wang, Scoil an Leighis UCD, an chuideachta.

Soláthraíonn MiNan Microfluidic Innovations seirbhísí dearaidh, fréamhshamhaltaithe agus déantúsaíochta le haghaidh sliseanna ardchruinne 'microfluidic'. Bunaíodh an tOllamh Michael Gilchrist agus an Dr Nan Zhang, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Ábhar UCD, agus an tOllamh Wenxin Wang, Scoil an Leighis UCD, an comhlacht.

ConsultUCD

Cuireann ConsultUCD, seirbhís comhairleachta bhainistithe na hOllscoile, comhairle agus tacaíocht ar fáil do gach acadóir a bhfuil suim acu a gcuid eolais agus saineolais a roinnt le heagraíochtaí seachtracha trí mheán na comhairleachta. Soláthraíonn comhairleoireacht a rinneadh trí ConsultUCD sochar socháíoch agus



Sa phictiúr (ó chlé go deas), tá baill foirne BioSimulytics: Peter Doyle, Ceannasaí Tráchtála, leis an Ollamh Niall English agus an Dr Christian Burnham, Scoil na hInnealtóireachta Ceimiceán agus Bithphróiseála UCD, buaiteoirí Chlár Luathaithe VentureLaunch UCD 2019.

eacnamaíoch do chliaint a bhaineann leas as eolas agus léargas den chéad scoth UCD.

Sa bhliain seo caite tá tacaíocht tugtha ag ConsultUCD do bhreis agus 60 acadóirí a bhfuil baint acu le gach cineál eagraíochtaí seachtracha, lena n-áirítear cuideachtaí ilnáisiúnta, gnólaigh nuathionscanta Éireannacha, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí Rialtais agus ollscoileanna idirnáisiúnta. Tá idir leathlaethanta agus shocrúithe ilbhliantúla i gceist leis na tionscadail agus cuimsíonn siad fairsinge an tsaineolais ar fud an champais.

Seo roinnt samplaí de thionscadail a rinneadh i mbliana:

Tá tionscadail chomhairleachta a bhaineann le COVID-19 curtha ar bun ag an Ollamh Cúnta Gerald Barry, saineolaí sa víreolaíocht i Scoil an Leighis Tréidliachta UCD, le cliaint éagsúla lena n-áirítear gnólacht neamhbhrabúis, gnólacht nuathionscanta agus gnólacht náisiúnta trádastórála agus lóistíochta.

I rith na bliana, d'éirigh leis an Ollamh Cúnta Michelle O'Connor, Scoil an Leighis UCD agus an tOllamh Comhlach Clare Corish, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD, tairiscintí ar leith a bhuachan ó CORU, an rialtóir do Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialta, chun measúnú inniúlachta a chur ar fáil ina réimsí raideolaíochta agus diaiteiteacha faoi seach.

Choimisiúnaigh Tillage Industry Ireland an tOllamh Michael Wallace, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíochta an Bhia UCD, chun meastóireacht chuimsitheach a dhéanamh ar earnáil churaíochta na hÉireann. Thug an tOllamh Wallace comhairle faoin gcaoi a bhféadfaí feabhas a chur ar fheidhmíocht eacnamaíoch agus ar rannchuidiú na hearnála.

Ag Obair i gComhar le hEarnáil na Tionsclaíochta

Tá sárobair déanta ag UCD ó thaobh oibriú le hearnáil na tionsclaíochta de, agus bíonn UCD ag iarraidh rannpháirtíocht láidir straitéiseach a bheith aige le fiontair ghnó, shóisialta agus chultúrtha; ar an mbealach sin cuirtear leis an luach, leathnaítear

líonraí agus pléitear bealaí nua ina bhféadfadh tionchar a bheith againn trí obair a dhéanamh le chéile.

I measc ár n-éiceachóras nuálaíochta, tá cláir mhórsála chomhoibríoch cosúil le hIonaid agus Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha, arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, agus ionaid teicneolaíochta arna maoiniú ag Fiontraíocht Éireann agus earnáil na tionsclaíochta.

Anuas air sin, thug os cionn 250 cuideachta cistiú i gcomhair taighde ag UCD le blianta beaga anuas agus chomhoibrigh níos mó ná 1,000 cuideachta le UCD ar thionscadail taighde.

Tá os cionn 60 gnólacht nuathionscanta sa chéim luath, idir ghnólaigh ardteicneolaíochta nuathionscanta agus ghnólaigh seanbhunaithe, atá á dtreorú ag nuálaíocht, lonnaithe in UCD anois. Tá na cuideachtaí sin bunaithe go príomha ag an Ionad Comhpháirtíochta Tionsclaíochta, NovaUCD agus NexusUCD, agus tá meascán d'earnálacha i gceist leo, idir thalmhaíocht, bhia-eolaíocht, eolaíocht na beatha, TFC, eolaíocht fhisiceach, innealtóireacht agus theicneolaíocht ghlan. Tá siad lonnaithe ar an gcampas d'fhonn a bheith ag comhoibriú ar bhealach níos dlúithe le UCD.

Bhí ról lárnach ag pobal nuathionscanta UCD ar cheithre cinn de shé cinn déag de na tionscadail is nuálaí a fuair maoiniú faoin dara babhta den Chiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (DTIF). Fuair na ceithre thionscadal le chéile €16.9 milliún, thar thréimhse trí bliana, ó thart ar €65 milliún san iomlán a fógraíodh ag imeacht DTIF arna réachtáil ag NovaUCD.

Cláir Thacaíochta NovaUCD

Tacaíonn foireann NovaUCD freisin le taighdeoirí i dtráchtáil torthaí IP trí shraith clár oiliúna, lena n-áirítear an Ghrodchúrsa Tráchtála agus an Clár Luasaire VentureLaunch. Tacaíonn NovaUCD freisin le forbairt thallann fiontraíochta na mac léinn trí Ghrodchúrsa Gnó d'Eolaithe Óga BT agus trí Chomórtas Fiontair do Mhic Léinn NovaUCD.



Sa phictiúr (ó chlér go deas) ag NovaUCD tá Cian Flaherty, Ruairi Mullally, Maura Madden, Rhys Mordaunt agus Alison Egan, buaiteoirí Ghrodchúrsa Gnó BTYTE 2020.

Grodchúrsaí Tráchtálaithe UCD

Ghlac ionadaithe ó 22 tionscadal tráchtála féideartha a d'eascair as taighde atá ar siúl in UCD páirt sna grodchúrsaí tráchtálaithe. Is é aidhm fhoriomlán Ghrodchúrsaí Tráchtálaithe UCD deiseanna tráchtála a eascraíonn as na cláir a reáchtáilann sé a neartú. Mar gheall ar phaindéim COVID-19, reáchtáladh Grodchúrsa na Bealtaine ar líne trí Zoom.

Buann BioSimulytics 2019 Clár Luathaithe VentureLaunch UCD

Fógraíodh BioSimulytics mar bhuaiteoir iomlán Chlár Luathaithe UCD 2019 os comhair lucht féachana plódaithe os cionn 250 duine ag an ócáid bhliantúil VentureLaunch agus dámhachtainí a reáchtáladh ag Halla Éisteachta Uí Mhórdha UCD.

Is é aidhm Chlár Luathaithe UCD VentureLaunch, atá á reáchtáil ag NovaUCD, ná tacú le cruthú agus seoladh gnólaigh nuathionscanta inbhuanaithe agus brabúsacha a eascraíonn ón Ollscoil.

Tá bogearra á fhorbairt ag BioSimulytics a bheidh ina réiteach nach éilíonn ach an struchtúr bunúsach 2-D de chumasc chun na próifíilí mionsonraithe dá fhoirmeacha polamorfacha ar fad a thuair go cruinn, rangaithe de réir an chuid is seasmhaí, agus baintear cinnteacht iomlán amach laistigh de sheachtainí. De bharr sin, sábháiltear 20-50% den am a chaitear ar an modh turgnamhaíochta atá ann faoi láthair.

Is iad na baill den fhoireann BioSimulytics, mac-chuideachta de chuid Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD, ná an tOllamh Niall English, an Dr Christian Burnham, an Dr Pralok Samanta agus an ceannaire tráchtála, Peter Doyle.

Grodchúrsa Gnó d'Eolaithe Óga BT 2020

Is é aidhm do Ghrodchúrsa Gnó d'Eolaithe Óga BT, a eagraíonn BT gach bliain i gcomhar le UCD, an bhearna idir oideachas agus gnó a laghdú do mhic léinn a léiríonn cumas fiontraíochta agus géire intinne gnó.

Reáchtáladh an campa nuálaíochta agus scileanna in NovaUCD don aonú bliain déag as a chéile i mbliana. Ghlac 29 mac léinn dara leibhéal as gach cearn d'Éirinn páirt ann. Léirigh na mic léinn go raibh an cumas acu a thuiscint conas agus cén fáth ar féidir smaoineamh simplí a thiontú ina fhiontar tráchtála inmharthana.

Fógraíodh grúpa cumasach de chúig dhéagóir as Baile Átha Cliath, an Iarmhí, Sligeach agus Cill Dara mar bhuaiteoirí Ghrodchúrsa na bliana seo do thionscadal dar teideal 'The reusable translator' a chuireann leis an léitheoireacht agus le taithí surfála gréasáin do dhaoine lagamhairc trí théacs a thiontú go foirm braille.

Comórtas Fiontair do Mhic Léinn NovaUCD;

Reáchtáladh Comórtas Fiontair do Mhic Léinn NovaUCD, clár dianmheantóireachta ceithre seachtaine d'fhiontraithe mac léinn, le linn na bliana seo. Tá an clár (ar a dtugtaí Clár 'Start-Up Stars' UCD roimhe seo) sa séú bliain anois agus tá sé á reáchtáil ag NovaUCD mar chreat chun tacú le mic léinn fochéime agus iarchéime ar mian leo oibriú le chéile chun cuideachtaí nuathionscanta a fhorbairt agus a fhás.

Ghlac dhá fhiontar mac léinn déag atá ag céim luath agus tríocha rannpháirtí páirt sa chomórtas, agus ós rud é go raibh sé ar siúl go fóirúil i mbliana, bhí na mic léinn a ghlac páirt ann lonnaithe ar fud na hÉireann agus sa tSín, sa Fhrainc, san India, san Iodáil agus sna Stáit Aontaithe chomh maith.

// Is foireann é UCDFS ina bhfuil níos mó ná 50 mac léinn innealtóireachta agus gnó UCD atá ag obair le chéile chun gluaisteán leictreach na stíle Foirmle a hAon a thógáil mar chuid den chomórtas Formula Student, arna eagrú agus arna reáchtáil ag Institiúid na hInnealtóirí Meicniúla //

Tar éis sraith cur i láthair do phainéal moltóirí, ainmníodh UCD FormulaStudent (UCDFS) mar bhuaiteoir iomlán agus bhuaigh sé duais airgid €5,000.

Is foireann é UCDFS ina bhfuil níos mó ná 50 mac léinn innealtóireachta agus gnó UCD atá ag obair le chéile chun gluaisteán leictreach na stíle Foirmle a hAon a thógáil mar chuid den chomórtas Formula Student, arna eagrú agus arna reáchtáil ag Institiúid na hInnealtóirí Meicniúla.

Trí bhall foirne UCDFS; Bhuaigh Peter Gately, Kelly Kaulsay, agus Scott Mulligan, mic léinn fochéime i Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla & Ábhar UCD, comórtas na bliana seo lena smaoineamh le haghaidh gnólaigh nuathionscanta Formula Training, atá sa chéim luath. Tá Formula Training ag forbairt ardán ar líne bunaithe ar shíntiúis d'fhoirne Formula Student ar fud an domhain chun na gnéithe bunúsacha atá ag teastáil uathu a fhoghlaim chun cur leis an gcomórtas agus chun dul san iomaíocht sa chomórtas.

Fógraíodh dhá ghnólaigh nuathionscanta eile, Uni21 agus Daysier, mar bhuaiteoirí an dara agus an tríú háit agus fuair siad duaiseanna airgid de luach €3,000 agus €2,000 faoi seach.

Ba iad AIB, Arthur Cox, Deloitte, Ericsson, Goodbody Stockbrokers agus Xilinx urraitheoirí Chomórtas Fiontair do Mhic Léinn NovaUCD 2020.

Gradam Nuálaíochta NovaUCD 2019

Bunaíodh Gradam Nuálaíochta NovaUCD in 2004 chun aird a tharraingt ar thiomantas UCD don nuálaíocht.

Den chéad uair riamh, leathnaíodh an fhormaid chun sé chatagóir nua a chur san áireamh, chomh maith le Gradam Nuálaíochta NovaUCD. Tá na catagóirí nua seo curtha ar bun ag NovaUCD chun aitheantas a thabhairt do agus ceiliúradh a dhéanamh ar an aistriú eolais, ar éachtaí comhairleachta agus fiontraíochta, agus ar chur chun cinn chultúr na nuálaíochta i measc bhaill an phobail taighde agus nuálaíochta UCD.

Tá próifíliú déanta ar fhaighteoirí na nDámhachtainí Nuálaíochta NovaUCD do 2019 ar leathanaigh 58 agus 59.

Gradaim Eile

Ainmníodh an tOllamh William Gallagher, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighe UCD, atá ina Stiúrthóir ar Institiúid Mhic Con Mí, agus comhbhunaitheoir OncoMark, mac-chuideachta UCD a bhfuil a ceanncheathrú ag NovaUCD, mar bhuaiteoir Ghradam Fiontraíochta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann 2019. Is i gcomhair tástáil phrognóiseach le haghaidh ailse chéice luath-chéime a úsáidtear príomhtháirge OncoMark, OncoMasTR. D'fhéadfadh an cineál tástála seo líon na n-othar ailse cíche a fhaigheann ceimiteiripe neamhriachtanach a laghdú amach anseo.

I rith na bliana, bhuaigh UCD, a bhuí le NovaUCD, dhá Ghradam um Tionchar ag Gradaim um an Aistriú Eolais in Éirinn (KTI) 2019.



Déanann an tOllamh Orla Feely comhghairdeas leis an Ollamh William Gallagher, Institiúid Mhic Con Mí UCD, buaiteoir Ghradam Fiontraíochta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, agus an tOllamh Kevin O'Connor, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleigheis UCD, buaiteoir ghradam Taighdeoir na Bliana FEÉ, in éineacht leis an Ollamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir FEÉ, ag Gradaim Taighdeoir na Bliana 2019.

Bhuaigh UCD agus Glanbia an Gradam um Thionchar ar Thaighde Comhoibriúch don tionscadal AgriChemWhey. Leis an Ollamh Kevin O'Connor, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleigheis UCD, tá an tionscadal seo, a bhfuil maoiniú dar luach €22 milliún faighte aige faoi Fhís 2020, faoi stiúir Glanbia i gcomhar le UCD, dírithe ar tháirgí dramhaíola déiríochta a iompú ina dtáirgí ardluacha bithbhunaithe chun margaid domhanda a fhás, lena n-áirítear plaistigh in-bhithmhíllte, leasacháin bithbhunaithe agus mianraí le haghaidh chothú an duine.

Bhuaigh UCD agus Atlantic Therapeutics Gradam um Thionchar Licence2Market i gcomhpháirt lena chéile. Forbraíonn Atlantic Therapeutics, a bhfuil a gceanncheathrú i nGaillimh, feistí leighis gairmiúla agus tomhaltóirí chun cóir leighis a chur ar gach cineál neamhchoinneálachta agus neamhoird eile a bhaineann leis ach náróga an urláir pheilbhig a mhodhnú, rud a neartaíonn na matáin.

Bhain an chuideachta faomhadh amach ón FDA anuraidh le haghaidh a ghairis teiripe INNOVO, spreagthaí matán leictreach a chaitear go seachtarach. Ba é seo an chéad spreagadh leictreach riamh a bhí aistrithe mar tháirge sábháilte a bhí éifeachtach go clínicíúil agus neamhionrach chun déileáil le neamhchoinneálachtaí fuail de bharr struis.

Forbraíodh an teicneolaíocht INNOVO, a raibh iarratas déanta ar phaitinn mar chuid de, iarratas a deonaíodh ina dhiaidh sin, agus an t-eolas gaolmhar i gcomhar le UCD tríd an Ollamh Brian Caulfield, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD, agus ceadaíodh í lena húsáid ag an gcomhlacht ina dhiaidh sin.

Éachtaí maidir le Tiomsú Airgid

I rith na bliana, d'éirigh go han-mhaith le roinnt mac-chuideachta agus cuideachtaí altrama de chuid UCD ó thaobh airgead a thiomsú agus poist nua a fhógairt.

Fuair Brightwind, gnólacht comhairleoireachta maidir le fuinneamh in-athnuaite, maoiniú de luach €162,000 ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun tacú leis an gcomhlacht sin ardán nua bainistíochta sonraí acmhainní gaoithe agus gréine a thógáil.

Fuair Manna, an chuideachta seachadta bia le dróin, \$5.2 milliún i síolmhaoiniú, chun tacú le fás tráchtála an chomhlachta.

Bhain Output Sports, mac-chuideachta UCD i réimse na teicneolaíochta spóirt, síolmhaoiniú de luach €1.3 milliún amach faoi stiúir Atlantic Bridge University Fund, i gcomhpháirt le Elkstone Partners, Fiontraíocht Éireann, agus aingil ghnó eile, lena n-áirítear John Hearne, comhbhunaitheoir agus iar-Phríomhfheidhmeannach Cúram Software agus imreoirí Rugbaí Laighean, Adam Byrne agus Dan Leavy.

Bhain PlasmaBound, mac-chuideachta UCD a d'fhorbair teicneolaíocht nua cóireála dromchla chun cur ar chumas na dtionscal déantúsaíochta domhanda meáchan an táirge a laghdú agus ceanglais maidir le héifeachtúlacht breosla agus astaíochtaí carbóin a chomhlíonadh, maoiniú de luach €1.1 milliún amach. Bhí an Atlantic Bridge University Fund, i gcomhpháirt le Fiontraíocht Éireann agus roinnt infheisteoirí príobháideacha, i gceannas ar an mbabhta infheistíochta sin.

Thiomsaigh Zipp Mobility, an gnólacht nuathionscanta micreashoghluaisteachta atá ag díriú ar mhargadh scútar leictreonach na Ríochta Aontaithe, níos mó ná €1 mhilliún i rith na bliana. I measc na n-infheisteoirí tá Brian O'Driscoll, iar-chaptaen Laighean, na hÉireann agus na foirne rugbaí Leoin na Breataine agus na hÉireann, infheisteoir ó Nua-Eabhrac, caipitilí fiontair atá bunaithe i Londain agus aingil phríobháideacha ghnó. Bhunaigh Charlie Gleeson, céimí ó Scoil Ghnó Uí Chuinn UCD, Zipp Mobility sa bhliain 2019.

Éachtaí Eile

D'ainmnigh Nature Research mac-chuideachta UCD, Equal1 Laboratories, atá ag forbairt cineál nua de ríomhaire candamach bunaithe ar an dul chun cinn is déanaí i dteicneolaíocht leathsheoltóra comhlántaigh ocsaíde mhiotal (CMOS), mar chuideachta le súil a choinneáil, mar chuid dá chéad Dhuais do Mhac-Chuideachtaí i gcomhar le Merck. Níl in Equal1 ach ceann amháin de 32 cuideachta ar fud an domhain, agus an t-aon cheann amháin acu as Éirinn, a cuireadh san áireamh sa liosta 'Ones to Watch'.

Fuair an tOllamh Dominic Zerulla, Scoil na Fisice UCD, agus a fhoireann ag PEARlabs Technologies, duais speisialta eolaíochta do nuálaithe ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann Todhchaí, duais ar fiú €500,000 í, mar aitheantas don tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag a dtionscadal chun réiteach íomháiithe ardnúalach a fhorbairt a chumasaíonn micreascópacht optúil nanascála fhíorghasta.

Rinne DuPont, atá ina cheannaire domhanda san íonú uisce agus sa teicneolaíocht scartha, a rogha le húnireacht iomlán ar OxyMem a glacadh, ar mac-chuideachta UCD é, a fheidhmiú i rith na bliana. Forbraíonn agus táirgeann OxyMem teicneolaíocht imoibreora bithscao scannán-aerithe (MABR) chun fuíolluisce bardasach agus tionsclaíoch a chóireáil agus a íonú. Tráth na héadála, bhí níos mó ná 60 fostaí ag an gcuideachta agus láthair amháin i gcomhair déantúsaíochta i mBaile Átha Luain, Co. na hIarmhí.

Fuair ABB, comhlacht teicneolaíochta ón Eilvéis, Cylon Controls Ltd, mac-chuideachta UCD eile. Cuireann Cylon, a bhfuil a cheanncheathrú lonnaithe i mBaile Átha Cliath, réitigh um uathobriú foirgnimh agus um rialú HVAC ar fáil, chomh maith le réitigh oibríochtúla, fuinnimh agus chomporda a sholáthar d'fhoirgnimh thráchtála agus mhiondíola, do scoileanna agus do shaoráidí cúraim sláinte. Bhí thart ar 100 fostaí ag an gcuideachta tráth na héadála.

Acadamh Nuálaíochta UCD

In ainneoin dhrochthionchar COVID-19, rud nach bhfacthas riamh cheana, tá Acadamh Nuálaíochta UCD ag fás agus ag forbairt an t-am ar fad ina chaidreamh le pobal na mac léinn agus leis an

bpobal, chomh maith le cur leis an gcaidreamh atá aige leis an earnáil phoiblí agus le hearnáil na tionsclaíochta. Chuirimsigh sé sin:

- 561 mac léinn fochéime a ghlac páirt i modúil, lena n-áirítear Buntreoir don Smaointeoireacht Chruthaitheach, Iarracht Fiontraíochta, Fiontraíocht Shóisialta, Smaointeoireacht Dearaidh agus Forbairt Inniúlachta Idirchultúrtha (mar chuid den tionscnamh Erasmus+)
- 171 meánbhainisteoir agus bainisteoir sinsearach ó thionscail agus ó earnálacha éagsúla a ghlac an Dioplóma Gairmiúil sa Chruthaitheacht, sa Nuálaíocht agus sa Cheannaireacht lena gcuid inniúlachta nuálaíochta a fhorbairt;
- Rinneadh scileanna nua a theagasc do 156 céimí tríd an Teastas Iarchéime sa Nuálaíocht, san Fhiontraíocht agus san Fhiontar i gcomhar le Springboard+, clár de chuid an Udaráis um Ard-Oideachas;
- 225 mac léinn PhD a ghlac páirt i modúil faoi Smaointeoireacht Chruthaitheach, Fiontraíocht Shóisialta, Maoin Intleachtúil a Scrúdú, agus Giniúint agus Aithint Deiseanna;
- 72 oideachasóir gairmiúil, lena n-áirítear 38 ball foirne acadúil UCD agus 12 ball foirne ó Ollscoil Vítneam (VNU), Hanoi, a ghlac páirt sa Teastas Gairmiúil agus Dioplóma d'Oideoirí Fiontraíochta mar chuid de Thionscnamh Malartaithe Oideachais Déthaobhach de chuid Chúnamh Éireann Vítneam-Éireann.

Fuair an tOllamh Suzi Jarvis, Stiúrthóir, Acadamh Nuálaíochta UCD agus an Dr Colman Farrell, Ceann Forbartha Cláir, na boinn 'For the Development Cause of VNU' ón Uachtarán Nguyen Kim Son ó VNU mar aitheantas don mhéid luachmhar a rinne siad chun an chomhpháirtíocht idir VNU agus UCD a chur chun cinn.

I rith na bliana, d'fhorbair Acadamh Nuálaíochta UCD a chaidreamh le hAonad Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Bhí Acadamh Nuálaíochta UCD an-ghníomhach le linn an chéad bhabhta riamh den imeacht 'Our Public Service Innovation Week 2019' inar réachtáladh ceardlanna nuálaíochta do 750 seirbhíseach poiblí.

Lean Acadamh Nuálaíochta UCD ar aghaidh éascaíocht a dhéanamh ar mhic léinn UCD páirt a ghlacadh in earnáil na tionsclaíochta. Bhí deis ag mic léinn obair a dhéanamh ar fhíordhúshláin nuálaíochta do chomhlachtaí amhail PwC, Musgrave agus Jo's Absolute Nutrition trí mheán dhianseisiúin na smaointeoireachta deartha. Agus iad ag obair i bhfoirne ildisciplíneacha, chuir na mic léinn a meon cruthaitheachta agus fiontraíochta i bhfeidhm chun réitigh a fhréamhshamhaltú agus a chur i láthair, réitigh a bhain le réimse dúshlán.

D'éirigh le hAcadamh Nuálaíochta UCD an clár InnovationAcademy@ESB a chur ar siúl don cheathrú bliain as a chéile, clár saincheaptha a bhfuil sé mar aidhm aige cumas nuálaíochta na mball foirne a roghnaíodh ó gach réimse de Bhord Soláthair an Leictreachais a fhorbairt. Mar a tharla le cuid mhór gníomhaíochtaí eile ag Acadamh na Nuálaíochta, d'iompaigh an clár seo ar líne, rud ar éirigh go mór leis, agus dul chun cinn á dhéanamh ar cheithre cinn de na cúig thionscnamh a d'fhorbair na rannpháirtithe. Rinneadh an clár a athnuachan go ceann dhá bhliain eile freisin.

Ar deireadh, chuir Acadamh Nuálaíochta UCD fáilte roimh an Scrúdaitheoir Seachtrach nua, an Ridire Mark Welland, Leas-Seansailéir Cúnta Ollscoil Cambridge agus ball nua dá Bhord Comhairleach Idirnáisiúnta, an tOllamh Richard Templer, atá ina Stiúrthóir Nuálaíochta ag Institiúid Grantham, Imperial College London.

€1m

i maoiniú cruinnithe ag Zipp Mobility, gnólacht nuathionscanta micrea-shoghluaisteachta atá ag díriú ar mhargadh r-scútar na Ríochta Aontaithe



Sa phictiúr ag NovaUCD is Charlie Gleeson, bunaitheoir agus POF, Zipp Mobility. Chruinnigh an gnólacht nuathionscanta micrea-shoghluaisteachta, atá ag díriú ar mhargadh r-scútar na Ríochta Aontaithe, níos mó ná €1 milliún i rith na bliana.

BUAITEOIRÍ GHRADAIM NUÁLAÍOCHTA NOVAUCD 2019



An Dr Fergal O'Reilly

Sa phictiúr tá an Dr Fergal O'Reilly, Scoil Fisce UCD, faighteoir **Ghradam Nuálaíochta NovaUCD 2019**. Bhunaigh an Dr O'Reilly SiriusXT, comhlacht mac-amach de chuid UCD, leis an Dr Kenneth Fahy, an Dr Paul Sheridan agus Tony McEnroe. Tá sé bunaithe ar thorthaí a chuid gníomhaíochtaí taighde ar x-ghathanna boga agus optaic leachtach thar thréimhse 10 bliana in UCD. Chruthaigh SiriusXT an chéad mhicreascóp tráchtála bunaithe sa tsaotharlann le haghaidh x-ghathanna boga, ar féidir leis íomhánna 3D ardaigh de chealla agus fíochán a tháirgeadh, rud nach féidir a tháirgeadh ar bhealach ar bith eile. Tá os cionn €12 mhilliún de mhaoiniú cruinnithe ag an gcuideachta, lena n-áirítear thart ar €4.5 milliún a bhronn Clár Píolótach Luasaire na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí i mbliana.



An Dr Martin O'Reilly

Is é Output Sports, a d'fhorbair réiteach ó cheann go ceann a úsáideann ardteicnící próiseála comharthaí agus meaisínfhoghlama, a bhfuil fréamhshamlacha díobh á n-úsáid ag os cionn 40 foireann ghairmiúil, faighteoir **Mhac-Chuideachta na Bliana NovaUCD 2019**. Ba iad an Dr Martin O'Reilly (sa phictiúr), an Dr Darragh Whelan, Julian Eberle agus an tOllamh Brian Caulfield, a bhunaigh an comhlacht mar mhac-chuideachta ó Scoil Sláinte Poiblí, Fisteiripe agus Eolaíochta Spóirt UCD agus ó Insight, Ionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann le haghaidh Anailísíocht Sonraí.



Bobby Healy

Sa phictiúr tá Bobby Healy, bunaitheoir agus Príomh-fheidhmeannach Manna, an comhlacht soláthair drón 'mar sheirbhís', faighteoir **Ghradam Fhiontraí na Bliana NovaUCD 2019**. In 2019, chuir Manna babhta maoinithe síl arbh fhiú \$5.2 milliún (€4.6 milliún) é i gcrích, faoi stiúir Dynamo VC bunaithe sna Stáit Aontaithe.



An tOllamh Eoin Casey

Is iad an tOllamh Eoin Casey (sa phictiúr) agus an Dr Eoin Syron, Scoil Innealtóireachta Ceimicí agus Bithphróiseála UCD, agus an Dr Barry Heffernan faighteoirí **Ghradam Cheadúnas na Bliana NovaUCD 2019** as an teicneolaíocht Imoibreora Bithscao Scannán-Aerithe (MABR) a cheadúnú go OxyMem. I mí na Nollag 2019, d'fhógair DuPont go raibh a rogha chun úinéireacht iomlán na cuideachta a fháil curtha i bhfeidhm aige. Ba chloch mhíle shuntasach don chuideachta é, mar níl sé ach sé bliana ó bhí an teicneolaíocht MABR ceadúnaithe ag an Ollscoil go OxyMem.




An tOllamh Comhlach David Timoney

Na daoine seo a leanas a fuair **Ghradam Chomhairleoireacht na Bliana NovaUCD 2019**: an tOllamh Comhlach Francesco Pilla, Scoil Ailtireachta, Pleanála agus Comhshaoil UCD; An tOllamh Comhlach David Timoney, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD (sa phictiúr) in éineacht leis an Ollamh Robert Shorten agus an tOllamh Cúnta Giovanni Russo, Scoil na hInnealtóireachta Leictreolaíoch agus Leictreonaí UCD le haghaidh staidéar comhairleachta a choimisiúnaigh Toyota Ireland, trí ConsultUCD, chun iompar fuinnimh na feithicle hibrídeach Toyota IV a imscrúdú.



An tOllamh Madeleine Lowery

Sa phictiúr tá an tOllamh Madeleine Lowery, Scoil na hInnealtóireachta Leictreolaíoch agus Leictreonaí UCD, faighteoir **Ghradam Fhionnachtain na Bliana NovaUCD 2019**. Bronnadh an gradam ar an Ollamh Lowery as a haireagán Handalysis, cur chuige nua chun an meath ar an bhfeidhm luadrach a rátáil i gcás neamhoird néarmheathlúcháin cosúil le galar Parkinson agus galar Huntington.



An tOllamh Suzi Jarvis

Sa phictiúr tá an tOllamh Suzi Jarvis, stiúrthóir bunaithe Acadamh Nuálaíochta UCD, atá ag cur borradh faoin gcruthaitheacht, faoin nuálaíocht agus faoin bhfiontraíocht i measc breis agus 1,000 mac léinn agus gairmí tionscail in aghaidh na bliana, a fuair **Ghradam Nuálaíochta na Bliana NovaUCD 2019**.

RANNPHÁIRTÍOCHT DHOMHANDA



Scoláirí Ghaeltacht UCD, deartháir agus deirfiúr Mary agus Patrick Horgan, ag ócáid shóisialta Lónra Ilchultúrtha Lónra na hOllscoile, Baile Átha Cliath.



An tOllamh Dolores O'Riordan

Leasuachtarán UCD um Rannpháirtíocht Dhomhanda

Leanamar de dhul chun cinn mór a dhéanamh maidir le huaimhian na straitéise 2016-2020 a fhíorú in ainneoin an tionchair a bhí ag COVID-19 ó mhí Eanáir ar aghaidh.

Ba bhuaicphointe é gur bhunaigh UCD dhá chomhcholáiste idirnáisiúnta nua sa tSín – Coláiste Iompair Idirnáisiúnta Chang'an-Bhaile Átha Cliath (CDIC), faoi stiúir an Ollaimh Paul Fanning agus Coláiste idirnáisiúnta Eolaíochta na Beatha agus Teicneolaíochta Guangzhou-Baile Átha Cliath (GDIC), faoi stiúir an Ollaimh Alex Evans. Tá os cionn 1,500 mac léinn cláraithe anois ó thrí choláiste idirnáisiúnta UCD sa tSín, lena n-áirítear Coláiste Idirnáisiúnta Bhéising-Baile Átha Cliath (BDIC), CDIC agus GDIC, chomh maith le 2,200 mac léinn breise i gcláir thrasnáisiúnta eile. Nuair a bhris COVID-19 amach sa tSín i mí Eanáir, bhíomar ag obair go tapa chun ár dteagasc agus ár dtacaíochtaí a sheachadadh ar líne ó thús Téarma 2.

Tháinig méadú breise ar líon na mac léinn idirnáisiúnta ar champaís Átha Cliath de chuid UCD; tá 8,574 anois ann. Freagraíonn líon na mac léinn idirnáisiúnta ar champaís Átha Cliath do 29% de na mic léinn go léir, rud a chuireann go mór mór le héagsúlacht ár bpobail de thairbhe na mac léinn seo arb as 145 tír éagsúil dóibh. Reáchtáladh ceiliúradh cultúrtha i gcomhar le mic léinn, an fhoireann teagasc agus baili foirne, agus shocraigh Lónra Ilchultúrtha Fostaithe UCD (MENU) imeachtaí chun cuidiú le

fostaithe idirnáisiúnta a imeascadh in UCD. Bhí áthas orainn go leor de na himeachtaí seo a óstáil i dTolglann UCD Ar Fud na Cruinne, a athchóiríodh agus a athsheoladh i mí na Nollag. Mar fhreagra ar an bpaindéim coronavirus, sheol UCD Ar Fud na Cruinne Tolglann Fhíorúil, a chuir raon leathan imeachtaí ar líne ar fáil.

Bunaíodh Fóram Comhairleach Mac Léinn chun feabhas a chur ar eispéireas domhanda na mac léinn in UCD. Bhí rannpháirtíocht iontach againn, rud a thugann deis do mhic léinn gníomhaíochtaí agus seirbhísí UCD a mhúnlú. D'oibrigh UCD Ar Fud na Cruinne i gcomhpháirt le Lónra Gairmeacha UCD agus Caidreamh Alumni UCD chun sraith imeachtaí infhostaitheachta a chur ar fáil i mí Feabhra, rud a thug an clár forbartha gairme 'Jumpstart' ar líne, a bhí dírithe ar mhic léinn idirnáisiúnta.

Agus forbairt á déanamh ar ár straitéis chun comhpháirtíochtaí domhanda a threisiú, díriodh i mbliana ar Phleananna Rannpháirtíochta Comhpháirtíochta Domhanda a fhorbairt do cheithre Choláiste de chuid UCD. Cruthaíodh an Síolchiste Rannpháirtíochta Domhanda chun maoiniú a chur ar fáil don fhoireann teagasc agus do bhaill foirne araon chun

// Mar chuid dár rannpháirtíocht le comhpháirtithe tosaíochta roghnaithe agus le líonraí agus cuibhreannais thábhachtacha idirnáisiúnta a chur chun cinn, rinne UCD a dhlúth-chomhpháirtíocht le hOllscoil California, Davis a chur chun cinn agus lean sé de bheith ag cothú rannpháirtíochta le Universitas 21, Líonra na nOllscoileanna ar fud an Domhain agus UNICA //

comhpháirtíochtaí a chur ar aghaidh agus maoiníodh cúig thionscnamh nuálacha mar chuid de go dtí seo. Mar chuid dár rannpháirtíocht le comhpháirtithe tosaíochta roghnaithe agus le líonraí agus cuibhreannais thábhachtacha idirnáisiúnta a chur chun cinn, rinne UCD a dhlúth-chomhpháirtíocht le hOllscoil California, Davis a chur chun cinn agus lean sé de bheith ag cothú rannpháirtíochta le Universitas 21, Líonra na nOllscoileanna ar fud an Domhain agus UNICA.

Bhí áthas orainn gur méadaíodh líon na mac léinn a bhaineann leas as deiseanna malartaithe amach. In ainneoin na ndeacrachtaí ann ó thaobh gluaiseachta de mar gheall ar chorraíl pholaitiúil i roinnt tíortha óstacha agus de bharr phaindéim an choróinvírís, ghlac 827 mac léinn UCD páirt i malartú amach, ar méadú é sin ar 767 sa bhliain roimhe. Bhí bliain an-rathúil againn ó thaobh maoiniú a tharraingt chun soghluaisteachta a éascú. Ó na cláir Erasmus+, fuair UCD €1,155,440 le haghaidh soghluaisteachta laistigh den Eoraip agus deonaiodh €263,328 de mhaoiniú faoi Shoghluaisteacht Creidiúna Idirnáisiúnta le haghaidh soghluaisteachta idir Éire agus tíortha eile, lena n-áirítear an Astráil, an Nua-Shéalainn agus Mósaimbíc. Seachas an maoiniú soghluaisteachta sin, fuair UCD níos mó ná €14 mhilliún ó thionscadail chomhoibritheacha Erasmus+.

Cé nach raibh siad in ann saorálaithe a chur thar lear mar gheall ar phaindéim an choróinvírís, chuaigh Saorálaithe COBÁC Thar Lear (UCDVO) i dtaithí ar chúrsaí go tapa tríd an gclár a rithe go fíorúil.

Ghlac 56 saorálaí páirt sa chianchlár píolótach sin agus iad ag plé le cláir um shláinte pobail, oideachas agus forbairt pobail le trí chomhpháirtí de chuid UCDVO in Uganda, san India agus sa Tansáin.

Bhí freagrúlacht do COVID-19 chun tosaigh in aigne UCD Global ar feadh chuid mhór den bhliain agus béim mhór curtha ar chinntiú go dtiocfadh mic léinn idirnáisiúnta nua go hÉirinn ar bhealach sábháilte agus comhordaithe, agus sábháilteacht agus riosca taistil a láimhseáil do mhic léinn imeachta. Tá líonra na gcúig ionad de chuid UCD Ar Fud na Cruinne (i SAM, sa tSín, san India, sa Mhalaeis agus in Dubai) rithábhachtach do rath UCD san aimsir dhúshlánach seo, agus ról rithábhachtach á ghlacadh ag foireann intíre i Straitéis UCD um Rannpháirtíocht Dhomhanda a chur i gcrích nuair nach féidir taisteal thar lear ó Éirinn.

Tá Lárionad na dTeangacha Feidhmeacha UCD ag cur lena chuid gníomhaíochtaí sna réimsí seo a leanas: naisc le coláistí comhpháirtí nua UCD sa tSín (CDIC agus GDIC) a fhorbairt tuilleadh trí mhodúil Béarla Chun Críocha Acadúla a mhúineadh ar líne agus a chomhordú tríd an Lárionad; an Phortaingéilis a thabhairt isteach ionas go mbíonn 14 theanga ar fáil do gach mac léinn UCD trí chlár na Modúl Teanga Domhanda; méadú 36% ar mhic léinn a chláraíonn don chlár chonair Réamhsheisiúin sa samhradh; agus an chéad chohórt de mhic léinn Teastais agus Dioplóma IPMP a bhain cáilíocht amach ag an Lárionad.

D'óstaigh an Lárionad imeacht líonraithe maidir le deiseanna poist le scileanna Gearmáinise in Éirinn. Reachtáladh an t-imeacht i gcomhar le hAmbasáid na Gearmáine, Baile Átha Cliath agus le Comhlachas Tráchtála na Gearmáine-na hÉireann agus Ionad Seirbhísí Gairme UCD. Fuair mic léinn a bhí i láthair eolas ó bhunfhoinsé oifigiúla ón Roinn Gnóthaí Eachtracha, ó Facebook agus ón gCoimisiún Eorpach.

I mí an Mhárta 2020, mar thoradh ar shrianta dianghlása de thoradh phaindéim COVID-19, ní rabhtas in ann modúil a sholáthar duine le duine do Mhodúil Teanga Domhanda, do chlár Réamh-mháistreachta agus do chlár Mháistreachta sa Lárionad. Múineadh ranganna beo trí Virtual Classroom ar Brightspace agus rinneadh gach iarracht plé le mic léinn maidir lena gcuid bhfoghlaim, fiú má bhí mic léinn i gcéin ag déanamh teagmhála as gach cearn den domhan. Leanadh ar aghaidh le teagasc ar líne sa samhradh agus ainmníodh foireann Réamhsheisiúin do Dhámhachtain Teagaisc agus Foghlama.

29%

Tagann dár gcuid mac léinn atá bunaithe i mBaile Átha Cliath ón gcoigríoch – as 140 tír dhifriúil

Reachtáladh searmanas dámhachtana agus taispeántas don Chomórtas Ealaíne 'China in my Eyes' in CII i mí na Nollag. Tá buaiteoirí na nduaiseanna in éineacht leis na bronnóirí agus na baill foirne sa phictiúr: Ambasadóir na Síne chun na hÉireann, A Shoile An Dr He Xiangdong; Foireann Ambasáid na Síne, agus ina measc Zheng Dawei, Ceann an Rannóg Oideachais; Thomas Duffy; Anne Collins; Aoife Ahern, Príomhoide, Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD An tOll. Liming Wang, Stiúrthóir, Institiúid Confucius UCD; Wei Zhang, Stiúrthóir Síne, Institiúid Confucius UCD; agus foireann teagaisc ealaíne Institiúid Confucius, Fengli Yu, Yi Jiang agus Chunzhu Wang.



41

I gcomhpháirt le CII UCD, chuir Institiúid Confucius na hÉireann don Léann Síneach in UCD oiliúint ar teagascóir Sínise

In Institiúid Confucius UCD d'Éirinn (CII) tosaíodh an bhliain leis an Dorn Íogó Confucius agus Craobhchomhórtas Fichille Síní a óstáladh i gcomhar le Cumann Íogó na hÉireann agus Cumann Fichille Síní na hÉireann. Chomh maith leis sin, cheiliúir an t-imeacht cothrom 70 bliain ó bunaíodh Daon-Phoblacht na Síne. I mí na Nollag 2019, seoladh an tuarascáil *Chinese as a Foreign Language in Post-Primary Schools in Ireland: Demand, Growth and Sustainability* agus an paca acmhainní don Ghearrchúrsa Sínise don *Timthriall Sóisearach* in CII. Bhí níos mó ná 100 ionadaí ag an seoladh, daoine ón Roinn Oideachais agus Scileanna, príomhoidí meánscoile, múinteoirí agus daltaí na Síne san áireamh.

Chun Athbhliain na Síne a cheiliúradh, reáchtáil CII aonach i mí Eanáir i Margadh na Feirme le ceardlanna cultúrtha a chuimsigh callagrafaíocht, gearradh páipéir, fichille Shíneach agus ceol; tharraing an t-imeacht slua mór.

Chun déileáil leis an nganntanas múinteoirí ar cuairt ón tSín mar gheall ar phaindéim COVID-19, d'eagair Institiúid Éireannach don Léann Síneach UCD, i dteannta le CII UCD, clár oiliúna do mhúinteoirí Sínise áitiúla i mí Iúil 2020 chun cur leis an gcumas teagaisc le haghaidh scoileanna na hÉireann. Cuireadh oiliúint ar 41 múinteoir agus tá roinnt rannpháirtithe ag múineadh Sínise faoi láthair i scoileanna Éireannacha.

I dteannta leis an ngníomhaíocht lárnach, is é sin cúrsaí Gaeilge a sholáthar, rinne Gaeltacht UCD níos mó forbartha ar a chlár cultúrtha leis na tionscnaimh *Fonn, Steip & Ceoil UCD 2019* agus *Cultúr na Céadaoine 2020*, trínar tugadh deiseanna chun plé go

// Mar fhreagra ar COVID-19, reáchtáladh *Tionól Gaeilge UCD*, Scoil Shamhraidh Idirnáisiúnta ar líne. Cuireadh béim faoi leith sa seimineár gréasáin ar 'Féiniúlacht Éireannach i sochaí iltheanga agus ilchultúrtha'. Cuireadh fáilte roimh aíonna labhartha Gaeilge le hoidhreacht Vítneamach, Rúiseach agus Nígireach //



Sa phictiúr tar éis dóibh comhaontú comhair a shíniú i ndiaidh Ceardlann idirnáisiúnta ar Nuálaíocht agus Shábháilteacht Bia i UC Davis tá (ó chlé go deas): Triona McCormack, Stiúrthóir Taighde, UCD; An tOll. Dolores O'Riordan; An Dr Joanna Regulska, Leas-Phropast agus Seansailéir Comhlach Gnóthaí Dhomhanda i UC Davis agus an Dr Paul Dodd, Leas-Seansailéir UC Davis um Thaighde Idirdhisciplíneach agus Tionscnaimh Straitéiseacha.

gníomhach leis an teanga agus cultúr saibhir na hÉireann a roinnt le pobal domhanda UCD ag an am céanna. I mí Eanáir 2020, rinneadh comóradh ar chothrom 20 bliain ó bunaíodh *Teach na Gaeilge UCD*, Scéim Áiteanna Cónaithe na hOllscoile do Mhic Léinn Ghaeilge, le hócáid cheiliúirtha i gClub na hOllscoile. Mar fhreagra ar COVID-19, reáchtáladh *Tionól Gaeilge UCD*, scoil Shamhraidh Idirnáisiúnta ar líne. Cuireadh béim faoi leith sa seimineár gréasáin ar 'Féiniúlacht Éireannach i sochaí iltheanga agus ilchultúrtha'. Cuireadh fáilte roimh aíonna labhartha Gaeilge le hoidhreacht Vítneamach, Rúiseach agus Nígireach.

Mar gheall ar láithreacht an aonaid agus ar fhorbairtí digiteacha mar fhreagra ar an bpaindéim, leathnaíodh a thionchar ar fud an domhain agus ar an gcaoi sin tógadh 'scoth an domhain go hÉirinn agus scoth na hÉireann agus a cuid cultúr sainiúil chuig an domhan'.

Míle buíochas le gach duine a chuir le gach rath i rith na bliana agus as an tacaíocht i rith an ama seo gan fasach agus as tacaíocht leanúnach a thabhairt d'fhorbairt na gnéithe deireanacha de straitéis domhanda UCD 2020-2024 a sholáthar i rith na bliana atá le teacht.

An tOllamh Dolores O'Riordan
Leasuachtarán UCD um Rannpháirtíocht Dhomhanda

Sa phictiúr thall tá: Hsin Yi Hsiao, ar ar bronnadh an Dioplóma Ollscoile – Conair Idirnáisiúnta Réamh-Mháistreacht leis an Oll. Paul Fanning, Déan Idirnáisiúnta (An tSín) agus Propast, BDIC.

University College Dublin
Ireland's Global University



Science
Business
Arts & Design
Social Sciences
Engineering
Health


University College Dublin
Ireland's Global University



RANKED
No.1

IN IRELAND
FOR
EMPLOYMENT
2019

students
international
from
countries



www.ucd.ie

COMHIONANNAS, ÉAG-SÚLACHT AGUS CUIMSIÚ



Colin Scott
Leasuachtarán um
Chomhionannas, Éag-
súlacht agus Cuimsiú

Sa phictiúr ag Café Domhanda Athena SWAN UCD i mí Dheireadh Fómhair - 'Reframing the Conversation: Leading Culture Change', tá (ó chlé go deas): Eimear O'Reilly, Oifigeach Tionscadal CÉC UCD; Rory Carey, Stiúrthóir, Cultúr & Rannpháirtíocht UCD; An Dr Rhona Mahony, Iar-Mháistir an Ospidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holles; An tOll. Orla Feely, Leas-Uachtarán UCD do Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar; agus Marcellina Fogarty, Bainisteoir ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú Straitéiseach in UCD.

Ba mhinic a meabhraíodh go soiléir dúinn i mbliana go bhfuil go leor dúshlán romhainn maidir le fáil réidh leis na bacainní roimh chomhionannas, le héagsúlacht na hOllscoile a fheabhsú, agus le cuir chuige ionchuimsitheacha i leithh ár gcroíghníomhaíochtaí a phríomhshruthú.

Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú le linn COVID-19

Níl duine ar bith in Éirinn nach raibh tionchar ag paindéim COVID-19 orthu agus d'oibríomar i gcomhpháirt leis na hinstiúidí ardoideachais eile agus leis an Údarás um Ardoideachas chun na bealaí a aithint ina raibh éifeacht dhíreireach ag an bpaindéim ar fhostaithe agus ar mhic léinn atá buailte ag an neamhionannas cheana. Leis an obair sin, aithníodh an tionchar a bhí ag dúnadh na scoileanna agus na saoráidí cúraim leanaí orthu siúd a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu. I measc na dtacaíochtaí in UCD dóibh siúd a bhfuil freagrachtaí cúraim leanaí orthu, bhí forbairt leathanach gréasáin inar leagadh amach na hacmhainní atá ar fáil, seimineár gréasáin agus maidineacha caife a eagrú, agus Painéal Cairde Tuismitheoirí a bhunú.

I measc tionscnamh eile a glacadh chun ionchuimsiú a chur chun cinn le linn an ama sin, cuireadh fáil ar áiseanna agus trealaimh chun cinn dóibh siúd nach bhfuil rochtain mhaith acu ar theicneolaíochtaí chun staidéar agus obair a dhéanamh sa bhaile, cuireadh bearta i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar an uaigneas

a d'fhéadfadh a bheith ag baint le hobair agus staidéar sa bhaile chun mothú ionchuimsithe agus rannpháirtíochta a chur chun cinn, lenar áiríodh go leor maidineacha caife fíorúla do bhaill foirne, seimineáir agus Blag nua CÉC. Tosaíocht ar leith i rith COVID-19 ba ea é tacú le meabhairshláinte agus le folláine. Forbraíodh leathanach gréasáin nua ar ar soláthraíodh acmhainní agus eolas chun tacú le fhostaithe. Chomh maith leis sin, seoladh an Scéim Piarthacaíochta Garchabhrach don Mheabhairshláinte in Aibreán. Grúpa rúnda piarthacaíochta le haghaidh fostaithe atá ann.

Dínit agus Meas

San earnáil ardoideachais in Éirinn, aithníodh gur fadhbanna eindéimeacha iad ciapadh gnéasach agus foréigean gnéiseach agus éifeacht acu ar mhic léinn agus ar fhostaithe ar fud na hearnála. I dtuarascáil a foilsíodh ag OÉ na Gaillimhe/Aontas Mac Léinn na hÉireann i mí an Mheithimh 2020, cuireadh in iúl go bhfuil leibhéil uafásacha de chiapadh gnéiseach agus d'fhoréigean gnéasach ag dul i dtionchar ar mhic léinn in Éirinn. In UCD, tá sé ag éirí níos soiléire an t-am ar fad nach leor ár mBeartas agus ár Nós Imeachta

foirmiúil um Dhínit agus Meas, a athbhreithníodh in 2017, chun ní hamháin ciapadh gnéasach agus foréigean gnéasach a aithint agus aghaidh a thabhairt air, ach ciapadh agus bulaíocht freisin. Ach is fíor gur chuir ár mBeartas agus Nós Imeachta feabhas áirithe ar an bpróiseas agus na tacaíochtaí a bhí i bhfeidhm roimhe sin.

Tá athbhreithniú mór á dhéanamh faoi láthair ar an mbeartas um Dhínit agus Mheas, lena n-áirítear próiseas leathan comhairliúcháin inmheánaigh trí ghrúpaí fócais arna n-éascú go seachtarach, aighneachtaí scríofa agus cruinnithe aonair. Freisin rachfar i gcomhairle le saineolaithe seachtaracha faoi na cáipéisí athbhreithnithe. Níl sna cáipéisí athbhreithnithe sin ach gné amháin de chreat i bhfad níos leithne chun cultúr dínite agus measa a chruthú a chuimsíonn oiliúint, ardú feasachta, tacaíochtaí tiomnaithe breise agus cáipéisí tacaíochta.

Bhí UCD i measc na mball a bhunaigh an feachtas faoi stiúir Chomhairle Náisiúnta na mBan (ESHTE) in 2017, ba é sin Deireadh a Chur le Ciapadh agus Foireagan Gnéasach in Oideachas Tríú Leibhéal (ESHTE). Ba é an toradh a bhí air ná gur glacadh le Creat Toilithe Náisiúnta faoi stiúir an Rialtais in 2019. Laistigh de na bearta earnála, bhí UCD i gceannas ar Uirlis Tuairiscithe agus Tacaíochta anaithnid a chur i bhfeidhm agus a sheoladh i bhFeabhra 2020 chun tuiscint níos fearr a fháil ar chineál, scála agus suíomh na sárúithe ar bheartas Dínite agus Measa ionas gur féidir gníomhartha a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar an gcultúr agus iad siúd a bhíonn buailte a threorú chuig na tacaíochtaí atá ar fáil.

Agus leas á bhaint as taithí níos leithne na hearnála, rinne an Ollscoil Oiliúint maidir le hidirghabháil ag Breathnóir a reachtáil ar bhonn píolótach agus seolfaidh sí í do gach mac léinn nua in UCD mar chuid den ionductú.

Comhionannas Inscne

Leanann an Ollscoil uirthi ag cur lena hacmhainn chun machnamh a dhéanamh ar dhúshláin agus foghlaim conas freagairt agus gníomhartha

éifeachtacha a fhorbairt, go háirithe tríd an scéim Athena Swan. Bhí an Grúpa Gníomhaíochta um Chomhionannas Inscne i gceannas ar raon leathan gníomhartha, a chuimsigh suirbhé foirne, imeachtaí agus seisiúin fócasghrúpa, forbairt Plean Gníomhaíochta nua um Chomhionannas Inscne, mar chuid den aitheantas institiúide Athena Swan Cré-umha. Aitheantas atá ann ar obair na hOllscoile chun na bacainní roimh chomhionannas san institiúid a thuiscint, agus ar na pleananna agus na gníomhartha a forbraíodh chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní sin, lena n-áirítear an féinmheasúnú, an phleanáil agus aitheantas Athena Swan Cré-umha do 14 scoil de chuid UCD (a chuimsigh 6 Scoil in iarratas amháin ó Choláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta). Fuair 2 Scoil eile, Eacnamaíocht agus Teangacha, Cultúr agus Teangeolaíocht aitheantas Cré-umha i mí Aibreáin 2020. Leis an scéim Athena Swan, ní hamháin go ndírítear níos mó agus níos mó ar chomhionannas inscne, ach díreann freisin ar dhúshláin an chiníochais agus an trasnachais.

Comhionannas Ciníoch agus Eitneach

Mar gheall ar an bhfearg ar fud an domhain tar éis bhás George Floyd sna Stáit Aontaithe i mBealtaine 2020 agus fás na gluaiseachta Black Lives Matter, tarraingíodh aird ar an ngá le haghaidh a thabhairt ar an gciníochas in Éirinn agus inár gcuid ollscoileanna. Mar chuid de Mhí na Staire Duibhe chuir muid fáilte roimh an Dr Nicola Rollock, Goldsmiths, Ollscoil Londain go UCD le haghaidh seimineáir inar leagadh béim ar an ngá le feachtas a ardú faoin gciníochas i bpobal iomlán ár n-ollscoile, le plé a dhéanamh le fostaithe agus mic léinn dubha agus ó mhionlaigh eitneacha faoina gcuid eispéireas, sonraí níos fearr a bhailiú chun bacainní roimh neamhionannas a thuiscint i dtaobh ábhar mar earcaíocht agus gnóthachtáil, agus bearta a fhorbairt a thugann aghaidh go héifeachtach ar an gciníochas. Bhunaíomar Meitheal Oibre nua maidir le Cine agus Eitneachas le linn na bliana atá, bunaithe ar thaithí an Ghrúpa Gníomhaíochta um Chomhionannas Inscne, ag forbairt anailís níos láidre ar na dúshláin atá romhainn chun plean gníomhaíochta a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar an gciníochas san Ollscoil.



Scoileanna UCD ag fáil dámhachtainí Athena SWAN ag an Searmanas Bronnta Advance HE i mí Dheireadh Fómhair. Sa phictiúr, sa ró tosaigh (ó chlé go deas): An tOll. Lizbeth Goodman, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD; An Dr Derek Costello, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus an Bhithleigheis; An Dr Simone Cuiti, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD; An tOll. Comhlach Elizabeth Shotton, Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasáí Comhshaoil, UCD; An tOll. Torres Sweeney, Scoil an Leighis Tréidliachta UCD; An tOll. Comhlach Marguerite Clyne, Scoil an Leighis UCD; An tOll. Frank Monahan, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD; An Dr Meriel McClatchie, Scoil na Seandálaíochta UCD; agus Adele Connor, Cúntóir Taighde, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil, UCD. Ró tosaigh (ó chlé go deas): Tom Costelloe, Anailísí Sonraí, Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú UCD; Licia Carlesi, SEA, Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú UCD; Marcellina Fogarty, Bainisteoir Straitéiseach, Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú UCD; An tOll. Orla Feely, Leas-Uachtarán UCD um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar; agus Tristen Aitken, Stiúrthóir, Acmhainní Daonna, SIRC agus Cúrsaí Dlí UCD. Ró cúl (ó chlé go deas): An tOll. Comhlach Donal Finn, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD; An tOll. Comhlach Evelyn Doyle, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD; An tOll. Michael Doherty, Ceann Scoile, Scoil an Leighis Tréidliachta UCD; Rory Carey, Stiúrthóir, Cultúr & Rannpháirtíocht UCD; Eimear O'Reilly, Oifigeach Tionscadal, Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú UCD; Edward Moore, Riarthóir Sinsearach, Scoil an Leighis UCD; Henna Kinsella, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD; An Dr Saoirse Tracy, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD; Shona Baker, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD; An tOll. Tasman Crowe, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD; agus an tOll. Graeme Warren, Ceann Scoile, Scoil na Seandálaíochta UCD.

// Treisítear ár gcuid gníomhaíochtaí ag timpeallacht náisiúnta ina gcuireann an rialtas spéis mhór i gcinnte a dhéanamh de go dtuigeann agus go dtugann institiúidí ardoideachais aghaidh ar na dúshlán atá rompu i ndáil le hábhair mar chomhionannas inscne, ciníochas, agus rochtain ar an ardoideachas do ghrúpaí nach bhfuil a ndóthain tacaíochta acu //

Comhar

Ní féidir a bheith réchúiseach ar chor ar bith san Ollscoil agus muid ag tabhairt aghaidh ar dhúshlán a bhaineann le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú. Treisítear ár gcuid gníomhaíochtaí ag timpeallacht náisiúnta ina gcuireann an rialtas spéis mhór i gcinnte a dhéanamh de go dtuigeann agus go dtugann institiúidí ardoideachais aghaidh ar na dúshlán atá rompu i ndáil le hábhair mar chomhionannas inscne, ciníochas, agus rochtain ar an ardoideachas do ghrúpaí nach bhfuil a ndóthain tacaíochta acu. Tá comhar náisiúnta láidir san earnáil chun cuir chuige choiteanna a fhorbairt agus foghlaim ó thaithí a chéile. Tá UCD ag obair i ndlúthpháirt le hollscoileanna eile ar raon de thionscnaimh chun Dualgas na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm go héifeachtach i ndáil le comhionannas agus cearta daonna, tionscnaimh a fhaigheann tacaíocht ó Chiste an ÚAO um Feabhsú Chomhionannas Inscne, bailiú agus anailís sonraí CÉC. Tá ionadaíocht ag UCD ar Ghrúpa Sonraí an ÚAO agus stiúir sé comhdháil náisiúnta ar dhea-chleachtas maidir le tiomsú sonraí bainteach le CÉC agus anailís orthu.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do ról an-mhór go leor fostaithe agus mac léinn i bhforbairt beartas, gníomhartha agus imeachtaí chun comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a phríomhshruthú. Tá raon de thionscnaimh CÉC ar siúl maidir le go leor de bhoinn



Sa phictiúr ag plé ar Lá Idirnáisiúnta na mBan tá (ó chlé go deas): An Dr Marion Boland, Ceann Bheartas Taighde, Fondúireacht Eolaíochta Éireann; Elaine Burke, Eagarthóir, Silicon Republic; An tOll. Madeleine Lowery, Scoil na hInnealtóireachta Leictreice agus Leictreonaí UCD; An Dr Susan Leavy, Anailísí Taighde, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD; agus an tOll. Orla Feely, Leas-Uachtarán UCD um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar.

chomhionannais UCD agus iad stiúrtha ag obair na bhfoghruipaí CÉC agus na Leas-Phríomhoidí um CÉC agus tacaíocht acu ó na hIonadaithe CÉC sna Scoileanna. Tá na ról sin an-tábhachtach chun tacú le cuspóir phríomhshruthaithe an CÉC agus le CÉC a chumhdach ar leibhéal áitiúil. Tá an tAonad CÉC, faoi stiúir Marcellina Fogarty, agus Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD, faoi stiúir an Dr Anna Kelly, fós ag croílár na tacaíochta don raon dúshlán atá romhainn agus a bhfuilimid ag tabhairt aghaidh orthu ar fud na hollscoile.

Colin Scott

Leasuachtarán um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú







Sa phictiúr ag seoladh Uirlis Tuairiscithe agus Tacaíochta UCD tá (ó chlé go deas): An tOll. Colin Scott, Leasuachtarán UCD um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú; An Dr Aideen Quilty, Scoil an Pholasáí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta; Una Carroll, Oifigeach Leasa, Aontas na Mac Léinn UCD; An tOll. Jason Last (Déan na Mac Léinn UCD); agus Noline Blackwell, POF, Ionad Éigeandála um Éigniú, Baile Átha Cliath. (Grianghraf le Conor Capplis don UCD College Tribune.)

Fostaithe de réir Inscne 2019/20

Catagóir Foirne		Mná	Fir	*Ní fios	Comhiomlán	% Mná
Foireann Teagaisc na nDámh	Lán-Ollamh	43	129		172	25%
	Ollamh	35	65	1	101	35%
	Ollamh Comhlach	106	163		269	39%
	Léachtóir/Ollamh Cúnta Taobh Thuas Den Bharra	296	304	1	601	49%
	Léachtóir/Ollamh Cúnta Taobh Thíos Den Bharra	34	25		59	58%
	Foireann Eile Acadúil agus Teagaisc	77	55	2	134	57%
Iomlán Acadúil		591	741	4	1,336	44%
Taighde	Taighdeoir	199	282	9	490	41%
Taighde: Iomlán		199	282	9	490	41%
Tacaíocht	Acadúil Riaracháin / Gairmiúil	366	90	3	459	80%
	Riaracháin/Gairmiúil	434	206	5	645	67%
	Tacaíocht Taighde	157	122	4	283	55%
	Teicniúil	140	107	1	248	56%
	Foireann Tacaíochta Eile	148	168	2	318	47%
Tacaíocht: Iomlán		1,245	693	15	1,953	64%
Uile		2,035	1,716	28	3,779	54%

Fostaithe de réir Deighilt Inscne %




Monatóireacht Éagsúlachta – Sonraí Iarratasóra

Tugadh isteach Monatóireacht Éagsúlachta ag deireadh 2013, tús 2014. Tugtar cuireadh d'iarratasóirí a gcuid gnéithe a chur isteach ar fud na mbonn comhionannais, ar bhonn deonach agus anaithnid. Leis sin bíonn an miondealú ar éagsúlacht níos feiceálaí ag céim an iarratasóra agus le linn na gcéimeanna éagsúla de phróiseas na hearcaíochta, tacaíonn sé le spriocanna bainteach le hinscne ag céim na hearcaíochta agus tacaíonn sé le cuspóirí straitéiseacha na hOllscoile, rud a chuireann sé bonn eolais faoi bheartais UCD agus faoi thosaíochtaí CÉC.


Comhdhéanamh na nIarratasóirí ó thaobh Éagsúlachta

Daoine bána a bhí i bhformhór na ndaoine acadúla agus na dtaighdeoirí a rinne iarratas, a cuireadh ar ghearrliosta agus a ceapadh thar an tréimhse 3-bliana 2017-19 ach tá beagáinín níos mó éagsúlachta i measc taighdeoirí.

Daoine Acadúla (Iarratas Déanta, Curtha ar Ghearrliosta & Ceaptha)



Taighdeoirí (Iarratas Déanta, Curtha ar Ghearrliosta & Ceaptha)



AIRGEADAS AGUS FORBAIRT CAIPITIL



Léaráid ealaíontóra ar an Lárionad um Fhoghlaim na Todhchaí.

David Kelly
Spáránaí

AIRGEADAS

Olltoradh don bhliain

Le haghaidh na bliana 2019/20, thabhaigh an Ollscoil easnamh de €3.9m ar a cuid gníomhaíochtaí arna maoiniú ag an ÚAO. Tháinig an caillteanas don bhliain chun cinn go príomha mar gheall ar ioncam níos ísle mic léinn i gcomparáid leis an mbuiséad agus laghdú suntasach ar shruthanna ioncaim ghnó de thoradh phaindéim COVID-19.

Bhí géarchéim mhór airgeadais ag an Ollscoil i rith na bliana mar gheall ar dhúnadh tobann an champais i Márta 2020 a bhí freagrach as cailliúint foinsí ioncaim ó áiteanna cónaithe mic léinn, lamháltais lónadóireachta ar an gcampas agus gníomhaíochtaí gnó an tsamhraidh.

€123 milliún

de mhaoiniú iasachta aontaithe leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe i dtreo chostas na céad chéime de mháistirphlean na n-áiteanna cónaithe do mhic léinn

Ó bhí Márta 2020 ann, bhí drochthionchar ag briseadh amach ghéarchéim COVID-19 ar chumas na hOllscoile foinsí ioncaim lasmuigh den Státchiste a ghiniúint. Cé go mbaineann go leor éiginnteachta le ráig an chóróinviris, áitíonn an Ollscoil gur féidir léi leanúint ar aghaidh lena cuid oibríochtaí sa timpeallacht eacnamaíochta luaineach faoi láthair mar gheall ar a iarmhéideanna suntasacha airgid agus a smacht leanúnach docht ar chostais.

Cláir Caiteachais Caipitil a Mhaoiniú

I rith na bliana, chuir an Ollscoil comhaontú um maoiniú iasachta ar feadh thréimhse 25 bliana i gcrích le haghaidh €123 milliún leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe i dtreo chostas na céad chéime de mháistirphlean na n-áiteanna cónaithe do mhic léinn.

Thángthas ar chomhaontuithe le haghaidh maoiniú fadtéarmach iasachta ar théarmaí fabhracha agus ar rátaí úis an-íseal. Cuireann na socruithe sin maoiniú inbhuanaithe fadtéarmach ar fáil don Ollscoil chun cláir caiteachais caipitil bheartaithe de €700 milliún a mhaoiniú thar na cúig bliana amach romhainn.

Maoiniú Stáit le haghaidh Ardoideachais

Mar fhreagra ar na dúshlán roimh an earnáil ardoideachais de thoradh phaindéim COVID-19, d'fhógair an Rialtas pacáiste de thacaíochtaí airgeadais ar luach iomlán €168 milliún i Mí Iúil 2020. Tá UCD ag súil go bhfaighidh sé €20m den €168m sin chun costais a bhaineann le COVID-19 a chlúdach. Ní chlúdaíonn an ciste seo,



Máistirphlean na nÁiteanna Cónaithe Mic Léinn – leantar ar aghaidh leis an tógáil.

áfach, aon chailteanas mór ar ioncam de thoradh COVID-19, lena n-áirítear aisíocaíochtaí le cónaitheoirí, cailliúint ioncaim samhraidh agus an deireadh iomlán, nach mór, le hioncam ó bhialanna agus ioncam gnó eile ar an gcampas idir Aibreán agus Meán Fómhair.

In 2020, freisin, sholáthair an buiséad náisiúnta leithdháileadh ar cuireadh fáilte roimhe de €74 milliún mar mhaoiniú breise anuas ar ghealltanais mhaoinithe reatha an Stáit maidir le dámhachtainí pá.

Athbhreithniú ar an tSamhail Leithdháilte chun Institiúidí Ardoideachais a Mhaoiniú

Cé go bhfuil roinnt éiginnteachta fós ann maidir le maoiniú amach anseo chun leibhéal phá a chur ar ais mar a bhí d'iontrálaithe nua sa tseirbhís phoiblí, a laghdaíodh roimhe sin faoi bhearta éigeandála airgeadais an Stáitchiste i rith na géarchéime airgeadais, tá an Ollscoil ag cur buiséad le chéile agus talamh slán á déanamh aici go maoineoidh an Stát costais phá bhreise den chuid is mó agus go gclúdfar costais ball foirne nach baill foirne lárnacha iad le méaduithe ar ioncam táille neamh-AE.

Le blianta beaga anuas, thug an tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO) faoi athbhreithniú ar an tsamhail atá ann le haghaidh maoiniú deontais a leithdháileadh in earnáil an ardoideachais. Rachaidh an t-athbhreithniú agus na moltaí istigh ann i bhfeidhm ar threoir, feidhmíocht agus tionchar an ardoideachais amach anseo.

Tá ÚAO fós tiomanta don rún atá aige athbhreithniú a dhéanamh ar chóras maoinithe RGAM (Samhail Leithdháilte an Deontais Thréimhsiúil) atá ann agus é a leasú i gcomhréir leis na moltaí sa Straitéis Náisiúnta Ardoideachais go dtí 2030. Déanfar cinnte de maith go mbeidh próisis chun maoiniú a leithdháileadh ag teacht leis agus ag tacú leis na cuspóirí straitéiseacha náisiúnta don ardoideachas.

Is mór an spreagadh go bhfuil an ÚAO sásta athbhreithniú a dhéanamh ar an tsamhail leithdháilte agus, tar éis próiseas comhairliúcháin leis na hollscoileanna, tá an ÚAO tiomanta do shamhail mhaoinithe nua a sheoladh. San aighneacht a chuir UCD faoi bhráid an Údaráis, cuireadh in iúl go dtacaíonn an ollscoil go láidir le cur chuige ilbhliantúil chun pleanáil a éascú agus ionas go mbeadh cinnteacht níos fadtéarmaí ann. Chomh maith leis sin, bhí moladh ann gur chóir gach ciste le haghaidh teagaisc a chur san áireamh nuair atá ualú á chur i bhfeidhm sa tsamhail

€168 milliún

de thacaíochtaí airgeadais don earnáil airgeadais chun costais a bhaineann le COVID-19 fógartha ag an Rialtas i mí Iúil

athbhreithnithe, chun na costais choibhneasta a bhaineann le disciplíní agus leibhéal clár éagsúla a léiriú.

Cuimsíonn an tsamhail leasaithe leithdháilte moladh go ndéanfaí coigeartú ar leithdháiltí bliantúla chun ualú ar an ioncam teagaisc ar fad a chur i bhfeidhm, agus an t-ualú sin bunaithe ar an disciplín. Rachadh sé sin chun sochair UCD sa mheántearma, cé go mbíonn tionchar aon athraithe faoi réir fachtóirí bliantúil maolaithe.

Tá trí ghné i gcur chuige an Údaráis um Ardoideachais maidir le hollscoileanna a mhaoiniú faoi láthair:

- Blocdheontas le haghaidh táillí fochéime AE agus leithdháileadh deontais thréimhsiúil, atá á stiúradh go príomha ag líon na mac léinn, atá ualaithe de réir na gcostas difriúil chun oideachas a chur ar fáil i ndisciplíní difriúla.
- Leithdháiltí dírithe barrscoite a dhéantar chun críocha straitéiseacha sonracha, amhail tionscnaimh maidir le seirbhísí comhroinnta.
- Gné mhaoinithe atá bunaithe ar fheidhmíocht, ar féidir suas le 10% den mhaoiniú institiúideach a choinneáil siar ar bhonn feidhmíochta dá réir. Tá an ghné sin bunaithe ar chomhaontuithe trí bliana ina ndéanann na h-institiúidí tríú leibhéal go léir gealltanais maidir le bearta agus spriocanna.

Le blianta beaga anuas, tá institiúidí ardoideachais ag brath níos mó ar mhaoiniú lasmuigh den Stáitchiste, ach le paindéim COVID-19 cuireadh cion mór den ioncam sin i mbaol.

Pleanáil agus Buiséadú Straitéiseach Scoileanna

Rinne scoileanna agus aonaid tacaíochta a gcuid pleananna cúig bliana a nuashonrú in 2020, in éineacht lena bpleananna straitéiseacha, mar chuid den timthriall bliantúil pleanála airgeadais. Mar sin féin, is fadhb shuntasach fós d'aonaid é an éiginnteacht atá ann maidir le leibhéal agus nádúr an mhaoinithe stáit agus cailliúint fhéideartha ioncam táille de thoradh na paindéime agus a gcuid pleananna airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá costais bhreise ar na scoileanna, lena n-áirítear costais a bhaineann leis an aistriú chuig modhanna cianteachais agus soláthar tacaíochtaí breise do mhic léinn.

Tá an Oifig Airgeadais ag cuidiú le Coláistí agus Scoileanna aonair pleananna airgeadais 5 bliana a fhorbairt a bheidh ag teacht go ginearálta le spriocanna straitéiseacha na hollscoile, agus chun radharc ilbhliantúil a chur ar fáil de na gníomhaíochtaí atá pleanáilte ag gach aonad, mar aon lena riachtanais ar acmhainní. Cuspóir sonrach atá ag an Oifig Airgeadais ná an t-aillíniú a neartú idir leithdháileadh acmhainní agus tosaíochtaí straitéiseacha leis an ngá acmhainní buiséid a éagsúlú chun ioncam lasmuigh den Stáitchiste a uasmhéadú.

Tá ról le glacadh ag an Oifig Airgeadais freisin chun a chinntiú go mbíonn buiséid chomhordaithe ag an Ollscoil agus chun próiseas buiséid bliantúil a shonrú a thabharfaidh spreagadh do Scoileanna

foinsí ioncaim lasmuigh den Státhiste a ghiniúint. Tá ról aici fós i dtreo a chur ar fáil go díreach do Scoileanna agus Coláistí maidir le pleanáil foirne agus cásanna gnó a fhorbairt le haghaidh tionscnamh nua chun ioncam a ghiniúint.

I gcomhréir le beartas trína dtarmilgítear an chinnteoireacht chuig an leibhéal áitiúil nuair is cuí, tá freagracht bhreise airgeadais anois ar gach Ceann Scoile laistigh de spriocanna aontaithe. Leanfar den chomhoibriú dlúth leis an bpobal acadúil chun an treo atá beartaithe do na Scoileanna agus Coláistí amach anseo a fhorbairt ar bhonn inbhuanaithe.

Samhail Maoinithe Bunaithe ar Fheidhmíocht UCD

Ba é 2019/20 an ceathrú bliain den tsamhail bhuiséadaithe fheidhmíocht-bhunaithe, ina ndéantar acmhainní breise a leithdháileadh ar bhonn foirmleach idir na Scoileanna agus na Coláistí sin a bhfuil ioncam breise á chruthú acu, agus an institiúid féin. Cuimsíonn an tsamhail an t-ioncam ar fad ó tháillí, idir tháillí AE, tháillí neamh-AE agus tháillí ó fhoinsí fochéime agus iarchéime. Tríd an ioncam breise a leithdháileadh ar scoileanna, cuirtear ar a gcumas níos mó smachta a fháil ar a gcúrsaí airgid, ach tá an t-ioncam an-teoranta i gcomparáid leis an maoiniú Stáit a tarraingíodh siar le blianta beaga anuas, agus ní leor é chun an cailleadh sin a chúiteamh.

Ar aon dul le Straitéis Rannpháirtíochta Domhanda UCD, leanann ioncam táille ó mhic léinn idirnáisiúnta ar aghaidh ag dul i méid ach tá imní ann fós go bhféadfadh go dtiocfadh laghdú ar mhic léinn neamh-AE a thagann go UCD mar gheall ar shrianta taistil. Féadfaidh scoileanna cion de ghlanioncam ó tháillí a choimeád, tar éis scoláireachtaí agus táillí coimisiúin a chur san áireamh. Úsáidtear scoláireachtaí táille chun cruatan airgeadais mic léinn a mhaolú agus freisin úsáidtear iad mar uirlis mhargafoicta chun mic léinn neamh-AE a earcú.

Rinne scoileanna agus aonaid tacaíochta a gcuid pleananna cúig bliana a nuashonrú in 2020, in éineacht lena bpleananna straitéiseacha, mar chuid den timthriall bliantúil pleanála airgeadais. Mar sin féin, is fadhb shuntasach fós d'aonaid é an éiginnteacht atá ann maidir le leibhéal agus nádúr an mhaoinithe stáit, agus a gcuid pleananna airgeadais á n-ullmhú acu.

Rinneadh an tsamhail inmheánach maoinithe a athrú an bhliain seo caite chun aon tsábháil bheag phá in aonaid aonair ar fud na hOllscoile a neartú nuair a bhíonn bearnaí sealadacha i measc na foirne, e.g. nuair atáthar ag fostú ball foirne nua nuair a imíonn ball eile. Tá an maoiniú neartaithe á úsáid chun críocha straitéiseacha, mar cheann de na foinsí maoinithe do Thobar Lárnach na gCeapachán Acadúil a chuideoidh linn ár gcóimheas idir foireann is mac léinn a fheabhsú.

Córas Pleanála agus Buiséadaithe

In 2019 thug an Oifig Airgeadais isteach Néalchóras Pleanála agus Buiséadaithe chun réamhaisnéisiú airgeadais agus feidhmiúlacht tuairiscithe a fhorbairt agus is é sin an córas a úsáidtear anois le haghaidh pleanáil airgeadais agus buiséadaithe. Córas pleanála comhtháite atá san fheidhmchlár a chuimsíonn plean airgeadais, plean soláthair foirne agus plean do tháillí mic léinn.

Freisin rinneadh athruithe ar an bhfeidhmiúlacht réamhaisnéise ar leibhéal ionad costais aonair chun réamhaisnéisiú ioncaim institiúide agus caiteachais institiúide a fheabhsú.

Soláthar

Le linn na bliana, chuir Oifig Soláthair agus Conarthaí UCD, chomh maith leis an Oifig um Sholáthar Rialtais, tacaíocht leanúnach ar fáil chun tairiscintí a bhainistiú a bhaineann le caiteachas UCD ar sholáthairt agus seirbhísí, chomh maith le tairiscintí a bhainistiú le haghaidh príomhlamhátais lárnacha cheadúnais amhail caiféanna/

// Ar aon dul le Straitéis Rannpháirtíochta Domhanda UCD, leanann ioncam táille ó mhic léinn idirnáisiúnta ar aghaidh ag dul i méid ach tá imní ann fós go bhféadfadh go dtiocfadh laghdú ar mhic léinn neamh-AE a thagann go UCD mar gheall ar shrianta taistil //



Léaráid ealaíontóra ar Lárionad na Cruthaitheachta.

bialanna campais. D'oibrigh an tAonad go dlúth le sealbhóirí buiséid laistigh de UCD chun a chinntiú go mbainfí an luach is fearr ar airgead amach maidir le caiteachas, chomh maith lena chinntiú go gcomhlíonfaí riachtanais soláthair UCD, na hÉireann agus an AE.

Tá tionscadal ar siúl chun athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid ghníomhacha soláthraí ar an mbunachar sonraí airgeadais, gníomhaíochtaí soláthraí a shainiú trí iad a nascadh le catagóirí réamhshainithe caiteachais ar aon dul le catagóirí na hOifige um Sholáthar Rialtais.

Freisin cuireadh tús le tionscadal i rith na bliana chun córas bainistíochta conarthaí a chur i bhfeidhm le cur ar chumas fheidhm soláthair UCD conarthaí a bhainistiú le linn thréimhse na conartha. Ba cheart go soláthródh an réiteach tuairisciú ar chaiteachas de réir an chonartha chomh maith le caiteachas nach bhfuil i gcomhréir leis an gconradh. Breathnaíodh ar réitigh éagsúla atá ar fáil ar an margadh agus roghnaíodh ceann amháin mar an gceann is fearr do riachtanais UCD.

FORBAIRT CAMPAIS

Rinneadh go leor dul chun cinn sa bhliain acadúil 2019/20 chun an fhís d'eastát na hOllscoile atá leagtha amach i bPlean UCD um Forbairt Straitéiseach Campais (SCDP) 2016-2021-2026 a fhíorú.

Sa Phlean leagtar amach an chaoi a bhforbrófar Campas Belfield le trí Cheantar Saintréithe ar leith: Oideachas, Taighde agus Nuálaíocht; Conláistí Spóirt agus Mac Léinn; agus Cónaithe. Tá forbairt déanta san Ollscoil ar thrí mháistirphlean iontacha ina leagtar amach fíis níos mionsonraithe do na spásanna taobh istigh de gach Ceantar Saintréithe. Is iad sin ná:

- Máistirphlean do Champas na Todhchaí UCD
- Máistirphlean do Chonláistí Spóirt agus Mac Léinn UCD
- Máistirphlean Cónaithe do Mhic Léinn UCD.

Sna máistirphleananna sin, leagtar amach an tslí a dtiocfaidh fás agus forbairt ar gach Ceantar Saintréithe de réir a chéile, agus an dóigh a mbeidh gach ceann acu ag teacht le chéile chun campas comhtháite a dhéanamh atá deartha chun eispéireas a thabhairt do na mic léinn a bheidh ina eiseamláir ó thaobh dea-chleachtas idirnáisiúnta de. Tá téamaí straitéiseacha na hOllscoile mar bhonn eolais ag na pleananna agus cabhróidh siad le campas inrochtana, inbhuanaithe, sláintiúil a sholáthar atá cumasaithe go digiteach.

Campas na Todhchaí UCD

Sa Máistirphlean do Champas na Todhchaí, cuirtear fíis i láthair le forbairt a dhéanamh ar chion mór den Cheantar Saintréithe Oideachais, Taighde agus Nuálaíochta i dteannta leis an bpríomhbhealach isteach chuig Campas Belfield. Leis an bhfíis sin, a forbraíodh ag na hailtirí mór le rá, Steven Holl Architects, déantar cinnte go ndéanfar forbairt sa cheantar sin ar bhealach pleanáilte, comhtháite agus inbhuanaithe.

Rinneadh go leor dul chun cinn maidir le pleanáil mhionsonraithe le haghaidh Céim 1 de Máistirphlean do Champas na Todhchaí a chur i gcrích in 2020. Tionscadal bunathraitheach a bheidh ann do Champas Belfield agus áirítear leis dhá fhoirgneamh nua a chur ar fáil, Lárionad na Cruthaitheachta agus an Lárionad um Fhoghlaim na Todhchaí, chomh maith le feabhsúcháin móra ar thírdhreachadh, bonneagar comaitéireachta agus an réimse poiblí.

// Sa Máistirphlean do Champas na Todhchaí, cuirtear fíis i láthair le forbairt a dhéanamh ar chion mór den Cheantar Saintréithe Oideachais, Taighde agus Nuálaíochta i dteannta leis an bpríomhbhealach isteach chuig Campas Belfield //



Léaráid ealaíontóra ar Chearnóg an Aird Mhóir in UCD le radharc ar Lárionad na Cruthaitheachta.



Léaráid ealaíontóra ar an Lárionad um Fhoghlaim na Toghcháil.

I 2019/20, cuireadh cuid mhór den bhéim ar dhearaí a fhorbairt chun ceadanna reachtúla a bhaint amach do na gnéithe éagsúla den tionscadal. Tá plé cúramach sa mháistirphlean ar coincheapa na hinbhuanaitheachta agus an bhonneagair ghlaais. Bainfidh an dá fhoirgneamh amach an caighdeán Foirgneamh nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh (NZEB) agus cuimseoidh siad gnéithe mar aerú éighníomhach, soilse nádúrtha agus díonta glasa, agus tiocfaidh cuid mhór de na riachtanais fuinnimh ó fhuinneamh inathnuaite. Ábhar machnaimh lárnach is ea é an inbhuanaitheacht sna hoibreacha tírdhreacha agus bonneagair, lena n-áirítear tríd an tosaíocht thuasluaite a thabhairt do mhodhanna iompair inbhuanaithe, áiteanna glasa reatha a chomhtháthú, áit is féidir, crainn bhreise a chur, teorainn na coillearnaí a neartú, gnéithe nádúrtha um maolú uisce a úsáid, agus cuid mhór áiteanna páirceála do rothair a chur isteach.

Beidh Lárionad na Cruthaitheachta, atá á dhearadh ag Steven Holl Architects, ina shainchomhartha ag príomhbhealach isteach na hOllscoile. Cabhróidh sé le braistint áite a chruthú don teacht isteach chuig UCD. Fíoróidh sé an fhís do Chomharsanacht Innealtóireachta agus Ailtireachta mar atá leagtha amach sa SCDP, a sholáthróidh áiseanna saincheaptha do Choláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta gar don Lárionad Innealtóireachta agus Eolaíocht Ábhar mar atá ann faoi láthair. Baineadh amach ceadanna pleanála do Lárionad na Cruthaitheachta in 2020.

Freisin bhain an Lárionad um Fhoghlaim na Toghcháil, arna dhearadh ag RKD Architects, ceadanna pleanála amach in 2020. Beidh an mol foghlama sin, a bheidh suite in áit lárnach, ina chumasóir lárnach fáis don Ollscoil, agus soláthróidh sé áiseanna teagaisc saincheaptha breise. Beidh sé ina acmhainn do gach disciplín. Dearadh é agus éascú na foghlama gníomhaí ag cuspóir lárnach aige. Tá na cineálacha spásanna foirmiúla agus neamhfoirmiúla a theastaíonn ó mhic léinn ann chun go sealbhóidís agus go gcleachtfadís raon leathan scileanna a bheidh ag teastáil uathu chun go n-éireoidh leo ina gcuid gairmeacha amach anseo.

Is é atá i gceist leis an tríú gné de Champas na Toghcháil Céim 1 ná feabhsúcháin ar thírdhreachadh, ar an réimse poiblí agus ar

// Freisin bhain an Lárionad um Fhoghlaim na Toghcháil, arna dhearadh ag RKD Architects, ceadanna pleanála amach in 2020. Beidh an mol foghlama sin, a bheidh suite in áit lárnach, ina chumasóir lárnach fáis don Ollscoil, agus soláthróidh sé áiseanna teagaisc saincheaptha breise //

an mbonneagar comaitéireachta. Ar aon dul le tiomantas UCD don inbhuanaitheacht, tabharfar tús áite do choisithe, rothaithe agus iompar poiblí.

Ina theannta sin, d'oibrigh UCD i gcomhpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) chun pleananna a chur ar aghaidh le haghaidh aistriú busanna ag an mbealach isteach go campas Belfield. Mar gheall ar an tsaoráid nua sin, arna forbairt mar chuid de phlean BusConnects an ÚNI, tiocfaidh méadú ar líon agus ar cháilíocht na mbealaí bus a bheidh ag freastal ar an gcampas. Dearfar an t-acomhal bus chun go gcomhtháthófar é leis an máistirphlean níos leithne agus nasctar é le plás nua poiblí do choisithe chun go mbeidh braistint láidir áite ann ag an mbealach isteach. Beidh an plás ag dul ón bpríomhbhealach isteach agus ó na foirgnimh nua-fhorbartha chuig Teach an Aird Mhoir atá nuachóirithe, a shíneann ó chrios coisithe reatha an champais chuig an mbealach isteach tosaigh agus na pobail in aice láimhe.

Máistirphlean do Chonláistí Spóirt agus Mac Léinn UCD

Ceann de na tairbhí uathúla a ghabhann le Campas Belfield ná rochtain ar chonláistí acadúla, cónaithe, agus spóirt agus taitneamhachta ar aon champas comhtháite amháin. Soláthraíonn an taobh thoir den champas raon d'áiseanna spóirt, lena n-áirítear páirceanna, idir páirceanna féir agus pháirecanna uile-aimsire, cúirteanna leadóige chomh maith le háiseanna spóirt úrscothacha faoi dhíon, linn snámha 50m in Ionad na Mac Léinn san áireamh. Freisin cuireann an tIonad cóiríocht ar fáil do chumainn mac

léinn, raidió campais, áit léirithe i Halla Ad Astra chomh maith le pictiúrlann, seomra díospóireachta, beár agus spásanna neamhfhoirmiúla do mhic léinn.

Tá sé mar aidhm ag an Ollscoil na háiseanna sin a fheabhsú agus a mhéadú, chun a chinntiú go bhfuil cáilíocht agus rogha na n-áiseanna spóirt agus neamhspóirt den chaighdeán idirnáisiúnta is airde. Chun a chinntiú go bhforbrófar na háiseanna sin ar bhealach comhtháite agus éifeachtúil, agus chun cabhrú le riachtanais spóirt agus chonláiiste na mac léinn a aithint, forbraíodh máistirphlean sonrach. Sa mháistirphlean seo, a tugadh chun críche in 2020 ag Heneghan Peng Architects i gcomhairle le páirtithe leasmhara na hOllscoile, cuirtear fíis i láthair le haghaidh an Cheantair Saintréithe a chuimsíonn feabhsúcháin ar an réimse poiblí agus ar thírdhreachadh, bealaí níos fearr do choisithe agus rothaithe, chomh maith le togra le haghaidh roinnt forbairtí nua a bheidh dírithe ar chonláiistí spóirt agus neamhspóirt a fheabhsú.

Beidh raon reatha deimhnithe ag Cumann Idirnáisiúnta na gCónaidhmeanna Lúthchleasaíochta (IAAF) de chuid UCD ar an gcéad fhorbairt a dhéanfar mar chuid den mháistirphlean nua. Cuireadh tús leis an obair ar an raon reatha i 2019/20, agus táthar ag súil go gcríochnófar é i samhradh 2021. Cuirfidh an fhorbairt spreagúil nua seo go mór le háiseanna spóirt iontacha UCD agus tacóidh sí le scoth-reathaithe agus le reathaithe caithimh aimsire.

Áireofar le forbairtí breise halla spóirt nua ilchuspóireach, páirc imeartha istigh, i dteannta le síneadh le hionad na Mac Léinn chun go mbeifear in ann feabhas a chur ar Halla Ad Astra, chomh maith le spás breise ar mhaithe le taibhléiriú. Meastar go dtosófar an dearadh le haghaidh na dtionscadal sin i 2020/21.

Máistirphlean Cónaithe UCD

Tá soláthar cóiríochta ardchaighdeáin, inbhuanaithe do mhic léinn chomh maith le háiseanna gaolmhara ar Champas Belfield mar fhís lárnach sa SCDP. Le cóiríocht ar an gcampas, tógar beogacht agus fuinneamh chuig an gcampas lasmuigh d'uaireanta teagaisc, laghdaítear líon na mac léinn atá ag taisteal chuig an gcampas agus laghdaítear an brú ar an margadh cíosa sna ceantair chónaithe in aice le campais UCD. Le haghaidh na mac léinn siúd a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht shaintógtha, soláthraíonn sé taithí thumthach i bpobal de chomh-mhic léinn, agus tugann sé rochtain éasca ar áiseanna oideachais, spóirt agus caithimh aimsire.

Forbraíodh Máistirphlean Cónaithe ag Reddy Architecture + Urbanism, i dteannta le páirtithe leasmhara, ina leagtar amach an acmhainn chun 3,000 leaba breise a chur ar fáil ar Champas Belfield le linn shaolré an mháistirphlean. Leis sin tógfar daonra iomlán na gcónaitheoirí ar an gcampas go 6,000.

Tá Céim 1 den Máistirphlean Cónaithe a sholáthróidh 924 leaba breise, á tógáil faoi láthair. Ar an drochuair, bhí tionchar ag paindéim COVID-19 ar an gclár tógála, ach meastar go mbeidh

3,000

leaba bhreise a mbeidh daonra iomlán na gcónaitheoirí ar an gcampas tógtha go 6,000 dá mbarr



Máistirphlean na nÁiteanna Cónaithe Mic Léinn – gné bhreise den champas.

na spásanna leapa breise ar fáil faoi dheireadh 2020. Mar chuid de Chéim 1, tógfar an foirgneamh nua 'Sráidbhaile' chun críche, agus soláthróidh sé áiseanna tacaíochta breise a bheidh ag teastáil ón bpobal cónaitheoirí seo atá ag dul i méid. Cuimseoidh an Sráidbhaile siopaí agus bialanna, chomh maith le gionnáisiam agus ionad folláine. Beidh na háiseanna sin ar fáil do phobal leathan na hOllscoile, chomh maith le léachtlan nua a úsáidfear le haghaidh teagasc Ollscoile i rith an lae ach a bheidh ar fáil freisin lasmuigh d'uaireanta teagaisc d'imeachtaí mac léinn.

Leanadh ar aghaidh le linn na bliana acadúla 2019/20 leis na hullmhúcháin le haghaidh thús Chéim 2, nuair a sholáthrófar 1,254 leaba breise arna dtógáil thar charrchlós faoi thalamh ar leibhéal amháin (a sholáthróidh spásanna páirceála ionaid do thart ar 600 spás gluaisteáin breise). Críochnaíodh dearadh mionsonraithe agus cuireadh tús leis an bpróiseas soláthar chun conraitheoir na bpríomhoibreacha a fháil in 2020. Tá oibreacha glanta láithreáin ar siúl chun láithreán chéim 2 a ullmhú.

Forbraíochtaí Caipitil a Rinneadh le Gairid agus atá Pleanáilte

Gabhann UCD uirthi féin oidhreacht thógtha an champais a chaomhnú agus a athchóiriú, na tithe seanré san áireamh. Bhí an t-athchóiriú ar an teach stairiúil, Teach an Aird Mhóir, nach mór críochnaithe i samhradh 2020. Leis an tionscadal seo, leanadh le tiomantas UCD do na tithe seanré a athchóiriú agus a chuimsiú sa champas nua-aimseartha. Leis an tionscadal athchóirithe 1,074m², tá Teach an Aird Mhóir ag comhlíonadh caighdeáin nua-aimseartha maidir le sábháilteacht dóiteáin agus rochtain do dhaoine faoi mhíchumas anois. Tá bealach isteach agus ardán nua ar fáil anois a cheanglóidh na hurláir go léir sa déanamhas cosanta, déantar leagan amach tosaigh an fhoirgnimh a athchóiriú agus déantar athnuachan ar na seirbhísí foirgnimh tríd, chomh maith le spás oifige agus cruinnithe a bhfuil géarghá leis a chur ar fáil don Ollscoil.

I mbliana, cuireadh tús leis an obair dheartha tosaigh do Chéim 3 na hEolaíochta, agus é mar aidhm Ionaid Eolaíochta Uí Bhriain UCD a chríochnú agus fás méadaithe ar theagasc agus taighde eolaíochta a éascú. Is é a bheidh i gceist le Céim 3 na hEolaíochta ná athchóiriú ar Eolaíocht Thuaidh agus Eolaíocht Thiar, a bhí i measc na gcéad fhoirgneamh a tógadh ar Champas Belfield sna 1960í agus nár athraíodh go mór ón am sin. Leis an tionscadal seo cuirfear áiseanna níos fearr ar fáil le haghaidh teagasc agus taighde eolaíochta an lae inniu. Freisin beidh achar urláir breise ar fáil mar gheall ar an tionscadal chun an fás a éascú.

Leanadh ar aghaidh le bliain anuas le hathchóiriú ar Fhoirgneamh Newman, ceann d'fhoirgnimh Andre Weichert ó mháistirphlean tosaigh an champais a forbraíodh ag tús na 1970í. Mar thoradh ar an tionscadal seo feabhsaíodh go mór an timpeallacht oibre agus teagaisc, agus le hathúsáid inbhuanaithe struchtúr an fhoirgnimh, atá ag freastal ar phobal an champais le 50 bliain anuas, cuirfear go mór le saolré an fhoirgnimh seo a bhfuil dúil mhór inti. Go deimhin

// I mbliana, cuireadh tús leis an obair dheartha tosaigh do Chéim 3 na hEolaíochta, agus é mar aidhm Ionaid Eolaíochta Uí Bhriain UCD a chríochnú agus fás méadaithe ar theagasc agus taighde eolaíochta a éascú //

2,000+

crann de mhéideanna agus de speicis éagsúla a cuireadh i gcoillearnach an champais agus timpeall uirthi le bliain anuas

tá inbhuanaitheacht níos fearr ina gné lárnach den tionscadal, agus mar thoradh ar uasghráduithe ar shoilse, foirgnimh agus ábhar an fhoirgnimh, laghdófar úsáid leictreachais agus teasa agus na hastaíochtaí carbóin a ghabhann léi.

Seirbhísí Fáilteachais

Ar champas Belfield, ceapadh ceadúnaithe nua chuig Siopa Leabhar an Champais, an phríomh-bhialann, Siopa Rothar UCD, chomh maith le caiféanna NovaUCD, Ionad Eolaíochta Uí Bhriain agus Scoil Dlí Sutherland. Rinneadh athchóiriú ar go leor aonad, cosúil le caifé Uí Chuinn, mar chuid den phróiseas tairisceana sin. Ar aon dul le tiomantas na hOllscoile do champas níos inbhuanaithe a chur ar fáil, ní úsáidfear plaisteach aonúsáide a thuilleadh i gcaiféanna ná bialanna UCD.

Chomhoibriú foireann fáilteachais UCD i Seirbhísí Eastáit le UCD Folláin maidir le seachtain bhliantúil an Bhia Fholláin. Cuireadh torthaí a bhaineann le deochanna a bhfuil go leor siúcra breise iontu a bhaint den champas i láthair ag an gComhdháil Eorpach ar Shláinte Phoiblí i Marseille i mí Dheireadh Fómhair 2019.

Tírdhreachú agus Bithéagsúlacht

Le bliain anuas, díreann cleachtais bhainistíochta ar an gcion de cheantair ina bhfuil go leor bithéagsúlachta ar an gcampas a mhéadú, trí áiteanna reatha a neartú ar nós choillearnach an champais, chomh maith le ceantair nua a fhorbairt, ar nós an cheantair i Radharc na Coille, a ndearnadh tírdhreachadh air le déanaí.

Méadaíodh an t-achar d'fhéarach taitneamhachta atá faoi chóras fadtéarmach de lomadh réchúiseach ag thart ar 10,000m², agus 2,000m² breise de mhóinéar bláthanna fiáine forbartha le cúpla séasúr anuas chun cur lenár gcuid móinéar traidisiúnta, a bhfuil cuid acu ann ó bhí 2004 ann.

Cuireadh níos mó ná 2,000 crann de mhéideanna agus de speicis éagsúla i gcoillearnach an champais agus timpeall uirthi le bliain anuas. I measc tionscadal mór um phlandú, tá níos mó ná 100 crann aibí agus neamhaibí a athphlandú chun ullmhú a dhéanamh le haghaidh Céim 2 den Mháistirphlean Cónaithe, rud a bheidh ina chnámh droma do chuid nua de choillearnach i gCoill Foster; agus tacú le tionscadal faoi stiúir mac léinn chun crainn a chur i gCoill Belfield agus sa tSiúlóid Darach chun cabhrú le lorg coise carbóin a ranga a chúiteamh.

Comaitéireacht

I 2019/20, lean Pobal UCD air ag roghnú níos mó modhanna iompair inbhuanaithe chun taisteal chuig an gcampas; Shiúil 8% de bhaill foirne chuig an gcampas, a sháraigh ár spríoc de 6% le haghaidh 2026, agus chuaigh an céatadán de mhic léinn a thiomáineann chuig an gcampas i laghad ó 18% go 17%, laghdú dearfach i dtreo ár spríoc de 16% le haghaidh 2026.

Leanann Seirbhísí Eastáit UCD orthu ag aithint agus ag cur i bhfeidhm tionscnamh a fheabhsóidh na háiseanna taistil inbhuanaithe chun na hollscoile, chomh maith le seirbhísí chuig



Thiomáin **17%** de mhic léinn chuig an gcampas i 2019/20, laghdú dearfach i dtreo ár sprice de 16% le haghaidh 2026

UCD i dteannta leis an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI), Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Grúpa Taistil Chliste UCD.

Cuireadh tús le bealach isteach nua a thógáil chuig an gcampas a bheidh tiomnaithe do choisithe agus rothaithe agus a bheidh suite ar an R138/N11 taobh le UCD Nova. Cuirfidh an bealach isteach nua ar chumas rothaithe agus choisithe a bheidh ag taisteal ó thuaidh ar an R138 teacht isteach sa champas roimh phríomhbhealach isteach Belfield, ceangal le bealaí roinnte reatha an champais agus amanna turais níos giorra a thabhairt. Tá an bealach isteach nua seo suite taobh le droichead choisithe a thrasnaíonn an R138 agus feabhsóidh sé ceangail do rothaithe agus do choisithe a thagann ón taobh thoir den R138. Laghdóidh an bealach isteach nua seo líon na n-úsáideoirí ag an bpríomhbhealach isteach, rud a sheachnóidh coimhlíní féideartha idir modhanna éagsúla agus a sholáthróidh eispéireas níos fearr do gach duine. Leantar ar aghaidh ag soláthar spásanna páirceála do rothair in áiteanna mórélímh agus tá sé beartaithe áiseanna páirceála rothar breise a chur ar fáil sna 12 mhí atá romhainn.

Fuinneamh

I 2009, faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (NEEAP), tugadh sprioc uailmhianach um éifeachtúlacht

fuinnimh don earnáil phoiblí faoinar éilíodh feabhsúchán 33% faoi 2020. Bhí UCD ag infheistiú cheana i bhfeabhsúcháin ar éifeachtúlacht fuinnimh ar feadh roinnt blianta roimhe sin, agus mar gheall air sin bhí sé ní ba dheacra an sprioc a bhaint amach.

I gcomhpháirt le lucht bainistíochta na hOllscoile, d'fhorbair Seirbhís Eastáit plean chun a chinntiú go mbainfeadh an Ollscoil amach na spriocanna dúshlánacha sin. Díríodh sa phlean ar chóras bainistíochta fuinnimh UCD a fheabhsú, feasacht a ardú i measc úsáideoirí fuinnimh, caighdeán arda d'éifeachtúlacht a chuimsiú i bhfoirgnimh agus in athchóirithe nua agus infheistíocht spriocdhírthe in uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh i seanfhoirgnimh na hOllscoile.

Baineadh tairbhí as an bplean sin, agus na spriocanna bainte amach ag UCD bliain roimh am. Go deimhin tá an sprioc sáraithe ag UCD, tar éis feabhsúchán 35.2% a bhaint amach, bunaithe ar an mbliain féilire 2019. Is Éacht suntasach é sin don Ollscoil, a léiríonn an méid ar féidir a bhaint amach le cur chuige ilghnéitheach atá bunaithe ar fheabhas leanúnach.

Le tosú phaindéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020, tá an Ollscoil ag oibriú ar leibhéil ghníomhaíochta i bhfad níos ísle agus an toradh

// Leantar ar aghaidh ag soláthar spásanna páirceála do rothair in áiteanna mórélímh agus tá sé beartaithe áiseanna breise páirceála rothar a chur ar fáil sna 12 mhí atá romhainn //

a bheidh air sin ná go mbeidh úsáid thar a bheith íseal sa tréimhse sin. Bíonn an fhoireann Seirbhísí Eastáit ag iarraidh leas a bhaint as na deiseanna sin áit is féidir, agus iad ag cinntiú go gcoimeádtar leibhéil chuí seirbhíse le haghaidh gníomhaíochtaí a lean ar aghaidh ar an gcampus.


Anois tá an Ollscoil ag féachaint níos faide ná 2020 agus i dtreo spriocanna nua arna socrú ag an Rialtas a leanfaidh ar aghaidh ag díriú ar éifeachtúlacht fuinnimh ach a chuimseoidh anois spriocanna maidir le laghdú ar dhé-ocsaíd charbóin (CO₂). I mbliana, thosaigh an Ollscoil obair chun machnamh a dhéanamh ar conas fuinneamh teirmeach (téamh agus uisce te) arna sholáthar d'fhoirgnimh a dhícharbónú. Mar chuid de sin, d'éirigh le Seirbhísí Eastáit in iarratas a rinne siad ar dheontas faoi Chlár Pathfinder an Údaráis um Ardoideachas (ÚAO) maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus Dícharbónú chun caidéal teasa ardteochta foinse aeir a shuiteáil.

Beidh an caidéal teasa sin ceangailte le córas Téimh Ceantair Belfield agus tiocfaidh sé in áit cuid mhór den teas a dhéantar faoi láthair agus gás nádúrtha á úsáid, rud a mbeidh laghdaithe móra ar astaíochtaí CO₂ gaolmhara mar thoradh air. Leanfar ar aghaidh le hobair sa bhliain atá romhainn chun deiseanna a aithint le heastát na hOllscoile a dhícharbónú níos mó agus spriocanna éifeachtúlachta agus laghdaithe carbóin araon a bhaint amach.



David Kelly
Spáránaí

Energy Performance Indicators



242.839

kWh/achar urláir (m²) 2019 EnPI

3.7%

níos fearr ná 2018

251.188

kWh/achar urláir (m²) Sprioc EnPI

35.2%

níos fearr ná bonnlíne

2.2%

os cionn sprice

11kWh ↓
Laghdú ar phríomhúsáid fuinnimh/m² in 2019/20 i gcomparáid le 2018/19

ACMHAINNÍ DAONNA, SIRC AGUS CÚRSAÍ DLÍ



Tristan Aitken

Stiúrthóir ar na hAcmhainní Daonna, SIRC agus Cúrsaí Dlí



Glacann fostaithe páirt in Iománaíocht Shóisialta, ceann de roinnt clár arna eagrú ag Cultúr & Rannpháirtíocht agus UCD Folláin chun folláine fhisiceach a chur chun cinn.

Bliain eile a bhí thar a bheith gníomhach agus táirgiúil ab ea 2019/20 do na foirne AD, SIRC agus Gnóthaí Dlí, agus iad ag díriú ar raon leathan de thionscnaimh nua a chur i bhfeidhm, chomh maith le feabhsúcháin leanúnacha chun tacú le tairiscint iomlán na seirbhísí agus na tacaíochta dár gcomhghleacaithe in UCD.

Rinneadh ár gclár a atreorú ar líne den chuid is mó ag tús an Earraigh agus beagnach gach foireann ag obair sa bhaile, a bheag nó a mhór. Ag an am céanna, ghlac foirne le hualaigh oibre breise agus muid ag forbairt clár nua chun tacú le húsáid agus le coimeád na cianoibre/na hoibre hibridí dár gcuid fostaithe. Leantar ar aghaidh leis an obair sin. Táim thar a bheith bródúil as an gcaoi ar sheas na foirne in AD, SIRC agus Gnóthaí Dlí an fód agus ar thacaigh siad le freagra na hOllscoile do phaindéim COVID-19.

Forbairt Daoine agus Éifeachtúlacht Eagraíochta

Dhírigh an foireann ar thionscnaimh a thacaíonn le tionscadail athraithe eagraíochta agus an Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas Inscne.

Mar gheall ar an dúshlán a ghabhann leis an bpaindéim, cuireadh an próiseas Feidhmíochta don Fhás (P4C) in oiriúint. In áit próiseas timthrialla iomláin, aontaíodh cruinnithe 'seiceáil isteach' a reáchtáil chun a chinntiú go dtabharfaí aitheantas as a gcuid iarrachtaí do gach fostaí, go raibh cuspóirí gearrthéarmacha soiléire

acu agus gur tugadh tacaíocht dóibh agus go bhfuair siad forbairt chuí leantach.

Dearadh clár saincheaptha do stiúrthóirí struchtúir nua Oifig an Cholaíste, struchtúir atá ann de bharr chur i bhfeidhm SASR, agus dearadh clár forbartha den chineál céanna le haghaidh na mbainisteoirí ag an gcéad leibhéal eile den athrú eagraíochta seo. Tá clár nua á fhorbairt faoi láthair do cheannairí taighde agus tacóidh sé le agus feabhsóidh sé forbairt na tallainne sa réimse rithabhachtach sin.

I measc samplaí de thionscnaimh a thacaíonn leis an bPlean Gníomhaíochta um Chomhionannas Inscne tá: leanúint ar aghaidh le Clár Aurora do cheannairí ban uailmhianacha, ar chríochnaigh 21 díobh é i mbliana; agus Clár Píolótach maidir le Meantóireacht Chairme chun tacú go sonrach le hardú céime agus le pleanáil luathgairme ag baill foirne teagaisc, i measc ban ach go háirithe, agus chun a chinntiú go gcuirtear é sin ar a gcumas a bhuí le raon meicníochtaí tacaíochta.

// Tugadh faoi thionscadal mór chun rochtain ar ardán r-Fhoghlama do gach fostaí a aimsiú agus a chur ar fáil. Seolfar LinkedIn Learning níos deireanaí in 2020 agus beidh sraith leathan acmhainní ar fáil ar bhonn píolótach 9 míosa ar dtús //

Tugadh faoi thionscadal mór chun rochtain ar ardán r-Fhoghlama do gach fostaí a aimsiú agus a chur ar fáil. Seolfar LinkedIn Learning níos deireanaí in 2020 agus beidh sraith leathan acmhainní ar fáil ar bhonn píolótach 9 mí ar dtús. Is dócha go mbeidh luach breise aige agus fostaíthe ag obair ón mbaile agus acmhainní ar fáil ar líne dóibh pé uair agus pé áit a n-oireann dóibh.

Ag tús 2020, chun tacú le cur i bhfeidhm Straitéis nua UCD, d'oibrigh an fhoireann Forbartha Daoine agus Eagraíochta, i gcomhar leis na Comhpháirtithe AD, leis na Cinn Scoile chun ceardlanna pleanála straitéise Scoile a éascú.

Feidhmíocht agus Grádú

Cuireadh i bhfeidhm go rathúil i mbliana an Creat maidir le Socrú Mhéid Post, a d'fhaomh an Roinn Oideachais agus Scileanna i mí Iúil 2019. Dá bhrí sin, is féidir athmhéasúnú a dhéanamh ar ról a d'fhéadfadh gur mhéadaigh siad go suntasach le roinnt blianta, agus áit a meastar go bhfuil siad ar leibhéal níos airde, agus is féidir ardú céime a thabhairt don cheapaí nua, faoi réir feidhmíocht a dheimhniú. Tionscadal mór a bhí ann lenar bhain clár píolótach tosaigh roimh sheoladh níos leithne le haghaidh ról incháilithe. Mar thoradh ar an bpróiseas, tugadh ardú céime do 90 duine, agus mná a bhí ina bhformhór. Cé go mbeidh an próiseas sin ina uirlis thábhachtach le húsáid ag bainisteoirí, ní rachaidh sé in ionad dea-dhearadh eagraíochta agus próisis pleanála foirne.

A Bheith inár Rogha Fostóra agus Ollscoile

I dtéarma 1, réachtáladh imeachtaí rannpháirtíochta eile mar thacaíocht do Cholún Straitéiseach AD, is é sin go mbeimis inár rogha fostóra agus ollscoile. Ba é an t-imeacht ba mhó a réachtáladh ag an bhfoireann Cultúir & Rannpháirtíochta ná Work/Life@UCD, lá dírithe ar fhostaithe a réachtáladh i Halla Uí Raghallaigh in UCD chun deiseanna forbartha, tacaíochtaí agus tairbhí a chur chun cinn. Thug tuairim is 800 comhghleacaí cuairt ar 40 seastán nó d'fhreastail siad ar cheann amháin de 12 sheimineár eolais.

Fuarthas 65 ainmniúchán agus bronnadh sé dhámhachtain le haghaidh an dara bhliain de Ghradaim do Luachanna Beo UCD, a urraíonn an Líonra Rannpháirtíochta Fostaithe, agus a aithníonn comhghleacaithe a thógann luachanna na hOllscoile chun beatha.

Rinneadh cuid mhór oibre, i gcomhpháirt le comhghleacaithe ar fud UCD, chun raon leathan de thacaíochtaí leasa fostaí a fhorbairt, a chomhordú agus a fhógairt, a raibh ina measc UCD Folláin, Lá

'Restart a Heart' agus seimineáir chun tacú le folláine airgeadais agus tá níos mó oibre beartaithe.

I mí an Mhárta 2020 tháinig deireadh leis na gníomhaíochtaí rannpháirtíochta go léir ar an gcampas mar gheall ar COVID-19 agus bogadh ar líne iad. Dhírigh an fhoireann ar ghníomhaíochtaí a fhorbairt a chuir sláinte agus folláine chun cinn, fad a sholáthair siad cainél rannpháirtíochta sóisialta i gcéin.

Caitheadh cuid mhór ama agus iarrachta ar dhéileáil le ceisteanna ó chomhghleacaithe agus Ceisteanna Coitianta agus cáipéisí eile a fhoilsiú ar líne agus an Ollscoil ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin a bhí roimpi. Méadaigh r-iris na Foirne minicíocht a foilsithe go gach seachtain chun comhghleacaithe a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí lánacha agus chun deiseanna a chur chun cinn le ceangal agus idirghníomhú lena chéile.

Agus taithí an aonaid ar shuirbhéanna a rith á húsáid, seoladh an suirbhé Cultúir & Rannpháirtíochta ar Obair ón mBaile le haghaidh Fostaithe i mí an Mheithimh, agus léargas tugtha ann ar an gcaoi a raibh ag éirí le comhghleacaithe tar éis aistriú go hobair ón mbaile i mí an Mhárta 2020. Roinneadh na torthaí ar fud na hOllscoile chun cabhrú le haonaid pleanáil agus aithint cá háit a mbeadh gá le tacaíochtaí breise. Mar shampla, d'úsáid an fhoireann Caidrimh Fostaithe an t-eolas chun tús a chur le hathbheithnithe ar Bheartas Cianoibre COVID-19.

Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tá UCD tiomanta do chultúr a chur chun cinn ina seastar le dínit an duine aonair agus ina léirítear meas orthu agus a thacaíonn lena gceart chun staidéar agus/nó obair a dhéanamh i dtimpeallacht atá saor ó gach cineál leithcheala. Tacaítear leis sin i straitéis na hOllscoile trína cuid cuspóirí straitéiseacha mar atá 'eispéreas oideachais ionchuimsitheach' a chur ar fáil agus 'cohórt éagsúil den scoth de mhic léinn, d'fhoireann teagasc agus d'fhoireann a tharraingt, a choimeád agus a fhorbairt'. Tá cultúr dínite agus measa agus folláine a chur chun cinn mar chuspóir straitéiseach freisin do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (CÉC) UCD. Bunaíodh meitheal oibre ildisciplíneach i bhFómhar 2019 chun athbheithniú a dhéanamh ar bheartas agus nós imeachta Dínite



Sa phictiúr (ó chlé go deas) tá faighteoirí na ngradam do Luachanna Beo UCD 2019, an Dr Conor Buggy, Scoil na Sláinte Poiblí, Físitéirpe agus na hEolaíochta Spóirt UCD 2019; agus Catríona Keane agus an Dr Niamh Nestor, Comhairleoir Mac Léinn, atá ina n-ionadaithe ar an ngrúpa ceardaíochta Purl Jam UCD; leis an gcathaoirleach moltóireachta an tOll. Joe Carty.

65

ainmniúchán faighte agus bronnadh sé dhámhachtain ag na Gradaim do Luachanna Beo UCD



Baill an choiste eagraithe agus oiliúnaí, le Déan an Leighis, an tOll. Michael Keane, ag 'Restart a Heart' a reáchtáladh i mí Dheireadh Fómhair chun CPR lámha amháin a mhúineadh d'fhostaithe agus do mhic léinn.

agus Measa UCD, a ndearnadh an t-athbhreithniú is deireanaí orthu in 2017. Tá an t-athbhreithniú sin ag an gcéim chomhairliúcháin faoi láthair agus plé ar siúl le raon leathan d'fhostaithe, de mhic léinn agus de ghrúpaí saineolaithe inmheánacha agus seachtracha.

Trasnaíonn obair thábhachtach na foirne CEC, atá bunaithe i gCultúr & Rannpháirtíocht, chun tacú le fostaithe agus mic léinn, gach aon aonaid AD agus aonaid Ollscoile, agus tá sí clúdaithe áit eile sa Tuarascáil seo.

Caidreamh Fostaithe

Rinne Caidreamh Fostaithe maoirseacht ar fhorbairt agus chur i bhfeidhm Nósanna Imeachta Smachta (Reacht 28) agus Casaoide UCD. Leis sin déanfar cur i bhfeidhm próiseas smachta agus casaoide níos éifeachtúla agus éifeachtaí, agus déanfar cinnte de go gcoifear go hiomlán le cosaintí próisea cuí d'fhostaithe. Cuireadh na nósanna imeachta sin i bhfeidhm tar éis plé dearfach le ceardchumann agus tharraing siad aird ar an gcleachtas comhoibrithe agus comhairliúcháin atá cumhdaithe trínar laghdaíodh an gá le hidirghabháil tríú páirtí nó le hatheorú agus trína dtugtar tacaíocht do chur chuige na bpróiseas neamhfhoirmiúil luath i leith réiteach díospóide.

Foireann Comhpháirtí AD

Le linn 2019/20, bhí Foireann Chomhpháirtí AD (HRP) an-ghnóthach le dearadh eagraíochta, athstruchtúrú agus gníomhaíochtaí bainistithe athruithe, a d'éirigh i bhfad níos tapa ó seoladh an Straitéis AD. I gcomhar le UMT, Clarion Consulting, agus bainisteoirí áitiúla, thacaigh an fhoireann le dearadh eagraíochta agus le cur i bhfeidhm na moltaí a d'eascair ón Athbhreithniú ar Sheirbhísí Mic Léinn agus Acadúla (SASR). Dearadh clár forbartha spriodhártha, i dteannta leis an bhfoireann PD&AD OE, bainisteoirí áitiúla agus Stiúrthóirí Coláiste/Scoile chun tacú le struchtúir níos fearr a neadú ar bhonn leanúnach.

Bronnadh deimhniú cleachtóra ar an gCreat DiSC ar an bhfoireann HRP agus ar an bhfoireann PD&OE, rud a chumasaíonn soláthar inmheánach de chlár ghaolmhara agus a chiallaíonn go bhfuil

2,087

iarratas a fuarthas le haghaidh Bhliain 2 de chlár Chomhaltacht Ad Astra, arb ionann é sin agus méadú 109% ar an mbliain

an dá fhoireann sin dírithe ar aithint, dearadh agus soláthar tionscnamh maidir le forbairt eagraíochta ar fud na hOllscoile. I measc tionscnamh agus gníomhaíochtaí tábhachtacha bhí cur i bhfeidhm Chreat nua na hOllscoile maidir le Socrú Méide Post, an Clár Aurora, an Próiseas um Phleanáil Chomhtháite, Athbhreithnithe Caighdeáin, Bainistíocht Cásanna, Tacair Oiliúna agus an próiseas athbhreithniú maidir le dínit agus meas.

Le teacht phaindéim COVID-19, tá an Fhoireann HRP ag obair le comhghleacaithe AD, SIRC, Dlí agus Eastát chun treoirlínte a fhorbairt do bhainisteoirí agus baill foirne, Ceisteanna Coitianta, cur i bhfeidhm an Chláir um Athshannadh san Earnáil Phoiblí, an próiseas maidir le baill foirne a shuí thar lear, agus tacaíonn an fhoireann le bainisteoirí áitiúla agus le baill foirne leis an bpróiseas planála don fhilleadh dinimiciúil ar an gcampus, agus béim thábhachtach ar fholláine foirne mar chuid de sin.

Sholáthair an fhoireann oiliúint d'fhoirne ceannasaíochta agus bainisteoirí daoine, rud a thacaigh le clár oibre na tallainne, a bhí ag teacht leis an straitéis logánta agus a rinneadh i gcomhar le comhghleacaithe. Sa tslí sin, bhíodhas in ann tacú le hidirghabhálacha forbartha eagraíochta a aithint, a dhearadh agus a sholáthar.

Seirbhísí AD

Seoladh go rathúil Bliain 2 den chlár Chomhaltacht Ad Astra, agus dírfodh an fhógraíocht ar 16 Scoil ar fud 4 Choláiste. Fuarthas 2,087 iarratas ar fud na scoileanna sin a bhí comhionann le méadú de 109% ar an mbliain roimhe. Bhí gearrliosta Coláiste á dhéanamh ar na hiarratais nuair a stopadh an clár mar gheall ar COVID-19.

Chun tacú le feabhsú leanúnach, cuireadh tionscnaimh bhreise i bhfeidhm chun tacú le Coláistí, Scoileanna agus le hAonaid Tacaíochta, bogadh an próiseas chun teagascóirí agus taispeántóirí a mhealladh ar líne chun tacú le sruthlíniú na gníomhaíochta seo ar gnách go mbíonn sé an-ghnóthach ag tús gach téarma. Leis an nuashonrú ar bhogearraí na príomhfheidhme CoreHR a tuairiscíodh anuraidh, bhíodhas in ann eolas faoi struchtúr CoreHR a fhorbairt agus a choimeád le haghaidh gach Scoile agus Aonaid, chun cur ar a gcumas rochtain a fháil ar a struchtúr 'Freagrach do' le haghaidh fostaithe. Ina theannta sin, tá cairt eagraíochta idirghníomhach d'fhostaithe ar fáil anois in ESS (Féinseirbhís Fostaí).

Tar éis na Socruithe Eatramhacha in 2018 a ligeann d'fhostaithe leanúint ar aghaidh san fhostaíocht go dtí 66 bliain d'aois, tháinig An tAcht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Aois Scoir), 2018, i bhfeidhm de réir an dlí ar an 26 Nollaig 2018 agus foráil ann go dtiocfadh ardú ar an aois scoir éigeantaigh ó 65 go 70 do sheirbhísigh phoiblí ó roimh 2004. In 2019, bhí 32 fostaí ón am roimh 2004 le bheith ag dul ar scor agus iad 65 bliana d'aois. D'fhan 78% díobh san fhostaíocht mar thoradh ar an reachtaíocht.

Rinneadh athbhreithniú ar an Scéim um Árachas Saoil Deonach agus ba é an toradh air sin ná gur laghdaíodh na rátaí préimhe do bhaill foirne ó 0.45% go 0.35% den tuarastal agus méadaíodh sochair do leanaí, bás tionóisceach, agus do ghalarr nach bhfuil inleighis.

Gnóthaí Dlí

Lean Gnóthaí Dlí ar aghaidh ag déileáil le méid oibre a bhí ag dul i méid i gcónaí thar scóip ghníomhaíochtaí na hOllscoile, agus béim faoi leith curtha ar chabhrú le dúshláin a tháinig chun cinn de thoradh na paindéime. Chuir an fhoireann le agus thacaigh sí le tionscnaimh CEC na hOllscoile agus ballraíocht aici ar go leor coistí agus grúpaí lárnacha de chuid na hOllscoile a raibh ina measc fochoistí UMT maidir le hionracas taighde, , GDPR, Coistí na Comhairle Acadúla agus FPAC.

Leanann Oifig an Oifigigh um Chosaint Sonraí orthu ag tabhairt tacaíochta don phobal acadúil agus gairmiúil agus ag cur comhairle air faoi chur i bhfeidhm GDPR agus raon leathan uirlisí agus acmhainní forbartha aici. Lena cur chuige nuálach agus éifeachtach, cabhraíonn sé le feachtas ar chosaint sonraí a mhéadú ar fud na hOllscoile.

Leanann an tAonad um Bhainistíocht Taifead agus Saoráil Faisnéise air ag láimhseáil líon d'arratais ar FOI agus Rochtain ar Shonraí nach bhfacthas roimhe ar bhealach thar a bheith gairmiúil agus éifeachtach trí phlé le sealbhóirí taifead a mhéadú.

Oifig Sábháilteachta, Árachais, Riosca Oibriúcháin agus Comhlíontachta UCD

Leanann Oifig SIRC uirthi ag cur tacaíochta agus sainchomhairle ar fáil do phobal leathan na hOllscoile, agus na dúshláin a bhain le paindéim COVID-19 chun tosaigh ar feadh cuid mhór den bhliain 2020. D'fhreagair an Oifig um Eitic Taighde don iarracht náisiúnta COVID-19 a chomhrac trína chinntiú gur tugadh tosaíocht do thaighde gaolmhar lena athbhreithniú eiticíúil agus rinne sí a cuid gníomhaíochtaí a ailíniú leis an gComhairle Náisiúnta um Eitic Taighde, comhlacht náisiúnta a bunaíodh mar fhreagra ar an bpaindéim. Freisin d'oibrigh an Oifig um Eitic Taighde i ndlúthpháirt le gairmithe sábháilteachta laistigh d'Oifig SIRC i gcoitinne chun a chinntiú go dtugtar aghaidh ar rioscaí COVID-19 mar chuid de thaighde ar bith lena mbaineann teagmháil aghaidh ar aghaidh.

// Leanann Oifig an Oifigigh um Chosaint Sonraí orthu ag tabhairt tacaíochta don phobal acadúil agus gairmiúil agus ag cur comhairle air faoi chur i bhfeidhm GDPR agus raon leathan uirlisí agus acmhainní forbartha aici //

D'ainneoin na n-éileamh a chuir an phaindéim ar a acmhainní, thionscain Oifig SIRC Córas Bainistíochta Sábháilteachta nua do Scoileanna a bheidh mar bhonn umag bainistiú na sábháilteachta san Ollscoil ar feadh na mblianta fada. Le linn cuid mhór de 2020, d'úsáid an oifig acmhainní ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le paindéim COVID-19 agus thug sí tacaíocht agus cabhair do chomhghleacaithe trí bheartas, nósanna imeachta, measúnú riosca, oiliúint, agus treoir a fhorbairt. Tá ról glactha ag Stiúrthóir SIRC ar go leor coistí lárnacha de chuid na hOllscoile don fhreagairt COVID-19. Bíonn tionchar freisin ag an timpeallacht nua atá cruthaithe ag an bpaindéim ar an ngné ghnó d'oibríochtaí agus bhí ar Oifig SIRC cumhdach árachais a fháil don Ollscoil i dtimpeallacht ghnó dhúshlánach atá ag éirí níos casta.



Tristan Aitken

Stiúrthóir ar na hAcmhainní Daonna, SIRC agus Cúrsaí Dlí



An coiste eagraithe agus mic léinn ag seoladh Rás UCD, an rás 5K bliantúil chun cistí a ardú le haghaidh Shaorálaithe Thar Lear UCD. Cuireadh an rás ar ceal ina dhiaidh sin mar gheall ar COVID-19.



COLÁISTE NA N-EALAÍON AGUS NA NDAONNACHTAÍ

Ag seoladh Straitéis an Choláiste (ó chlé go deas) An tOllamh Sarah Prescott, Príomhoide Coláiste; Triona McCormack, Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar UCD; agus an tOllamh Comhlach Ivar McGrath.



An tOllamh Sarah Prescott
Príomhoide an Choláiste agus
Déan na nEalaíon agus na
nDaonnachtaí

Bhí Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí an-sásta Straitéis Taighde nua fadréimseach a sheoladh le haghaidh 2020-2024.

Ag croílár na straitéise tá ocht dtéama taighde idirdhisciplínigh a n-oibríonn siad go léir astu féinn ach a phléann agus a thacaíonn leis na ceithre réimse téama straitéisigh i 'Réidh don Todhchaí', Straitéis UCD 2020-2024: Cultúir Dhigiteacha; Cruthaitheacht Ghafa; Daonnachtaí Comhshaoil; Sláinte, Leigheas agus Folláine; Na Daonnachtaí a Thrasnáisiúnú (faoi stiúir Institiúid Daonnachtaí UCD); Éire sa Domhan; Tairseacha Eolais; agus Foréigean agus Sochaí. Leis na hocht dtéama sin, cuirtear in iúl ábharthacht ár gcuid ábhar i ndomhan casta an lae inniu ag athrú go tapa agus féachtar chuig cur ar chumas taighdeoirí ealaíon agus daonnachtaí oibriú le chéile chun iniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna

práinneacha domhanda ó thaobh an ama atá thart, an lae atá inniu ann agus na todhchaí de agus ó thaobh ilteangachais de. Cé gur ceapadh agus gur seoladh an Straitéis roimh an ráig de COVID-19 i mí an Mhárta 2020, táthar ag fáil cheana go bhfuil na hocht dtéama freagrúil do na dúshláin a ghabhann leis an bpaindéim, rud a léiríonn an ról lárnach atá le glacadh ag an stair, an cultúr agus na healaíona sa chomhthéacs sin a bhíonn ag forbairt go tapa.

I gcomhthéacs na Straitéise Taighde nua, thug an tOllamh Comhlach PJ Mathews, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD agus stiúrthóir an téama taighde Cruthaitheacht Ghafa isteach

€2.5m

faighte mar Ard-Dheontas mór le rá ón gComhairle Eorpach um Thaighde

'What is Creativity?' series of public lectures and performances by leading practitioners'. Osclaíodh an tsraith le léacht agus taibhléiriú speisialta le Julie Morrissy, File agus Comhalta John Pollard Newman UCD sa Chruthaitheacht, dar teideal: 'Extra helpful nerves between realities: Creativity and Performance'. I mí an Mhárta, thug Tom McLeish, Ollamh le Fealsúnacht Nádurtha, Ollscoil York, léacht trasdisciplíneach an-spéisiúil ar 'The Poetry of Music and Science and the Role of Creativity in Science and Arts'. Cuireadh stop le himeachtaí eile a bhí beartaithe sa tsraith mar gheall ar COVID-19 ach táimid ag súil le leanúint ar aghaidh leis an tsraith seo sa chéad bhliain acadúil eile.

Bliain den scoth ba ea é don Choláiste i Comórtas Tionchair Taighde na gCás-Staidéar UCD 2019. Ba í an tOllamh Emilie Pine, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta an buaiteoir iomlán le haghaidh a cás-staidéir, 'Communicating the legacy of child abuse and helping victims heal', a thaispeáin taighde inar úsáideadh meascán d'iniúchadh faoi stiúir na ndaonnachtaí agus de theicneolaíochtaí digiteacha chun eolas nua a chur ar fáil faoi scála agus castacht na mí-úsáide in institiúidí. Bronnadh dámhachtain thánaisteach ar an Dr Desmond Earley, Scoil an Cheoil UCD le haghaidh a shaothair 'Promoting Ireland's rich cultural heritage with contemporary choral music'. Bronnadh dámhachtain thánaisteach ar an Dr Kelly Fitzgerald, Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD le haghaidh a shaothair ar 'Housing Memories: the Dublin Tenements' Museum'.

Choláiste. Fuair an tOllamh Gerardine Meaney, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD, Ard-Dheontas mór le rá de €2.5 milliún ón gComhairle Eorpach um Thaighde le haghaidh staidéir atá dírithe ar imirce agus cultúr. Ghnóthaigh an tOllamh Comhlach Catherine Cox, Scoil na Staire UCD an duais don Taibhléiriú is Fearr le haghaidh 'The Examination' ag na 23ú Dámhachtainí Amharclannaíochta an Irish Times i gcomhpháirt leis an gCuideachta Amharclannaíochta Brokentalkers, ina ndearnadh iniúchadh ar mheabhairshláinte agus cearta daonna sa chóras príosúin sa RA agus in Éirinn. Ghnóthaigh an Dr Claas Kirchhelle, Scoil Staire UCD, Dámhachtain Ollscoile mór le rá sna Daonnachtaí agus sna hEolaíochtaí Shóisialta ó Iontaobhas Wellcome le haghaidh a thionscadail idirdisciplínigh agus thráthúil ar na daonnachtaí leighis dar teideal 'Enslaved Viruses: The Global History of Bacteriophage-typing and Epidemiological Surveillance'. Ghnóthaigh an Dr Sharae Deckard, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD Duais an Bhailiúcháin Curtha in Eagar ón British Association for

// Ghnóthaigh Scoil na Staire UCD duais don Taibhléiriú is Fearr le haghaidh 'The Examination' ag na 23ú Dámhachtainí Amharclannaíochta an Irish Times i gcomhpháirt leis an gCuideachta Amharclannaíochta Brokentalkers, ina ndearnadh iniúchadh ar mheabhairshláinte agus cearta daonna sa chóras príosúin sa RA agus in Éirinn //



Comhaltaí Cruthaitheacha na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD ag a gcéad chruinniú, ró tosaigh (ó chlé go deas): Moya Doherty, Rachel O'Kane, Michael McGlynn, Barbara Dawson, Jenny Jennings, Oriole Cullen, Siún Ní Dhuinn agus Gráinne Humphreys. Ró cúil (ó chlé go deas): John O'Donovan, Deirdre Mulrooney, Jessica Traynor, Pearse McCaughey, John Butler, Martin Johnson, Paul Brady agus an tOll. Comhlach PJ Mathews, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD.

Struchtúr an Choláiste

An tOllamh Comhlach Fionnuala Dillane

Déan Comhlach na nEalaíon
agus na nDaonnachtaí

An tOllamh Comhlach An Dr Gillian Pye

Comhordaitheoir Chlár na
nEalaíon BA

An tOllamh Comhlach Paul Rouse

Comhordaitheoir Chlár na
nDaonnachtaí BA

An Dr Joseph Twist

Leas-Phríomhoide um CÉC

An Dr Aoife Whelan

An Leas-Phríomhoide um
Rannpháirtíocht Dhomhanda

An tOllamh Comhlach Elva Johnston

An Leas-Phríomhoide
Staidéir Iarchéime

An Dr Naomi McAreavey

An Leas-Phríomhoide um
Theagasc agus Foghlaim

An Comhollamh Ivar McGrath

An Leas-Príomhoide um
Thaighde, Nuálaíocht agus
Tionchar

**Tá Coláiste na nEalaíon agus
na nDaonnachtaí UCD déanta
suas de sheacht scoil:**

An tOllamh Comhlach Emily Mark-Fitzgerald

Ceann Scoile, Scoil Stair na
hEalaíne agus an Pholasáí
Chultúrtha UCD

An Dr Alexander Thein

Ceann Scoile, Scoil na
gClasaicí UCD

An tOllamh John Brannigan

Ceann Scoile, Scoil an Bhéarla,
na Drámaíochta agus na
Scannánaíochta UCD

Contemporary Literary Studies le haghaidh a himleabhair a ndearnadh comheagarthóireacht air, *World Literature, Neoliberalism and the Culture of Discontent*. Bhuaigh leabhar an Ollaimh Margaret Kelleher (Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD), *The Maamtrasna Murders*, a d'fhoilsigh UCD Press, Duais Michael J Durkan ón American Conference for Irish Studies. Bronnadh an duais is mó i stair ailtireachta na Breataine, Bonn Alice Davis Hitchcock, ar an Ollamh Cúnta Conor Lucey, UCD Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasáí Chultúrtha UCD le haghaidh a leabhair *Building Reputations: Architecture and the Artisan, 1750-1830*. Fuair an tOllamh Robert Gerwarth, Scoil na Staire UCD Duais Reimar Lüst in 2020, agus é an chéad dhuine acadúil a bhí bunaithe in Éirinn a fuair an onóir lena n-aithnítear scoláirí den scoth a rinne éachtaí eisceachtúla ar son taighde ar na Daonnachtaí agus an Eolaíocht Shóisialta agus ar son caidreamh cultúrtha a chur chun cinn idir an Ghearmáin agus a dtír chónaithe féin.

I Meán Fómhair, d'oscail institiúid chultúrtha shainchomhartha Bhaile Átha Cliath, Músaem Litríochta na hÉireann (MoLI) a dhoirise ar Oíche Chultúir. Ó tosaíodh é, tá tairbhe bainte ag baill foirne teagaisc agus mic léinn araon sa Choláiste as go leor comhair, a chuimsigh imeachtaí, cainteanna agus turais. Tugadh Léacht Bliantúil na nEalaíon

agus na nDaonnachtaí UCD le haghaidh 2019, le Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD, ag an úrscéalaí agus an scoláire litríochta mór le rá an tOllamh Sarah Moss i MoLI, faoin téama: *'Feet in Ancient Time: Reflecting on Literary Inheritance in the Age of Brexit'*. D'fhoilsigh Sarah Moss a húrscéal is deireanaí *Summerwater* le Picador in 2020 agus tógfaidh sí post sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach i Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta, UCD i 2020.

I mí na Samhna, ábhar bróid don Choláiste ab ea é gurbh í an chéad Stiúrthóir ban ar Dhánlann Hugh Lane i mBaile Átha Cliath atá ina hurlabhair tábhachtach ar son na bhfisealaíon in Éirinn, an Dr Barbara Dawson, a ghnóthaigh Dámhachtain Alumni UCD 2019 do na hEalaíona agus na Daonnachtaí. Freisin ba onóir í don Choláiste fáilte abhaile a chur roimh naonúr n-iarscoláire le haghaidh an chéad chruinnithe den chéad ghrúpa riamh de Chomhaltaí Cruthaitheacha UCD. D'fhógair An Chomhairle Ealaíon in Éirinn agus Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD gurbh í an file as Doire Colette Bryce an Chomhalta Scríbhneoireachta Cruthaithí le haghaidh 2020. Anuas air sin, i mbliana d'fhorbair Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí a chéad Ghrúpa Comhairleach d'Alumni, a thógann le chéile ceannródaithe cumasacha ó thionscail éagsúla.

// I Meán Fómhair, d'oscail institiúid chultúrtha shainchomhartha Bhaile Átha Cliath nua, Músaem Litríochta na hÉireann (MoLI) a dhoirise ar Oíche Chultúir. Ó tosaíodh é, tá tairbhe bainte ag baill foirne teagaisc agus mic léinn araon sa Choláiste as go leor comhair, a chuimsigh imeachtaí, cainteanna agus turais //



Ag céad chruinniú an Ghrúpa Comhairleach Alumni le haghaidh na nEalaíon agus na nDaonnachtaí bhí: (ó chlé go deas) Evan O'Quigley, An tOll. Sarah Prescott, Fiona Mullan, Sarah Gordon, Aoife Smyth, Joe Hackett, Michael O'Keeffe, Ruth Ní Loinsigh, Adrian Mullett agus Niall O'Flynn.

Struchtúr an Choláiste

An tOllamh Robert Gerwarth
Ceann Scoile, Scoil na Staire UCD

An tOllamh Regina Uí Chollatáin
Ceann Scoile, Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD

An tOllamh Bettina Migge
Ceann Scoile, Scoil na dTeangacha, na gCultúr agus na Teangeolaíochta UCD

An Dr Ciarán Crilly
Ceann Scoile, Scoil an Cheoil UCD

Amhail an 1 Meán Fómhair 2019

B'ónóir é don Choláiste Dochtúireacht Onórach sa Litríocht a bronnadh ar an staraí as Co. na Gaillimhe atá ina feachtasóir ar son Mharthanóirí Thuama, Catherine Corless, le haghaidh a hoibre gan staonadh arbh í an toradh uirthi ná gur bunaíodh Coimisiún Árais Máithreacha agus Naíonán. Freisin bronnadh Dochtúireacht Onórach sna Mínealaíona ar an staraí feimineach mór le rá, Catherine Marshall, as a cuid taispeántas nuálach agus a ról in ealaín na hÉireann. Freisin bronnadh Dochtúireacht Onórach sa Litríocht Cheilteach ar an ngníomhaí, file agus scríbhneoir Gaeilge Pádraig Ó Snodaigh le haghaidh a róil shuntasacha i bhfoilsitheoireacht agus i bhfilíocht na Gaeilge ó lár an fichiú haois.

Chuir an Coláiste fáilte roimh dhá bhall teagaisc déag, i gcúig cinn de na seacht Scoil dá chuid, trí scéim earcaíochta UCD um Chomhaltaí Ad Astra den chuid ba mhó: Victoria Durrer, Seán Leatherbury (Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD); Sarah Comyn, Treasa De Loughry, Adam Kelly, Martha Shearer (Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD); Steffen Rimner, Lindy Brady agus Irial Glynn (Scoil na Staire UCD); Ríona Nic Congáil. Fangzhe Qiu (Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD); Tomas McAuley (Scoil an Cheoil UCD). I dteannta leis an Scéim um Chomhaltachtaí Ad Astra, d'fhógair seacht nDeontas maoinithe do Mhic Léinn PhD thar raon leathan tionscadal.



Professor Sarah Prescott
College Principal and Dean of Arts and Humanities

12

bhall foirne teagaisc earcaithe, trí scéim earcaíochta Chomhaltaí Ad Astra UCD go príomha



Téann an t-údar Sarah Moss le Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD mar Ollamh Cúnta le Scríbhneoireacht Chruthaitheach, sa phictiúr leis an Oll. John Brannigan, Ceann na Scoile.

2,427

Líon iomlán na mac léinn in Éirinn

1,987

Mic léinn ar fochéimithe iad (coibhéis lánaimseartha)

Mic léinn iarchéime (coibhéis lánaimseartha)

439



225

Foireann iomlán

Acadúil: 161

Taighdeoir: 25

Tacaíocht/
Gairmiúil: 39

€5,440,933

de Dhámhachtainí Taighde



AN COLÁISTE GNÓ

Cuimsíonn Ionad Gnó Uí Mhórdha don Ghnó in UCD moil foghlama idirghníomhaí, agus léachtlann agus 320 suíochán ann, agus criosanna móra oibre comhionaid atá deartha chun a bheith cosúil leo siúd i ngnóthais nua agus i moil nuálaíochta. Sa phictiúr ag an seoladh tá (ó chlé go deas): An tOll. Comhlach Maeve Houlihan, an tOll. Andrew Deeks, Angela Moore agus an tOll. Anthony Brabazon.



An tOllamh Anthony Brabazon
Príomhoide an Choláiste agus
Déan an Ghnó

Tá áthas orm a thuairisciú go raibh bliain acadúil rathúil ag An Scoil Ghnó UCD agus go leor éachtaí tábhachtacha bainte amach maidir le gníomhaíochtaí oideachasúla, taighde agus plé leis an bpobal.

Thosaigh an bhliain go rathúil nuair a osclaíodh an t-ionad mór le rá, Ionad Uí Mhórdha don Ghnó. Rinneadh an infheistíocht €20 milliún sin i dtodhchaí ár mac léinn mar gheall ar an deontóir bunaithe agus an ceannródaí gnó Angela Moore, i gcuimhne ar a fear céile nach maireann, iar-scoláire Gnó ó UCD George Moore. I measc na bpríomh-chomhpháirtithe corparáideacha sa tionscnamh seo, bhí PwC agus KPMG, agus ról tábhachtach glactha freisin ag Iar-Scoláirí Gnó UCD, EY agus Iontaobhas Mount Kavanagh. Tharla sé go raibh gnéithe nua an Ionaid, seomra úrscóthach do na

meáin agus d'áiseanna r-Fhoghlama, ina gcumasóir criticiúil d'aistriú an Choláiste go cianfhoghlaim agus go plé fíorúil le mic léinn a chumasú le linn phaindeim COVID-19. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le baill foirne agus le foireann teagaisc an Choláiste as a gcuid iarrachtaí suntasacha chun dul i dtaithí ar na dúshláin a bhí ag baint le COVID-19 dúshláin i rith na bliana.

Mar Ollscoil Dhomhanda na hÉireann, cuireann UCD agus an Coláiste Gnó béim ar leith ar éagsúlacht inár bpobal a cheiliúradh agus ar thionchar a imirt ar ardán an domhain.

Sa chéad leath den bhliain thug go leor mac léinn dár gcuid faoi mhalairtí thar lear lenár gcomhpháirtithe acadúla. Tacaítear leis na malairtí idirnáisiúnta sin ag raon bríomhar gníomhaíochtaí ar an gcampas ina bhféachtar le tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn. Áirítear leis na tionscnaimh *Clár Cairde Uí Chuinn* a chabhraíonn le mic léinn ceangail a dhéanamh lena chéile agus a líofacht

€20m

infheistithe san ionad gnó iontach, Ionad Uí Mhórdha um Ghnó UCD

i dteanga a fheabhsú chomh maith le heolas idirchultúrtha a roinnt agus an *Clár Forbartha Idirchultúrtha*, atá ar siúl anois don dara bliain, a sholáthraíonn taithí chomhchuraclaim atá deartha chun scileanna tuisceana agus cumarsáide idirchultúrtha a fheabhsú le haghaidh os cionn cúig chéad mac léinn i Scoil Smurfit UCD..

D'óstaigh an Coláiste go leor comhdhálacha i rith na bliana ina ndearnadh iniúchadh ar théamaí gnó idirnáisiúnta, lena áiríodh *Comhdháil 'Africa Business 2020 UCD'*, an Cheardlann, *frica: Place, Belongingness, Entrepreneurship and Sustainable Development'*, chomh maith le Comhdháil *MISFIRES ar Mhainneachtana Margaidh agus Gníomhaíochas sa Chúram Sláinte* a raibh saineolaithe as gach cearn den domhan rannpháirteach inti.

I lár phaindéim COVID-19, tá sé tábhachtach go mbíimid fós ag breathnú lasmuigh den choláiste agus ag breathnú chun tosaigh. I mí an Mheithimh, sheolamar comhar nuálach le hOllscoil Fordham. Tabharfaidh an clár iarchéime deis do mhic léinn staidéar a dhéanamh ar feadh bliana i gCathair Nua-Eabhrac agus ar feadh bliana amháin i mBaile Átha Cliath i gcaitheamh an chlár dhá bhliain, taithí a fháil agus a líonraí pearsanta agus gnó a leathnú i ngach áit.

Táimid ag leanúint orainn de pháirt a ghlacadh i líonraí domhanda piara Scoileanna gnó, is iad sin ná CEMS, GNAM, PIM agus Unicon. Fuarthas go raibh na líonraí sin thar a bheith luachmhar ó thaobh teagmháil a éascú le comhghleacaithe ar fud an domhain agus muid ag iarraidh in éineacht a chéile 'ciall a bhaint as' paindéim COVID-19 agus athrú dá réir.

I rith na bliana, bhí an fhoireann teagaisc an-ghníomhach maidir le dámhachtainí maoinithe seachtracha a fháil. Baineadh amach an dámhachtain shingil ba mhó, agus tacaíocht aici ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, faoi stiúir na nOllúna John Cotter agus Thomas Conlon le haghaidh a dtionscadal taighde dar teideal *Fintech Fusion*. Bhain an tOllamh Valerio Poti, an tOllamh Don Bredin agus an tOllamh Cúnta, an Dr Alessia Paccagnini Dámhachtain Fís 2020 amach freisin i réimse FinTech agus fuair an tOllamh Donna Marshall in éineacht leis an Dr Hakan Karaosman maoiniú Fís 2020 le haghaidh an tionscadail *Fashion's Responsible Supply Chain Hub (FReSCH)*.

I measc dámhachtainí móra tábhachtacha eile a gnóthaíodh i rith na bliana bhí dámhachtain an Ollaimh Andreas Hoepner ón Swedish Foundation for Strategic Environmental Research, agus maoiniú ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann le haghaidh *AI for Anti-Greenwashing*; An Dr Paula Carroll ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI); agus an tOllamh Gerardine Doyle agus a foireann a ghnóthaigh roinnt dámhachtainí maoinithe le haghaidh a gcuid oibre ar shláinte chomhnasctha, tomhas luachanna i soláthar seirbhísí sláinte agus inniúlacht sa tsláinte.

D'aithin comhlachtaí seachtracha taighde go leor ball foirne teagaisc. Glacadh leis an Ollamh Niamh Brennan mar bhall d'Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA); Ceapadh an tOllamh Donna Marshall mar an gcéad Uachtarán Éireannach ar an International Purchasing and Supply Education and Research Association (IPSERA); agus bhronn Sustainable Nation Ireland an gradam *Duine Éireannach na Bliana san Airgeadas Inbhuanaithe* ar an Ollamh Andreas Hoepner.

Aithnítear comhdháil bhliantúil an Academy of Management (AoM) mar phríomhchomhdháil acadúil an domhain maidir le taighde ar bhainistíocht agus eagrúchán. I mbliana, ag an gcomhdháil, tugadh aitheantas ar leith do roinnt ball dár bhfoireann teagaisc as an obair acadúil atá déanta acu. Bhuaigh an tOllamh Karan Sonpar agus an tOllamh Federica Pazzaglia, i dteannta lena gcomhúdar Hardik

// Le linn na bliana, bhí an fhoireann an-ghníomhach agus dámhachtainí seachtracha á bhfáil acu. Thacaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann leis an deontas ba mhó a tugadh agus ba é an tOllamh John Cotter agus an tOllamh Thomas Conlon a bhí i gceannas ar a dtionscadal taighde dar teideal *Fintech Fusion* //



Chuir mic léinn fáilte roimh Edward F Crawford, Ambasadóir na Stát Aontaithe chun na hÉireann le sraith nua 'Impact Makers Speaker Series' a sheoladh. Sa ghriangraf (ó chlé go deas) tá: Caroline Shakour '20 MBA; Sachin Itgampalli '20 MBA; A Shoilse Edward F Crawford, Ambasadóir na Stát Aontaithe chun na hÉireann; An tOllamh Gerardine Doyle, Stiúrthóir Scoil Smurfit UCD; Satyaki Ganguly '20 MBA; Sreelakshmy Koonath '20 MBA; agus Siún Tobin '20 MBA.

Struchtúr an Choláiste

An tOllamh Gerardine Doyle
Déan Comhlach agus Stiúrthóir,
Scoil Smurfit UCD

**An tOllamh Comhlach
Maeve Houlihan**
Déan Comhlach agus Stiúrthóir,
Scoil Uí Chuinn UCD

An tOllamh Don Bredin
Déan Comhlach Idirnáisiúnta

Helen Brophy
Stiúrthóir, Forbairt Feidhmiúcháin
Smurfit UCD

An tOllamh Donna Marshall
An Leas-Príomhoide um
Thaighde, Nuálaíocht
agus Tionchar

An tOllamh Séamas Kelly
An Leas-Phríomhoide um
Theagasc agus Foghlaim

An tOllamh Andreas Hoepner
Leas-Phríomhoide um
Chomhionannas, Éagsúlacht
agus Cuimsiú

Amhail an 1 Meán Fómhair 2019

Bhain Scoil Smurfit an 21ú áit amach Rangú Scoileanna Gnó na hEorpa (European Business School Rankings) de chuid an Financial Times (FT)

Agarwal (IIT Delhi), an gradam mór le rá 'Gradam an Pháipeáir is Fearr' ag Comhdháil Academy of Management (AoM) 2020 ón Rannóg Gairmeacha as a bpáipéar, 'Identity Work of Persistent Liminars following Voluntary Career Change'. Chomh maith leis sin, ag an gcomhdháil chéanna, bronnadh an gradam 'Best Critical Management Learning and Education Paper 2020', ar an Dr Penelope Muzanenhamo, i dteannta lena comhúdar an Dr Rashedur Chowdhury, as a saothar dar teideal 'Divergent Perspectives on Diversity and Inclusion: Reconceptualizing & Advancing Black Scholarship'. Aithníodh an tOllamh Mark Pagell mar Scoláire Gradamach 2020 ag Rannóg Bainistíochta Oibríochtaí agus Shlabhra an tSoláthair (OSCM) de chuid an Academy of Management.

Le linn na bliana, mar a rinne comhghleacaithe i gcoláistí eile, d'athraigh foireann teagaisc an Cholaiste Gnó cláir oibre a gcuid taighde mar fhreagra ar ghéarchéim COVID-19. Bhí an tOllamh Susi Geiger i gceannas ar fhoireann taighdeoirí i staidéar Eorpach, *Solidarity in times of a Pandemic*, a dhéanamh ag amharc

ar fhreagairt saoránaigh ar bhearta a chuir an rialtas i bhfeidhm, staidéar a chuideoidh le lucht déanta beartas straitéisí bainistithe géarchéime níos éifeachtaí a fhorbairt as seo amach.

Le cur leis an obair seo ar iompraíochtaí cinnteoireachta, d'fhiosraigh an tOllamh Cúnta le Margaíocht Julie Schiro *Social Distancing & Mask-wearing in Response to COVID19*, agus bhí Dr Annunziata Esposito Amideo, an Dr Alessia Paccagnini agus an Dr Luca Pistilli páirteach in *SMARTER4COVID-19: An Interdisciplinary Approach to Support Decision-Making for COVID-19 and Future Pandemics*.

Rinne an Dr Orla Byrne, an Dr Julia Backmann agus an Dr Luca Pistilli staidéar ar an dóigh ina raibh fiontraíthe ag plé leis an bpaindéim sa tionscadal *Coping with Covid: Resilience strategies of entrepreneurs during the pandemic*, agus leathnaigh an Dr Darren Thomas Baker a chuid taighde ar obair neamhsheasmhach in *Stepping into leadership: Understanding the careers and leadership practices of women and men in precarious occupations in the UK, Ireland and Australia*.

D'fhoilsigh an tOllamh Niamh Brennan, an Dr Victoria Edgar agus an Dr Sean Power *COVID-19 Profit Warnings: Delivering Bad News in a Time of Crisis*, agus rinne an Dr Sabina Stan agus an tOllamh Roland Erne staidéar ar *The EU's New Economic Governance Prescriptions in Healthcare (2009-2019): Preparing the Bed for the Covid Pandemic*.

In annéoin na corraíola domhanda, tá an Coláiste Gnó UCD fós ag cur oideachas gnó den chéad scoth ar fáil agus fós ag cur lena chlú mar cheannródaí idirnáisiúnta maidir le taighde gnó ábhartha a mbíonn tionchar aige ar chúrsaí. Tháinig feabhas ar rangú seachtrach ar go leor clár céime de chuid an Choláiste i rith na bliana, agus bhain Scoil Smurfit UCD an 21ú áit amach, an rangú ab airde di riamh, i measc Scoileanna Gnó na hEorpa i Rangú Scoileanna Gnó na hEorpa (European Business School Rankings), rangú mór le rá de chuid an Financial Times (FT). Díol suntais eile ba é rangú domhanda FT do MSc na Scoile sa Bhainistíocht Idirnáisiúnta, sa 7ú háit agus an chéad rangú riamh ón FT do chlár shaincheaptha na Scoile san Oideachas Feidhmiúcháin.

Bhí an Coláiste gníomhach i rith na bliana ag cothú dlúthchaidreamh leis na céimithe agus leathnaíomar ár gcomhpháirtíochtaí seachtracha. Ghlac an chéad ghrúpa mac léinn páirt i gClár Meantóireachta Alumni Uí Chuinn, scéim a chuir ina mbeirteanna iad le céimithe chun léargas a fháil ar na scileanna gnó agus pearsanta atá de dhíth le dul chun cinn a dhéanamh agus an geilleagar iomaíoch



I mí na Samhna, chuir Helen Brophy, Stiúrthóir, Forbairt Feidhmiúcháin Smurfit UCD fáilte roimh na haoi-chainteoirí seo a leanas (ó chlé go deas): Ronan Harris, Stiúrthóir Bainistíochta Google UK and Ireland; Leo Cullen, Príomhchóitseálaí Rugbaí Laighean; agus an dochtúir agus údar an Dr Mark Rowe chun 'Empowering Leadership throughout an Organisation' a phlé.

// In ainneoin na corraíola domhanda, lean Coláiste Gnó UCD le hoideachas gnó den chéad scoth a chur ar fáil agus le cur lena chlú mar cheannródaí idirnáisiúnta maidir le taighde ar ghnó ábhartha a mbíonn tionchar aige ar chúrsaí //

mar atá. Bhí deis ag mic léinn freisin bualadh le ceannairí éagsúla, Edward F Crawford, Ambasadóir na Stát Aontaithe chun na hÉireann, agus an Dr Rhona Mahony, an chéad Mháistir ban den Ospidéal Náisiúnta Máithreachais, tríd an scéim úr *IMPACT MAKERS: UCD Smurfit MBA Speaker Series*. Cuireadh tús le sraith Podchraoltaí Thionchar Gnó UCD (UCD Business Impact Podcast) ina mbíonn ceannairí na tionsclaíochta, alumni agus baill foirne ag labhairt ar réimse ábhar ar thús cadhnaíochta.

Agus muid fós ag tabhairt aghaidh ar phaindéim COVID-19, tá géarghá ann, níos mó ná riamh, le díospóireacht, cinnteoireacht agus ceannaireacht fheasach. Tá an Coláiste fós dírithe ar bhealaí le cur le téamaí straitéiseacha UCD agus muid ag iarraidh geilleagar a atógáil agus athshamlú a dhéanamh ar institiúidí agus ar thosaíochtaí don tsochaí.




An tOllamh Anthony Brabazon
Príomhoide/Déan Choláiste an Ghnó in UCD

An tOllamh Brian Fynes

I mbliana, ar an drochuair, d'imigh duine dár bpobal i gColáiste Gnó UCD, an tOllamh Brian Fynes, ar shlí na fírinne. Chuir Brian go mór le forbairt bainistíochta oibríochtaí/shlabhra an tsoláthair mar réimse taighde san Eoraip agus chuir Éire agus UCD ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain ó thaobh taighde sa réimse seo de. I mí Meithimh 2020, bronnadh an duais mór le rá EurOMA Fellowship Award air mar aitheantas ar an ionchur agus ar an tionchar a bhí aige sa réimse bainistíochta oibríochtaí le linn a shárghairme.



Ceapadh Brian ina chéad Ollamh le Bainistíocht Shlabhra an tSoláthair in Éirinn in 2007 agus bhí sé ina Cheannasaí Réimse Ábhar na Bainistíochta ó 2007-2016. Bhí ról ríthábhachtach aige sa phost seo agus é ag stiúradh fhorbairt an réimse ábhair ar bhealach a bhí comhghleacúil agus dírithe ar thaighde. B'iomaí ról ceannaireachta eile a bhí ag an Ollamh Fynes, Déan Comhlach (Idirnáisiúnta) san áireamh. Ba é sa ról seo a chuir sé go mór le forbairt agus le bainistíocht phunann chlár idirnáisiúnta an Choláiste agus, ag an am céanna, mhéadaigh sé clú agus tionchar an Choláiste thar lear. Tá an díograis a bhí ag Brian lena ábhar agus an fhlaitiúlacht a bhí aige mar scoláire le feiceáil sa ghréasán comhúdar idirnáisiúnta iontach a chuir sé le chéile le linn a ghairmréime agus i líon na gcomhghleacaithe, na scoláirí sóisearacha agus na mac léinn a raibh tionchar aige ar a saol. Aireimid uainn é.



Faighteoirí Bonn EGA & AGA 2019. Ró cúil (ó chlé go deas): Paul Duff, Bainistíocht na hInnealtóireachta; Iseult McCullough, Ailtireacht; Conor Smyth, Innealtóireacht Leictreonach; Fionn Robinson, Innealtóireacht Cheimiceach agus Bithphróisis; Ryan Kelly, Innealtóireacht Shibhialta; Sophie Vaughan, Innealtóireacht le Gnó agus Danielle Aboud, Innealtóireacht Bithleighis. Sa chéad líne (ó chlé go deas): Emma Cooney, Ailtireacht; Roseanne Dizon, Innealtóireacht Struchtúr le hAiltireacht; Elva Casals Sadlier, Innealtóireacht Mheicniúil; Gunda Hildebrand, Innealtóireacht Bithchórais agus Rachel Perkinson, Innealtóireacht Leictreach.



COLÁISTE NA HINNEALTÓIREACHTA AGUS NA HAILTIREACHTA



An tOllamh Aoife Ahern
Príomhoide an Choláiste/
Déan na hInnealtóireachta

Struchtúr an Choláiste

An tOllamh Hugh Campbell
Déan na hAiltireachta

An tUas. Daniel Sudhershnan
Déan Comhlach na hAiltireachta

In ainneoin dhúshláin phaindéim COVID-19, ba bhliain an-rathúil í 2019/20 don Choláiste agus tá réimsí móra gníomhaíochta an Choláiste á neartú agus á bhforbairt fós. I measc na mbuaicphointí, rinneadh ceiliúradh ar chothrom céad bliain na hInnealtóireachta agus bronnadh gradaim mór le rá ar bhaill foirne agus ar iarbhaill foirne.

I mí na Samhna 2019, bronnadh gradam cré-umha Athena Swan ar an gColáiste. Bhí Beth Shotton (Leas-Uachtarán CÉC) ina cathaoirleach cumasach ar an bhFoireann Feidhmithe um Chomhionannas Inscne sa Choláiste, agus lean obair na foirne ar aghaidh leis an bPlean Gníomhaíochta um Chomhionannas Inscne 2019-23 a chur i gcrích, plean atá ann le haird an phobail a dhíriú ar chomhionannas inscne sna Coláistí ar fad. Seoladh tionscnaimh úra a thacóidh le gealltanais chun cothromaíocht inscne a bhaint amach ar choistí Coláiste agus i róil cheannaireachta, i bhfógraíocht earcaíochta, agus le tacú le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta. Seoladh freisin, próiseas le monatóireacht bhliantúil a dhéanamh ar Chothromas Inscne inár nIonaid Taighde chun cloí le sainorduithe

Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) agus an Choimisiún Eorpaigh a mheas. De réir na sainorduithe seo, ba chóir go mbeadh ar a laghad 40% de thaighdeoirí ina mná agus mar sin de, spreagtar earcaíocht ghníomhach le mná a earcú mar Phríomh-Imscrúdaitheoirí (Planna) agus mar thaighdeoirí i róil mhaoinithe.

Oideachas agus Eispéireas na Mac Léinn

Meallann cláir mhúinte an Choláiste fós mic léinn a thagann ó phobail éagsúla in Éirinn agus ó thíortha ar fud an domhain. Anuas air sin, in 2019/20 d'éirigh lenár gcláir Innealtóireachta creidiúnú a bhaint amach leis na comhlachais ghairmiúla ábhartha. Is díol suntais é gur tháinig méadú nach beag ar líon iontrála na mban ar chlár fóchéime Innealtóireachta UCD

ó 28% go 34%, méadú a léiríonn iarrachtaí earcaíochta an Choláiste agus é ag díriú ar earcaíocht na mban agus ar chomhionannas inscne sa disciplín seo ina bhfuil ceannas ag fir go traidisiúnta.

Nuair a fógraíodh dianghlaisáil náisiúnta COVID-19 i Márta 2020, d'oibrigh ár bpobal teagaisc agus foghlama go dian le teagasc agus measúnú a bhogadh ar líne, rud a chuir ar chumas na mac léinn a gcuid staidéar a chríochnú. In Aibreán 2020, ceapadh an tOllamh Comhlach David Timoney mar Dheán Comhlach na hInnealtóireachta. I mbliana, d'fhostaigh an Coláiste teicneolaí oideachais den chéad uair mar chuid de thionscnamh UCD-IUA agus thacaigh an post seo go suntasach, faoi stiúir an Leas-Uachtaráin Teagaisc agus Foghlama, le baill foirne dul i dtaithe ar theagasc agus foghlaim ar líne agus cúrsaí ar líne a phleanáil.

D'oibrigh ár mBainisteoirí Intéirneachta le líon níos mó mac léinn ar socrúcháin san Innealtóireacht agus san Ailtireacht Tírdhreacha, agus d'éirigh le formhór na mac léinn intéirneachtaí iomlána a chríochnú lena bhfostóirí in áit iad a ghiorrú. Bíonn measúnuithe láidre againn ó fhóistóirí faoi ghairmiúlacht agus faoi chaighdeán ard na mac léinn. Is léiriú é sin ar chaighdeán ard na gclár agus ar thábhacht na n-intéirneachtaí.

Ó cheann ceann na bliana bhí a lán gníomhaíochtaí rannpháirtíochta á ndéanamh ag an gColáiste ar fud an domhain agus mar gheall air seo glacadh isteach líon mór mac léinn eachtrach in 2020, rud nár laghdáíodh in ainneoin phaindeim COVID-19 nuair a aistríodh

€18.3m

de dhámhachtainí nua seachtracha a cláraíodh, figiúr a fhreagraíonn do bhreis agus 15% den mhaoiniú tugtha don Ollscoil



Bhuaigh an tOllamh Madeleine Lowery, Scoil na hInnealtóireachta Leictreolaíoch agus Leictreonaí UCD gradam Thionscnamh na Bliana NovaUCD 2019 dá thionscnamh Handalysis.

gníomhaíochtaí earcaíochta ar fud na cruinne go soláthar ar líne agus go hidirghabháil láidir chun mic léinn a dhéanamh d'iarratasóirí.

Forbairtí an Choláiste

Tá an Coláiste fós ag stiúradh an phlean forbartha maidir le Campas na Todhchaí UCD agus tá an phleanáil do Lárionad na Cruthaitheachta, ag dul ar aghaidh as éadán. Príomhionad nua le haghaidh na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasáí Comhshaoil, na hInnealtóireachta Sibhialta chomh maith le ceardlanna, saotharlanna, stiúideonna agus spásanna foghlama a roinnfear sa Choláiste, a bheidh sa Lárionad.

Bunaíodh Coláiste Iompair Idirnáisiúnta Chang'an-Bhaile Átha Cliath (CDIC) go hoifigiúil in 2020. Is comhoibriú comhpháirtíochta idir UCD agus Ollscoil Chang'an é. Tá trí dhéchéim ar fáil anois in CDIC: an BE san Innealtóireacht Uathghluaisneach, an BSc san Iompar, sa Phleanáil Chathrach agus san Innealtóireacht Timpeallachta le tosú i Meán Fómhair 2020, agus an BE sa Bhonneagar Innealtóireachta Sibhialta atá anois sa dara bliain.

Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

Tá an Coláiste ag feidhmiú go han-mhaith agus go han-éifeachtach fós maidir le taighde agus le nuálaíocht. Fuarthas dámhachtainí nua seachtracha arbh fhiú €18.3 milliún iad, is é sin breis agus 15% den chistiú tugtha don Ollscoil.

I measc na dtionscadal ar leith atá maoinithe ag clár Chomhchiste Mearfhreagartha COVID-19 Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, tá: An tOllamh Madeleine Lowery, Scoil na hInnealtóireachta Leictreolaíoch agus Leictreonaí UCD (SEEE) le haghaidh taighde ar úsáid teicneolaíochta fóin cliste chun monatóireacht a dhéanamh ar riospráid othair COVID-19 sa bhaile; an tOllamh Michael Gilchrist, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD (SMME) atá ag forbairt pacáistíochta agus sceo plaisteach atá frithsheasmhach in aghaidh COVID-19; an tOllamh Denis Dowling, SMME agus stiúthóir I-Form, Ionad Taighde Ard-Déantúsaíochta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, atá ag úsáid priontáil 3T chun trealamh cosanta pearsanta a sholáthar d'ospidéal agus do shuíomhanna cúraim sláinte eile; an tOllamh Comhlach John O'Sullivan, Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta (SCE), atá ag glacadh páirt freisin i dtionscadal dar teideal 'SARS-CoV-2 in sewage and bodies of water'.

Cuireadh tús le go leor tionscnamh nuálach eile le dul i ngleic le fadhbanna COVID-19. Bhí an Dr Colin Keogh, SEEE agus a chomhoibrithe ar dhaoine de bhunaitheoirí Open Source Ventilator (OSV) Ireland d'fhonn idirghabhálacha ísealacmhainne agus soláthairtí leighis a bhaineann le COVID-19 a fhorbairt. Tá an Dr Kevin Nolan, SMME ag tabhairt faoi obair ildisciplíneach le dochtúirí ag Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae i mBaile Átha Cliath freisin chun taighde a dhéanamh ar bhealaí a mbogann na braoiníní atá ag iompar víreas COVID-19 agus an tionchar atá ag clúdaigh aghaidh ar a scaipeadh.

I measc an mhaoinithe ó réimse clár Eorpach an-iomaíoch agus mór le rá, bhí trí Líonra Oiliúna Nuálaíochta (ITNs) de chuid Líonra Oiliúna Nuálaíochta Marie Skłodowska Curie, agus na daoine seo a leanas i gceannas orthu: An Dr Fionnuala Murphy, Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia (SBFE), an Dr James O'Donnell, SMME, agus an tOllamh Comhlach Damian Flynn, SEEE.

I measc na mball foirne a bhfuil baint acu le comhoibriú ar réimse tionscadal Eorpach eile chun dul i ngleic le dúshlán dhomhanda i réimsí maidir le Fuinneamh, Iompar, Slándáil Bhia, Deantúsaíocht agus Teicneolaíocht na Todhchaí & Teicneolaíocht atá Ag Teacht Chun Cinn, agus iad ag teacht leis na téarmaí i Stráitéis UCD 2020-24: Réidh

Struchtúr an Choláiste

An tOllamh Comhlach

Elizabeth Shotton

Leas-Uachtarán um
Chomhionannas, Éagsúlacht
agus Cuimsiú

An tOllamh Ravi Thampi

Leas-Phríomhoide um
Idirnáisiúnú

An tOllamh John Sheridan

An Leas-Phríomhoide um
Thaighde, Nuálaíocht
agus Tionchar

An tOllamh Comhlach

David Timoney

An Leas-Phríomhoide um
Theagasc agus Foghlaim

An Dr Neal Murphy

Stiúrthóir Scoil na gCéimithe

**Tá sé scoil i gColáiste na
hInnealtóireachta agus na
hAiltireachta UCD:**

An tOllamh Comhlach

Eoin O'Neill

Ceann na Scoile, Scoil na
hAiltireachta, na Pleanála agus
an Pholasáí Comhshaoil UCD

An tOllamh Colm O'Donnell

Ceann na Scoile, Scoil na
hInnealtóireachta Bithchórais
agus na hInnealtóireachta
Bia UCD

An tOllamh Eoin Casey

Ceann na Scoile, Scoil na
hInnealtóireachta Ceimic
agus Bithphróisis UCD

An tOllamh Comhlach

Amanda Gibney

Ceann na Scoile, Scoil na
hInnealtóireachta Sibhialta UCD

An tOllamh Peter Kennedy

Ceann na Scoile, Scoil na
hInnealtóireachta Leictirí
agus Leictreonaí UCD

An tOllamh Kenneth Stanton

Ceann na Scoile, Scoil na
hInnealtóireachta Meicniúla
agus Ábhar UCD

Amhail an 1 Meán Fómhair 2019



Bhronn RIBA Bonn Óir Ríoga 2020 ar Yvonne Farrell agus Shelley McNamara, bunaitheoirí Grafton Architects.

// Bronnadh agus baineadh amach méid mór i gcaitheamh na bliana a léiríonn an cultúr iontach láidir agus an cumas atá ag an gColáiste ó thaobh na dianoibre, na nuálaíochta agus an tionchair de //

don Todhchaí: An Dr Federico Milano, SEEE, an tOllamh Comhlach Francesco Pilla, Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasáí Comhshaoil (APEP), an tOllamh Denis Dowling, SMME, agus na hOllaimh Colm O'Donnell agus Enda Cummins, SBFE.

Bronnadh tionscadail comhoibrithe idirnáisiúnta nua tríd an gclár um Chomhpháirtíocht Taighde & Forbartha SAM-Éireann de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI). Bronnadh tionscadal comhoibrithe de chuid na Comhpháirtíochta Taighde & Forbartha SAM-Éireann SFI ar an Ollamh Paula Bourke, SBFE, dar teideal 'Plasma-based therapies for bone infection'. Fuair an tOllamh Comhlach Simon Kelly, SEEE maoiniú le haghaidh 'Uncovering the neural architecture underlying decisions abstracted from movements'.

Bronnadh agus baineadh amach méid mór i gcaitheamh na bliana a léiríonn an cultúr iontach láidir agus an cumas atá ag an gColáiste ó thaobh na dianoibre, na nuálaíochta agus an tionchair de. I mí na Nollag 2019 d'fhógair an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys TD, agus an tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, Regina Doherty TD, 16 ghradam de chuid an Chiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (DTIF) ar bhonn náisiúnta, trí cinn acu, nuair a cuireadh le chéile iad, a fuair breis agus €14.9m agus a bhaineann le comhaltai an Choláiste:

- Tá an tOllamh Bogdan Staszewski, SEEE

ag glacadh páirte sa chuibhreannas Ríomhaireacht Chandamach QCoIr in Éirinn. Agus é á threorú ag IBM Ireland Ltd, tá Institiúid Náisiúnta Tyndall páirteach ann freisin; Ollscoil Mhá Nuad; Rockley Photonics Ireland; Equal1 Laboratories Ireland, mac-chuideachta UCD a bhfuil a ceanncheathrú ag NovaUCD; agus MasterCard Ireland.

- Tá an tOllamh Comhlach Eoin O'Cearbhaill, SMME ag obair mar chuid de chuibhreannas tionscadail Pharma Latch i dteannta an phríomhchomhpháirtí Latch Medical, mac-chuideachta UCD a bhfuil a ceanncheathrú ag NovaUCD; Blueacre Technology; agus TheraDep.
- Tá an Dr Jufan Zhang, SMME páirteach sa chuibhreannas tionscadail EyeVU leis an bpríomhchomhpháirtí Tympany Medical; Genetian Services; agus an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha.

Bronnadh Tionscadal Frontiers for the Future SFI ar an Ollamh Comhlach Shane Donohue, SCE chun taighde 'riosca ard, luach saothair ard' a dhéanamh maidir le 'Geophysical and Earth Observation Tools for Evaluating the Condition of Slopes (GEOTECs)'.

Aithnítear go leor éachtaí foirne nuair a fógraíodh Gradaim Nuálaíochta NovaUCD 2019 in Iúil 2020. Bhuaigh an tOllamh Madeleine Lowery, SEEE, Gradam Fhionnachtain na Bliana NovaUCD dá tionscnamh Handalysis. I staidéar lena raibh baint ag go leor Scoileanna, bhuaigh an

tOllamh Comhlach Francesco Pilla (APEP), an tOllamh Comhlach David Timoney (SMME), an tOllamh Robert Shorten agus an tOllamh Cúnta Giovanni Russo (SEE) Gradam Chomhairleoireacht na Bliana NovaUCD 2019 dá staidéar sainchomhairleoireachta arna choimisiúnú ag Toyota Ireland trí ConsultUCD. Bhuaigh an tOllamh Eoin Casey agus Dr Eoin Syron, Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis, agus Dr Barry Heffernan Gradam Cheadúnas na Bliana NovaUCD 2019 mar gheall ar cheadúnú na teicneolaíochta don Imoibreoir Bhithscannán Aeraithe Scannáin (Membrane Aerated Biofilm Reactor) do OxyMem, mac-chuideachta UCD a chomhbhunaigh siad i dteannta Wayne Byrne in 2013.

Tá an t-aschur foilsithe fós de chaighdeán ard ón gColáiste ar fad agus bíonn tionchar mór aige. Mar shampla, sa tuarascáil Highly Cited Researchers atá curtha le chéile ag Clarivate Analytics, liostaíodh an tOllamh Da-Wen Sun, an tOllamh Colm O'Donnell agus an tOllamh Enda Cummins, SBFE, i measc an chéad 1% de thaighdeoirí is mó a luadh ar fud an domhain. Is léiriú é seo ar an údarás atá ag gach duine acu ina réimse staidéir féin ar fud na cruinne, agus is é seo an cúigiú huair a liostaíodh an tOllamh Da-Wen Sun agus an tOllamh Colm O'Donnell.

Comhairliúchán agus Rannpháirtíocht

Cuireadh tús le himeachtaí Chumann Céimithe Innealtóireachta UCD (EGA) i Meán Fómhair 2019, le Searmanas Bliantúil Bonn Óir agus Gradaim EGA, ar bronnadh Boinn Óir EGA ar mhic léinn a bhfuil éachtaí déanta acu ina gcuid disciplíní. I measc imeachtaí eile EGA bhí na hocaí seo a leanas:

- Bronnadh Gradam Céimí Céimiúil EGA 2019 ar John O'Dea, Céimí Innealtóireachta UCD agus iar-POF Crospon mar aitheantas ar a ghairmréim iontach go dtí seo. San imeacht céanna, bronnadh Gradam Saoil EGA (tar éis a bháis) do Michael Loughnane, a bhí ag ESB tráth agus a bhí ina Uachtarán EGA 2008-2012, le haitheantas a thabhairt dá dhúthracht agus don mhéid a rinne sé ar son an tionscail le linn a ghairmréime.
- Thóg Díospóireacht Phainéil an Fhómhair ar 'Intleacht Shaorga' (AI) painéalaithe san earnáil le chéile le haghaidh a gcuid smaointí maidir le forbairt AI agus teicneolaíochtaí lena mbaineann, na himpleachtaí dlí a bhaineann léi, agus feidhmithe sa lá atá inniu ann.

- Toghadh an chéad bhean riamh ina hUachtarán san Olltoghchán Bliantúil de chuid an EGA, Majella Henschion, Uasal, ESB a thabharfaidh an EGA isteach i ré iontach úr ina gcothófar caidreamh le mic léinn agus le céimithe Innealtóireachta. Chríochnaigh an tUas. John Power a théarma ceithre bliana rathúil mar Uachtarán EGA agus gabhaimid buíochas leis as a ionchur.
- Cuireadh Díospóireacht Phainéil an Earraigh 2020 ar athlá mar fhreagairt ar na srianta a bhaineann le COVID-19.

Pobal


I mí Dheireadh Fómhair 2019, tugadh an onóir ailtireachta is airde sa RA d'ailtíre Éireannacha mór le rá Yvonne Farrell agus Shelley McNamara, beirt iar-ollamh taca APEP agus bunaitheoirí Grafton Architects, nuair a bronnadh an RIBA Royal Gold Medal 2020 orthu, gradam a bhfuil ardmheas air. De réir an RIBA, ainmníodh an bheirt ag "liosta daoine cáiliúla ón saol acadúil, saol na n-ealaíon agus saol na haitireachta, mórchliant agus ailtíre mór le rá". I mí Feabhra 2020, d'éirigh thar barr le himeacht alumni a d'óstáil an tOllamh Hugh Campbell i Londain ag Léacht Bhonn Óir RIBA de chuid Yvonne agus Shelley. I mí an Mhárta 2020, ainmníodh an bheirt mar Bhuaiteoirí Gradaim na Duaise Ailtireachta Pritzker 2020, an onóir is airde sa ghairm. Déanann an Coláiste comhghairdeas ó chroí leis an mbeirt ailtíre Éireannacha a bhfuil clú agus cáil orthu.

Rinneadh ceiliúradh ar chéad bliain de Scoileanna na hInnealtóireachta Sibhialta, Leictirí agus Leictreonaí, agus Meicniúla agus Ábhar UCD i mí Dheireadh Fómhair 2019. Bhí dinnéar ceiliúrtha foirmeálta i Halla Uí Raghallaigh leis an ócáid a cheiliúradh agus tháinig alumni Innealtóireachta le chéile lena gcomhscoláirí agus lena gcairde chun cuimhní cinn a cheiliúradh agus caidrimh a atógáil ar oíche nach ndéanfar dearmad di.



An tOllamh Aoife Ahern

Príomhoide an Choláiste/Déan na hInnealtóireachta



Déanann mic léinn ó Scoil an Leighis Tréidliachta ceiliúradh ar Lá Idirnáisiúnta NA na mBan agus na gCailíní san Eolaíocht.



COLÁISTE NA NEOLAÍOCHTAÍ TALMHAÍOCHTA AGUS SLÁINTE



An tOllamh Cecily Kelleher
Príomhoide an Choláiste

Bhain baill foirne agus mic léinn ar fud an Choláiste úsáid as a gcuid saineolais i mbliana chun aghaidh a thabhairt ar imeachtaí na bliana suntasaí seo, go leor acu ag cur go mór le hiarrachtaí an náisiúin. Mar is gnách, bhí go leor éachtaí agus gníomhaíochtaí le ceiliúradh ar fud an Choláiste.

Tá fíis UCD, is é sin 'Aon tSláinte Amháin', croílárnach i straitéis an Choláiste agus tá sé mar aidhm ag an bhfíis sláinte agus folláine an duine, sláinte ainmhithe agus sláinte an éiceachórais a chur chun cinn agus a

400+

toscaire a d'fhreastail ar Chruinniú Bhliantúil de Ghrúpa Eolaíochta Sláinte Universitas 21 ar líne

fheabhsú trí bharr feabhais acadúil, trí thaighde comhoibríoch agus trí oideachas agus for-rochtain. Le linn an tsamhraidh, d'óstáil an Choláiste, á stiúradh ag an Dr Pat Felle, Leas-Uachtarán um Rannpháirtíocht Dhomhanda agus a fhoireann, Cruinniú Bliantúil de Ghrúpa Eolaíocht Sláinte Universitas 21 ar an téama 'Aon tSláinte Amháin: Cur Chuige Comhoibríoch don tSláinte.' Ba é an tOllamh Stephen Gordon an Príomh-Chomhordaitheoir Acadúil den chlár imeachtaí. D'éirigh thar barr leis an gcomhdháil ar líne, agus bhí breis agus 400 comhalta ag glacadh páirt inti agus seoladh Dearbhú Meabhairshláinte na hOllscoile Universitas 21.

// D'éirigh le Talmhaíocht agus Foraoiseacht rangú sa chéad 50 a bhaint amach i Rangú Ollscoile an Domhain de réir Ábhar QS, ábhar amháin as ceithre ábhar UCD sa chéad 50 //

Bhunaigh an Coláiste Coiste um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú i mblíana, agus an tOllamh Torres Sweeney mar chathaoirleach air. Tugann an Coiste seo seans do dhaoine eolas agus samplaí den dea-chleachtas a roinnt ar fud na Scoileanna, chomh maith le tionscnaimh crosghearrthacha ar fud na hOllscoile a fhorbairt. Bhí réimse leathan gníomhaíochtaí againn i mblíana lena n-áirítear Meitheal Oibre Néaréagsúlachta tras-Choláiste a chruthú chomh maith le sraith ceardlann ar líne a réachtáil chun tacú le comhghleacaithe ar fud an Choláiste sa Phróiseas maidir le hArdú Céime Foirne Teagaisc. Tá duais Athena SWAN ag trí cinn de scoileanna an Choláiste anois: Is iad sin Scoil an Leighis, Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia, agus Scoil an Leighis Tréidliachta.

Bíonn Aonad Gnóthaí Sláinte UCD ag comhoibriú le Scoileanna na nEolaíochtaí Sláinte chun bealaí cumarsáide foirmeálta a chur ar fáil le haghaidh comhoibrithe idir an Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann (GOOÉ) agus UCD. I mblíana bhunaigh siad sraith léachtaí acadúla de chuid Lárionad na nEolaíochtaí Sláinte inar thug roinnt scoláirí agus cliniceoirí léachtaí ar fud SVUH, MMUH agus UCD.

Bronnadh €3 milliún de mhaoiniú do Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia i gcomhar le NovaUCD chun Mol Nuálaíochta a bheidh mar Nascóir AgTech a bhunú ag Feirm Lyons UCD i gContae Chill Dara. Tabharfaidh an Mol an t-éiceachóras Teicneolaíochta Talmhaíochta in UCD agus in Éirinn le chéile chun seoladh agus méadú na Teicneolaíochta Talmhaíochta a luasghéarú.

Tá áit bainte amach ag Talmhaíocht agus Foraoiseacht i measc na 50 is fearr i Rangaithe Domhanda Ollscoileanna QS de réir Ábhair agus tá sé ar cheann de na ceithre ábhar de chuid UCD atá i measc na 50 ábhar is fearr.

Bhí ról ríthábhachtach ag Scoil na Talmhaíochta agus na nEolaíochta Bia i bhforbairt coláiste idirnáisiúnta nua sa tSín; Coláiste idirnáisiúnta Eolaíochta na Beatha agus Teicneolaíochta Guangzhou-Baile Átha Cliath (GDIC) in Ollscoil Talmhaíochta na Síne Theas. Beidh cláir dhéchéime ar fáil ag GDIC i ngairneoireacht, eolaíocht bhitheolaíochta agus slándáil agus sábháilteacht bia agus na chéad mhic léinn ag clárú i Meán Fómhair 2020.

Is comhpháirtí é Systems Biology Ireland ar an tionscadal ba mhó riamh de chuid Innovative Medicine Initiative 2 Immunology, tionscadal atá ag iarraidh bainistíocht ghalair a fheabhsú maidir le seacht ngalar trí mheán imdhíonachta i gcásanna nach n-oibríonn teiripe d'othair. Bhí an tOllamh Walter Kolch agus Dr David Gomez i gceannas ar rannpháirtíocht Systems Biology Ireland sa tionsamh 3TR ceithre bliana a raibh costas €80 milliún air, agus chuir siad tús leis an obair ag an gcéad chruinniú in Granada, an Spáinn.

Seoladh cláir nua i mblíana agus cuireadh le cláir a bhí ann cheana. I Scoil an Leighis, críochnaíodh leathnú an chlár radagrafaíochta a bhfuil iontráil ann d'fhochéimithe agus tugadh isteach bealach iontrála úr do chéimithe. Tamall fada sula raibh géarghá leis an gcianfhoghlaím, rinne an tOllamh Des Tobin, Stiúrthóir Institiúid Charles, clár ar líne a

€3m

i maoiniú chun Mol Nuálaíochta Nascóir AgTech a fhorbairt



Sa phictiúr ag Siompóisiam na Barrainne UCD Mater (ó chlé go deas): Seán Paul Teeling, Scoil an Altranais, an Chnáimhseachai agus na gCóras Sláinte UCD; Maria Creed, Ospidéal an Mater; Mark Graban; Michelle McGuirk, Ospidéal an Mater; Vanessa Kelly, Ospidéal an Mater; agus Aileen Igoe, Ospidéal an Mater.

Struchtúr an Choláiste

An tOllamh David MacHugh

An Leas-Príomhoide um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar

An tOllamh Comhlach Sue Rackard

An Leas-Phríomhoide um Theagasc agus Foghlaim

An tOllamh Comhlach Pat Felle

An Leas-Phríomhoide um Rannpháirtíocht Dhomhanda

An tOllamh Tim Lynch

An Leas-Phríomhoide um Ghnóthaí Sláinte

An tOllamh Alex Evans

Ceann na Scoile agus Déan na Talmhaíochta, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bia UCD

An tOllamh Michael Keane

Ceann na Scoile agus Déan, Scoil an Leighis UCD

An tOllamh Gerard Fealy

Ceann na Scoile agus Déan an Altranais, Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte

An tOllamh Catherine Blake

Ceann na Scoile, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD

An tOllamh Michael Doherty

Ceann na Scoile agus Déan, Scoil an Leighis Tréidliachta, UCD

Amhail an 1 Meán Fómhair 2019

// Tá an fhoireann cleachtais oideachais i bhFisiteiripe, á treorú ag an Dr Sinead McMahon, i ndiaidh rogha mhalartach ríomh-Shláinte/teileashláinte a fhorbairt rud a d'fhág go raibh na mic léinn in ann leanúint lena gcuid foghlama chun na torthaí óna socrúithe oibre a bhaint amach, mar fhreagairt ar COVID-19 //

fhorbairt agus a chur ar fáil a raibh an-tóir air agus an-rath leis, an Teastas Gairmiúil saDeirmeolaíocht. I measc clár nua eile a seoladh i mbliana, tá Meabhairshláinte do Dhochtúirí Ginearálta, clár úr Máistreachta san Intleacht Shaorga don Leigheas agus do Thaighde Leighis agus clár Máistreachta san Anailísíocht Sonraí don Bheachtleigheas.

D'óstáil Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte roinnt seimineár gréasáin agus ceardlanna ar líne, ceardlann idirghníomhach san áireamh ar dheontas taighde a scríobh i gcomhar le hOllscoil na hEolaíochta agus Teicneolaíochta MERU sa Chéinia.

I gcomhpháirt le hAcadamh na Barainne Ospidéal an Mater, d'óstáil Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte Máistir-rang le Mark Graban, sainchomhairleoir, údar agus cainteoir ar fheabhsú caighdeán

agus próisis ata aitheanta go hidirnáisiúnta. D'fhreastal caoga céimí de chlár na Scoile Feabhsú Próisis i gCúram Sláinte as gach cearn d'Éirinn ar an Máistir-rang. Scríobh an tUasal Graban freisin an t-eagarfhocal d'eagrán speisialta den *International Journal for Quality in Healthcare*, curtha le chéile ag foireann na Scoile, baill Acadamh na Barainne Ospidéal an Mater agus céimí ó chlár Feabhsú Próisis i gCúram Sláinte de chuid na Scoile.

Rangaíodh an MSc i mBainistíocht Spóirt i Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD ar na cinn is fearr ar domhan, de réir suirbhé nua domhanda. Tá sé rangaithe sa 39ú áit ar domhan agus sa 16ú áit san Eoraip de réir SportBusiness International, a bhfuil tionchar nach beag acu sa phobal ghnó an spóirt.

Tá an fhoireann cleachtais oideachais i bhFisiteiripe, á treorú ag an Dr Sinead



Leanann Mic Léinn ó Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD ar aghaidh ag cur iad féin chun cinn, bhain siad an trófaí sa Díospóireacht Mhór an Agraibhia den cheathrú huair. Agus í ar siúl i dTuaisceart Éireann den chéad uair, i rith an imeachta a mhair dhá lá, chuaigh foireann UCD in iomaíocht leis na buaiteoirí ó anuraidh, Institiúid Teicneolaíochta Phort Lairge (WIT). Bhuaigh Mic Léinn ó Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD an trófaí sa Díospóireacht Mhór an Agraibhia den cheathrú huair. Agus í ar siúl i dTuaisceart na hÉireann den chéad uair, i rith an imeachta a mhair dhá lá, chuaigh foireann UCD in iomaíocht leis na buaiteoirí ó anuraidh, Institiúid Teicneolaíochta Phort Lairge agus iad ag plé fóirdheontais feirme.

McMahon, i ndiaidh rogha mhalartach ríomh-Shláinte/teileashláinte a fhorbairt rud a d'fhág go raibh na mic léinn in ann leanúint lena gcuid foghlama chun na torthaí óna socruithe oibre a bhaint amach, mar fhreagairt ar COVID-19. A bhuí leis an modúl, rinneadh éascaíocht ar shéisiúin cleachtais agus foghlama gníomhaí i ngrúpaí beaga i dtimpeallacht structúrtha le grúpaí othar ionsamhlaithe, chomh maith le soláthar séirbhísí fisiteiripe trí theileashláinte do ghrúpaí cliant. Thiocfadh leis an tionscnamh seo a chur ar siúl mar gheall ar an sochrúchán Mol Fisiteiripe a bhí ann cheana, atá lonnaithe san Ollscoil agus a bhfuil duaiseanna bainte amach aige.

Leanadh ar aghaidh le gníomhaíochtaí UCDVO in ainneoin shrianta taistil na bliana. Bhí mic léinn Fisiteiripe, Cothaithe agus Diaitéitice páirteach i dtionscadal píolótach fíorúil ag oibriú go deonach le comhpháirtí UCDVO Nurture Africa in Uganda. Agus comhordaitheoir foirne, teagascóir fisiteiripe agus teagascóir cothaithe agus diaitéitice i gceannas, d'oibrigh an grúpa le foireann in Uganda thar thréimhse ceithre seachtaine le hacmhainní fisiteiripe agus cothaithe a fhorbairt, le ceardlanna ar líne a sholáthar do thuismitheoirí agus chuidigh an grúpa le campa samhraidh a eagrú do pháistí atá faoi mhíchumas.

Tugadh faomhadh ar na mallaibh do Shaotharlann Tréidliachta Mhicribhitheolaíochta Dhiagnóiseach UCD (STMD) atá lonnaithe in Ospidéal Tréidliachta UCD mar Ionad Oiliúna de chuid an European College of Veterinary Microbiology (ECVM). Bunaithe le déanaí, is comhcholáiste é an ECVM den European Board of Veterinary Specialisation agus tá speisialtóirí dá chuid cláraithe ar fud na

hEorpa, an tOllamh Comhlach Bryan Markey agus an tOllamh Comhlach Finola Leonard san áireamh. Is cuid bhunriachtanach é an STMD d'Ospidéal Tréidliachta UCD agus cuireann se seirbhís dhiagnóiseach d'ardchaighdeán ar fáil d'Ospidéal Tréidliachta UCD agus do chleachtais sheachtracha tréidliachta ar fud na hÉireann.

A bhuí le tiomantas iontach na foirne, lean Ospidéal na Tréidliachta ar aghaidh ag soláthar cúram cliniciúil ainmhithe trí sheirbhís éigeandála chun tréidlianna a atreorú i rith tréimhse dhianghlása an tsamhraidh. De thairbhe fhreagairt nuálaíoch na foirne, bhí Ospidéal na Tréidliachta in ann bogadh go tapa ó theagasc chliniciúil aghaidh ar aghaidh go cianchásanna cliniciúla ríomhchuidithe.

Bhunaigh Scoil an Leighis Tréidliachta Gradam Cuimsithe an Déin i mbliana, gradam a aithníonn obair foirne agus mac léinn ar son an chuimsithe sa Scoil agus san Ospidéal araon..




An tOllamh Cecily Kelleher
Príomhoide an Choláiste

// Leanadh ar aghaidh le gníomhaíochtaí UCDVO in ainneoin shrianta taistil na bliana seo. Bhí mic léinn Fisiteiripe, Cothaithe agus Diaitéitice páirteach i dtionscadal píolótach fíorúil ag obair go deonach le comhpháirtí UCDVO Nurture Africa in Uganda //



Faculty and staff from the College celebrating the canonisation of Cardinal John Henry Newman, founder of UCD, and his portrait in Woodview House.



Sa phictiúr (ó chlé go deas) An tOllamh Dolores O'Riordan, an Leas-Uachtarán um Rannpháirtíocht Dhomhanda; A Shoilse, an tUasal Paolo Serpi, Ambasadóir na hIodáile chun na hÉireann; agus an tOll. Patricia Maguire, Stiúrthóir Institiúid um Fhionnachtain UCD.



COLÁISTE NA HEOLAÍOCHTA

Tugann Leonardo da Vinci cuairt ar UCD, imeacht iontach a rinne ceiliúradh ar da Vinci agus ar an obair idirdisciplíneach a rinne sé, a thit amach ar 21 Samhain i Lárionad Uí Bhriain don Eolaíocht. Thacaigh na heagraíochtaí seo a leanas leis an imeacht: Ambasáid na hIodáile in Éirinn, Institiúid Chultúr na hIodáile i mBaile Átha Cliath, taispeántas Mostra di Leonardo sa Róimh, Scoil na Fisice UCD, Institiúid um Fhionnachtain UCD, Institiúid Mhic Con Mí UCD, ciste ISSF de chuid UCD-Wellcome, Coláiste na hEolaíochta UCD, Acadamh na Nuálaíochta UCD, An Fhionndúireacht um Léinn Iodálach UCD, UCD Domhanda, Cumann Ambasciatori del Gusto, Bialann Pi, Italicatessen, Ciao Bella Roma agus Dolce Sicily.



An tOllamh Joe Carthy
Príomhoide an Choláiste agus
Déan na hInnealtóireachta

Bhí an bhliain acadúil seo, 2019/20, i measc na mblianta ba dhúshlánaí a bhí againn, rud a chuir sliocht Dickens "worst of times, best of times" i gcuimhne dom. Bhain *na hamanna ba mheasa* le dochar na paindéime a chuaigh i bhfeidhm ar an tír ar fad. Bhain *na hamanna ab fhearr* leis an bhfreagairt iontach a thug go leor leor daoine i bpobal UCD, ní hamháin le UCD a choinneáil ag dul, ach le tacaíocht a thabhairt ar bhonn áitiúil agus ar bhonn náisiúnta.

Thug Scoileanna ón gColáiste trealamh cosanta pearsanta agus díghalrán d'ospidéal Bhaile Átha Cliath agus do thithe altramaí. Lena linn sin, i gcaitheamh cúpla lá, d'athraigh an fhoireann teagaisc go soláthar iomlán ar líne chun a chinntiú go bhfaigheadh ár gcuid mac léinn an t-eispéireas oideachasúil ab fhearr agus mar a sheas cúrsaí. Chomh maith leis sin, ta ár dtaighdeoirí an-ghníomhach i dtionscadail áirithe le dul i ngleic le COVID-19 anois agus san am atá le teacht. Ba chóir go mbeadh an-bhród ar Choláiste

na hEolaíochta agus ar phobal UCD as an bhfreagairt atá á dtabhairt acu do phaindéim COVID-19..

Teagasc agus Foghlaim

In 2020, bhí an líon ba mhó d'iarratais céadrogha do chlár le bealach amháin iontrála ag cúrsa fóchéime an hEolaíochta UCD, rud a léiríonn an meadú eilimh ar an bpríomhchúrsa iontrála seo. Meallann na cúrsaí san Eolaíocht (DN200), san Eolaíocht Ríomhaireachta (DN201) agus san Eolaíocht

Achtúireach agus Airgeadais (DN230) cohórt de mhic léinn iontacha ó chúlraí éagsúla fós.

D'fhaomh Eolaíocht UCD, ag comhoibriú le Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus Dlí, BSc trasdisciplíneach nua in Inbhuanaitheacht faoi stiúir na nOllamh Tasman Crowe agus Jacky Croke, le 40 iontrálaí nua agus tá tús le cur leis an gcúrsa i Meán Fómhair 2020.

Oibríonn an Coláiste go dlúth le Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD agus leanann sé leis an rannpháirtíocht a leathnú sna bunchéimeanna ar son mac léinn a bhfuil suim acu i mbealaí malartacha chun céimeanna a bhaint amach, iarratasóirí lánfhásta, QQI-FET, HEAR, DARE agus Foghlaim Oscailte san áireamh. Breis agus 25% de na mic léinn go léir a glacadh isteach in Eolaíocht UCD is ea líon na mac léinn a glacadh isteach sna bealaí seo. Reachtáladh clár Meantóireachta Acadúla ar bhonn píolótach chun tacaíocht a thabhairt do na mic léinn seo. Bhí 46 scoláire mar mheantóirí agus d'éirigh go geal leis an gclár.

Bhuaigh sé thionscadal taighde a bhí dírithe ar mhic léinn sa Choláiste gradaim faoi scéim nua arna mhaoiniú ag an Údarás um Ard-Oideachas agus an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama. Bhí na tionscadail seo á dtreorú ag: An Dr Marcus Baumann (Scoil na Ceimice), An tOllamh Comhlach Eimear Byrne, An tOllamh Comhlach Pauline Mellon agus an Dr Adamaria Perrotta (Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí), an Dr Takfarinas Saber (Scoil na Ríomheolaíochta), an Dr Craig Slattery (Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis), an Dr Sharon Shannon agus an tOllamh Comhlach Emma Sokell (Scoil na Fisice), agus an Dr Adam Kane agus an Dr Gavin Stewart (Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil).

Bogadh an teagasc agus an measúnú ar fad ar líne i lár théarma 2, a bhuí le hiarracht ollmhór ón bhfoireann agus tacaíocht den scoth ó Theicneolaí Oideachais an Choláiste, Cesar Scrochi.

Taighde agus Tionchar

Ba bhliain an-rathúil í ó thaobh cistiú a ghnóthú do thionscadail ata á dtreorú ag taighdeoirí de. Ar na buaicphóintí maidir le dámhachtainí suntasacha ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann bhí:

- Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD: €1.5 milliún don Ollamh Rory Johnson, le haghaidh *"Discovering non-protein-coding vulnerabilities in lung cancer with CRISPR-Cas9"*, €1.5 milliún don Dr Sonia Negrao *"Looking into time – how abiotic stress impacts barley production and malting quality"*, agus €1.3 milliún don Ollamh Emma Teeling le haghaidh *"LongHealth: The molecular basis and regulation of longer healthspan in mammals"*.
- Scoil na Fisice UCD: €1.3 milliún don Ollamh Lorraine Hanlon agus a comhghleacaithe le haghaidh *"Building on EIRSAT-1: Nanosatellites as a disruptive technology platform for innovation and research in the global space sector"*.
- Scoil na Ceimice UCD: €1 milliún don Ollamh Comhlach Grace Morgan le haghaidh *"Optical and magnetic integration*

// Oibríonn an Coláiste go dlúth le Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD agus tá rannpháirtíocht ag leathnú fós thar gach bunchéim do mhic léinn a bhfuil suim acu céim a bhaint amach trí chonairí éagsúla //


Dámhadh €4.3m ar Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD ó SFI

of surface molecules", €0.5 milliún don Ollamh Gil Lee agus comhghleacaithe le haghaidh *"Critical reagent production addressing supply chain risk for COVID-19 diagnostics"*, agus €0.5 milliún don Dr Elaine O'Reilly le haghaidh *"Biocatalytic cascades for the synthesis of therapeutic iminosugars from monosaccharides"*.

- Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis UCD: i measc na dtionscadal taighde COVID-19 is spreagúla tá tionscadal ar a bhfuil an tOllamh Wim Meijer i gceannas agus tá na comhiarratasóirí seo a leanas i gceist: An Dr Nicola Fletcher, (Scoil an Leighis Tréidliachta), an tOllamh Comhlach John O'Sullivan (Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta) agus comhghleacaithe eile. Is tionscadal é seo atá maoinithe ag SFI a bhaineann le faireachas ar SARS-CoV-2 i gcamras agus cuirfidh sé eolas an-tábhachtach ar fáil ar leitheadúlacht an víris i ndaonra na tíre.

I measc na ngradam ón gCoimisiún Eorpach:

- Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis UCD: Dámhadh €1 milliún don Ollamh Wim Meijer agus comhghleacaithe ón ERDF le haghaidh tionscadail dar teideal *"ACCLIMATIZE: Céim II"*



Sa phictiúr ag Tugann Leonardo da Vinci cuairt ar UCD (ó chlé go deas) tá an tOllamh Brendan Murphy, Ceann na Scoile, Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí UCD; Bernard Capraro, Intel Research and Development Ireland Ltd; agus an tOllamh Patricia Maguire, Stiúrthóir, Institiúid um Fhionnachtain UCD.

Struchtúr an Choláiste

An Comhollamh

Tara McMorrow

Déan Comhlach na hEolaíochta

An tOllamh Comhlach

James Sullivan

An Leas-Phríomhoide um Theagasc agus Foghlaim

An Dr Antoinette Perry

Leas-Phríomhoide um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

An tOllamh Jeremy Simpson

Leas-Phríomhoide Idirnáisiúnta

An tOllamh Eleni Mangina

Leas-Phríomhoide Cúnta Idirnáisiúnta

An tOllamh Gareth Redmond

Leas-Phríomhoide um Thaighde agus Nuálaíocht

An Dr Jennifer Mitchell

Déan Comhlach um Staidéar Idirnáisiúnta (Meiriceá Thuaidh)

Ollamh Comhlach

Siobhán McClean

An Déan Comhlach um Leathnú Rannpháirtíochta

An tOllamh Comhlach

Paul McCabe

Stiúrthóir Scoil na gCéimithe

Tá seacht scoil i gColáiste na hEolaíochta:

An tOllamh Comhlach

Evelyn Doyle

Ceann na Scoile, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD

An tOllamh Wim Meijer

Ceann na Scoile, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD

An tOllamh Comhlach

Michael Casey

Ceann na Scoile, Scoil na Ceimice UCD

agus dámhadh €0.9 milliún ar an Ollamh Comhlach Siobhán McClean ó H2020 le haghaidh "Anti-bacterial innovative vaccine training network".

- Scoil na Ríomheolaíochta UCD: Dámhadh €0.75 milliún ó H2020 ar an Ollamh Eleni Mangina le haghaidh "Augmented reality interactive educational system"; Gheobhaidh an Dr David Lillis, in éineacht le comhpháirtithe, €2 milliún faoin gCiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha agus bhuaigh an Dr Ernesto Diaz-Aviles €0.75 milliún ó Fhiontraíocht Éireann le haghaidh "Privacy preserving and explainable recommendation engine based on AI".
- Scoil na nDomhaneolaíochtaí UCD: Bhuaigh an tOllamh Comhlach €0.7 million ó H2020 le haghaidh "New exploration tools for European pegmatite green-tech resources". Dámhadh €2.5 million ar an Ollamh Frederic Dias, Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí le haghaidh Ard-Deontas ERC dar teideal "Breaking of highly energetic waves".

Ba é an tOllamh Kevin O'Connor, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD, a bhuaigh Gradam Thaighdeoir na Bliana Fhondúireacht Eolaíochta Éireann 2019, agus toghadh an tOllamh Frank McDermott, Scoil na nDomhaneolaíochtaí UCD, ar Acadamh Ríoga na hÉireann.

Nuálaíocht

Fuair an tOllamh Comhlach Dominic Zerulla, Scoil na Fisice UCD Duais spéisialta SFI Nuálaí na Todhchaí €0.5 milliún le réiteach íomháite ardualach a fhorbairt trí úsáid a bhaint as

micreascópacht optúil nanascála.


Ba é an tOllamh William Gallagher, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD, a bhuaigh an Gradam Fiontraíochta SFI 2019 mar aitheantas d'éachtaí OncoMark, a dhíríonn ar an bhforbairt agus ar chur i feidhm painéal bithchomhartha a fhreastalaíonn ar riachtanais an-tábhachtacha nár sásaíodh le haghaidh othar aille.

Dámhadh €4.5 milliún ar SiriusXT, cuideachta a chomhbhunaigh an Dr Feargal O'Reilly agus a chomhghleacaithe ó Scoil na Fisice UCD, ó chlár Píolótach Luasaire de chuid Comhairle Nuálaíochta na hEorpa. Mar gheall ar an gcistiú seo beidh siad in ann cur leis an troid i gcoinne an choróinvírís le tástáil phíolótach dá micreascóp x-gha bog ag príomhshaotharlanna taighde víreolaíochta agus galair ar fud an AE.

Rannpháirtíocht Dhomhanda

Tá an tOllamh Jeremy Simpson agus an tOllamh Eleni Mangina i gceannas ar ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta domhanda sa Choláiste. Tá sprioc thábhachtach bainte amach againn i mbliana mar gur mic leinn idirnáisiúnta iad breis agus 20% dár mic léinn chláráithe, ó bhreis agus 90 tír éagsúil.

Tá méadú fós ag teacht ar líon na mac léinn ar an gclár BSc san Innealtóireacht Bogearraí ag Coláiste Idirnáisiúnta Bhéising-Bhaile Átha Cliath, agus an bhaint atá ag an gColáiste i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Talmhaíochta na Síne Theas chun Coláiste Idirnáisiúnta Eolaíochta na Beatha agus Teicneolaíochta Guangzhou-Bhaile Átha Cliath a bhunú.



Mic léinn PhD Cholaiste na hEolaíochta agus Ceannairí Mac Léinn na hEolaíochta Lána Salmon agus Orla Sherwood le Gary Dunne ó Oifig na hEolaíochta ag Higher Options. I rith na bliana oiltar breis agus 50 mac léinn fochéime agus iarchéime mar Cheannairí Mac Léinn na hEolaíochta le bheith ag obair ar ghníomhaíochtaí eolaíochta for-rochtana.

Struchtúr an Choláiste

An tOllamh Comhlach
Chris Bleakley
Ceann na Scoile, Scoil na
hEolaíochta Ríomhaireachta UCD

An tOllamh Comhlach
Patrick Orr
Ceann na Scoile, Scoil na
nDomhaneolaíochtaí UCD

An tOllamh Brendan Murphy
Ceann na Scoile, Scoil na
Matamaitice agus na
Staitisticí UCD

An tOllamh Martin Grunewald
Ceann na Scoile, Scoil na
Fisice UCD

Amhail an 1 Meán Fómhair 2019

600

dalta ó 25 bunscoil
a ghlac páirt inár gcláir
do scoileanna

Cuirfidh sé seo deiseanna úra ar fáil do mhic léinn sna heolaíochta bitheacha.

Bhí an Coláiste gníomhach ar ilchróch na hAfraice freisin. I measc na mbuaicphointí ar leith a bhaineann leis seo, fuarthas cuireadh le moltóireacht a dhéanamh agus duaiseanna a bhronnadh ag Móraonach na nEolaithe Óga Cape Town, imeacht a raibh breis agus 500 duine óg a bhfuil cumas ar leith iontu san eolaíocht ag freastal air. I Meiriceá Thuaidh, ghnóthaigh clár an MSc i Ríomhaireacht Fhóiréinseach agus Imscrúdú Cibearchoireachta a thuilleadh aitheantais nuair a bunaíodh lárionad scrúdaithe úr in Ottawa, Ceanada i gcomhar le Coláiste Póilíneachta Ceanada.

For-rochtain

Lean an Coláiste le Explore UCD, clár an-rathúil a thug deis do 600 dalta ó 25 bunscoil páirt a ghlacadh inár gcláir scoile. I mbliana chuireamar clár sé seachtaine do dhaltai faoi mhíchumas foghlama éadrom leis




Cuireann UCD Explore spás corraitheach oideachasúil ar fáil chun deis a thabhairt do dhaltai bunscoile a bheith ag spraoi agus ag foghlaim tríd an Eolaíocht. Sa phictiúr tá daltaí ó St. Louise's, Baile Formaid.

chomh maith. Bhain Phil Smyth úsáid as Svúit Fionnachtana Kilty do RTÉ le sraith ranganna Eolaíochta a raibh an-tóir orthu a dhéanamh do pháistí bunscoile i rith na paindéime.

Joe Carthy

An tOllamh Joe Carthy
Príomhoide an Choláiste agus Déan
na hInnealtóireachta



Chomhóstáil Scoil Dlí Sutherland UCD ceiliúradh ar Fhiche Bliain de Chláir Dhlí na Fraince, sa phictiúr tá (ó chlé go deas): A Shoilse An tOll. Guillaume Leyte, Uachtarán, Ollscoil Pháras 2 Panthéon-Assas; An tOll. Imelda Maher, Déan Scoil an Dlí; An tAire Mary Mitchell O'Connor; Stéphane Crouzat, Ambasadóir na Fraince chun na hÉireann; An Dr Marie-Luce Paris agus an tOll. Colin Scott.



COLÁISTE NA N-EOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA AGUS AN DLÍ



An tOllamh Colin Scott
Príomhoide an Choláiste agus
Déan na nEolaíochtaí Sóisialta

Ionad ceannródaíoch don oideachas agus taighde sna heolaíochtaí sóisialta agus i ndisciplíní gaolmhara atá i gColáiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí UCD. Bliain dhúshlánach ab í bliain acadúil 2019/20 ach d'éirigh leis an gColáiste ardchaighdeán a choinneáil maidir lenár gcuid gníomhaíochtaí oideachais go léir, ár rath taighde agus ár rannpháirtíocht leis an bpobal.

Bhí tionchar á imirt ag an bbandéim COVID-19 ar shaol gach duine i mbealaí éagsúla. Mar Choláiste bhí orainn teacht isteach ar mhodhanna oibre nua agus nuálacha agus an chuid is mó dár dteagasc a bhogadh ar líne leath bhealaigh trí théarma an Earraigh agus ar feadh na tréimhse measúnaithe. Tá mé bródúil as na héachtaí móra bainte amach a gár bhfoireann acadúil agus ár bhfoireann

tacaíochta gairmiúla sa Choláiste, rinne siadsan ár dteagasc, foghlaim agus tacaíocht do mhic léinn a chur ar fáil chomh maith le rannpháirtíocht sa phobal i gcoitinne. Bhí taighdeoirí sa Choláiste chun tosaigh i dtaighde nua a dhéanann imscrúdú ar ghnéithe sóisialta agus iompraíochta a bhaineann leis an bbandéim ar fud réimsí lena n-áirítear sláinte, meabhairshláinte don ógra, iompar, míchumas agus neamhionannas agus chuir siad leis na comhdhálacha ar líne de chuid Institiúid Uí Ghadhra UCD dar teideal 'Ireland's COVID-19 Crisis Response: Perspectives from Social Science', agus 17 bpainéal ann ar a raibh scoláirí ó UCD, scoláirí ar cuairt chomh maith le saineolaithe ón dtionscal.

SA CHÉAD 50
áit do Bhainistíocht
Leabharlainne agus Faisnéise
i Rangú Domhanda QS le
haghaidh 2020

Le linn na tréimhse seo, mheall an Coláiste cistiú mór taighde agus bunaíodh cláir nua iarchéime agus comhpháirtíochtaí. Fuair an

Coláiste aitheantas i Rangaithe Domhanda QS le haghaidh 2020 (QSWUR) agus an Bhainistíocht Leabharlainne agus Faisnéise áirithe ar na 50 is fearr ar domhan agus na hábhair seo a leanas áirithe ar na 100 is fearr – Dlí, Polaitíocht agus Caidreamh Idirnáisiúnta, Tíreolaíocht, Seandálaíocht, agus Beartas Sóisialta agus Riarachán. Tá áit bainte amach ag na Scoileanna go léir sa Choláiste i measc na 250 is fearr ar domhan.

Oideachas agus Eispéireas na Mac Léinn

Chuir an Coláiste fáilte roimh breis agus 1,000 mac léinn úr fochéime chuig cláir céime na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí agus roimh breis agus 1,000 mac léinn iarchéime chuig ár gcláir i Meán Fómhair 2019. Bhunaigh an Coláiste, i gcomhar le Coláiste na hEolaíochta UCD, an BSc úr ceithre bliana in Inbhuanaitheacht, cúrsa atá lárnach sna hEolaíochtaí Sóisialta, agus a thugann deis do mhic léinn speisialtóireacht a dhéanamh ón dara bhliain ar aghaidh agus conair eolaíochtaí sóisialta, polasaí nó an dlí a roghnú. I measc na gclár úr a bunaíodh in 2019/20, tá MSc sa Néareolaíocht Iompraíochta, MSc sa Gheografaíocht Chriticiúil, MSc sa Pholaitíocht agus Eolaíocht Sonraí, MSc sa Pholasaí Digiteach agus MSc san Fhorbairt Inbhuanaithe i gcomhar le Líonra Réiteach um Fhorbairt Inbhuanaithe NA (LRFI). Sheol an Coláiste cláir nua maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach agus chun foghlaim solúbtha a fheabhsú trí chláir chonaire, Teastas Iarchéime agus Dioplómaí Gairmiúla sa Bheartas Poiblí, Teastas Gairmiúil agus Dioplóma Gairmiúil i Sonraí agus Modhanna Anailíse Beartais agus Teastas Gairmiúil sa Riarachán Poiblí agus Polasaí san áireamh. Anuas air sin, sheol Scoil an Oideachais UCD MEd sa Cheannaireacht agus Cuimsiú agus Dioplóma Gairmiúil sa Mheáncheannaireacht, agus chuir Scoil na Seandálaíochta UCD Teastas Iarchéime, Dioplóma

1,000+

céimí fochéime ar cuireadh fáilte rompu ar chláir chéime na nEolaíochtaí Sóisialta agus Dlí i mí Mheán Fómhair 2019



Bronnadh Gradam Máire de Paor ar an Dr Helen O'Shea, Scoil na Síceolaíochta UCD as an tráchtas taighde is fearr 2018/19. Sa phictiúr (ó chlér go deas): An tOll. Aidan Moran nach maireann, an Dr Helen O'Shea agus an tOll. Colin Scott.

// Ba é an t-éacht ba mhó a bhaineamar amach, fiú agus na dúshláin ollmhóra a bhí romhainn, ná caidreamh láidir, coláisteacht agus fonn comhoibrithe a chothú agus a choinneáil le heitic cúraim mar bhonn aige sin laistigh den Choláiste //

Iarchéime agus MSc sa Chaomhantas Oidhreacht Domhanda ar fáil mar chlár Conaire.

Teagasc agus Foghlaim

In ainneoin na ndeacrachtaí a bhaineann le hoideachas tríú leibhéal a sholáthar i rith paindéim dhomhanda, léirigh an Dr Niamh Moore-Cherry, an Leas-Phríomhoide um Teagasc agus Foghlaim ceannaireacht agus í ag dul i ngleic leis na dúshláin seo. Bhí béim ar thacaíocht a thabhairt do scoileanna, don fhoireann agus do mhic léinn agus timpealleacht oideachasúil den scoth á cruthú acu, agus bhí an bhéim seo soiléir trí go leor imeachtaí agus tionscnamh. Dámhadh cúig thionscadal faoi Ghairm Fhorbairt Curaclaim an Choláiste 2019 agus rinneadh tástáil phiolótach orthu i rith na bliana acadúla. Dámhadh an maoiniú tionscadail faoi dhá shnáithe i gcomhréir le straitéis oideachais an Choláiste: Fuair an Dr Sarah Cooney (Síceolaíocht), agus an tOllamh Comhlach Crystal Fulton (Staidéar na Faisnéise agus Cumarsáide) maoiniú forbartha le haghaidh obair oideachasúil ar fhoghlaim trí thaighde agus fuair an Dr Daniel Deasy (Fealsúnacht), an tOllamh Comhlach Ainhoa Gonzalez del Campo (Tíreolaíocht) agus an Dr Rob Sands (Seandálaíocht) maoiniú le tacú le forbairt ar thorthaí foghlama san fhoghlaim ó thaithí ar Chéim 3 de chlár nua na nEolaíochtaí Sóisialta. I mí na Nollag 2019, dámhadh os cionn €30,000 ón bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama agus tá maoiniú ag deich dtionscadal bheaga uaidh seo.

D'aimsigh Coiste Teagaisc agus Foghlama an Choláiste dhá thionscadal don fheabhsú straitéiseach do 2019/20: ceann acu maidir le hoiliúint agus aitheantas teagascóra agus léiritheora agus an dara ceann maidir le foghlaim le cuidiú teicneolaíochta. Déanfar níos mó forbartha ar an gclár a bhaineann le hoiliúint agus aithint teagascóra agus cuirfear an clár ar fáil ar bhonn céimneach sa bhliain acadúil 2020/21. Cuireadh tús leis an dara chlar ar fhoghlaim le cuidiú teicneolaíochta (FCT) le hiniúchadh ar chleachtas a bhí ann cheana sa Choláiste san fhómhar 2019 ach tháinig athrú mór ar chúrsaí i Márta 2020 de dheasca na paindéime. Mar gheall air seo bhí gá ann Eolairí Foghlama chumaisc a fhorbairt; seimineár gréasáin maidir le foghlaim chumaisc agus réimse ceardlann eile a óstáil, Prótacal maidir le Teagasc, Foghlaim agus Measúnú sa Choláiste a chruthú mar threoir do théarma 1 agus réimse tacaíochtaí agus cúnaimh le haghaidh teagaisc bunaithe ar threalamh a fhorbairt. Ba é an t-éacht ba mhó a bhaineamar amach, fiú agus na dúshláin ollmhóra a bhí romhainn, ná caidreamh láidir, coláisteacht agus fonn comhoibrithe a chothú agus a choinneáil le heitic cúraim mar bhonn aige sin laistigh den Choláiste. Tá torthaí an mhéid seo le feiceáil san fhoilseachán de chuid an Choláiste a éisíodh le déanaí *Technology Enhanced Learning in the College of Social Sciences and Law: Digitally transforming educational practice*.

Ba í an Dr Sarah Morton, Scoil an Pholasaí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta comhbhuaiteoir an Ghradam Eorpaigh 2020 ó Lárolscoil na hEorpa do Bharr Feabhais Teagaisc sna hEolaíochta Sóisialta agus sna Daonnachtaí.

Le linn na bliana acadúla 2019/20 thug Leas-Phríomhoide an

Struchtúr an Choláiste

An Dr Christopher Cowley
Déan Comhlach na
nEolaíochtaí Sóisialta

An Dr Aileen Quilty
An Déan Comhlach um
Leathnú Rannpháirtíochta

**An tOllamh Aisling
Reynolds-Feighan**
An Leas-Príomhoide um
Thaighde, Nuálaíocht
agus Tionchar

An Dr Niamh Moore Cherry
An Leas-Phríomhoide um
Theagasc agus Foghlaim

An Dr Richard Collins
An Leas-Phríomhoide um
Rannpháirtíocht Dhomhanda

An tOllamh Judith Hartford
Leas-Phríomhoide um
Chomhionannas, Éagsúlacht
agus Cuimsiú

An Dr Nuala Brady
An Leas-Phríomhoide
Staidéir Iarchéime

**Tá 11 Scoil i gColáiste na
nEolaíochtaí Sóisialta agus
Dlí UCD:**

An tOllamh Graeme Warren
Ceann na Scoile, Scoil na
Seandálaíochta UCD

An tOllamh Ronald Davies
Ceann na Scoile, Scoil na
hEacnamaíochta UCD

**An tOllamh Comhlach
William Kinsella**
Ceann na Scoile, Scoil an
Oideachais UCD

An tOllamh Jacky Croke
Ceann na Scoile, Scoil na
Tíreolaíochta UCD

An tOllamh Eugenia Siapera
Ceann na Scoile, Scoil an Léinn
Eolais agus Cumarsáide UCD



Reachtáil SPIRe UCD agus Láirionad don Léann Forbartha Inbhuanaithe UCD, ag comhoibriú le hInstitiúid Domhaneolaíochta, seimineár le Sprioc 16 de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA: Síochán, Ceartas agus Institiúidí Láidre. Sa phiciúr tá David Donoghue, iar-Ionadaí buan Éireannach na NA, an tOll. Colin Scott, an Dr Dawn Walsh, SPIRe agus an Dr Sinéad Walsh, Buaiteoir Ghradam Alumni na nEolaíochtaí Sóisialta 2019.

Choláiste do Staidéar Iarchéime tacaíocht do réimse leathan clár nua, luaite ar an leathanach deireanach, agus chuir i bhfeidhm athruithe suntasacha d'fhonn oibríochtaí cláir a bhainistiú mar gheall ar an bbandeim, scrúduithe viva voce a reachtáil go cianda le haghaidh iarrthóirí PhD mar shampla.

Taighde agus Tionchar

Mhéadaigh líon iomlán na foirne acadúla den chúigiú bliain i ndiaidh a chéile agus 234 ar an bhfoireann i Márta 2020, ardaithe ó 185 in 2016. Bhí 403 mac léinn PhD agus 27 mac léinn Máistreacht Taighde cláraithe leis an gColáiste. Tá méadú leanúnach tagtha ar an ngníomhaíocht taighde atá á dhéanamh sa Choláiste agus táthar ag dúil le go leanfaidh seo mar gheall ar an méadú ar líon na foirne. Maidir le táirgeacht taighde, bhí méadú ann ar líon na dtorthaí taighde SciVal, agus meán 1.33 de Thionchar Lua agus é Ualaithe de réir Réimse. Laistigh den Choláiste, meastar go bhfuil 94.85% den fhoireann teagaisc gníomhach sa taighde. D'éirigh go geal linn ar fud na bliana acadúla 2019/20 maidir le dámhachtainí maoinithe taighde. Bronnadh €8.77 milliún de dhámhachtainí seachtracha maoinithe agus €2.9 milliún de dhámhachtainí inmheánacha maoinithe. Thainig méadú suntasach ar líon na dtograí i mbliana agus 324 in 2019/20 i gcomparáid le 219 in 2018/19. Tá cothromaíocht i bpunann dámhachtainí an Choláiste ó ghníomhaireachtaí cistiúcháin Eorpacha (29%) agus Éireannacha (An Chomhairle um Thaighde in Éirinn = 24%). I measc na ngradam tábhachtach i mbliana bhí trí ghradam de chuid Chlár Iarchéime Fostaíocht-bhunaithe den Chomhairle um Thaighde in Éirinn (CTÉ), dhá ghradam de chuid Scéim Rannpháirtíochta Fiontraíochta CTÉ, ocht gComhaltacht Iardhoctúireachta

€8.77m

i ndámhachtainí seachtracha
sa bhliain acadúil 2019/20

CTÉ ó Rialtas na hÉireann, trí cinn déag de Scoilreachtáil Iarchéime CTÉ Rialtas na hÉireann agus deich ngradam de chuid an New Foundation. Dámhadh dhá mhórdheontas ón Chomhairle Eorpach um Thaighde ar an Dr Amy Strecker (Dlí) le haghaidh 'Land, Property in and Spatial Justice in International Law' (Deontas Tosaithe – PROPERTY (IN)JUSTICE) agus ar an Ollamh Eoin Carolan (Dlí) le haghaidh 'The Foundations of Institutional Authority: A Multi-Dimensional Model of the Separation of Powers' (Deontas Comhdhlúiteora - FIAT). An tOllamh Maria Baghramian (Fealsúnacht) a bhí i gceannas ar an iarratas rathúil ar Fís AE don mhórtionscadal €3 milliún 'Policy, Expertise, and Trust in Action (PERiTIA)'.

Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tá an tiomantas atá ag an gColáiste don Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (CÉC) fós ag leathnú, agus faoi stiúir an Ollaimh Judith Harford, Leas-Phríomhoide um CÉC, thainig méadú ar líon na ngradam Athena SWAN, leathnaíodh forbairt ghairmiúil na foirne maidir le saincheistanna ar nós claontacht gan aithne agus oiliúint ar dhínt agus meas agus d'óstáil an Coláiste roinnt seimineár agus ceardlann ar shaincheistanna CÉC do mhic léinn agus don fhoireann. Bronnadh Gradam Cré-umha Athena SWAN ar Scoil na hEacnamaíochta UCD faoi

Struchtúr an Choláiste

An tOllamh Imelda Maher

Ceann na Scoile agus Déan Dlí,
Scoil Dlí Sutherland UCD

An tOllamh Brian O'Connor

Ceann na Scoile, Scoil na
Fealsúnachta UCD

An tOllamh David Farrell

Ceann na Scoile, Scoil na
Polaitíochta agus Gnóthaí
Idirnáisiúnta UCD

An tOllamh Suzanne Guerin

Ceann na Scoile, Scoil na
Síceolaíochta UCD

An tOllamh Jim Campbell

Ceann na Scoile, Scoil an
Pholasaí Shóisialta, na hOibre
Sóisialta agus na Córa
Sóisialta UCD

An Dr Iarfhlaith Watson

Ceann na Scoile, Scoil na
Socheolaíochta UCD

Amhail an 1 Meán Fómhair 2019

cheannaireacht an Ollaimh Ron Davies, rud a léirigh tuiscint ar na dúshláin a bhaineann le comhionannas inscne sa Scoil agus tiomantas chun plean éifeachtach don chomhionannas inscne a chur i bhfeidhm.

Ceapadh an Dr Aileen Quilty mar an gcéad Déan Comhlach um Leathnú Rannpháirtíochta sa Choláiste. D'oibrigh Aileen leis an gColáiste le tógáil ar an tsárobair a bhí déanta cheana agus cuireadh réimse clár nuálaíoch i bhfeidhm, idir chlár champas-bhunaithe agus chlár phobal-bhunaithe. Rinneadh iad a dhearadh go saineúil chun rannpháirtíocht a leathnú agus a threisiú i spriocghrúpaí ar leith, mic léinn lánfhásta, mic léinn ó cheantair atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch agus mic léinn a tháinig tríd QQI-FET san áireamh. Is ionann céatadán na mac léinn Leathnú Rannpháirtíochta agus 39.15% san dá fhochéim BSc san Eolaíochtaí Sóisialta agus an BSoc sa Pholasaí Sóisialta agus Socheolaíocht, agus is ionann é agus 42.3% don chlár Dlí, ar leibhéal iontach é sin. Bronnadh dhá scoláireacht Leathnú Rannpháirtíochta ar leibhéal céime don bhliain 2019/20 i Scoil na Síceolaíochta (MSc Idirghabhálacha Bunaithe ar Aireachas) agus Scoil an Pholasaí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta (Máistreacht Chairmiúil in Obair Shóisialta).

Pobal agus Rannpháirtíocht


Ghlac roinnt mhaith dár gcéimithe agus dár bhfoireann páirt i ndíospóireachtaí painéil de chuid Alumni UCD 'I gComhrá' a bhí á gcráladh le linn 2020. Bhí cuid mhaith



Sa phictiúr ag ceiliúradh ról na mbán sa STEM ag lá foghlama comhroinnte tá (ó chlé go deas): An tOll. Cúnta Aoibhinn Ní Shuilleabháin; An tOll. Keith Murphy, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleigheis UCD; Margie McCarthy, Fondúireacht Eolaíochta Éireann; Rachel Farrell; Sabina Higgins; An tOll. Judith Harford; An tOll. Colin Scott; Marelle Rice, Scoil an Oideachais UCD; Karen Maye, Scoil an Oideachais UCD; agus an tOll. Cúnta Sharon Shannon, Scoil na Fisce UCD.

de na téamaí dírithe ar Eolaíochtaí Sóisialta amhail 'COVID-19: Youth Mental Health and Wellbeing in a Crisis – a Practical Discussion', 'The Philosophy of Mental Well-being', 'The Climate Emergency and COVID-19', 'So What's next: Becoming Anti-Racist?' agus 'the Transformative Power of Community Engaged Learning'.

An tOllamh Colin Scott
Príomhoide an Choláiste agus Déan na nEolaíochtaí Sóisialta





GRADAIM OLLSCOILE

Buaiteoirí Ghradam Alumni UCD 2019

Bíonn ceiliúradh bródúil ag Gradaim Alumni UCD ar éachtaí iontacha na gcéimithe UCD arb eiseamlair shuntasacha iad agus faighimid spreagadh óna saol agus óna ngairm.



An Dr Barbara Dawson, BA

Gradam Alumni UCD sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí 2019
Is saineolaí géarchúiseach í an Dr Barbara Dawson ar dhomhan idirnáisiúnta Ealaíon na linne seo agus is léiritheoir den scoth í. Ba í an chéad bhean í le bheith ina stiúrthóir ar Dhánlann Hugh Lane i mBaile Átha Cliath. Tá sí ar na daoine is suntasaf i saol ealaíne na hÉireann le bliana anuas.



Shaun T Kelly, BComm 1980, DipPrAcc 1981

Gradam Alumni UCD sa Ghnó
Fear de bhunadh Bhéal Feirste, ba é Shaun T Kelly Príomhoifigeach Oibriúcháin domhanda do KPMG International, a chuaigh ar scor i Meán Fómhair 2019. Le linn a chuid ama le KPMG, bhí se i gceannas ar an gcleachtas cánach i SAM agus d'fhreastail an chuideachta ar liosta fada de chorparáidí Meiriceánacha gormshlise.



Noelle Walsh, BE 1985

Gradam Alumni UCD san Innealtóireacht agus san Ailtireacht
 Agus í i ról sinsearach i Microsoft, tá Noelle Walsh i gceannas ar Nealoibríochtaí agus ar Néalnuálaíochtaí, ról a chuimsíonn pleanáil soláthair agus éadail straitéiseach chomh maith le tógáil dhomhanda agus oibríochtaí ionad sonraí. Roimhe seo, chaith sí 25 bliain le Dow Chemical Company, áit ar oibrigh sí thar chuideachtaí eagsúla.



An tOllamh Mary Horgan, MB Bch BAO 1986, MD 1995

Gradam Alumni UCD sa tSláinte agus sna hEolaíochtaí Talmhaíochta

Is saineolaí ar ghalair thógálacha an-cháiliúil í an tOllamh Mary Horgan agus tá sí ina hUachtarán ar Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann, an chéad bhean sa ról seo ó bunaíodh an Coláiste in 1654. Is dochtúir comhairleach í i ngalair thógálacha in Ospidéal Ollscoile Chorcaí.



Colin Ryan, BCL 1997, DBS (IT) 1998

Gradam Alumni UCD sa DLí

Thosaigh Colin Ryan ag obair le Goldman Sachs nuair a bhain sé a chéim amach ó UCD agus is duine de na baincéirí infheistíochta is fearr atá ag an mórthanc infheistíochta é sa ghrúpa teicneolaíochta, meán cumarsáide agus teileachumarsáide atá acu in San Francisco. Tá sé lonnaithe i gCeantar Bhá San Francisco agus is é Comhcheannaire i gceannas ar Chumaisc agus Éadálacha: Críocha Mheiriceá.



An Dr John Bell, BA 1986, MA 1988

Gradam Alumni UCD sa Taighde, sa Nuálaíocht agus sa Tionchar

Is é John Bell Stiúrthóir 'Healthy Planet' ar Ard-Stiúrthóireacht na Taighde agus Nuálaíochta sa Bhruiséil. Ó ceapadh John in 2014, bhí sé ceannródaíoch i bhforbairt acmhainneachta an bhithghilleagair.



Caroline Keeling, BSc 1990, MSc(Agr) 1992

Gradam Alumni UCD san Eolaíocht

Is í Caroline Keeling POF Keeling's, an dáileoir de thorthaí agus glasraí is mó in Éirinn, cuideachta a théann siar go dtí na 1920idí. Ó ceapadh mar POF na cuideachta í in 2013, tá méadú 50% ar láimhdeachas na cuideachta, atá go hiomlán faoi úinéireacht Éireannach, agus chuir sí leis an mbranda chun cúig rannán a chur san áireamh, agus oibríochtaí acu sa RA, san Eoraip agus san Áise.



An Dr Sinéad Walsh, MSc 2005

Gradam Alumni UCD sna hEolaíochtaí Sóisialta

Is Ambasadóir an AE chuig an tSúdáin Theas í Sinéad Walsh. Tá sí ag obair le Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála na hÉireann ó bhí 2009 ann. Roimhe sin, d'oibrigh Sinéad mar Ambasadóir na hÉireann chuig Siarra Leon agus an Libéir agus mar Cheannaire Chúnamh Éireann sa dá thír, í lonnaithe in Freetown ó 2011 go 2016.



Katie Mullan, BSc 2017, ME 2018

Gradam Alumni UCD sa Spórt

Is í Katie Mullan captaen fhoireann haca na hÉireann agus bhí sí i gceannas ar an bhfoireann ar lá stairiúil don tír i Lúnasa 2018. Is as Contae Dhoire í Katie agus bhí sí mar chaptaen ar an gcéad fhoireann Éireannach in aon spórt le Cluiche Ceannais Chorn an Domhain a bhaint amach, ar bharr an chuidithe a thug sí do Chumann Haca UCD roinnt trófaíthe a bhuachan.

Céimeanna Oinigh



Philip R Berber

Céim Oinigh, Dochtúir le Dlí

Fuair Philip Berber aitheantas as a chuid daonchairdis. Rugadh in Éirinn é agus is fiontraí teicneolaíochta é lonnaithe in Texas agus i mbun daonchairdis, cabhair idirnáisiúnta, fiontríocht shóisialta agus infheistíocht a bhfuil tionchar ag baint léi. I ndiaidh slí bheatha rathúil, dhíol sé CyBerCorp rud a d'fhág go raibh sé in ann a chuid pleannanna maidir le samhail nua daonchairdis agus cabhair idirnáisiúnta a chruthú.

Rinne sé agus a bhean chéile Donna fondúireacht teaghlaigh a thógáil darb ainm A Glimmer of Hope. Dírithe ar an

Aetóip, cuireann sé cabhair dhaonnúil agus tionscnaimh micriasachta ar fáil. Ó bhí 2001 ann, mhaoinigh sé breis agus 3,000 tionscadal agus chuaigh i bhfeidhm i mbealach dearfach ar shaol níos mó ná 1.5 milliún duine i gcúrsaí uisce, séarachais, oideachais, cúraim sláinte, fiontraíochta agus talmhaíochta.

Ba í an tOllamh Comhlach Maeve Houlihan, Stiúrthóir Scoil Ghnó Lochlann Uí Chuinn a thug an lua.



Catherine Corless

Céim Oinigh, Dochtúir le Litríocht

Tugadh aitheantas do Catherine Corless as an tsárobair a rinne sí ag tabhairt chun solais na míchleachtais in Áras Máithreacha agus Naíonán an Bon Secours i dTuaim. Rinne sí cúrsa oíche i stair áitiúil agus d'fhoghlaim sí scileanna taighde agus an dóigh le scéal a leanúint agus, rud atá an-tábhachtach, an bhealach le dul i ngleic leis na codanna staire sin nach maith le daoine smaoineamh orthu. I ngeall ar a cuid díograise, tá níos mó eolais againn anois faoi na rudaí a tharla do na páistí sin, a gcuid scéalta, a n-ainmneacha agus na luachanna ar mór acu iad.

An Dr Emilie Pine, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD a thug an lua.



An Bráthair Tony Dolan

Céim Oinigh, Dochtúir le hEolaíocht

Tugadh aitheantas don Bhráthair Tony Dolan as an obair a rinne sé ar thalmhaíocht inbhuanaithe agus go háirithe san oideachas talmhaíochta. Ba Phríomhoide Choláiste Talmhaíochta Mountbellew é ó 1973-1989 agus d'oibrigh sé sa Chéinia agus in Uganda, áit a bhfuil an-tóir agus clú air as a chuid oibre.

Thug sé faoi bhrí nua fuinniúil a chruthú do ról na talmhaíochta mar bhonn ag folláine shóisialta agus eacnamaíoch d'fhonn daoine óga a mhealladh isteach in oiliúint talmhaíochta. Bhí sé fiche bliain chun

cinn ar a linn féin le teagasc agus le cur chun cinn gníomhartha praiticiúla stuama le haghaidh talmhaíocht inbhuanaithe sa Chéinia agus in Uganda.

An tOllamh James Kinsella, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD.



Kevin Duffy

Céim Oinigh, Dochtúir le Dlí

Tugadh aitheantas do Kevin Duffy as an méid a rinne sé ar son ghluaiseacht na gceardchumann in Éirinn ar feadh a shaoil ghairmiúil. Aithníodh an cumas a bhí ann go luath agus, in 1988, ceapadh Kevin ina Ard-Rúnaí Cúnta ar Chomhar Ceardchumann na hÉireann. In 1997, ceapadh é ina Leas-Chathaoirleach na Cúirte Oibreachais agus ina dhiaidh sin mar Chathaoirleach. Rinne Kevin iarratas ar Chumann Onórach Óstaí an Rí le bheith ina Abhcóide agus glaoth chun an bharra é in 2003. Éacht dochreidthe ab é seo do dhuine nach raibh oideachas foirméalta aige ó bhí sé cúig

bliana déag d'aois. Chuaigh sé ar scor ón Chúirt in 2016 ach níor éirigh sé as an tseirbhís phoiblí. Roghnaíodh ag an Rialtas é mar chathaoirleach ar an gCoimisiún ag scrúdú Muirir Uisce agus ar an gCoimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí.

An tOllamh Comhlach Anthony Kerr, Scoil Dlí Sutherland UCD a thug an lua.



Joseph M Hassett

Céim Oinigh, Dochtúir le Litríocht

Tugadh aitheantas do Joseph Hassett as an tsárobair a rinne sé mar scoláire, mar chriticeoir litríochta agus mar chrann taca ag scríbhneoireacht Éireannach a chothaigh tionscnaimh phoiblí chun cultúr na hÉireann a chosaint agus le lucht féachana agus léitheoirí nua a chur ar an eolas faoi litríocht na hÉireann agus chuidigh sé le healaíontóirí teacht i mbláth.

Tar éis gairm dlí shuntasach fada, chuaigh sé i mbun a dara gairm, ag baint MA agus PhD sa Bhéarla agus é ag díriú go sainiúil ar shaothar WB Yeats. Mar thoradh ar a shaothar doctúireachta foilsíodh trí leabhar faoin ábhar. Bhí sé flaithiúil lena alma mater ar go leor

bealaí, lena n-áirítear an urraíocht a rinne sé ar scoláireacht MA i Litríocht Éireannach ainmnithe ar son an Ollaimh Gus Martin. Chomh maith leis sin, thug sé bailiúchán rithabhachtach filíochta Éireannaí ón 20ú haois agus ón 21ú haois do Bhailiúcháin Speisialta Leabharlann UCD. Áirítear leis sin céadeagráin de roinnt de leabhair Yeats chomh maith le comhfhreagras, saothair léirmheastóireachta liteartha agus réimse luachmhar filíochta Éireannaí comhaimseartha.

An tOllamh Margaret Kelleher, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD a thug an lua.



An tOllamh Brian Havel

Céim Oinigh, Dochtúir le Dlí

Tugadh aitheantas don Ollamh Brian Havel as a scoláireacht i ndlí eitlíochta, rud a rinne príomhshaineolaí údarásach de sa réimse.

Tá sé ina stiúrthóir ar an Institiúid um Dhlí Eitlíochta agus Spáis, institiúid a bhfuil clú agus cáil uirthi ar fud an domhan agus atá lonnaithe in Ollscoil Magill, Montréal. Is é an chéad Éireannach sa phost sin, in institiúid a bhfuil clú agus cáil air i ngeall ar a ardchaighdeán feabhais acadúil chomh maith lena tionchar láidir agus leathan. Bhí poist ar cuairt aige agus theagasc sé in Ollscoil Oxford agus sna hOllscoileanna Leiden agus Northwestern, bhí poist aige fosta le comhlachtaí

idirnáisiúnta tábhachtacha lena n-áirítear An Fóram Eacnamaíoch Domhanda agus an Comhlachas Aeriomair Idirnáisiúnta (IATA). Lean a ghairm féin na hathruithe suntasacha a tharla san earnáil eitlíochta agus bhí tionchar nach beag aige orthu, ón am a raibh sé ina thionscal náisiúnta cosanta go dtí an lá atá inniu ann agus aerspás oscailte ann. Bhí a chuid saothair féin i gcónaí bunaithe ar theoiric, ag díriú ar Dhlí agus Rialú na heitlíochta i dtírí fhearann dhlíthiúla: an dlí idirnáisiúnta, dlí an AE agus dlí na Stát Aontaithe.

An tOllamh Imelda Maher, Déan Dlí, Scoil Dlí Sutherland UCD a thug an lua.



Catherine Marshall

Céim Oinigh, Dochtúir sa Mhínealaín

Tugadh aitheantas do Catherine Marshall as a gairm mar mhórstaraí ar ealaín Éireannach an 20ú haois agus an 21ú haois. In 1995 ceapadh í ina Ceannasaí bunaidh na mBailiúchán san iarsmalann nuabhunaithe, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann. Le linn a gairme bheatha tá saothair léirsteanacha scríofa aici ar ealaín na hÉireann san am atá thart agus í ag troid ar son na healaíne is fearr san am atá ann inniu.

Mar aitheantas ar cé chomh tábhachtach agus atá sé ealaín den scoth a thabhairt isteach sna

pobail ar fud na hÉireann, tugadh ar iasacht mar chomhairleoir í in 2007 chuig an gComhairle Ealaíon. D'fhóin sí mar bhall boird, ní amháin ar na Gailearaíthe Dhubhghlas de hÍde agus Bhuitléar, ach ar bhord Common Ground chomh maith, is é sin eagraíocht Bhaile Átha Cliath atá tiománta don ról atá ag na healaíona agus an cultúr san athghiniúint uirbeach.

An tOllamh Kathleen James-Chakraborty, Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha, UCD a thug an lua.



Pádraig Ó Snodaigh

Céim Oinigh, Dochtúir an Léinn Cheiltigh

Tugadh aitheantas do Phádraig Ó Snodaigh as a chuid seirbhísí don Ghaeilge. Is iomaí athrú a tháinig i gcaitheamh na mblianta ar an bhFilíocht. Faoi thús Athbheochan na Gaeilge bhí tionchar fuinniúil fós ag an bhfilíocht sa bhéaloideas agus iad siúd a bhí i mbun na hathbheochana, thuig siad go raibh gá ann litríocht nua a chruthú a thiocfadh i mbealach fíordhílis óna stair féin ach, ag an am céanna, a mbeadh tionchar leanúnach an domhain inniu uirthi.

Thuig Pádraig Ó Snodaigh an ghairm sin agus i ngeall cuid mhaith air seo, eisean a bhí mar chroí i bhforbairt

fhilíocht na hÉireann ó lár an fichiú haois. Trína chomhlacht foilseacháin Coiscéim thug sé spreagadh agus misneach d'fhilí, d'fhoilsigh sé iad, thug sé poiblíocht dóibh agus thóg sé a gcuid muiníne. Tá timpeall ar mhíle trí chéad leabhar foilsithe aige. Saothair filíochta atá sa chuid is mó acu, lena n-áirítear saothair na bhfilí is fearr agus is corraithí atá ann.

An tOllamh Máire Ní Annracháin, Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD a thug an lua.



An tOllamh Thomas Sterner

Céim Oinigh, Dochtúir le hEolaíocht

Tugadh aitheantas don Ollamh Thomas Sterner dá ról domhanda maidir le polasaithe aeráide agus comhshaoil.

Is Ollamh Eacnamaíochta Comhshaoil é in Ollscoil Gothenburg, an tSualainn agus saineolaí i ndearadh ionstraimí beartais comhshaoil le haghaidh beartais aeráide agus comhshaoil. Anuas ar a chuid éachtaí acadúla, tá a Aonad Eacnamaíochta Comhshaoil in Ollscoil Gothenburg aitheanta as na héachtaí suntasacha i gcruthú acmhainne eacnamaíochta comhshaoil le cabhrú le forbairt ar fud cúig ilchríoch.

Tá torthaí a thaighde curtha i bhfeidhm aige ar eacnamaíocht maidir

le fuinneamh, tionsclaíocht, iompar, ceimiceáin, iascaigh agus bainistíocht ithreach. Tá go leor bainte amach aige fosta ar rogha ionstraimí nuair atá truaillitheoirí chomh cumhachtach sin nó nuair atá úinéireacht chomh daingean sin acu ar smacht an eolais agus ar acmhainní eile, go n-éiríonn leo go hiondúil cur i gcoinne an chánachais agus rialúcháin. Tá sé tar éis an taighde seo a chur i bhfeidhm i dtíortha atá forbartha agus i dtíortha forbraíochta.

An tOllamh Peter Clinch, Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil UCD a thug an lua.



Sheila M Willis

Céim Oinigh, Dochtúir le hEolaíocht

Tugadh aitheantas do Sheila Willis as an méid atá déanta aici i réimse na heolaíochta fóiréinseach.

Tar éis di dul isteach sa tsaotharlann fóiréinseolaíochta nuabhunaithe, rinne Sheila an-dul chun cinn go gasta agus bhíodh sí i gcónaí ar lorg bealaí le feabhas a chur ar na háiseanna riachtanacha agus ar an saineolas agus ceapadh ina stiúrthóir saotharlainne í.


Lean sí léi ag baint úsáid as réimse leathan saineolais, chuir sí foireann ildisciplíneach le chéile agus fuair réimse cuimsitheach trealaimh úrscothaigh. Bhí sí ar thús cadhnaíochta na bhforbairtí san eolaíocht fhóiréinseach le blianta fada.

Nuair a tháinig cumann Sholáthróirí na hEolaíochta Fóiréinseach chun tosaigh mar urlabhraí ar son eolaíocht fhóiréinseach sa RA agus in Éirinn, ceapadh Sheila ina cathaoirleach agus lean sí le ceisteanna cáilíochta a chur ar aghaidh. D'fhóin sí freisin ar roinnt comhlachtaí idirnáisiúnta agus í ag rialú agus ag bunú caighdeáin anailíseacha in eolaíocht fhóiréinseach.

An tOllamh Comhlach Matthew Harmey, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD a thug an lua.



CEAPACHÁIN AGUS ARDUITHE CÉIME



Coinní

Lán-Ollamh

An tOllamh Kath Browne
Scoil na Tíreolaíochta

An tOllamh Joanna Bruck
Scoil na Seandálaíochta

An tOllamh Eoin Casey
Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis

An tOllamh Helen Heneghan
Scoil an Leighis agus Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann

An tOllamh Regina Uí Chollatáin
Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis

Ollamh

An tOllamh Paula Bourke
Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia

An tOllamh Aisling Swaine
Scoil an Pholasáí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta

Arduithe Céime

Lán-Ollamh

An tOllamh Denis Dowling
Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar

An tOllamh John Murphy
Scoil na Ríomheolaíochta

An tOllamh Torres Sweeney
Scoil an Leighis Tréidliachta

An tOllamh Emma Teeling
Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil

An tOllamh Wenxin Wang
Scoil an Leighis

Ollamh

An tOllamh Catherine Blake
Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt

An tOllamh Thomas Boland
Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia

An tOllamh Dermot Brougham
Scoil na Ceimice

An tOllamh Deirdre Campion
Scoil an Leighis Tréidliachta

An tOllamh Anne Drummond
Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt

An tOllamh Aoife Gowen
Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia

An tOllamh Suzanne Guerin
Scoil na Síceolaíochta

An tOllamh Lisa Katz
Scoil an Leighis Tréidliachta

An tOllamh Patricia Maguire
Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis

An tOllamh Eleni Mangina
Scoil na Ríomheolaíochta

An tOllamh Louise McHugh
Scoil na Síceolaíochta

An tOllamh Lynda Mulvin
Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasáí Chultúrtha

An tOllamh Áine Ní Dhubháin
Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia

An tOllamh Emilie Pine
Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta

An tOllamh Paul Rouse
Scoil na Staire

BAILL FOIRNE AR SCOR



Gnóthaí Acadúla UCD

Séiplíneacht UCD

Leon Ó Giolláin Cí

Tháinig Leon Ó Giolláin chuig pobal UCD i Meán Fómhair 2005, áit ar thug sé cluas éisteachta go truaichroíoch agus go gairmiúil do gach duine agus aird aige ar an rúndacht. Mar Ardséiplíneach agus le linn na gcúig bliana déag sin a chaith sé linn bhí Leon lárnach inár líonra tacaíochta do mhic léinn. Go laethúil, rinne Leon iarracht tacú le mic léinn de gach creideamh, agus chuidigh sé leo a sprioc a bhaint amach agus oideachas maith iomlánaíoch a fhorbairt tríd an taithí ollscoile.

Tá ardmholadh tuillte ag Leon mar gheall ar a chomhoibriú le gníomhaíochtaí na mac léinn, ócáidí carthanachta, tionscadail chultúrtha agus a chuid oibre ar choistí leasa mac léinn éagsúla anuas ar an obair laethúil spioradálta agus thréadach a rinne sé. Rinne Leon i bhfad ní ba mhó ná mar a bhí de dhualgas air a dhéanamh agus é ag tabhairt tacaíochta, treorach agus comhairle ó chroí do bhaill foirne agus mic léinn de gach creideamh nó gan creideamh ar bith. Bhí sé flaithiúil lena chuid ama, é ar fáil taobh amuigh d'uaireanta oibre, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire. D'oibrigh Leon le hathmhuintearas a chothú idir creidimh éagsúla ar champas trí imeachtaí idirchreidimh a eagrú, rud a chothaigh cóimheas agus tuiscint idir daoine ó chúlaí éagsúla.

Ar go leor bealaí, léirigh a bhearta an cheannasaíocht a bhí ann. Ó na himeachtaí áthasacha a bhí faoina stiúir ar nós na tionóil sheachtainiúla idirchreidimh; ócáidí cuimhneacháin; plé

cuibhreannais; cúrsaí spioradálta; seónna bóthair seachtainiúla do mhic léinn ar fud an champais; seirbhís Chéadaoin an Luaithrigh leis an Ardeaspag Diarmuid Martin, go dtí an dóigh ar láimhseáil sé an anachain, go háirithe tragóid Berkeley, rud a d'fhág ár bpobal faoi scamall bróin. Rinne sé difear suntasach sa domhan leis an méid a rinne sé do dhaoine eile; thug sé a chuid ama go fial agus mhothaigh go leor daoine dóchas agus spreagadh mar gheall air.

Leabharlann UCD

Julia Barrett

Chuaigh Julia Barrett, Ceann Seirbhísí Taighde, ar scor i mí na Bealtaine 2020 agus slí beatha iontach bainte amach aici in UCD. D'oibrigh sí mar Leabharlannaí Ailtireachta ag Leabharlann Richview; bhunaigh sí *ArchInfo*, seirbhís eolais d'ailtirí ag deireadh na 1980idí; agus chomhoibrigh sí in 2002 le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste leis an mbunachar sonraí PADDI a chur ar bun. Anuas air sin ba í Julia an chéad Cheann ar aonad Sheirbhísí Taighde na Leabharlainne a bunaíodh in 2020, agus bhí sí i gceannas ar fhorbairt na seirbhísí agus na foirne agus ar eiseamláir do sheirbhísí dá leithéid ar fud na tíre a chruthú.

Cáilíocht UCD

An Dr Roy Ferguson

I mí an Mhárta, bhí brón orainn slán a fhágáil lenár gcomhghleacair Roy Ferguson a chuaigh ar scor Ó UCD i ndiaidh 13 bliana. Bhí slí beatha fada ag Roy san ardoideachas tar éis dó a bheith ag obair san earnáil i dTuaisceart Éireann le breis agus 20 bliain. Mar stiúirthóir Cáilíochta UCD, bhí sé freagrach as cáilíocht a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn ar fud na hOllscoile chun

cloí le ceanglais reachtacha agus le tosaíochtaí straitéiseacha a chinntiú. Chuir Roy le forbairt na Cáilíochta in eanáil ardoideachais na hÉireann trína rannpháirtíocht i Líonra Cháilíocht Oideachais na hÉireann, Grúpa Cáilíochta Chumann Ollscoileanna Éireann, rannpháirtíocht le QQI agus trína bhallríocht i bhfoirne athbhreithnithe cáilíochta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Bhí ról suntasach aige le UCD a threorú agus ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh athbhreithniú institiúideach a bhí ann le déanaí. Léirigh Roy díograis agus saíneolas i rith ama agus b'fhurasta labhairt leis agus bhí se ar fáil i gcónaí le treoir a thabhairt dá chomhghleacaithe. Aireoidimid uainn é agus guíonn a chomhghleacaithe gach sonas air agus é ar scor.

Clárann UCD - Earcaíocht Mac Léinn

Kathy Murphy

D'fhág foireann Earcaíochta na Mac Léinn slán lena gcomhghleacáir Kathy Murphy i mí Eanáir 2020. Bhí ról lárnach ag Kathy in UCD le 34 bliain agus í réimse mhór imeachtaí earcaíochta a eagrú agus a bhainistiú, Lá Oscailte bliantúil UCD i Halla Ó Raghallaigh san áireamh. Spreag an tiomantas, an obair dhian agus an dúthracht a bhí aici gach duine dá chomhghleacaithe agus aireoidh siad uathu í. Guíonn a cuid comhghleacaithe scor fada sona uirthi.

Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD

Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD An tOllamh Comhlach Nicola Figgis

Chuaigh an tOllamh Comhlach Nicola Figgis ar scor i mí Mheán Fómhair 2019, tar éis di go leor blianta a chaitheamh mar bhall de Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD (agus í mar Cheann Scoile le linn an ama), agus gairm den scoth mar scoláire ealaíon an ochtú haois déag agus í i measc na scoláirí is suntasaí air seo in Éirinn. Bhain sí céim BA amach i Stair na hEalaíne in Ollscoil na Tríonóide Bhaile Átha Cliath agus bhain sí PhD amach ó Ollscoil na hÉireann.

I measc a foilseachán líonmhar tá *A Dictionary of British and Irish Travellers in Italy 1701-1800* (Yale University Press, 1997) agus *Irish Paintings in the National Gallery of Ireland Vol. 1* (NGI, 2001) a chomhscríobh sí. Ó 2002 go 2004 rinne sí eagarthóireacht ar *Irish Architectural and Decorative Studies: the Journal of the Irish Georgian Society* agus ta sí ar bhord eagarthóireachta Chumann Seoirseach na hÉireann. Is í príomhúdar agus eagarthóir de *Art and Architecture of Ireland: Painting 1600-1900, Volume 2*, Acadamh Ríoga na hÉireann agus Yale University Press, Baile Átha Cliath, New Haven agus Londain (Deireadh Fómhair 2014).

I mí na Bealtaine 2015 bhronn an tAcadamh Ibeirneach Ríoga an bonn óir ar an Dr Figgis (i gcomhpháirt leis an Ollamh Paula Murphy) as an mór-éacht iontach a bhain siad amach nuair a chuir siad tús leis an dtionscadal *Art and Architecture of Ireland*. Bhí tionchar nach beag aici ar stair ealaíne na hÉireann mar oideachasóir agus mar scoláire agus ba shárluachmhar a ceannasaíocht ag UCD.

Scoil na dTeangacha, na gCultúr agus na Teangeolaíochta UCD

An tOllamh Comhlach Rosario Hernández

Thosaigh an tOllamh Comhlach Rosario (Charo) Hernández a gairm fhada cheimiúil ag UCD in 1986 i Rannán na Spáinnise UCD agus i Lár-Ionad na dTeangacha mar theagascóir Spáinnise. Ceapadh mar Léachtóir Cúnta í i Rannán na Spáinnise in 1992 agus ansin bhain sí a PhD amach in 2010 sular ceapadh mar Ollamh Comhlach í in 2014.

Is iad na réimsí a bhaineann le sealbhú an dara teanga agus le teagasc agus foghlaim sa dara teanga na hábhair is mó a bhfuil speis ag Charo iontu agus béim aici ar fhorbairt, cur i gcrích, measúnú agus comhordú modúil fochéime agus iarchéime na Spáinnise, agus Spáinnis do ghnó san áireamh. Dá bharr sin, cothaíodh dlúthchaidreamh fada le Scoil Ghnó UCD, agus tá cuimhní cinn geala ag muintir Scoil Ghnó UCD, ag a chomhghleacaithe agus ag a mic léinn ón am atá chaite agus ón am atá i láthair ar Charo, ar a paisean don Ábhar, a cuid fuinnimh agus ar an aird atá aici don chruinneas agus ar chaighdeán ard ina hobair léannta.

Is ábhair shuntais iad na cuir chuige nuálacha don Teagasc agus Foghlaim agus don dearadh curaclaim a bhí ag Charo chomh maith lena tiomantas don MA sa Teangeolaíocht Fheidhmeach. Tá an-tóir ar a cuid saíneolais in irisí piarmheasta, scrúdúchán seachtrach agus i measc mac léinn iarchéime. Leanfaidh an bhaint atá ag Charo le UCD ar aghaidh agus í ag obair mar ollamh taca, mar bhall foirne ar scor atá gníomhach sa taighde agus mar stiúthóir PhD.

Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD

Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD Patricia Connolly

Tar éis di Ard-dioplóma sa Cheimic Fheidhmeach a bhaint amach agus 18 mí a chaitheamh ag obair i monarcha anóidithe, d'fhág Pat a baile dúchais Béal Átha Beithe i gcontae Muineacháin agus in Aibreán 1980 thosaigh sí ag obair mar theicneolaí i Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí UCD. Le linn di a bheith ag obair i lár na 80idí, d'éirigh léi céim onórach sa mhataimic agus dioplóma sna staitisticí araon ó UCD a bhaint amach.

Leis na blianta fada d'oibrigh sí in éineacht leis an Dr Frank McLoughlin agus an Dr Dermot Malone agus thug sí tacaíocht don bheirt. Ba bhall díograiseach agus an-tábhachtach í den fhoireann tacaíochta teicniúla agus chomh maith le saotharlanna teagaisc is iomaí rud ata déanta aici, tacaíocht a thabhairt don Dr Patricia Kieran chun cur chuige foghlama fadhb-bhunaithe a fhorbairt agus a chur i gcrích ina measc. D'fhoghlaim sí roinnt scileanna ceardlainne ar leith a chuir lena cuid oibre.

Ba bhall gníomhach í Pat de chumann scuaise UCD, bhí an-dúil aici sa ngaothshurfáil, sa gcnocadóireacht agus d'éirigh léi dhá mharatón Bhaile Átha Cliath a dhéanamh. Cuimhníonn sí go geanúil ar an gcaic agus an spraoi a bhí ann agus iad ag imirt beiriste nó dairteanna agus an rí-rá agus an ruaille buaille a bhí ann lena chomhghleacaithe ag am lóin sna laethanta i Sráid Mhuirfean.

Agus í gníomhach i ngach gné de ghníomhaíochtaí sa Scoile agus í i gcónaí cuidiúil, cronófar go mór í. Chomh maith lena teach féin a dhearadh agus a thógáil i mBaile Átha Beithe, tá speis aici sa gharraíodóireacht agus sa tírdhreachú agus sa bheachaireacht. Rachaidh sí ar ais go Béal Átha Beithe le sult a bhaint as na spéiseanna seo agus le ham a chaitheamh lena muintir a bhfuil an-ghrá aici dóibh agus an-bhród uirthi astu.

Gabhann a chomhghleacaithe sa Scoil buíochas léi as na blianta fada oibre den scoth agus guíonn siad gach rath uirthi sna blianta atá le teacht.

Pat O'Halloran

Tar éis dó Dioplóma Ardoideachais sa Bhitheolaíocht Fheidhmeach a bhaint amach, thosaigh Pat ag obair i Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí in 1982 mar theicneolaí. I gcaitheamh na mblianta thug sé

tacaíocht stuama ní hamháin do shaotharlanna teagaisc iarchéime an dara bliain agus an tríú bliain, ach do thionscadail an cheathrú bliain agus d'iarchéimí ina gcuid taighde.

Bíonn Pat ag imeacht an t-am ar fad. Agus é ag iarraidh cur lena chuid scileanna, agus de bharr na spéise móire a bhí aige sa ríomhaireacht, rinne sé staidéar san oíche agus bhain sé dioplóma sa leictreonaic amach.

Chomh maith lena chuid suime sa ríomhaireacht agus sa leictreonaic, i gcaitheamh na mblianta fada agus, féinoilte den chuid is mó, d'eirigh Pat iontach cumasach sa táthú, sa phrásáil, sa mheaisíníú CNC agus freisin san obair ar dhearadh ríomhchuidithe agus ar dhearadh déantúsaíochta ríomhchuidithe. Baineadh leas as na scileanna fairsinge seo, ní hamháin le meantóireacht a dhéanamh ar mhic léinn agus tacaíocht ríluachmhar a thabhairt do thionscadail foirne agus mac léinn, ach i ndeisiúcháin agus i gcothabháil threalamh riachtanach na saotharlainne don teagasc agus foghlaim.

Bhí Pat i gcónaí gnóthach ina chuid oibre agus lasmuigh dá chuid oibre. Tháinig dúil aige sa chnocadóireacht, san uaimheadóireacht agus sa chadhcáil agus tá sé fós ag baint sult astu sna laethanta seo. An tsuim is déanaí atá aige ná an bheachaireacht agus gan amhras, mar gheall ar na suimeanna seo agus ar a intinn fhiosrach, bainfidh sé lán-sásamh as na blianta atá le teacht. Gabhann an Scoil buíochas leis as na blianta fada oibre agus guíonn a chomhghleacaithe gach rath ar Pat, ar Joan a bhean chéile agus ar a bheirt pháistí.

Coláiste na n-Eolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD

Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD Anne Killion

Thosaigh Anne Killion ag obair mar theicneolaí saotharlainne i Rannán na Ceimice Talmhaíochta agus na hIthireolaíochta i mí Eanáir 1980 in Belfield, agus ceapadh mar Oifigeach Sinsearach Teicniúil sa Scoil í. D'oibrigh sí ar thionscadáil taighde agus ar theagasc ithireolaíochta agus anailís ithreach mar shainréimse aici. Bhain go leor scoláirí agus mic léinn, go háirithe an Dr Jim Collins, tairbhe as a mionchruinneas agus bhí sí ullmhaithe agus cumasach ina cuid obair shaotharlainne i rith ama. Dhírigh Anne i gcónaí ar chuidiú le mic léinn ardchaighdeán a bhaint amach ina gcuid modhanna anailíse agus í ag obair go gníomhach le ranganna móra praiticiúla ithireolaíochta a ullmhú agus a sholáthar, agus anuas air sin, tacaíocht aonarach a thabhairt do mhic léinn iarchéime agus fochéime dul i dtaithe ar an anailís. D'fhoghlaim go leor taighdeoirí gníomhacha a gceard sa tsaotharlann faoi stiúir chúramach Anne!

Cuimhneoidh mórphobal na mac léinn agus na foirne ag UCD go geanúil ar Anne mar chomhghleacaí a bhí smaoineach, a thug tacaíocht phearsanta do dhaoine agus nár fhág duine ar bith amach. Tá feabhas san ithireolaíocht fágtha ina diaidh.

Patrick Reilly

Chuaigh Paddy Reilly ar scor óna ról mar Oifigeach Sinsearach Teicniúil ag UCD tar éis 46 bliain dá sheirbhís cheimiúil d'oideachas agus do thaighde talmhaíochta in Éirinn. Thosaigh Paddy ar a ghairm UCD in 1974 i nDámh na Talmhaíochta ag Eastát Lyons, áit ar oibrigh sé leis an Ollamh Ian Gordon agus leis an Ollamh Maurice Boland sa tscíolaíocht ainmhithe. In 1979, bhog sé go Belfield, áit ar chomhbhunaigh sé an tsaotharlann Chothaithe Ainmhithe i nDámh na Talmhaíochta. Agus é ann, d'oibrigh sé leis an Dr Bill O'Connell, nach maireann agus leis an Ollamh Pat Caffrey.

Ba é sainréimse Paddy ná cothú ainmhithe agus i gcaitheamh na mblianta ba é an saineolaí a chuideodh leat dá mbeifeá ag iarraidh teicnící úra saotharlainne a fhorbairt. Bhain sé go leor éachtaí den scoth amach sna saotharlanna cothaithe ainmhithe in Belfield agus ar Fheirm Lyons le linn a thréimhse oifige. Bhí saineolas fairsing ag Paddy ar scileanna saotharlainne a roinn sé go flaitiúil le comhghleacaithe agus le mic léinn. Cuimhneofar le fada ar Paddy le buíochas as an tacaíocht agus as an gcuidiú a thug sé dá chomhghleacaithe agus as oideachas a thabhairt do mhic léinn fochéime agus iarchéime leis na blianta. Bhí Paddy croilárnach ina gcuid foghlama. Rinne sé an-obair leis na blianta fada sa Scoil sa réimse Sláinte agus Sábháilteachta agus rinne sé cinnte i dtólamh gurbh áit shábháilte í don obair agus don fhoghlaim. Guíonn a chomhghleacaithe ar fad gach rath air agus é ar scor.

Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD

An Dr Loretta Crawley

Ba cheimí de cheim BNS na Scoile an Dr Loretta Crawley (UCD 1989) agus ba theagascóir Altraí Cláraithe í. Tháinig sí chuig dámh altranais na Scoile in 2002 mar bhall den fhoireann teagaisc nuair a tugadh isteach na chéad chlárí cheime don BSc san Altranais. Mar iar-altra ortaipéideach agus teagascóir altraí in Oispidéal Ollscoile Naomh Uinseann, chuir sé cúlra saibhir de thaithí chliniciúil agus theagaisc i bhfeidhm ar chlár fochéime na Scoile san Altranais Ginearálta agus bhí ard-mheas ag a mic léinn uirthi. Chríochnaigh sí PhD i Scoil an Pholasaí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta ar an tábhacht mothúcháin a bhaineann le neamhionannas mothaitheacha do mhná breacaosta Éireannacha. Chuir sí le roinnt coistí agus meithleacha oibre na Scoile a bhain le teagasc agus le hathbhreithniú agus feabhsú curaclaim. Ba bhall luachmhar í Loretta den dámh agus thug sí seirbhís gan staonadh don Scoil agus don Ollscoil.

Mary Kemple

Tháinig Mary Kemple chuig an Scoil, a bhí ina rannán de chuid Scoil an Leighis ag an am, in 1998 agus thug sí 21 bliain de sheirbhís dhíograiseach do UCD. Bhain sí céim BNS amach in 1993, ba Theagascóir Altraí Cláraithe í agus bhí sí i measc na gcéad altraí a tháinig isteach san Ollscoil mar scoláirí nuair a d'aistrigh altranais in Éirinn ó mhúnla printíseacha d'oiliúint ullmhúcháin go céim onórach ceithre bliana. Ag an am, bhí an Scoil ag obair le cúrsaí a fhorbairt san oiliúint iarchéime chliniciúil agus bhí Mary lánach san obair sin le polasaí na Scoile a fhorbairt maidir le hoideolaíocht agus curaclaim agus chuir sí freisin le forbairt straitéiseach níos leithne sa Scoil. Le linn a cuid ama mar bhall de dhámh altranais na Scoile, bhí go leor ról ag Mary, go príomha le clár iarchéime na Scoile, agus ba bhall í de roinnt coistí acadúla rialachais agus straitéise. Bhain a réimsí spéise taighde le tinneas ainsealach agus bhí sí mar Stiúrthóir Cláir i MSc na Scoile sa Tinneas Ainsealach.

An Dr Gabrielle O'Kelly

Tháinig an Dr Gabrielle O'Kelly chuig UCD in 2006, tar éis PhD a dhéanamh in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, áit a raibh sí ina Comhalta Taighde Chliniciúil HRB. Bhain sí céim BNS amach, ba theagascóir Altraí Cláraithe í agus bhí MSc aici sa tSícitéiripe (UCD), MPhil sa Staidéar Síocanailíseach (TCD), agus Sainleas sa Síctéiripe Anailíseach Grúpa (Institute of Group Analysis, Londain). Is Síctéiripeoir Síocanailíseach oile í agus bhí sí ina ball de Chumann Síctéiripeoirí Síocanailíseacha na hÉireann. Ba í Gabrielle an Príomh-theagascóir in Oispidéal Naomh Mícheál. Le linn a cuid ama mar bhall de dhámh altranais na Scoile, bhí go leor ról ag Gabrielle, go príomha maidir le clár ullmhúcháin clárúcháin BSc na

Scoile agus leis an Ard-Dioplóma san Altranais Meabharshláinte. Mar Dhéan Comhlach don Staidéar Fochéime agus mar bhall d'Fhoireann Bainistíochta na Scoile, bhí ról suntasach ceannasaíochta aici sa Scoil agus chuir sí go mór le Polasaí na Scoile agus le forbairt straitéiseach níos leithne sa Scoil.

Scoil an Leighis Tréidliachta UCD

An tOllamh Comhlach Lynne Hughes

I mbliana d'fhágamar slán fíorúil le ceannasaí agus leis an mball ab fhaide ar an bhfoireann ainéistéise tréidliachta, an tOllamh Comhlach Lynne Hughes. Bhain Lynne céim amach ó Choláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath mar mháinlia tréidliachta in 1979, agus tar éis di roinnt blianta a chaitheamh ag obair i gcleachtadh ginearálta, tháinig sí go UCD in 1995. Bhain sí go leor saincháilíochtaí iarchéime amach agus ansin chuir sí tús le hathrú ó bhonn a dhéanamh ar an gcomhpháirt acadúil agus an chomhpháirt chliniciúil araon dá sainábhar i Scoil an Leighis Tréidliachta UCD. Le linn a gairme, toghadh í ar roinnt ról an-tábhachtach eolaíochta agus scoláireachta a bhí ag teacht lena clú idirnáisiúnta. Bhí sí an-chríochúil, rud a chuidigh lena mic léinn eochairphrionsabail ainéistéise/anailgéis a thuiscint agus á gcur i bhfeidhm ar réimse leathan speiceas, idir ainmhithe dúchasacha agus ainmhithe andúchasacha. Cé go raibh an teagasc dúshlánach, dearadh í le smaointeoireacht chruthaitheach agus spraoi a chothú. I litir gan ainm a tháinig chuig an Scoil ó chéimí úr cuireadh béim ar mholadh tugtha don scríbhneoir ón bhfostaí úr mar gheall ar na scileanna ainéistéise, cé nach raibh siad imithe ón gcoláiste ach le coicís. Bhí daoine ó gach cearn den domhan i láthair ag coisir imeachta Lynne ar Zoom; ba léir do gach an moladh, an cion agus an cairdeas a bhí ann di, go háirithe óna hiarmhíic léinn!

Ann Kane

Ba í Ann Kane an chéad altra obrádlainne le bheith fostaithe ag Scoil an Leighis Tréidliachta nuair a d'aistrigh sí ó chóras chúram sláinte an duine in 1980. Bhí ról tábhachtach ag Ann agus í ag eagrú sceidil agus cleachtais na n-obrádlann le cinntiú gur baineadh amach an caighdeán ab fhearr i gcónaí. Bhain sí úsáid as an saineolas a bhí aici ó chóras chúram sláinte an duine le gnáthnósanna imeachta obrádlainne, trealamh agus sreabhadh obrádlainne a athrú agus a uasghrádú le héifeachtúlacht a uasmhéadú. Thuig sí go maith an ríthábhacht a bhaineann le rialú ionfhabhtaithe sa ról riachtanach seo agus d'oibrigh sí leis an Ollamh Nola Leonard le cinntiú gur baineadh spriocanna agus caighdeán amach ar bhonn leanúnach.

Chomh maith leis sin, bhain Anne cáilíochtaí iarchéime amach sa tSláinte Chirde, rud a bhí an-luachmhar agus í ag tacú le ceisteanna a cuireadh chuig oifig SIRC UCD (Sábháilteacht, Árachas, Riosca agus Comhlíontacht). Ba léir go raibh an obair a rinne sí ar son leas gach othar máinliachta chomh maith leis an gineáltas agus an tuiscint a léirigh sí le mic léinn a bhí ar uainíocht foirne i measc na mbuanna a chuidigh go mór leis an Scoil. Chuir foireann shóisearach na tréidliachta agus an altranais 'Matron' ar Anne agus is léiriú é sin ar an meas agus ar an ghon a bhí ag daoine di sna 40 bliain de sheirbhís a rinne sí do UCD.

Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí UCD

Scoil na Tíreolaíochta UCD

An tOllamh Comhlach Joe Brady

Chuaigh an tOllamh Comhlach Joe Brady ar scor ó UCD agus ó Scoil na Tíreolaíochta UCD tar éis breis agus 30 bliain de sheirbhís. Is múinteoir den scoth é Joe a roinn a chuid suime i léarscáileanna,



i spásanailís agus i gcathair Bhaile Átha Cliath leis na glúnta mac léinn.

Mar thaighdeoir, tá bailiúchán saothar ollmhór curtha ar fáil aige ar fhorbairt chomhaimseartha Bhaile Átha Cliath, saothar atá mar chuid de shraith leabhar ar a ndéanann sé eagarthóireacht freisin, *Making of Dublin City*. Anuas air sin, bhí Joe ina eagarthóir ar *Irish Geography* agus ina Uachtarán ar Chumann Geografach na hÉireann, ról lárnach dá chuid a chuir go mór le forbairt thíreolaíocht na hÉireann.

Bhí tiomantas ar leith aige do UCD, (nó an 'National', mar a chuir sé uirthi) agus ba bheag réimse den saol acadúil agus de shaol na hOllscoile nach raibh tionchar aige air. Ghníomhaigh Joe mar Cheann na Scoile, Déan, Cathaoirleach Chumann na Foirne Acadúla, ball den Údarás Ceannais agus Cathaoirleach an tSeomra Caidrimh. Ar bhonn níos leithne, ba cheannaire é Joe ar Chónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile agus bhí ról lárnach aige le sainmhíniú a thabhairt ar shaoirse acadúil atá cumhdaithe san Acht Ollscoile 1997, sainmhíniú a mheastar go hidirnáisiúnta mar mhúnla do chórais ollscoile eile.

Guíonn a chomhghleacaithe i Scoil na Tíreolaíochta UCD gach rath air ina chuid taighde leanúnach ar ár gcathair agus gabhann siad buíochas leis as an tseirbhís den scoth.

Scoil na Síceolaíochta UCD

An Dr Tina Hickey

Tháinig an Dr Tina Hickey chuig Scoil na Síceolaíochta UCD in 2004 ó Institiúid Teangeolaíochta Éireann agus í ag tabhairt léachtaí agus ag déanamh taighde ar an dátheangachas, ar fhorbairt teanga agus ar shíceolaíocht na teanga. Bhí sí ina stiúrthóir ar mhic léinn ag leibhéal fochéime, iarchéime agus dochtúireachta. Bhí an-tóir uirthi mar léachtóir, agus bhí na mic léinn dearfach faoin dóigh ar úsáid

Tina a cuid spéiseanna taighde agus a gníomhaíochtaí taghde féin leis na modúil a dhearadh.

Ba stiúrthóir an-tacúil í Tina agus chuidigh sí go díograiseach lena cuid mac léinn cur lena scileanna mar thaighdeoirí. Chuir Tina go mór leis an Scoil trí ról éagsúla, Comhordaitheoir Tionscadail Fochéime agus Comhordaitheoir Scrúdaithe ina measc, agus í ag tabhairt isteach nósanna imeachta le tacaíocht a chur ar fáil don fhoireann agus do na mic léinn i réimsí tábhachtacha den churaclam fochéime. Chuir sí go suntasach freisin le clú agus le próifíl na Scoile, an Choláiste agus na hOllscoile trína cuid taighde, a aithníodh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Ó 2013 go 2015, bhí Tina ina hEolaí i bhFeighil ar dheontas taighde Marie Curie in éineacht leis an Ollamh Nancy Stenson. Chaith sí seal mar Uachtarán ar Chumann Léitheoireachta na hÉireann agus ar Chumann na hÉireann um Theangeolaíocht Fheidhmeach (IRAAL) agus is larchisteoir í i gCumann Idirnáisiúnta um Staidéar ar Theanga Leanáil (IASCL). Ghníomhaigh sí mar shainchomhairleoir do chomhlachais éagsúla, an Coimisiún Eorpach agus Mudiad Ysgolion Meithrin ina measc chomh maith le Rialtas na Breataine Bige agus Rialtas na hÉireann.

Scoil na Socheolaíochta UCD

Veronica Barker

Chuaigh Veronica ar scor ó UCD i Meán Fómhair 2019 tar éis gairm 19 mbliana, agus í mar Bhainisteoir Scoile de Scoil na Socheolaíochta ag deireadh a gairme. Chaith sí tamall gairid ag obair in Oifig an Chláraitheora in 1990 sular imigh sí le sult a bhaint as an taisteal agus as a cuid spéiseanna eile. Thosaigh sí ag obair leis an bhfoireann in UCD i mí an Mhárta 2000, i rannán an Phearsanra, mar a tugadh ar an rannán ansin, agus ansin in Oifig na Scrúduithe.

I Meán Fómhair 2001, thosaigh Veronica ag obair i Roinn na Fisice Matamaiticiúla, a bhí ag an am i nDámh na nEalaíon, agus bhog sí go hEolaíocht (tar éis cumaisc idir an Mhatamaitic agus Staitisticí). D'fhan sí ansin go dtí gur ceapadh mar Bhainisteoir na Scoile í i Scoil na Socheolaíochta i mí Mheithimh 2008. Cé nach féidir léi laethanta saoire cócaireachta nó taisteal a phleanáil go fóill mar gheall ar phaindéim COVID-19, baineann Veronica sult as an gcnocadóireacht i mBaile Átha Cliath agus i gCill Mhantáin agus as am a chaitheamh lena teaghlach. Chun ceiliúradh a dhéanamh agus í ag dul ar scor, bhí áthas ar a comhghleacaithe cuidiú léi píosa ealíne déanta ag an ealaíontóir Mary Farl Power a cheannach. Cé nach bhfuil mórán de shaothar an ealaíontóra le fáil - fuair sí bás agus í óg - d'éirigh le Veronica píosa a fháil atá ar crochadh anois sa bhaile aici agus a bheidh ann mar chuimhneachán ar UCD agus ar a comhghleacaithe.

Coláiste na hEolaíochta UCD

Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta UCD

Ian Bonar

Thosaigh Ian Bonar ar a ghairm UCD in 2012 i Scoil an Oideachais. In 2013, bhog sé chuig Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta le Suíomh Ar Líne UCD a fhorbairt. Níos faide anonn sa bhliain sin ceapadh mar Stiúrthóir Cláir é do na cláir ar an Ríomhaireacht Fhoiréinseach agus Imscrúduithe Cibearchoireachta (FCCI). Le linn a chuid ama mar stiúrthóir FCCI, bhí ról lárnach aige i bhfás an chláir, a bhfuil breis agus 300 mac léinn air gach bliain. Mar gheall ar a chuid tiomantais agus é ag tacú leis na mic léinn, d'éirigh leo an clár a chríochnú i gceart agus iad ag obair go lán-aimseartha mar Oifigigh um Fhorfheidhmiú an Dlí.



Sular tháinig sé go UCD, d'oibrigh Ian in earnáil na tionsclaíochta le breis agus 40 bliain, ar dtús mar Innealtóir Cumarsáide in Ericsson in Éirinn agus san Ailgéir araon agus ansin mar Innealtóir Coimisiúnaithe Sinsearach le Siemens. Bhain sé céim BSc amach in Eolaíocht Ríomhaireachta ó Choláiste Uí Ghríofa in 2004.

Bhain Ian sult as a bhriceasta gach maidin san áit ab fhearr leis in UCD - an Cumann UCD - agus tá sé ag dúil go mór le fillleadh ansin nuair atá muid réidh le COVID-19. Mar gheall ar na spéiseanna atá aige sa taisteal, sna gluaisrothair, i ngach rud a bhaineann le haerloingseoireacht agus ina gharpháiste, beidh sé an-ghnóthach agus é ar scor. Aireoidh a chairde agus a chomhghleacaithe uathu é féin agus a acmhainn grinn.

Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí UCD

An tOllamh Comhlach Emeritus Russell Higgs

Rinne Russell staidéar ar an nGlanmhataimic in Ollscoil Learphoill agus d'oibrigh se don dochtúireacht in Ollscoil Learphoill agus in Ollscoil Notre Dame. Tháinig sé chuig Roinn na Matamaitice UCD in 1985 agus ceapadh mar Léachtóir Sinsearach (Ollamh Comhlach) é i Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí in 2002. Sa Scoil, theagasc Russell modúil ar réimse ábhar, an Mhatamaitic Achtúireach agus Ailgéabar ina measc - modúil tosaigh agus ardmhodúil araon. Bronnadh Gradam an Uachtaráin don Teagasc air in 2003. Ba é Russell Ceann na Matamaitice sa Scoil ó 2015-2018.

I measc na spéiseanna taighde atá ag Russell tá teoiric an léirithe, líonraí braiteoirí gan sreang, teoiric an chódúcháin, ailgéabar na ríomhaireachta agus grúpaí candaim. Bhí sé ina bhall d'Institiúid Claude Shannon um Matamaitic Scoite, Códú, Cripteagrafaíocht agus Slandáil Faisnéise.

Lasmuigh de UCD bhí baint ghníomhach aige le Cumann Matamaitice na hÉireann agus bhí sé mar Uachtarán ar an gcumann in 2005 tar éis dó sealanna a chaitheamh mar rúnaí agus mar leas-uachtarán. Bhí Russell gníomhach freisin le brainse UCD de Chónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile (IFUT) agus chaith sé seal mar uachtarán an bhrainse. Tá Russell ag imeacht ar scor tar éis dó gairm fhada dhíograiseach a bheith aige in UCD. Guíonn a chomhghleacaithe i Scoil na Matamaitice scor fada sona air.

Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleigheis UCD

An tOllamh Michael Scott

Bhain an tOllamh Mike Scott amach a bhunchéim sa Bhitheolaíocht Mhóilíneach ó Ollscoil Dhún Éideann agus bhain sé a PhD amach sa Bhithcheimic ó Ollscoil London. Tar éis dó taighde iardhochtúireachta a dhéanamh in Ollscoil California, chaith Mike ocht mbliana (1985-1993) san institiúid chéanna mar Néaraighéineolaí Taighde Cúnta i saotharlann an Laureate Nobel, an Dr Stanley Prusiner.

Chuir Mike go mór le taighde luath ar cháithníní próitéineacha tógálacha (Príóin), atá ina gcúis le heinceifealapaite spúinseach bóla (galar bó buile) agus ar ghalair Creutzfeldt-Jacob agus luadh a chuid oibre go sáinúil in óráid ghlaclach Nobel an Dr Prusiner (1997). D'fhan Mike in Ollscoil California le 10 mbliana eile mar Ollamh Taca agus mar stiúrthóir grúpa tacaíochta trasghéineach.

In 2003, tháinig Mike go hÉirinn mar Chomhalta ar Cuairt ETC Walton in Institiúid Mhic Con Mí UCD, agus tar éis sin ceapadh mar Ollamh é i Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleigheis UCD (2005). Lean sé lena thaighde ar Phríóin, agus chuir sé neamhoird néaróga ar nós galar Alzheimer leis an taighde. Tá go

leor páipéir taighde foilsithe aige agus deontais taighde bronnta air, Gradam Taighdeora Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (2009) san áireamh. Bhí ról mór ag Mike sa Scoil, go háirithe leis na cláir chéime BSc sa Néareolaíocht agus sa Bhithcheimic agus bhí sé mar Cheann Ábhar ó 2016-2019.

Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar UCD

Institiúid Mhic Con Mí UCD

Michael O'Sullivan

Nuair a d'imigh sé ar scor ó UCD, áit a raibh sé ina Stiúrthóir Oibríochtaí agus Feidhmiúcháin, chuir Michael deireadh le gairm 45 bliain ag tacú le heolaíocht in Éirinn. Tháinig Michael go UCD i mí Aibreáin 2000 ó Ollscoil Mhaigh Nuad chun ról ríthábhachtach a bheith aige i ndearadh na hInstitiúide.

Ba thionscadal bunathraitheach é seo; an infheistíocht phríobháideach-phoiblí i dtaighde ba mhó dá raibh ann in Éirinn agus cur chuige úrnua chun taighde a dhéanamh i dtimpeallacht chomhroinnte agus tacaíocht ann ó bhonneagar agus ó theicneolaíochtaí atá ar thús cadhnaíochta.

Bhainistigh Michael soláthar, seachadadh agus suiteáil an trealaimh agus na seirbhísí san Institiúid chomh maith leis an aistriú oibríochtaí agus pearsanra ó thrí láithreán éagsúla chuig an bhfoirgneamh nua 11,500 méadar cearnach. Is duine an-chróchnúil é Michael a bhfuil fíis agus taithí ar leith aige, a dhéanann pleanáil go beacht agus a eagraíonn rudaí go cuimsitheach agus bhí sé croílárnach i gcruthú na hInstitiúide mar gheall air seo. Ach bhí suaimhneas, breithiúnas grinn, scileanna idirphearsanta agus gairmiúlacht mar bhonn aige sin.

Iad siúd a tháinig chun cinn i dtimpeallacht an taighde agus an oideachais a cruthaíodh le hobair agus le tacaíocht Michael thar fhiche bliain, measann siad gur chuir Michael go mór le UCD agus le mórthimpeallacht eolaíochta na hÉireann. Tá an-mheas ar Michael lasmuigh den Institiúid mar gheall ar a chuid comhairle agus treoir do dhaoine eile ar fud na hearnála agus iad i mbun pleanála d'fhorbairtí dá leithéid. Bhí Michael mar chathaoirleach ar Chomhlachas Bainisteoirí Eolaíochta Bithí na hOllscoile (2016-2019), eagraíocht do bhainisteoirí saotharlainne i ranna ollscoile bithheolaíochta, bithcheimice agus eolaíochtaí na beatha ó bhreis agus 70 ollscoil ar fud na RA agus na hÉireann.

Seirbhísí Eastáit UCD

Príomh-Bhialann UCD

Michael Reilly

Tháinig Michael go UCD nuair nach raibh sé ach 15 bliana d'aois. Sa chéad phost a bhí aige, bhí sá ag cuidiú leis na glasraí a ullmhú. Thosaigh Michael ar chúrsa páirtaimseartha agus bhain sé cáilíocht mar chef amach ó Shráid Chathail Brugh. D'oibrigh sé sa phríomhchistin agus ar chúl na gcuntar te sa phríomh-bhialann i bhfoirgneamh Gerard Manley Hopkins.

Bhí acmhainn grinn den scoth ag Michael agus bhí an-dúil ag a chomhghleacaithe agus ag na custaiméirí ann. Tar éis 49 bliain de sheirbhís tá Michael ag dúil le níos mó ama a chaitheamh lena leathchúpla deirféar a bhfuil cónaí uirthi i mBeirlín agus am a chaitheamh ar an ngarraíodóireacht, a bhfuil spéis mhór aige ann.

Copi-Print

Kathleen Berrigan

Chuaigh Kathleen Berrigan ar scor níos luaithe i mbliana tar éis

20 bliain de sheirbhís in UCD. Mar bhainisteoir i mBiúró Copi-Print i bhfoirgneamh John Henry Newman bhí Kathleen díograiseach i gcónaí agus í ag obair le baill foirne agus le mic léinn agus bhí sí crollárnach i soláthar seirbhísí Copi-Print ar fud an champais. Guíonn a comhghleacaithe gach rath uirthi agus í ar scor.

Airgeadas UCD

Párolla

Anne Roche

Tháinig Anne chuig Oifig an Airgeadais i Meán Fómhair 2000 agus í ag obair i Rannóg na nÁcaíochtaí sular bhog sí chuig Oifig an Phárolla in 2012, áit ar ceapdh go ról nua í, Stiúrthóir Próiseála an Phárolla. Bhí ról an-tábhachtach aici anseo agus í ag déanamh cinnte de go ndéarnadh próiseáil in am ar na párollaí seachtainiúla agus míosúla. Bhí Anne i gcónaí an-chríochnúil agus díograiseach agus d'oibrigh sí go cruinn is go beacht i ngach ról a bhí aici in Oifig an Airgeadais. In Oifig na nÁcaíochtaí agus Oifig an Phárolla araon bhí freagracht uirthi as oiliúint agus meantóireacht a dhéanamh le baill foirne nua, rud a rinne sí agus aird chruinn aici ar an bhforbairt agus an dul chun cinn a bhí á dhéanamh acu. Ba bhall an-tábhachtach den fhoireann í mar gheall ar an saineolas agus an taithí a bhí aici ar na cóid PAYE (Íoc Mar A Thuillir) agus PRSI (Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa) agus léirigh sí údarás agus suaimhneas i dtimpeallacht oibre a bhí an-ghnóthach ar fad.







An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Belfield, Baile Átha Cliath 4, Éire

 www.ucd.ie

